CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | Comthóth Lóegairi co Cretim ocus a Aided: Eagrán maille le hanailís liteartha agus teanga |
| Authors | O'Donoghue, Ken |
| Publication date | 2016 |
| Original Citation | O'Donoghue, K. 2016. Comthóth Lóegairi co Cretim ocus a Aided: Eagrán maille le hanailís liteartha agus teanga. PhD Thesis, University College Cork. |
| Type of publication | Doctoral thesis |
| Rights | © 2016, Ken O'Donoghue. - http://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/3.0/ |
| Download date | 2026-10-31 12:35:48 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/3345 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# *Comthóth Lóegairi co Cretim 7 a Aided*: Eagrán maille le hAnailís Liteartha agus Teanga

KEN O'DONOGHUE

Tráchtas don chéim Ph.D.

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge

Aibreán 2016

Ceann na Roinne: an tOllamh John Carey

Stiúrthóir an tráchtais: an Dr Kevin Murray

# Clár


| | |
|---|---|
| Dearbhú | iii |
| Achoimre | iv |
| Buíochas | v |
| Noda | viii |
| Nóta ar Fhoclóir na Sean- agus na Meán-Ghaeilge sa Tráchtas seo | x |
| Réamhrá | xi |

**Cuid a hAon, Rannóg a hAon: Gnéithe Liteartha: *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* agus an litríocht**

| | | |
|---|---|---|
| Caibidil a hAon: | Taighde Reatha ar *Lebor na hUidre* agus ceist na scríobhaithe | 1 |
| Caibidil a Dó: | Seánra (a): Gnéithe de thionchar *H* ar *Lebor na hUidre* | 16 |
| | Seánra (b): *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* a rangú de réir seánra | 41 |
| Caibidil a Trí: | *Comthód* Lóegaire: Gnéithe den chreideamh in *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* | 62 |
| Caibidil a Ceathair: | *Fir Érenn* agus ríogacht in *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* | 80 |

**Cuid a hAon, Rannóg a Dó: *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* agus na Dlíthe**

Caibidil a Cúig: Na Dlíthe agus *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* 101

Caibidil a Sé: Comparáid le heagrán Carey den 'Pseudo-Historical Prologue' 133
den *Senchas Már*

Conclúid: 157

**Cuid a Dó: Gnéithe Teangeolaíochta**

Réamhrá: Fianaise na teanga 159

Eagrán 170

Aistriúchán 176

Nótaí teanga 182

Gluais 226

**Liosta saothar a ceadaíodh** 243

## Dearbhú

Dearbhaím gur liomsa amháin an saothar seo thíos, saothar atá á chur faoi bhráid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, do chéim PhD sa tSean- agus sa Mheán-Ghaeilge. Níor cuireadh aon chuid den saothar seo faoi bhráid aon ollscoile eile i gcomhair céime d'aon chineál cheana féin.

_____

Ken O'Donoghue

# Achoimre

Is scrúdú ar théacs amháin, *Comthóth Lóegairi co Cretim ⁊ a Aided* (*CLcC*), a chaomhnaítear i lámhscríbhinn amháin, *Lebor na hUidre* (*LU*), atá sa tráchtas seo. Bíodh is gurb é *LU* an lámhscríbhinn Ghaelach is sine a chaomhnaíonn scéalta leanúnacha i nGaeilge, agus gur ábhar staidéir ar leith i ngort na Gaeilge agus na Ceiltise é dá réir, níor scrúdaíodh *CLcC* as féin mar earra litríochta fós, ná ní dhearnadh mionscrúdú ar an teanga ann ach chomh beag. Ceapadh gur mhithid an téacs a mheas ar na cúiseanna sin. Roinntear an tráchtas ina dhá chuid, mar atá:

(a) cuid a haon, a chuireann síos ar chomhthéacs na lámhscríbhinne agus ar cheisteanna a bhaineann lena lucht scríofa, chomh maith le hanailís liteartha ar théamaí a luaitear sa téacs féin. Déantar ceist an rangaithe a phlé chomh maith, is é sin, conas is ceart rangú a dhéanamh ar *CLcC*;

(b) cuid a dó, is eagrán agus aistriúchán den téacs atá inti, chomh maith le nótaí teanga a scrúdaíonn gnéithe suntasacha den teanga, agus gluais.

An dá shórt anailíse a chuirtear chun cinn i rith an tráchtais, .i. an scrúdú liteartha agus an t-iniúchadh ar an teanga, déantar iad a shuíomh i gcomhthéacs *LU* trí chéile oiread agus is féidir. Féachann an cur chuige seo le taispeáint gur de dhlúth na lámhscríbhinne féin na téamaí (mar shampla creideamh, cumhacht, ríogacht) is bun le *CLcC*, agus gur sampla an-spéisiúil de thoisí teanga *LU* an téacs seo, óir léiríonn sé caomhnú ábhar ón tSean-Ghaeilge chomh maith le forbairtí teanga a bhaineann le ré na Meán-Ghaeilge. Sna nótaí teanga, leis, cuirtear samplaí as lámhscríbhinní comhaimseartha eile san áireamh, chomh maith le foinsí níos sine ná sin, le bonn a chur faoin áitiú a dhéantar ar aois na teanga in *CLcC*.

# Buíochas

Táim faoi chomaoin ag go leor daoine a chabhraigh liom ar shlite éagsúla ó thosaíos ar an tráchtas seo i Meán Fómhair 2012. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a chur in iúl dóibh.

Ba é an Dr Feargal Ó Béarra a mhúin an tSean-Ghaeilge dom ar dtús agus mé i m'fhochéimí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chuaigh a chuid teagaisc go mór i bhfeidhm orm. Táim thar a bheith buíoch de as an gcúnamh uilig a thug sé dom le hiarratas a scríobh, as a chomhairle ó shin i leith, agus as suim san ábhar a mhúscailt ionam an chéad lá riamh. Go gcúití Dia a shaothar leis.

Scríobh an tOllamh Nollaig Mac Congáil agus an Dr John Walsh teistiméireachtaí ar mo shon agus iarratais éagsúla idir lámha agam. Is mian liom mo bhuíochas a ghlacadh leo as a gcabhair agus a gcomhairle.

Táim fíor-bhuíoch de mo stiúrthóir, an Dr Kevin Murray, as ar dhein sé ar mo shon le cúig bliana anuas. Is mór agam an t-achar atá caite agam i mbun taighde faoina stiúir. Pé maitheas atá sa tráchtas seo, is óna threoir agus óna spreagadh féin a d'eascair sí. Is údar bróid dom, leis, gur chuireas aithne air, óir is annamh a chasfaí ort duine chomh lách uasal tuisceanach leis.

Ní taise dá chomhghleacaithe i Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge é; togha scoláirí agus múinteoirí iad, agus daoine breátha, leis. Táim buíoch den Ollamh John Carey, den Dr Caitríona Ó Dochartaigh, den Dr Emma Nic Cárthaigh agus den Ollamh Máire Herbert as a mbuanna taighde agus teagaisc a chur ar fáil do mo leithéidse, agus as a mhuinteartha agus a chaitheann siad linne, mic léinn na roinne. Mar a chéile, chabhraigh Ciara Ní Churnáin

agus Siobhán Ní Dhonghaile liom ar an iliomad slite ó thosaíos in UCC. Is mór agam a gcúnamh ar fad.

Fuaireas cúnamh agus tacaíocht luachmhar de chineálacha éagsúla ó lucht iarchéime na Gaeilge (idir Shean- agus Nua-) i rith an ama chomh maith; táim buíoch (beag beann ar ord na haibítre!) de Philip, Fangzhe, Andrea, Riona, Ilona, Heather, Nathalie, Ciara, Pádraig, Tadhg, Gunnhildur, Ksenia, Mícheál, Jody, Cian, agus Marie-Luise. Táim buíoch de lucht na Gaillimhe, Aogán agus Colm, leis, as a gcomhluadar agus a gcúnamh.

Táim faoi chomaoin ag an Ollamh Pádraig Ó Macháin, an Dr Aidan Doyle agus an Dr Neil Buttimer ó Roinn na Nua-Ghaeilge as a gcúnamh agus a gcomhairle i dtaobh ceisteanna éagsúla i gcaitheamh an ama.

Ina dteannta siúd go léir, chuir daoine éagsúla a gcuid taighde (nár/sarar foilsíodh é) ar fáil dom nuair a d'iarras a leithéid orthu; táim buíoch den Dr Fangzhe Qiu, de Ksenia Kudenko, den Dr Neil Buttimer, den Dr Bridgette Slavin, agus den Dr Roy Flechner as a bhflaithiúlacht ina leith seo.

Gabhaim buíochas mór leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) a mhaoinigh an taighde seo.

Táim buíoch de Dan O'Brien agus de Helen Murphy, mic léinn PhD eile ar roinneas oifig leo in Sheraton Court, as an gcairdeas a d'fhás eadrainn i rith an ama. Ba éasca réiteach le daoine chomh réchúiseach leo.

Thug mo mhuintir ar fad, bídis sa tSeapáin nó i Neidín, cúnamh agus cothú dom le linn an ama, mar a thugann i gcónaí. Lá dá raibh dhéanfainn iad ar fad a ainmniú, ach tá a líon dulta

i méid le blianta beaga anuas (agus tá ag dul i méid fós), cúis ollmhór áthais dúinne. Táim buíoch díobh go léir.

Is í Caitríona bhocht is mó a d'fhulaing i rith mo thréimhse ar seachrán i ré eile, ag streachailt le teanga(cha) aduain(e). Ar éigean a bhí comhrá ceart againn le ceithre bliana; mise ba chúis leis sin! Tá an t-ádh liom, óir tuigeann sí dom, agus tuigeann sí a bhfuil de ghean agam di. Dá seanathair, Seán Ó Ceallaigh as Ré na gCiseach, Cill Mháille, a cailleadh i Meán Fómhair 2014, a thiomnaím an tráchtas seo.

## Noda

*AFM* = O'Donovan, John (eag.) (1848-51), *Annála Ríoghachta Éireann*. Dublin, Hodges and Smith.

*AI* = Mac Airt, Seán (eag.) (1951), *The Annals of Inisfallen*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

*ALC* = Hennessy, William Manusell (eag.) (1871), *The Annals of Loch Cé*: *a Chronicle of Irish Affairs from A.D. 1014 to A.D. 1590*. London, Longman.

*AU* = Mac Airt, Seán, agus Mac Niocaill, Gearóid (eag.) (1951), *The Annals of Ulster to A.D. 1131*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

*CS* = Hennessy, William Maunsell (eag.) (1866), *Chronicon Scotorum*. London, Longmans, Green, Reader and Dyer.

*CIH* = Binchy, D. A. (eag.) (1978), *Corpus Iuris Hibernici*, 6 imleabhar. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

*CLcC* = *Comthóth Lóegairi co Cretim ⁊ a Aided*, in *Lebor na hUidre* 117b20-118a25

*EIV* = McCone, Kim (1997), *The Early Irish Verb*. Má Nuad, an Sagart.

*GOI* = Thurneysen, Rudolf (1944), *A Grammar of Old Irish*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

*LL* = Leabhar Laighean (TCD LS 1339).

LL = Best, R.I., Bergin, Osborn, O'Brien, M.A., agus O'Sullivan, Anne (eag.) (1954-83), *The Book of Leinster, formerly Lebar na Núachongbála*, 6 imleabhar. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

*LU* = Lebor na hUidre (RIA LS 23 E 25)

LU = Best, R.I. agus Bergin, Osborn (1929), *Lebor na hUidre*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

PH = Atkinson, Robert (1887), *The Passions and the Homilies from the Leabhar Breac: Text, Translation, and Glossary*. Dublin, Royal Irish Academy.

*PHP* = lgh.11-13 in Carey, John (1994), "An Edition of the Pseudo-Historical Prologue to the *Senchas Már*", *Ériu* 45, 1-32.

SR = Stokes, Whitley, (1883), *The Saltair na Rann: A Collection of Early Middle-Irish Poems, edited from MS Rawl. B. 502, in the Bodleian Library*. Oxford, Clarendon.

*Thes*. = Stokes, Whitley agus Strachan, John (eag.) (1901-3), *Thesaurus Palaeohibernicus: A Collection of Old-Irish Glosses, Scholia, Prose, and Verse*, 2 imleabhar. Cambridge, University Press.

## Nóta ar Fhoclóir na Sean- agus na Meán-Ghaeilge sa Tráchtas seo

De bharr gur scríobhadh an tráchtas seo as Gaeilge, bhíothas den tuairim gur cheart córas ar leith a úsáid maidir le litriú ainmfhocail na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, chun dul i ngleic leis na difríochtaí ó thaobh athruithe tosaigh agus infhillte de sna tréimhsí éagsúla atá i gceist anseo. Dá bharr sin, tugtar foirmeacha stairiúla na n-ainmfhocal (coiteann agus dílis) sa tuiseal ainmneach (uatha nó iolra) tríd síos, beag beann ar an tuiseal ba chóir a bheith ann, agus beag beann ar na hathruithe éagsúla a ghabhfadh leis na tuisil éagsúla.

I gcló iodálach atá na hainmfhocail choiteanna i gcónaí, mar shampla “an *fili*” (ainmneach uatha na Sean-Ghaeilge), ach “saothar an *fili*”.

Ní chuirtear na hainmneacha dílse i gcló iodálach, ach leantar den chóras céanna maidir le heaspa infhillte, mar shampla “bás Lóegaire” (seachas “bás Lóegairi”).

Is féidir an córas seo a lochtú, ach is iarracht í chun rialtacht éigin a chur ar an gcastacht a eascraíonn as úsáid a bhaint as foirmeacha den teanga thar achar fada a bhfuil “caighdeáin” éagsúla ag gabháil leo in amanna éagsúla.

# Réamhrá

Leanann an tráchtas seo conair atá siúlta ag go leor scoláirí sa ghort seo cheana, is é sin eagarthóireacht a dhéanamh ar théacs, ar mhaithe le heolas cuimsitheach a chur ar ghnéithe éagsúla de léann na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, idir theanga, stair, litríocht agus eile. Go teoiriciúil, bheadh rogha fhairsing téacsanna i gceist, idir théacsanna nár cuireadh in eagar riamh, agus téacsanna a bhfuil gá le heagráin úra díobh a chur ar fáil. An dara cineál téacs atá i gceist anseo. Is cinneadh tábhachtach é, dá réir, roghnú an téacs féin. Cad chuige *Comthóth Lóegairi co Cretim ⁊ a Aided* (*CLcC*), mar sin?

Aithníodh le fada an tábhacht a bhaineann le *Lebor na hUidre* (*LU*), agus is ábhar staidéir ar leith i léann na Gaeilge é. Tá mórán gnéithe dá stair, agus dá bhfuil sa lámhscríbhinn féin, nach bhfuil scoláirí ar aon fhocal fúthu, áfach. Léiríonn cnuasach aistí a foilsíodh le déanaí (Ó hUiginn 2015) go bhfuil ceisteanna a chuir scoláirí breis is céad bliain ó shin i dtaobh *LU* fós ina n-ábhar spairne.

Ar théacsanna fada cailiúla *LU* a dhíríonn scoláirí go hiondúil; leithéidí *Táin Bó Cúailnge*, *Togail Bruidne Da Derga*, agus *Fled Bricrenn*, mar shampla. Féachann an tráchtas seo lena cheart a thabhairt do théacs gairid in *LU*, nár tugadh mórán airde air go dtí seo, *CLcC*. Maím gur téacs dúshlánach spéisiúil é *CLcC* i ngeall ar an eolas, agus ar chineál na teanga, a chaomhnaítear ann. Baineann dúshlán lena rangú mar théacs, ó tharla gur téacs cumaisc é; chomh maith leis sin, tá ceisteanna suimiúla le plé ó thaobh aois na teanga ann. Is téacs spéisiúil é mar go dtráchtann sé ar chuid de cheisteanna íogaire an lucht léinn sa Mheánaois in Éirinn: an gaol idir an eaglais agus an pobal, na *filid*, *rí Érenn*, an dlí agus oidhreacht na n-aoiseanna roimh theacht an chreidimh ina measc. An dúshlán is mó a bhaineann leis,

fearacht fhormhór na litríochta, ná é a (léir)mhíniú. Déantar *CLcC* a mheas mar earra neamhspleách litríochta ar a chonlán féin anseo trí chuardach agus scrúdú a dhéanamh ar na foinsí as a bhfaigheann sé a chuid ábhair.

Tá an tráchtas seo roinnte ina dhá mhórchuid. I gcuid a haon, féachtar ar ghnéithe liteartha agus téamúla de *CLcC*. Scrúdú ar thaighde reatha ar *LU*, ar stair na lámhscríbhinne féin, agus ar cheisteanna i dtaobh lucht a scríofa a chuirtear i láthair i gcaibidil a haon. Déantar é seo chun an tráchtas a chur i gcomhthéacs na mórcheisteanna atá á gcur ag scoláirí mar gheall ar *LU* le céad éigin bliain. Is réamhrá é sin, leis, don dara caibidil, ar scrúdú ar chúrsaí seánra i dtaobh *CLcC* atá ann.

Roinntear an dara caibidil sin ina dhá cuid: féachann an chéad chuid ar thionchar *H* (scríobhaí *CLcC*) ar *LU* trí chéile, ar roinnt de na foinsí atá le haithint sna téacsanna ina láimh, agus ar an léargas a thugann na foinsí sin dúinn ar an tuiscint atá againn ar chumadóir *CLcC*. Pléitear cineál leathan amháin téacs, téacsanna cumaisc, i ndeireadh na coda sin, mar thabhairt isteach ar chuid a dó den chaibidil. Ar chúrsaí seánra go príomha a dhíríonn an dara cuid de chaibidil a dó, ar sheánra an *aided* go háirithe. Feictear nach gcloíonn *CLcC* go dlúth le comharthaí sóirt an tseánra sin, agus gurbh fhearr féachaint lena rangú i dtéarmaí leathana na dtéacsanna cumaisc a pléadh i gcuid a haon. Maítear leis, áfach, go bhfuil cosúlachtaí go leor idir *CLcC* agus scéalta eile ar nós *Aided Muirchertaig Meic Erca* ina dtráchtar ar rí nach bhfuil cinniúint mhaith i ndán dó, agus go bhfuil rian de mhóitíf an bháis thríchodaigh le haithint (ach é ábhar ceilte) in *CLcC* féin.

Ar ghné ar leith den chreideamh atá lárnach don téacs, an tiontú creidimh (*comthód*), a dhíríonn caibidil a trí. In ainneoin a theidil, is téacs é *CLcC* nach gcuireann síos ar a bhfuil i gceist le tiontú creidimh ach ar shlí an-éadomhain. Feicfear go dtagann fianaise *CLcC* le

formhór na litríochta Gaeilge mar leis seo (an naomhsheanchas go speisialta), áfach, sa mhéid is nach nós leis an litríocht sin cuntais ar *phróisis* áthru an chreidimh a chur ar fáil. Is insintí foirmleacha is mó atá iontu seo, ina bhfaigheann an naomh an ceann is fearr ar lucht na Págántachta lena chuid míorúiltí thar aon ní eile. Mar sin féin, is suimiúil nach tuairisc dhiúltach a thugtar ar an bPágántacht in *CLcC* trí chéile, murab ionann agus cuid mhór den naomhsheanchas. Baineann an téama sin le caibidil a cúig, leis, a phléifear thíos.

Féachann caibidil a ceathair ar fheidhm agus ar thábhacht aon ghrúpa amháin i measc *personae CLcC*, is iad sin *fir Érenn*. Téann na ceisteanna a eascraíonn as úsáid rialta an dá ainmfhocal sin in éineacht go croí na bolscaireachta polaitiúla atá taobh thiar de théacsanna mar *CLcC*.

An dlí a bhí i réim roimh theacht an chreidimh, an *recht aicnid*, is ábhar do chaibidil a cúig. Creideamh agus dlí an dá mhórábhar atá sa chéad dá thrian den scéal seo. Fiosraítear cineál an téacs anseo arís, óir is ceist mhór maidir lenár dtuiscint ar *CLcC* cé acu scéal dlí nó sceal creidimh atá ann ó cheart. Pléitear cuid den scoláireacht nua-aimseartha ar fheidhm an dlí sa litríocht, agus ar na difríochtaí idir na trí lámhscríbhinní eile a chaomhnaíonn an t-ábhar dlí (mar ábhar sainiúil dlí) atá faoi mheas anseo, agus *CLcC*, a chaomhnaíonn mar scéal neamhspleách é.

I gcaibidil a sé cuirtear i láthair na difríochtaí is suntasaí, chomh maith le hábhar neamhspleách as *CLcC*, idir na lámhscríbhinní 'dlíthiúla' sin agus *CLcC*. Is droichead é seo idir cuid a haon den tráchtas seo, arb í an litríocht is cúram di, agus cuid a dó, a scrúdaíonn fianaise na teanga ann. Tugtar conclúid ar an scrúdú liteartha trí chéile idir an dá chuid seo.

I gcuid a dó den tráchtas, tugtar eagrán leath-dhioplómaitiúil de *CLcC*, a bhfuil aistriúcháin, nótaí teanga, agus gluais ag gabháil leis. Is téacs Meán-Ghaeilge é *CLcC*, ach caomhnaíonn

sé, idir ábhar agus teanga, cuid mhór gnéithe de litríocht na Sean-Ghaeilge. Is iarracht atá sa tráchtas seo leis na gnéithe sin a scrúdú agus a spíonadh, chun solas éigin a chaitheamh ar théacs nach bhfuil mórán d'fhiosrú déanta ina thaobh cheana féin.

Téamaí taighde reatha éagsúla a stiúrann an t-iniúchadh seo go minic, mar shampla an scrúdú ar shainspéiseanna *H*, an bunús (nó easpa an bhunúis) lena ainmniú mar *homilist*, agus feidhm insintí dlíthiúla i scéalta nach cás leo an dlí. Is staidéar níos "traidisiúnta" a chuireann bonn faoin dara cuid den tráchtas, scrúdú ar ghnéithe na teanga den téacs, le dáta réasúnta cinnte a chur ar fáil dó. Ar deireadh thiar, is mó ceisteanna ná freagraí a eascraíonn as an tráchtas seo, ach ní mór ceisteanna a chur mar gheall ar leithéidí *CLcC* in *LU*, ó tharla nach minic a dhéantar amhlaidh i gcás an téacs spéisiúil seo.

# Cuid a hAon: Gnéithe Liteartha

## I. *Comthóth Lóegairi co Cretim ⁊ a Aided* agus an litríocht

### Caibidil a hAon: Taighde reatha ar *Lebor na hUidre* agus ceist na scríobhaithe

"The Irish manuscript Lebor na hUidre or Book of the Dun, preserved in the library of the Royal Irish Academy, is too well known to need any special description", an tús a chuireann Best le halt tábhachtach leis ar *LU* a foilsíodh sa bhliain 1912 (lch. 161). Dhá bhliain is dhá scór roimhe sin a foilsíodh tras-scríbhinn *LU* le Joseph O'Longan, "and most of its contents have since been edited or translated by various scholars and in various places. The following notes are concerned only with the handwriting", an chríoch a chuireann Best leis an gcéad pharagraf den alt sin.

Is deacair glacadh leis an ráiteas tur sin ó Best *nach* gá cur síos ar leith a dhéanamh ar *LU* ar mhéid na haithne atá ag an saol mór air. B'fhearr iontaoibh a chur i mbreithiúnas Oskamp (1967: 117): "About *Lebor na hUidre*, the oldest MS. that has come down to us entirely written in Irish, not much is known", mar is í fírinne an scéil ná gur beag má tá mórán tuisceana ag *aon* duine lasmuigh de shaol an léinn ar *LU*. Go deimhin, iad siúd féin a bhfuil dua caite acu lena hiniúchadh, is eol dóibh go bhfuilimid dall fós ar roinnt mhaith de stair na lámhscríbhinne, is nach fios dúinn, mar shampla, cérbh iad na daoine a raibh *LU* ina seilbh acu ag tréimhsí éagsúla, cad as a dtáinig sí an chéad lá riamh, nó cé a scríobh í. Ní móide gur cheap Best go mbeadh na ceisteanna sin á gcíoradh céad bliain i ndiaidh don alt sin aige a bheith foilsithe, ag comhdháil chomórtha ar *LU* in Acadamh Ríoga na hÉireann i mí na Samhna 2012. Ná ní dócha go dtuigfeadh sé, ach an oiread, an tionchar a bheadh ag an scrúdú a rinne

sé ar pheannaireacht na lámhscríbhinne ar na glúinte scoláirí a thiocfadh i gcomharbacht air. Sa chaibidil seo déanfar cur síos ar an lámhscríbhinn féin, pléifear cuid den stair a bhaineann léi, agus scrúdófar roinnt de na hargóintí éagsúla atá curtha chun cinn, agus atá á gcur chun cinn i rith an ama, faoi ghnéithe éagsúla dá bhfuil inti.

**Stair na lámhscríbhinne**

Tá *LU* (LS 23 E 25; 1229) ar coimeád in Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath ó 1844. Ceannaíodh é, agus mórán lámhscríbhinní eile lena chois, mar chuid d'aon mhórbhailiúchán amháin ó úinéirí príobháideacha (Best agus Bergin 1929: lch. ix). Is beag eolas atá againn ar dhálaí na lámhscríbhinne idir tráth a scríofa (c.1130 an dáta a moladh don tríú scríobhaí: Breatnach 2015a: 77) agus tráth a ceannaithe i 1844.[1] Táimid ag brath ar dhá nóta nó dhá 'óráit' (paidreacha cuimhneacháin) a cuireadh leis an lámhscríbhinn féin ag amanna éagsúla chun cuid mhaith dá bhfuil againn de léargas ar ar tharla do *LU* idir an dá linn a aimsiú. Triúr lámh (a phléifear ar ball) a d'aithin Best (1912) sa lámhscríbhinn, agus is le duine de na lámha sin a bhaineann an chéad nóta.

Seo é an chéad nóta sin:

> Orait do Moelm*h*uiri m*a*c Ceileachar. m*a*c m*ei*c Cuind na mbocht ro scrib ⁊ ro scrút a lebraib egsamlaib in lebur sa. Oráid do Domnall m*a*c Muich*er*taig*h* m*ei*c Domnaill m*ei*c Taid*h*g m*ei*c Briain m*ei*c Aindrias m*ei*c Briain Luig*h*níg*h* m*ei*c Toirrdelbaig*h* moir issie in Domnall sin ro ḟuráil athnúid*h*iug*h*ad*h* na pearsainni sin ler scrib*adh* in scíam*h*leb*h*ar sa ar Sigraid H*ua* Cuirrndín ⁊ ca ferr duind. Ar mbeandacht do chur a mbel duine go fer in liubair sea na a fágbail aigi ⁊ sechtm*h*uin onúdh co satarn cásc ⁊ sectmuin onde co haíne in césda ⁊⁊ [*sic*]

[1] Féachann Ó hUiginn (2015) agus Ó Muraíle (2015) le solas breise a chaitheamh ar na tréimhsí sin i stair na lámhscríbhinne a dtagraíonn fianaise na n-annála agus *LU* féin dóibh.

> da aíne ordha uirri .i. áeni na féli M*uir*i ⁊ aíni in cesda ⁊ is ingnad*h* mór sin ic araile d'eolchaib*h* (Best agus Bergin 1929: 89).

Tugann an nóta sin ómós don scríobhaí a dtugtar *M* air (pléitear *M*, agus a chomhlámha, thíos). Luaitear san 'óráit' chéanna beirt eile .i. 'Domnall mac Muirchertaigh meic Domnaill meic Taidhg meic Briain meic Aindrias meic Briain Luighnígh meic Toirrdelbaigh moir' a d'iarr ar 'Sigraid Hua Cuirrndín' *LU* a athnuachan. Glacann Best agus Bergin (1929: lch. x) leis gurbh é an 'Sigraid Hua Cuirrndín' céanna seo a bhreac an nóta féin, agus tugann le fios gurbh eisean an 'Sídhradh Ó Cuirnín saoí fhileadh ⁊ ollamh na Bréifne' a cailleadh i 1347 dar le *AFM*. Cailleadh an duine eile a luaitear sa nóta 'Domnall mac Muirchertaigh Uí Conchobhair tigerna Cairpre ⁊ Sliccigh ⁊ beós tigherna ó Shliabh sios uile ... i c-caislén Shliccigh seachtmain ria Nodlaicc' sa bhliain 1395, de réir na n-annála céanna.

Ar fhianaise *ALC* i leith Domnall mac Taidg, cuireann Walsh (1947: 146) i gcoinne mholadh seo Best agus Bergin gurbh é an 'Sigraid Hua Cuirrndín' a cailleadh i 1347 an té a d'athnuaigh *LU*. Tagraíonn Walsh don easpa tráchta ar theidil a bheith tugtha d'Uí Chonchobhair Shligigh in *ALC* idir 1365 agus 1390, tréimhse, dar le *ALC*, ina raibh an Domnall seo gníomhach. Nuair a roinneadh críocha Cairbre sa bhliain 1368, áfach, ba do Domnall agus do dhuine (nó dream) eile a tugadh na tailte seo, agus tháinig méadú ar stádas Domnall dá réir (Walsh 1947: 147-8). Áitíonn Walsh nach mbeadh ar chumas Domnall obair seo an athnuachain a ordú sa bhliain 1347, is gan é a bheith i réim fós. Díríonn Walsh aird ar dhuine eile ar ar tugadh 'Sighraidh O Cuirrnin', a bhfuil trácht air in *AU* faoin mbliain 1388: 'Clann h-Ui Cuirnin do marbadh do Ghallaibh Cundae Osraidhe, .i. Sigraidh ⁊ Cairpri ⁊ Gilla Padraig, meic Adaimh. Esbaidh mor don eladhain in bas-sin Sigraidh'. Tugann *AC* agus *ALC* araon an t-eolas seo

freisin. Is é is dóichí gurbh é an duine sin (fl. 1388) a thug faoi athnuachan *LU*, seachas an té den ainm is den sloinne céanna a cailleadh sa bhliain 1347. Roimh an mbliain 1380 a rinneadh *LU* a athnuachan, dar le Walsh (1947: 144-6). Tá tuairim curtha chun cinn le déanaí ag Herbert (2015: 99), áfach, a chuirfeadh dáta an chéad nóta seo siar roimh an mbliain 1106 ar a laghad:

> In my view, Sigraid Hua Cuirrndín in 1380 simply retranscribed a scribal colophon 'where Máel Muire identifies himself as the person who wrote and researched from various books'... to produce LU. Evidently his [*M*] was the main contribution, that of A having ceased early on.

Ní thugann Herbert aon fhianaise dhíreach mar thacaíocht leis an ráiteas seo, ach is maíomh é sin a thagann i ndeireadh ailt a scrúdaíonn foinsí *M* agus *H* do théacsanna éagsúla in *LU*. Más amhlaidh a bhreac *M* an nóta céanna i dtosach aimsire, ba mhór an féinaitheantas é do dhuine de scríobhaithe *LU* i gcomhthéacs na lámhscríbhinne trí chéile, óir is amhlaidh nach dtugann *A* ná *H* le fios in aon chor, sa riocht a bhfuil *LU* anois, cérbh iad féin. Rianaíonn an nóta eile a cuireadh le *LU* roinnt den stair a bhaineann leis an lámhscríbhinn thart faoin tréimhse a raibh Hua Cuirrndín ag breacadh/ag athscríobh an chéad nóta. Bíodh is go bhfuil fadhbanna dá chuid féin ag roinnt leis mar nóta, is fiú é a thabhairt ina iomláine anseo:

> Orait and so d'Aod*h* Ruad*h* m*a*c Neill g*h*airbh I D*h*om*h*naill do tob*aigh* co f*or*egn*a*c an leab*ar* so ar Chonnachtaib ⁊ in Leab*ar* Gearr maille fris iarna mbeith n-ar n-ecmuis o aimsir Cathail oig I Concabair co haimsir Ruaidri *me*ic Briain ⁊ dechneab*ur* tig*er*nad etorro for Cairbre ⁊ a n-aimsir Concob*air* m*ei*c Aed*h*o Hi Domnaill rucad*h* siar iad .i. in in [*sic*] Leab*ar* Gearr a ḟuasclod*h* I Dochartoig*h* ⁊ Leab*ar* na Huidri do dul a fuascl*odh* *m*eic ollamon I Domnaill re seanc*hus* arna g*h*abail do Cathal a ngill fris ar Cenel Conaill fris sin o Concob*ur* co hAed*h* (Best agus Bergin 1929: 89).

Seo í an tagairt is luaithe, agus an t-aon cheann atá in *LU* féin, d'ainm na lámhscríbhinne (Ó Concheanainn 1996: 72). Tuigtear ón nóta seo gur tugadh *LU* ó Thír Chonaill go Connachta 'a n-aimsir Concob*air* m*ei*c Aed*h*o Hi Domnaill', is é sin,

idir 1333 agus 1342, an bhliain inar mharaigh deartháir Conchobar, Niall, é ‘i n-a longport fein i Murbhach’ dar le *AFM*. Ach níl an nóta féin cruinn ar fad. Tugann Walsh le fios nach dtagann sonraí éagsúla a thugtar ann lena chéile, go sonrach, nach bhféadfadh le Cathal Óg Ó Conchobhair *LU* a thabhairt leis ‘a n-aimsir Concob*air* m*ei*c Aed*h*o Hi Domnaill’ de bharr gur mhair réimeas Cathal ó 1357 go 1362, ach gur cailleadh Conchobhar Ó Domnaill sa bhliain 1342. Anuas air sin, rinneadh botún leis an ainm deireanach céanna sin .i. gur rugadh LU ó Thír Chonaill ‘a n-aimsir Concob*air* m*ei*c Aed*h*o Hi Domnaill’: “‘Conchobhar, son of Aodh,’ is certainly a mistake for ‘Seaan, son of Conchobhar, son of Aodh’”, adeir Walsh (1929: 463). Is amhlaidh a d’fhan an lámhscríbhinn i gConnachta go dtí an bhliain 1470, nuair a rug Aodh Ruadh leis é agus ruathar déanta aige ar Chaisleán Shligigh. B’fhéidir nár mhiste iontráil iomlán *AFM* (s.a. 1470) a thabhairt anseo, iontráil a dheimhníonn an coigeartú a bhí molta ag Walsh (1929: 463; féach an t-ainm ‘Seán’ sa líne leathdheiridh):

> Caislen Sliccigh do ghabháil la h-Ua n-Domhnaill for Domhnall mac Eoghain Uí Concobhair iar m-beith athaidh fhoda in iomsuidhe fair ⁊ a breth d’fághail dó chomhtoib d’Ua Domhnaill don chur-sin la taobh umhla, ⁊ cios chána o Iochtar Connacht. Bá don chur-sin do-radadh dó an Leabhar Gerr ⁊ Leabhar na h-Uidhri, & cathaoíreacha Domhnaill Óicc ruccadh siar re linn Sheain mic Concobhair mic Aodha mic Domhnaill Óicc Uí Domhnaill.

Ina fhianaise sin ar fad, tá tuairim éigin againn de dhálaí *LU* sa tréimhse sin idir 1342 agus 1470, ach is tearc ár n-eolas ar ar bhain dó ó ghabháil Chaisleáin Shligigh go ceannach na lámhscríbhinne ag Acadamh Ríoga na hÉireann i 1844. Ba earra luachmhar a bhí ann sa tréimhse mheánaoiseach, a úsáideadh ar mhaithe le gialla a ‘fhuascailt’ mar adeir an dara nóta thuas in *LU*. Luann Best agus Bergin (1929: xi) gur i dTír Chonaill a bhí *LU* fós sa bhliain 1631 agus buíon Mhíchíl Uí Chléirigh i mbun oibre ann, óir tagraíonn saothair éagsúla (*Martyrology of Donegal*, *Annála*

*Ríoghachta Éireann*, agus *Lebor Gabála*) dá chuid dó. Luaitear *LU* sé huaire mar fhoinse don *Lebor Gabála* sa chóip atá ar coimeád in Acadamh Ríoga na hÉireann (D.iv.3), cóip a bhreac an scríobhaí Muirghius mac Páidin Uí Mhaolchonaire (fl. 1645) (Carey 2009: 23; buneolas tugtha freisin in Oskamp 1967: 117 n. 4). Tá tagairtí ag scríbhneoirí meánaoiseacha eile do *LU* freisin, Séathrún Céitinn ar dhuine acu, a luann 'Uidhir Chiaráin' faoi dhó; an chéad uair, agus áit a scríofa á tabhairt le fios aige "Uidhir Chiaráin ro scríobhadh i g-Cluain-mhic-nóis" (Comyn 1902: 78-80), agus an dara huair mar fhoinse do "adhbhar Catha Cúile Dreimhne" (Dinneen 1908: 86) Fearacht fhormhór de stair na lámhscríbhinne féin, ní heol dúinn dúinn cad é go díreach a breacadh ar na leathanaigh a bhí in *LU* ach an oiread.

**Bearnaí LU**

Gné shuntasach den lámhscríbhinn is ea na heasnaimh atá uirthi: "In its present state *Lebor na Huidre* is little more than a fragment, consisting of 67 leaves of vellum, of varying quality, and averaging eleven inches in height by eight in breadth" (Best agus Bergin 1929: xiii). De réir an áirimh a rinne Best agus Bergin, níl ach leath dá raibh inti ó cheart tagtha anuas chugainn: "It is evident from the foliations that a great portion of the book has been lost, at least 66 leaves – 51 before the sixteenth-seventeenth century foliation, and 16 after" (ibid.: xxiii). Mar sin féin, baineann tábhacht mhór léi mar lámhscríbhinn, ar mhórán cúiseanna. An phríomhchúis, b'fhéidir, ná gur i nGaeilge ar fad atá *LU*, gan ach focail nó nathanna fánacha Laidine inti, murab ionann agus "the imposing bilingual *Liber Hymnorum* dated to the eleventh century" (Ó hUiginn 2015: xi; pléitear an Laidin inti i gcaibidil a cúig); ar éigean is féidir 'dátheangach' a thabhairt ar *LU*.

In ainneoin na n-easnamh réamhluaite, is téacsanna leanúnacha (murab ionann agus gluaiseanna ar théacsanna Laidine, mar shampla) atá caomhnaithe inti, ina bhfeictear fianaise d'fhorbairt agus d'éabhlóid stairiúil na Gaeilge, ón tSean-Ghaeilge go dtí an Mheán-Ghaeilge, "a veritable trove of some 100,000 words covering five hundred years of linguistic forms" adeir Ó Béarra (2010). Caomhnaítear leaganacha de roinnt de na téacsanna is iomráití as litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge inti, mar shampla *Amrae Coluimb Chille*, *Fled Bricrend*, *Mesca Ulad*, *Togail Bruidne Da Derga*, agus, ar ndóigh, *Táin Bó Cúailnge*. Aithnítear go forleathan luach *LU*, mar stór teanga agus litríochta as a mbíonn mórán scoláirí ag tarraingt. Ní hionann sin is a rá, áfach, nach bhfuil ceisteanna bunúsacha ina leith gan fhreagairt go fóill.

In alt leis ar stair *LU*, meabhraíonn Greene (1967: 66) dúinn gurbh éigean don scríobhaí Gaelach, i dtréimhse na luath-Chríostaíochta, ceithre rud a dhearbhú agus ábhar á chóipeáil aige: áit agus am a scríofa, an té a bhreac (i dtosach), agus, thar aon ní eile, cúis a bhreactha. I gcás an chéad ruda, ní chuirfí i gcoinne théis McCone maidir le *locus scribendi* na lámhscríbhinne seo:

> all of the comparatively few manuscripts that have come down to us from the pre-Norman period are quite clearly of monastic provenance, including those three great twelfth-century repositories of saga, genealogical and ecclesiastical material in Irish *Lebor na hUidre*, Rawlinson B 502 and the Book of Leinster (1990: 1)

is é sin, gur i mainistir a scríobhadh *LU*. Glactar leis gurbh í Cluain Mhic Nóis an mhainistir sin, i ngeall ar an maíomh a dhéantar i dtaobh fhéiniúlacht an scríobhaí *M* (pléite thíos). Ní mórán eile is féidir a chur leis an ráiteas sin i dtaobh *LU*, áfach, a mbeadh an t-aos acadúil go léir ar aon intinn faoi. Cuirtear i gcás cúis a scríofa:

> The cause of the writing of LU was the antiquarian zeal of the scholars of the eleventh and twelfth centuries; the great literature of the

> seventh, eighth and ninth centuries, which was swept away in the storms of the Scandinavian invasions, was now being studied again, in the comparatively peaceful period which followed the reign of Brian Boru... Their main interest [*scoláirí an aonú agus an dara haois déag*] was the *senchas*, that mixture of Irish and Christian tradition, which they believed in as implicitly as they did the Bible; they were not interested in what we would now call literature... The eleventh century scholars were after facts... (Greene 1967: 66-7).

Maíonn Herbert nach ar mhaithe le caomhnú na 'facts' amháin a scrúdaíodh ábhar na scéalta seo, áfach. Chomh maith le crot ar leith a chur ar fhianaise théacsúil as foinsí éagsúla, agus teanga na dtéacsanna sin a thabhairt ní ba ghiorra d'aimsir a mbreactha, áitíonn Herbert (2007: 92) go raibh leathshúil ag na scríobhaithe ar an am i láthair, leis:

> Moreover, as well as intervention designed to facilitate reading and linguistic comprehension, we see throughout Lebor na hUidre that social and political data are refigured to become mimetic of contemporary circumstances. Most frequently, the traditional title of 'king of Tara' is rendered as *rí*/*ardrí Érenn*, 'king/high-king of Ireland', and the collective *fir Érenn*, 'the men of Ireland', comes to denote the followers of the leading monarchs.

Ag scrúdú *Aided Nath Í* di, tuairimíonn Herbert (2015: 97) gurb í an mhian chéanna (agus iad ag saothrú sa timpeallacht chéanna) atá le haithint sna codanna a bhreac an dá scríobhaí araon sa téacs sin:

> Ultimately, though their procedures differ, both M and H1 seem intent on enhancing the information of the text, and facilitating its reception. Since both apparently used the same alternative version of *Aided Nath Í* for their revisions, it would appear that M and H1 had been working in the same scholarly milieu.

Díríonn staidéar eile le Herbert (2007) ar *LU* agus ar an *Liber Hymnorum*, dhá lámhscríbhinn, adeir sí (i dteannta leis an lámhscríbhinn ar a dtugtar Rawlinson B 502), atá ina "prime cultural witnesses of the interstitial period between the close of the Viking wars and the lead-up to the Norman incursion of Ireland" (2007: 88). Ní

cadhan aonair d'aon chineál é *LU*; in ainneoin gur mheas sé gur lámhscríbhinn gan téama a bhí inti, déanann Oskamp (1967: 117-8) amach gur féidir *LU* a shuíomh i lár thraidisiún na lámhscríbhinní Gaelacha ar fhianaise an chéad scríobhaí *A*: "His purpose [*A*] was to compile a MS. of the kind that we know from some other early compilations such as the Book of Leinster and Rawl. B 502, or later the Book of Ballymote and the Book of Lecan". Séard ba spéis leis an scríobhaí seo ná "synchronisms and pseudo-history". Tagann Carey leis an argóint seo, agus áitíonn sé gurb é imeacht na haimsire faoi deara don *Lebor Gabála* a bheith in easnamh ar *LU*:

> There is of course no copy of *Lebor Gabála* in LU now; but there are good reasons for surmising that such a copy once existed. The manuscript, as is not uncommon, has lost its initial leaves, and this is precisely where we might expect its copy of *Lebor Gabála* to have been placed. *Lebor Gabála*, an account of Irish origins which opens with the first verse of the book of Genesis, is nothing if not a text about beginnings; and so it is only natural that it should have been given precedence in many of the great compilations of lore which were produced in medieval Ireland (2009: 23-4).

Tuairimíonn Oskamp gur chuma éagsúil ar fad a bheadh ar *LU* dá leanfaí de phlean *A*: "From parallel MSS. we get a clear impression of A's probable plan: lives of saints and genealogies and perhaps a number of poems by Fland Mainistrech might be expected" (1967: 117). Meabhraíonn Carey (2009: 24) dúinn go gcaomhnaítear i dtosach *LU*, ar chuma *Leabhar Leacáin* agus *Leabhar Bhaile an Mhóta*, téacsanna eile a bhaineann le "synthetic history" .i. *Sex aetates mundi* agus *Lebor Bretnach*, agus nárbh ait ar fad, dá bharr sin, *Lebor Gabála* bheith rompu sa lámhscríbhinn tráth. Taispeánann Toner (2000, 2009) an cineál staire a bhíodh á scríobh sa mheánaois in Éirinn agus ar mhór-roinn na hEorpa, agus is féidir mórán dá gnéithe a aithint in *LU*, fiú agus easnaimh mhóra uirthi anois. In alt leis dar teideal 'History and Salvation in

Lebor na hUidre', maíonn Toner gurbh éard a bhí ag dó na geirbe ag na húdair a chum *Sex aetates mundi*, *Scél Tuain meic Cairill*, *Síaburcharpat Con Culaind*, *CLcC*, *Echtra Condla Chaím*, *Imram Brain meic Febail*, agus *Aided Echach maic Maíreda* ná scríobh na staire mar "religious act whose purpose is to reveal God's plan for the salvation of the people of the island" (Toner 2015: 132; pléitear an téama sin i gcaibidil a trí).

Maidir le struchtúr *LU* mar a shamhlaigh Oskamp é, níor chloígh *M*, an dara scríobhaí, leis an leagan amach a bhí in ainm is a bheith i gceist ag *A*: "But M, the second and most important scribe, ignored A's plan... The result is a MS. without any theme, a compilation in a pejorative sense" i dtuairim Oskamp (1967: 118). Má thug *M* neamhaird ar "phlean" *A*, d'fhéadfaí an neamhaird sin a áireamh ar cheann de na difríochtaí móra idir *LU* agus *LL*. Ar ndóigh, is lú go mór *LU* ná *LL*, "little more than a fragment" dá raibh inti, mar a luadh thuas (Best agus Bergin 1929: xiii), ach má ghlactar le háitiú Schlüter (2010: 18) "that the compilation of the manuscript [*LL*] followed a fixed plan observed by several scribes", thuigfí fad *LU* ar shlí eile. Is é an tuiscint a eascraíonn as seo, má ghlactar leis nár oibrigh scríobhaithe *LU* as lámh a chéile (murabh ionann agus scríobhaithe *LL*), gur léiriú é fad *LU* (nó a giorracht le hais *LL*) ar an easpa comhoibre idir na scríobhaithe.

Dá ainneoin seo ar fad, bhí aidhm i bpáirt ag *A* agus *M*, dar le Mac Eoin: "It is clear that these two scribes set out to compile a book of tales, for there are few items in it which are not narrative and it differs in this from other early manuscripts" (1994: 39). I dteannta leis na seanmóirí a chuir *H* le *LU* (pléitear ceisteanna a bhaineann le lipéad an tseanmóra i gcaibidil a dó) is scéalta, seachas téacsanna de chineálacha eile .i. ginealaigh srl., a chuireann *H* le *LU*, freisin, mar shampla na ceithre scéal ina láimh

féin amháin a scrúdaíonn Carey (2015): *Aided Echach meic Maíreda*, *Fotha Catha Cnucha*, *Cath Cairnd Chonaill*, agus *CLcC* féin. Níor cheart *H* a dhealú ón mbeirt eile ar ábhar na dtéacsanna a chuir sé le *LU*. I gcás *M* agus *H*, d'fhéadfaí cur síos Schlüter (2010: 19) ar scríobhaithe *LL* a úsáid ina dtaobh siúd freisin: "the compilers of the manuscript were far more than simple scribes: they were collectors and authors".

Is téama é seo a phléann Ó Corráin (2015) go cliathánach i gcás *M*, agus é ag trácht ar stair mhuintir meic Cuinn na mBocht. "Ecclesiastical aristocrats" a thugann Ó Corráin (2015: 25) ar an teaghlach seo, "whose members held office as bishops and abbots of Clonmacnoise; as directors of schools and scriptoria; as teachers; as heads of different kinds of subordinate houses". Ba chás leo an litríocht, agus mar is léir arís sa ráiteas a leanann, bhí beann ag scríobhaithe *LU* (mar a mhaíonn Herbert 2007) ar imeachtaí comhaimseartha agus iad ag gabháil don tseanlitríocht:

> They have left their stamp, especially their attitude to text – a command of different registers, a broad knowledge of literary history, an interest in textual variants, onomastic preoccupations – on *Bruiden Da Choca*, *Cath Airtig*, *Scél Saltrach na Muice*, *Aided Diarmata* and elsewhere. They were very anxious to attach narratives of an imagined remote past to their own estates (Ó Corráin 2015: 25).

"A scholarly editor of texts, a writer and a teacher", a thugann Ó Corráin ar *M* (lgh. 25-6), agus tá a shliocht sin ar *LU* féin, dar leis: "Clearly, as Máel Muire and his peers planned it and used it, Lebor na hUidre was not meant for our eyes: it is a scholarly work-book of literary professionals, not a reader's copy for the chamber or the hall" (lch. 27). Ar an gcuid tosaigh de *Táin Bó Cúailnge* a bhunaíonn Ó Corráin an bharúil seo, mar a n-imíonn *H* agus *M* ar strae ón "literary masterpiece" ar chuir *A* ceann air. I ndiaidh "ten dreary stanzas of mediocre verse" i láimh *H*, "Máel Muire takes up the pen, but what follows is a tedious list of 71 place-names... [B]ut this is not intended

as literature. It is a scholar/editor's checklist". Is léargas fíor-spéisiúil é sin, mar dúisíonn sé ceisteanna maidir le codanna eile de *LU* ina bhfuil rianta den chur chuige seo le haithint.

Lámhscríbhinn a bhí "largely secular and literary" an ceann a thiomsaigh *A* agus *M*, dar le Mac Eoin, "though it must have been compiled in a monastic setting" (1994: 39). Dearcadh de shórt eile atá ag scoláirí mar Herbert, Boyle agus Toner, a leagann béim ar thábhacht an chreidimh mar théama i dtéacsanna *LU*. Ní hionann ar fad an "book of tales" a luann Mac Eoin, agus an tóraíocht ar fhíricí a chuireann Greene i leith scríobhaithe na tréimhse. I bhfianaise na hargóna a dhéanann Herbert (2007), gur féidir rian na haimsire inar breacadh a aithint ar ghnéithe éagsúla den lámhscríbhinn, idir théacs agus teachtaireacht, ní mór leathshúil a choimeád, aon uair is féidir, ar chúinsí comhaimseartha an chomhthéacs inar scríobhadh síos na téacsanna atá á scrúdú againn (argóint Toner (2015) is mó a bhaineann le hábhar). Ní hé sin an t-ábhar díospóireachta is mó a eascraíonn as *LU*, áfach, ach tionchar scríobhaí eile nach *A* ná *M* é.

Ba é O'Beirne-Crowe (1871: 372) a d'aithin rian an tríú scríobhaí ar *LU* ar dtús (an dara lámh sa lámhscríbhinn dar leis siúd). Deir sé gurb éagsúil an lámh seo le *M* "both in the penmanship and the orthography", agus ag pointe amháin sa téacs *Siaburcharpat Con Culainn* "betrays a want of acquaintance with Irish history, which could not reasonably be charged to Moil Muire [*M*]" (1871: 373). In alt Best a luaitear i dtosach na caibidle seo, déantar scrúdú domhain ar thriúr scríobhaithe *LU*, agus baistear *A*, *M*, agus *H* orthu, faoi mar a aithnítear go fóill iad. Baineann cuid mhaith den tráchtas seo leis an teagmháil a bhí ag *H* le *LU*, agus an rian a d'fhág sé air. Ach

ní mór súil a chaitheamh i dtosach báire ar an mbeirt scríobhaithe a shaothraigh roimh *H*.

**Cérbh iad *A* agus *M*?**

Ní mórán atá ar eolas againn mar gheall ar *A*, an chéad scríobhaí in *LU*; mionphointe ina leith is ea nach mínítear in aon áit (.i. alt Best (1912), nó réamhrá Best agus Bergin (1929)) cén fáth ar tugadh *A* air, ach glacaim leis gur de bharr gurbh é a thosaigh an lámhscríbhinn a baisteadh an t-ainm sin air. Thart ar 12% dá maireann fós de *LU* atá ina láimh. Tá iarracht déanta ag Oskamp na foinsí a d'úsáid *A* agus téacsanna á mbreacadh aige a aimsiú, ach fós ní féidir ceist a fhéiniúlachta a fhuascailt ar an gcaoi seo, mar adeir Oskamp féin i gcás foinsí *A* d'*Amrae Coluimb Chille*: "Certainly the original scribe [den *Amrae*] must have been a member of the community of one of Colum Cille's foundations, but the text cannot help to indentify A" (1967: 119). Tugann Best agus Bergin (1929: xiv) "the best penman [*de thriúr scríobhaithe LU*], if not the most accurate copyist" ar *A*. Is le *A* seacht leathanach iomlán sa lámhscríbhinn, agus ina láimh siúd amháin atá *Sex aetates mundi*, *Lebor Bretnach* agus *Amrae Coluimb Chille* (Oskamp 1967: 117). Ní fios ar oibrigh siad as láimh a chéile nó an raibh siad ag saothrú ag amanna éagsúla, ach is pointe suntasach é i leith *LU* gur lean *M*, an dara scríobhaí, d'obair *A* go minic, ag cur críche le téacsanna a bhí tosaithe ag an gcéad scríobhaí, chomh maith le roinnt mhaith gluaiseanna a chur le *Amrae Coluimb Chille* (téacs atá i láimh *A* amháin).

Maidir leis an dara scríobhaí sin, *M*, is suimiúil a ndeir Oskamp faoi: "Of the second principal scribe of LU we *seem* to know more" (1967: 119; liomsa an cló Iodálach). Ba

é Best a bhaist *M* air: “This is the hand which has transcribed the greater part of the manuscript, and as it is also that of the *probatio pennae* (pp. 55, 70) it is here designated M” (lch. 165); thart ar 60% dá maireann de *LU* atá i láimh *M* (Mac Eoin 1994: 39). Glacadh le tuairim Best i dtaobh na lámh éagsúil in *LU* ar feadh i bhfad. Ach chuir Ó Concheanainn (1974: 284) i gcoinne *M* a lua le Máel Muire, agus mhol gur chóir é a aithint mar an *interpolator*, is é sin gurbh ionann Máel Muire agus *H*. Níl fúm iomlán na n-argóintí ina thaobh agus ina choinne seo a thabhairt anseo (féach Ó hUiginn 2015: lgh. xi-xx, mar a bhfuil plé air seo). Is leasc liom, leis, dul i ngleic leis na moltaí tábhachtacha atá déanta ag Duncan (2015) ar lámha *LU*, gur seisear scríobhaithe éagsúla atá in *H* Best; beidh tamall ann sular féidir na buncheisteanna a eascraíonn as a cuid oibre a chur, gan trácht ar iad a fhreagairt. Is mian liom aird a tharraingt, áfach, ar phointe tábhachtach ar leith maidir leis an mbonn ar a gceanglaítear *M* le Máel Muire. I bhfonóta ar dháta *LU* in alt ar an gcomhthéacs inar breacadh *Táin Bó Cúailnge*, deir Tristram (1995: 65, n. 15):

> There is no consensus among scholars as to the probable date of this manuscript; most follow R.I Best and date it *ante* 1106; some follow Tomás Ó Concheannain and prefer to date it to the middle of the 11th century. I find it very hard to decide between the two datings as both are equally speculative, based as they are on facile identifications of names in the annals, taking them at their face value and accepting them as historically secure.

Seo pointe a luann Ó Béarra (2010), leis, agus is fiú é a mheabhrú; is ar iontráil in *AFM* atá an plé ar fad ar *M* bunaithe, annála déanacha a nglactar leo mar “historically secure” sa chás seo, mar adeir Tristram thuas. Cén mhuinín is féidir a chur iontu? Le tionchar *H* ar *LU* (go príomha i gcás *CLcC*) a bhaineann an tráchtas seo, ach ní mór a thabhairt le fios anseo nach éasca glacadh go hiomlán le *M* a lua le Máel Muire agus le Cluain Mhic Nóis, bíodh nach féidir liom maíomh eile a chur chun cinn ina ionad.

## Caibidil a Dó: Seánra (a): Gnéithe de thionchar *H* ar *Lebor na hUidre*

Féachtar le roinnt ceisteanna bunúsacha mar gheall ar chineál agus ar thréithe an téacs atá faoi thrácht a fhreagairt anseo; go sonrach, cén áit is féidir *CLcC* a shuíomh (a) i measc cineálacha téacsanna *LU* féin, agus (b) i dtraidisiún liteartha na Sean- agus na Meán-Ghaeilge i gcoitinne? Chuige seo, ní mór plé a dhéanamh ar a bhfuil ag *H* sa lámhscríbhinn trí chéile, i dteannta le fianaise *CLcC* féin go príomha, chun tuairimí a chaitheamh i leith na gceisteanna seo. Is mó suntas a thabharfar do (a) cineálacha téacsanna *LU*, seachas do (b) an traidisiún i gcoitinne, sa chaibidil seo, de bharr gur cúinge an t-ábhar é, agus gur fearr an scrúdú is féidir a dhéanamh air dá réir; is ábhar an-leathan ata i gceist le (b), agus ní phléifear é chomh domhain céanna dá bharr.

Maidir le (a), d'fhéadfaí a bhfuil in *LU* a mheas i dtéarmaí ginearálta na deighilte a mholann McCone (1990: 1) do lámhscríbhinní móra na linne: "those three great twelfth-century repositories of saga, genealogical and ecclesiastical material in Irish *Lebor na hUidre*, Rawlinson B 502 and the Book of Leinster". Is fíorbheagán ginealach a chaomhnaíonn *LU* (eisceacht sa chomhthéacs seo ná leaganacha malartacha de 'De genelogia Con Culaind' i láimh *H* i ndeireadh *Síaburcharpat Con Culaind*, LU 9549-65), murab ionann agus an dá lámhscríbhinn eile, ach is ann go flúirseach don dá chineál litríochta a luann McCone, scéalta saolta agus eaglasta, in *LU*. Tá roinnt thríchodach d'ábhar iomlán *LU* curtha chun cinn ag Herbert (2015: 79) mar seo leanas: gurb éard atá in *LU* "texts of Christian history and teaching, texts belonging to the repertoire of traditional narrative, and texts which bridge the worlds of Christianity and of vernacular tradition". Leis an tríú cuid den roinnt seo a bhaineann *CLcC*; is é teagasc

na Críostaíochta (an *cáin dílguda*, go sonrach) is ábhar don aighneas idir Pátraic agus Lóegaire in *CLcC*, agus is cuid de stair na Críostaíochta sa tír seo é an t-aighneas céanna (bíodh sé ina mhiotas cruthanta nó ná bíodh). Déanfar é a áireamh, mar sin, i measc "a variety of compositions which, in diverse ways, deal with encounters between secular and ecclesiastical" (Herbert 2015: 80).

Baineann castacht nach beag leis an iniúchadh seo; in ainneoin malairt tuairimí Carey (2015) ar thaobh amháin, agus Imhoff (2008) agus de Vries (2012) ar an taobh eile, níl ar ár gcumas a dheimhniú arbh é *H* údar na dtéascsanna ina láimh in *LU* (seachas a scríobhaí) nó nárbh ea. Is buille faoi thuairim meáite é an iarracht is fearr is féidir linn a dhéanamh. Mar sin féin, is fiú an iarracht a dhéanamh, le solas a chaitheamh ar ról an scríobhaí, agus leis an bhfaillí ina ghníomhaíochtaí (féach, mar shampla, barúil Slotkin 1978: 443, "In the study of Irish literary history the scribe has been relatively neglected") a leigheas. De bharr nach eol dúinn cérbh é a chum *CLcC*, tá teora leis an méid is féidir a rá faoi údar/scríobhaí anaithnid; mar sin féin, tig linn an fhianaise a mheas. Ar fhianaise théacsúil amháin (agus ar fhianaise na dtéacsanna ar fad a leagtar ar *H* in *LU*) atá an scrúdú seo bunaithe, mar adeirtear thuas. Ach beidh ceist achrannach seo an údair/scríobhaí os ár gcionn, agus á spíonadh againn, i rith an ama.

Anuas air sin, ní dhearnadh *CLcC* a mheas mar théacs ann féin fós, de réir cosúlachta, ach amháin laistigh de chomhthéacsanna eile: mar chuid de scrúdú ar mhóitíf ar leith (Mac Eoin 1968), nó mar eiseamláir dá fhianaise théacsúil (Carey 1994a, McCone 2005). Aithníonn na hailt sin le Mac Eoin agus Carey roinnt mhaith de na foinsí as ar baineadh ábhar *CLcC*, ach ní phléann siad é mar dhéantús litríochta (rud nár chuir

siad rompu, is ceart a rá; is den tábhacht an "aithint foinsí" seo, ar ndóigh, féach Sims-Williams 1996: 183-4). Tugtar faoin téacs as féin, mar earra litríochta, a mheas sa chaibidil seo. Lena rá ar chaoi eile, is éard is cás liom anseo ná *CLcC* a scrúdú ar bhonn a "contemporary import and structural integrity" (McCone 1990: 8) féin, oiread agus is féidir.

### ***H* in *LU***

I ngeall ar na seanmóirí (***h**omilies*) a chuir sé le *LU* a bhaist Best (1912: 165) *H* ar an tríú duine de scríobhaithe na lámhscríbhinne. Ach oiread leis an díospóireacht reatha faoi *lámha* éagsúla *H* (Duncan 2015), d'fhéadfaí bunús an ainm féin a cheistiú, mar atá déanta ag Carey agus ag Boyle. Maíonn Boyle (2009: 226) nach mbaineann formhór mór an téacs *Scéla na Esérgi* le seanmóireacht in aon chor, ach gur "philosophical enquiry" de rogha ar "homiletic purpose" is bun leis. Ag trácht do Carey (2015: 104) ar an easpa gluaiseanna de chuid *H* i dtéacsanna *LU*, ritheann sé leis nach mór an tsuim a léiríonn *H* in ábhar na heascaiteolaíochta, agus go mb'fhéidir, dá réir sin, nárbh é an t-ainm is oiriúnaí a thug Best air:

> Potentially, then, there is a certain piquancy in the circumstance that it is the homilies which have given H his siglum: when he added them, he may simply have been following in the footsteps of predecessors with whose outlook he was not entirely in sympathy, and/or have been acting in deference to a contemporary preoccupation.

Ar aon intinn leis seo atá Boyle (2015: 129). Dar léi nach n-aithnítear buairt an bhrátha i gceachtar de chuid seanmóirí *H* in *LU*:

> Certainly *Scéla Laí Brátha* and *Scéla na Esérgi* betray no signs of apocalyptic anxiety, or unease about the imminence of the end-time. Rather, interest in the end-time and the eschatological fate of the individual, and of mankind

> more generally, is consonant with the thematic interests evidenced throughout the manuscript.

Samhlaíonn Boyle (ibid.) go mb'fhéidir gur bhain *H* faobhar na heascaiteolaíochta den lámhscríbhinn. A mhalairt de bharúil i dtaobh na heascaiteolaíochta atá ag McKenna (2011: 164). Feictear dise gur spéis le *M* agus *H* araon an eascaiteolaíocht, agus gurb é sin an téama bunaidh in *Fís Adomnáin*, *Scéla Laí Brátha* agus *Scéla na Esérgi*, téama a mbaintear macalla as in *Aided Nath Í* agus *Aided Echach meic Maireda* freisin, de réir a hargóna (2011: 161-3). Pléann Toner (2015: 134-50) gnéithe den eascaiteolaíocht in *Síaburcharpat Con Culaind* agus *Immram Brain maic Ḟebail*, agus déanann sé amach go gcuireann scoláirí na haoise seo ár dtuiscint ar scríobhaithe *LU* as a riocht, de bharr nach mbíonn beann a ndóthain ag na scoláirí sin ar thábhacht an ábhair in *LU*:

> The extent to which the LU scribes have been concerned with eschatology and salvation has probably been underestimated by most modern scholars... The religious texts have received much less attention than the secular tales, with the result that our understanding of the scribes and their purposes has almost certainly been distorted (Toner 2015: 134).

Mar sin, dhá cheist éagsúla, ach ceisteanna a bhfuil baint mhór eatarthu, is ea iad seo a leanas (a) ar spéis le *H* an eascaiteolaíocht, agus (b) an seanmóirí iad na téacsanna as a n-ainmnítear é? Maidir leis an gcéad cheist, feicimid go bhfuil deighilt idir scoláirí ina taobh. I gcás na dara ceiste, ní hann d'aontacht i dtaobh an ní is seanmóir ann. Ag trácht dó ar *Dá Brón Flatha Nime*, *Fís Adomnán*, *Scéla Laí Brátha* agus *Scéla na Esérgi*, deir Murdoch (2001: 44) "[that] none of these works is unequivocally a sermon", agus i dtaobh "seanmóirí" *H* go sonrach (.i. *Scéla Laí Brátha* agus *Scéla na Esérgi*) "their precise relationship to the sermon is again tenuous" (ibid., lch. 45). Ní le *LU* amháin a bhaineann an "generic problem" seo, ach leis na "seanmóirí" in *Leabhar Leasa Móir*,

leis, adeir Murdoch (ibid., lch. 47), agus leis an litríocht seo trí chéile, dá réir.[2] Mar sin, is beag tábhacht, ar shlí, a bhaineann leis an ainm a thugtar ar an tríú duine de scríobhaithe *LU*, mar ní féidir le haon cheann de na hainmneacha a tugadh air go dtí seo (*interpolator*, *reviser*, *homilist* féin) cur síos cruinn a dhéanamh ar a thionchar ar *LU*; dá áisiúla iad lipéid mar *homilist*, níl iontu ar deireadh thiar ach áiseanna a bhaineann leis an scoláireacht nua-aimseartha. Mar sin féin, murar suim le *H* an eascaiteolaíocht, mar shampla, cérbh iad na hábhair *a raibh* spéis aige iontu? Dar le Toner (2009: 108) is féidir an stair a áireamh ar cheann de na hábhair sin:

> the work of *H* in *LU* betrays many of the telltale traces of medieval historical scholarship: an interest in establishing 'facts', often using textual comparison as a foundation for establishing what happened; the presentation of contrary and/or alternative facts about the past; and attempts to reconcile contradictory accounts.

Taispeánann Toner (2000a: 5) gur léiriú gléineach é *Táin Bó Cúailnge* ar an gcontrárthacht seo, agus nach le *H* amháin, fiú in *LU* féin, a bhaineann an tréith chéanna; cuimhnítear nach i láimh *H* amháin atá *Táin Bó Cúailnge* in *LU*, ach a formhór i láimh *M*. Duine dá ré a bhí in *H*, dar le Carey, a áiríonn *H* ina measc siúd a ghlac páirt sa ghluaiseacht ar a dtugann Carey "a sort of new wave of Irish antiquarianism" (2015: 112-3):

> Even if it would be an exaggeration to claim that H was indifferent to religious matters, it does seem evident that his main interests lay elsewhere: in lore concerning the Irish past. To judge from what he has left us, he had a taste for antiquarian narratives knitted together from pre-existing materials, and enlivened by poetic interludes; in this respect, and in his enthusiasm for the Finn cycle, he appears to be a man of his time.

[2] Maidir leis na téarmaí "homily" agus "sermon" go ginearálta, deir McNamara (2002: 239) "for the Middle Ages it is not easy to draw a clear-cut distinction between the terms", agus i gcomhthéacs na seanmóireachta in Éirinn go sonrach "we cannot say there is a single approach to Christian instruction and exhortation in the early Irish Church".

Cad a spreagfadh leithéidí *H* le spéis a chur sa "lore concerning the Irish past"? Ag trácht di ar an gcultúr scríofa in Éirinn san aonú agus sa dara haois déag deir Herbert (2007: 100):

> Irish *literati* may have been inspired, to an extent at least, by a desire to recreate the conditions of an Irish 'golden age' before the Viking invasions. It is probably no coincidence that it was an eleventh-century Irish chronicler who first refers to the Ireland of the seventh century as *insula sanctorum*.

Tagraíonn Toner (2000a: 3) do thuairim Greene (1967: 67) i leith scoláirí an aonú haois déag, arbh é an *senchas*, "which they believed in as implicity as they did in the Bible", a mórspéis agus a mórspreagadh; dar le Greene (ibid.): "The eleventh century scholars were after facts". Cén tuiscint a bhí ag na scoláirí sin ar an am a caitheadh, agus ar na fíricí a bhain leis? Tarraingíonn Toner (2000a: 6) aird ar shainmhíniú Isidore ar *historia* .i. "res verae quae factae sunt", is é sin "true things that happened". De réir na tuisceana seo, b'fhíor don rud a bheadh *in ann* a thitim amach de réir nádúir, is é sin ba *historia* é, murab ionann agus *fabula*, a bhain le nithe nár tharla nó *nach raibh in ann* a tharlú de bharr gur in aghaidh an nádúir a bhí siad .i. "quae nec factae sunt nec fieri possunt, quia contra naturam sunt". Tugadh tús áite don tuairisc a gheofaí ó dhuine a chonaic an eachtra féin, rud a mhíneodh a bhfuil de "revenants" (féach Nic Cárthaigh 2007: 41), leithéidí Tuán mac Cairill, le fáil sa traidisiún. Sampla ionadaíoch ar "revenant" é Tuán, agus solaoid é *Scél Tuáin meic Cairill* ar an "transmission of ancient history by means of the long-lived, lone survivor or revenant who has not only lived through an inordinate length of time, but who has undergone several physical transformations in so doing" (ibid.). Cuirtear tóir ar Tuán in *Scél Tuáin meic Cairill*, agus is é Dia a thugann slán é (amhail Lí Ban in *Aided Echach maic Maíreda*); déanann sé amhlaidh i gcás Tuán, dar le Toner (2015: 138), chun go mbeidh

“údarás” ann ar mhaithe le scríobh stair na hÉireann, agus foilsiú phlean Dé (a phléifear thíos).

Ar ndóigh, bhí teora leis an gcur chuige seo a d’fhéach le *historia* a dhealú ó *fabulae*, nó bheadh oiread na “revenants” ó smacht. Le srian éigin a chur ar an tsamhlaíocht, aithníodh gur trí thraidisiún na litearthachta a thiocfaí ar “na fíricí” seo, fíricí na staire (Toner 2000a: 6): “[M]edieval scholars recognized that the past was accessible only through texts which represented the past in words, and history became the study of historical texts rather than of the past itself”. Leis na fíricí a d’aimsigh scoláirí an aonú haois déag, adeir Greene (1967: 67), thug siad faoi aontacht éigin a bhualadh anuas orthu: “they tried to produce unified texts, no matter what absurdities resulted”.

Ceann de na “absurdities” sin, b’fhéidir, is ea an tagairt i dtosach *CLcC* don slogadh talún, de bharr briathra Pátraic, a adhlacann Lóegaire i Temair, agus a thugann faill do mhadraí a gcac a dhéanamh ar a chloigeann. Faightear an cur síos seo ag tús an téacs, agus é ag teacht salach ar an sliocht a thugtar ag a chríoch (LU 9816-20) a insíonn faoina adhlacadh eile sna ráthanna i Temair. B’fhéidir gur léiriú nó micreacosma é an tagairt fhánach úd d’adhlacadh ait Lóegaire (.i. a chéad adhlacadh) ar ghné den litríocht seo a phléifear níos mine thíos, is é sin an idirthéacsúlacht agus an meascadh traidisiún agus foinsí is bonn le *CLcC* féin, agus le cuid mhór téacsanna sa *corpus* trí chéile. Séard atá i gceist agam ná go ndéantar dhá rud éagsúla, as foinsí difriúla (.i. slogadh talún agus madraí ag salú a chinn) a nascadh le chéile san abairt: “Ro [ṡ]luic da*no* i*n* tala*m* Lōegai*r*e druí t*r*ia brēthir Pāt*raic con*id 'na che*n*d chacait na huli coi*n* tecait hi Te*m*raig” (LU 9739-40). Leagaim béim ar an gceangal a dhéantar le heachtraí éagsúla anseo, mar go bhfeictear samplaí den slogadh talún an-mhinic sa

naomhsheanchas; is eachtra neamhspleách é, áfach, gníomh an mhadra. Ní heol dom ach sampla amháin eile (pléite thíos) ina bhfuil an dá rud le fáil in éineacht.

An chéad deacracht atá leis an ráiteas seo ó thaobh oidhreacht Lóegaire de ná gur cadhan aonair é. Dar le Carey (2015: 109), níl aon rian den adhlacadh "bizarre and unpleasant" seo le fáil in aon chuntas a bhaineann le gníomhaíochtaí Pátraic murar "derisive version" (Carey 1994a: 20) atá ann de chuntas a adhlactha a dtagraítear dó thuas (.i. an dara hadhlacadh, LU 9816-20), insint a bunaíodh ar an gceann atá ag Tírechán (Bieler 1979: 132-3):

> 'Nam Neel pater meus non siniuit mihi credere, sed ut sepeliar in cacuminibus Temro quasi uiris consistentibus in bello' (quia utuntur gentiles in sepulcris armati prumptis armis) 'facie ad faciem usque ad diem *erdathe*' (apud magos, id est iudicii diem Domini) 'ego filius Neill et filius Dúnlinge imMaistin in campo Liphi pro duritate odi[u]i ut est hoc'.
>
> 'My father Níall did not allow me to accept the faith, but bade me to be buried on the ridges of Tara, I son of Níall and the sons [*sic*] of Dúnlang in Maistiu in Mag Liphi, face to face (with each other) in the manner of men at war' (for the pagans, armed in their tombs, have their weapons ready) 'until the day of *erdathe*' (as the druids call it, that is, the day of the Lord's judgement), 'because of such fierceness of our (mutual) hatred'.

Pléann Mac Eoin (1968: 35-6) deacrachtaí comhréire sa sliocht sin ó Tírechán, agus cuireann aistriú eile chun cinn; an tábhacht is mó lena aistriú dúinne ná go sonraíonn sé gur *mac* (filius) seachas *mic* (féach "sons" in aistriú Bieler) le Dúnlaing atá i gceist anseo. "Realistic apologia" (ibid., lch. 36) a ghlaonn Mac Eoin ar ráiteas seo Lóegaire, agus measann sé gur ar thraidisiún ní ba luaithe ná Tírechán féin a bunaíodh an ráiteas (an chomhréir féin is mó a thacaíonn lena mhaíomh; féach McCone 1986: 25, a thuairimíonn gurbh é Muirchú féin a chum an cuntas atá aige ar iompú creidimh Lóegaire). Leagan giorraithe de shliocht sin Tírechán atá in *CLcC*, lena gcuirtear eolas breise faoin áit ar cuireadh Lóegaire:

> Tucad da*no* corp Lōeg*airi* anes īa*r* tai*n* ⁊ ro hadnacht co *n*-armgasciud isi*n* chlud i*m*echtr*a*ch air*th*e*r*desc*er*tach rīgrātha Lōeg*airi* hi Te*m*raig hé ⁊ a aiged fodes f*or* Laigniu oc cathugud fr*i*u a*r* ropo náma-s*om* 'na bíu do Laignib. Ba sí da*no* ráith Lōeg*airi* Tech Midchúa*r*ta i*n* ta*n* si*n* ⁊ is air*i* *con*-aitech-som a adnacul and (LU 9816-20).
>
> Lóegaire's body was taken from the south after that, and he was buried with his armour in the outer south-easterly trench of Lóegaire's royal fortress in Temair, his face turned south towards the Leinstermen, warring with them, for he had been an enemy while he lived to the Leinstermen. Moreover, Lóegaire's fortress was Tech Midchúarta at that time, and it was because of this that he asked to be buried there.

Tugtar faoi deara go mbaineann an talamh (ní nárbh ionadh!), ar shlite difriúla, leis an dá chur seo a dhéantar ar Lóegaire: in eachtra na madraí, is slogadh talún atá i gceist, ach sa bhás a fhaigheann sé de bharr a rátha a shárú, is é an focal 'tír' a úsáidtear mar léiriú ar an talamh: "do-bretha rātha f*ri* Laigniu .i. g*rían* ⁊ ēsca, usci ⁊ aer, lá ⁊ adaig, muir ⁊ tír" (LU 9797-8). Ní luaitear an tír ná an talamh go sonrach sa dara tagairt do na rátha sin:

> At-bath a*n*d-si*n* ó g*réin* ⁊ ō gaīth ⁊ ōna ráthaib archena. Ar ní lae*m*the tudecht tairsiu isi*n*d a*m*sir si*n* (LU 9805-6).
>
> He died there from sun and wind and the other pledges. For it wasn't permitted to violate them at that time.

Ní in *CLcC* amháin a fheictear an talamh ina namhaid ag Lóegaire. In *Siaburcharpat Con Culaind* cuirtear Lóegaire i mbaol a adhlactha mura ngeallfaidh don chreideamh úr; ní chreidfidh sé i nDia ná i Pátraic, agus is amhlaidh a théann an talamh thairis tar éis dó neamhshuim a dhéanamh den rabhadh sin, ach ní mharaíonn sé é (LU 9536-40). Sa *Bórama* in *LL* áirítear slogadh talún ar cheann de na siocracha báis a bhí ag Lóegaire: "Conid airesin tucsat na dúle dáil báis do Loeg*aire* i taeb Caisse .i tal*am* da ślucud ⁊ grian da loscud ⁊ gaeth do dula uad" (LL 38288-90). Deirtear i bhfoinse eile, *Annals of Clonmacnois* (s.a. 454), gur cheann dá thrúigeanna báis ab ea an talamh á shlogadh (Murphy 1896: 71):

> K[ing] Lagery Died an evill Death. Some say he sunck down in the earth between the 2 hills neere the River of Liffie called Irland and Scotland, but the most part agree that hee was stroken Dead at a place called Taw Caissi by the wind & sun for forswearing himselfe to the leinstermen for the Restitution of the Cowes which he was sworn to perform at the time of his Captivity.

Ní hionann é seo agus a chruthú, áfach, go raibh traidisiún áirithe, dá thanaí agus dá aistí é, taobh thiar de chur seo an rí sular breacadh *LU*, óir b'fhéidir gur ó *LU* féin a fuair lucht scríofa na *Annals of Clonmacnois* an t-eolas úd. Is é an léamh a dhéanann Buttimer (1981: 75) ar chéadadhlacadh Lóegaire in *CLcC* ná gur daoine éagsúla a bhí sa dá Lóegaire seo .i. Lóegaire rí agus Lóegaire druí: "So far as I can tell, this notice [.i. an talamh á shlogadh] is unconnected with the death of king Lóegaire, but the names and circumstances are strikingly similar". Baineann an ráiteas seo leis an dara deacracht a chuireann an sliocht gearr céanna os ár gcomhair: *rí* a bhí in Lóegaire, seachas *druí*. Taispeánann (ach ní mholann) Carey (1994a: 20) coigeartú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhoirm an fhocail "druí" (LU 9739): "The word *druí*, inapplicable to Loegaire and in the wrong case in any event (unless we emend to *druid*; cf. *doluí* for *doluid*, LU 10192), seems to be intrusive here". I láimh *M*, seachas lámh *H*, in *Tochmarc Emire* atá an sampla sin; níl aon sampla eile in *CLcC* de ghas consonta nach bhfuil a chríoch stairiúil aige. Mar sin féin, is beag cabhair an ghramadach le "ról" nua seo Lóegaire a thuiscint dá gcuirfí an coigeartú féin i bhfeidhm. Feicfear thíos go ndéanann Nagy (2013) léamh eile ar fad ar *rí* agus *druí* san aon abairt amháin seo in *CLcC*, léamh lena dtagann agus lena gcuireann Toner (2015).

Maidir leis an ngné eile dá chéad adhlacadh, is é sin na madraí a dhéanfadh a gcac ar a cheann, faightear fianaise ghaolmhar áirithe as téacsanna eile ar fiú aird a tharraingt uirthi. Tugann an *DIL* (s.v. *cacc*) samplaí eile de dhaoine (agus d'éin) i mbun

a gcaca a dhéanamh, ar nós an tsampla as *Táin Bó Cúailnge* (LU 6072-7, i láimh *M*) ina gcuireann Cú Chulainn drochbhail ar Láiríne, ach gan é a mharú:

> Gabaid íarom eter a dí láim ⁊ cotmeil ⁊ fochrotha con sephaind a channebor ass combo búadartha in t-áth día chacc ⁊ combo thrúallnethe aér na cethararda dia dendgur.
>
> Then he siezed him with both hands and squeezed him and shook him until he drove his excrement out of him and the water of the ford was turgid with his dung and the air of the firmament was polluted with his stench (O'Rahilly 1976: 56, 176)

Aon sampla amháin de mhadra (*cú*) atá sa *DIL* san iontráil sin, as *Leabhar Leasa Móir*: "cacfait coin ina caeimchill", sampla nach luann aon chloigeann daonna sa talamh áfach (in *Stair ar Aed baclámh*, O'Grady 1892: 70). In *Betha Beraigh* (Plummer 1922a: 30; 1922b 29-30) titeann an eachtra seo leanas amach:

> Ocus at-*con*nairc [*Berach*] Caineach uás mull*uch* in tsléiphe ag adhradh díabail ⁊ acc dénamh draidhe*cht*a. Ocus do-roine Ber*ach* slechtana ⁊ ern*aigh*the ⁊ ro raidh fri Cáinech ⁊ fri a ban*ntr*a*cht*: 'As ced dáibh dol fon talmai*n*'. Sluiccis an talamh go hopand Caineoch guna ban*ntr*acht. *Con*adh aire sin ain*m*night*er* Laithrech Caineoch a nGlind Da Lacha. *Con*idh ina cenn chacait coin na cath*rach* o sin amach go brath.
>
> And he [*Berach*] saw Cainech on the summit of the mountain, worshipping the devil, and practising druidism. And Berach made prostrations and prayers, and said to Cainech and her band of women: 'Get you under the earth.' The earth forthwith swallowed up Cainech and her band of women; and therefore (the place) is called Cainech's Swamp in Glendalough. And on her head the dogs of the monastery void their excrement from that day forth till doom.

Sa líne dheireannach úd a chuirtear spéis anseo; ní foláir nó tá gaol gairid idir í agus an líne faoi Lóegaire thuasluaite:

> *Con*idh ina cenn chacait coin na cath*rach* o sin amach go brath (*Betha Beraigh*)
>
> *con*id 'na che*n*d chacait na huli coi*n* tecait hi Te*m*raig (*CLcC*: LU 9739-40)

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil aithris sa líne sin ó *Betha Beraigh* ar *CLcC*, ó tharla cosúlachtaí móra idir foclaíocht an dá théacs. Is deacair breith údarásach a thabhairt

air seo, áfach, de cheal samplaí eile. Mar sin féin, tugtar faoi deara cosúlachtaí eile eatarthu seachas na focail chéanna; maidir leis an gcomhthéacs, is bua críochnúil eile don chreideamh úr ar an bPágántacht atá sa dá eachtra seo, in *Betha Beraigh* agus in *CLcC*. Slogtar Cainech i ndiaidh di bheith 'ag adhradh díabail ₇ ag dénamh draidhechta', agus is é Lóegaire *druí* (in ainneoin na ndeacrachtaí a bhaineann le 'draoi' a thabhairt air) a chuirtear sa talamh, leis. Is iomaí sampla in *Betha Beraigh* de shárú naimhde an naoimh (iad siúd a dhiúltaíonn talamh a thabhairt dó), ach ní hionann é sin agus a rá go maraítear iad de bharr slogadh talún i gcónaí. Molann Stokes (1887: 562) go mb'fhéidir gur Mantais, 'drui éccraibtech' a dhéanann fonóid faoi Pátraic in *Betha Phátraic*, an té atá i gceist i ndáiríre san eachtra seo in *CLcC*, seachas Lóegaire mac Néill. Mar seo a chuirtear Mantais os ár gcomhair in *Betha Phátraic* sa *Leabhar Breac* (Stokes 1877: 20-1):

> Is andsin ro écnaig aroli drui éccraibtech .i. Mántais a ainm do Patraic. Fergaither Patraic fris. ₇ do-beir amus do bachail Ísu fair co torchair i fiadnaise na slóg ₇ co ro sluic talam h-e, conid de-sin ata: Noconuil amáin Mántais.
>
> It was then a certain impious wizard named Mantais reviled Patrick. Patrick is enraged with him, and he makes a thrust of Jesus' crozier at him, and he fell before the hosts, and the earth swallowed him, whence is [the saying] *noconuil amáin Mántais*.

Tá an chuma ar an eachtra úd gur ar mhaithe leis an nath sin "Noconuil amáin Mántais" a mhíniú a cumadh é. Más ea, b'éasca don té a bhreac an téacs úd teacht ar a leithéid d'eachtra, mar is móitíf choitianta sa naomhsheanchas trí chéile an slogadh talún seo. Tráchtann Bray (2002: 47) ar an dúil a bhí ag na naoimh (de réir an naomhsheanchais) i mallacht a chur ar a naimhde, ar mhinic iontais éagsúla á leanúint, "men and horses being swallowed up by the earth, limbs falling off, people stricken with leprosy, a queen turned into a crane, or a king and a saint engaged in a cursing match that involves fasting, the ringing of bells and singing of maledictory

hymns". Tagraíonn sí do thuairim Plummer (1910: clxxii) gur geall le "extraordinary self-restraint" an cineál smachta a theastaíonn ó naomh "[that] does not exercise his maledictory powers on the slightest provocation".

Ní hionadh, mar sin, nach í Cainech amháin a mharaítear de bharr shlogadh talún in *Betha Beraigh*; tagann an chríoch chéanna ar Uí Briúin na Sionna agus ar Cú Chathfaid, a rí, nuair a dhéanann siad neamhaird ar rabhadh Berach gan 'focland ro bhatt*ar* ar com*air*ce Ber*aigh*' a ionsaí (Plummer 1922a: 40-1). Cuireann innéacs Bray (1992: 100) samplaí eile den mhóitíf ar fáil dúinn, agus ní hannamh draoi (dála *CLcC*) á shlogadh ag an talamh; is mar sin atá in *Betha Féchin Fabair* (Stokes 1891: 352, §46). Is draoi eile a shlogtar in *Betha Pátraic* (Stokes 1890: 9, 288-9) i ndiaidh dó a *eachlasc* a chaitheamh isteach sa *cailech* agus aifreann á rá ag an naomh; cáintí a mharaítear ar an tslí chéanna níos faide anonn sa téacs sin (15, 491) B'iomaí casadh a baineadh as an mbunmhóitíf; is iad capaill an rí a shlogann an talamh de bharr mallachta Pátraic in *Betha Senáin* (Stokes 1890: 69, 2315) tar éis do Pátraic draoi an rí a bhá roimhe sin; gadaí mná a ghoid ó Déclán a shlogtar in *Life of St. Declan of Ardmore* (Power 1914: 58). An sampla is suntasaí, b'fhéidir, den mhóitíf seo ná *Betha Colmáin maic Lúacháin* (Meyer 1911: 58-9):

> Fecht da*no* tánicc rechtaire Conaill meic Suibne co Lūachān do chuinchi*d* bīatta fair ⁊ nī raba ac Lūachān acht aonchrīathar grāin eorna ⁊ atbert: 'Nī fil acaindi a cuinchid fair.' Issed im*murgu* roráid an rechtaire co cuirfidiss īatt ule hi muir nó a ten, mane fagbadis .iii. cét bargen cruthnechta cona tarsann imme ⁊ lomma. ⁊ isbert Colmán: 'Is cet duit an tal*am* do*t* slucud' ⁊ rosluic an talam fochétóir an rechtaire ac dol día chosāitt dochum a thigerna co filett ic p*re*dugud 'na cenn ōsin alle ⁊ gaibid ar tech*ed* ōtchonnairc sin ⁊ gaibid an slóg ule ⁊ asbert: 'Mairg do thoimēl*a* do bíadh, a Cholmāin, ⁊ ní sinne thomēlas.' ⁊ ba hatach n-uilc ac cách dia chéle díb fria ré fatta iarsin, conid 'aided Chonmind dot brith,' amail rosluic talam Lægaire ar amrēir Pāttraic.
>
> Again, upon a certain time the steward of Conall son of Suibne came to Luachan to demand victuals of him. And Luachan had but one sieve of barley-

> seed; and he said: 'We have not got what you demand of him.' But the steward said that they would all be put into the sea or fire unless they found three hundred wheaten cakes with their condiment of butter and milk. And Colman said: 'It is permitted to thee to be swallowed up by the earth!' And forthwith the earth swallowed the steward as he went towards his lord to stir him up against Colman, so that ever since hounds have been ...ing on his head. And when he saw that he began to flee, and [dread] seized all the people; and they said: 'Woe to him who shall consume thy food, Colman; and 'tis not we who shall consume it.' And for a long time afterwards it was a form of cursing one another among them, viz. 'May the death of Cú Mind carry thee off!' as the earth swallowed Loegaire when he was disobediant to Patrick.

Is suntasach gur tearc í an fhianaise do chineál na heachtra (slogadh talún agus salú cinn in éineacht) a bhaineann do Pátraic agus do Cainech araon; is cosúla le gné fhánach de thraidisiún na hanchúinseachta eachtra seo na gcon agus an chaca. Ina staidéar cuimsitheach ar mhadraí agus a bhfuil i gceist leo i dtraidisiún agus i litríocht na gCeilteach, níl aon trácht ag Bernhardt-House (2010) ar na heachtraí seo as *CLcC* agus *Betha Beraigh*, ach oiread le [h]Edel (2006), agus í ag plé "bodily matters" i litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge (ba chóir a rá gur ar dhaoine agus iad i mbun riachtanais an choirp a dhíríonn Edel, seachas ar ainmhithe). Sa sliocht thuas as *Betha Colmáin maic Lúacháin*, áfach, tagraítear go neamhbhalbh do "chur" Lóegaire de bharr na mallachta ag Pátraic. Ní féidir a bheith chomh deimhin agus atá Meyer, áfach, maidir lena dtarlaíonn roimhe sin. Ní luaitear 'coin' go sonrach sa sliocht seo (cf. aistriú Meyer), cé go bhfuil trácht orthu roimhe sin in *Betha Colmáin maic Lúacháin*. Anuas air sin, is deacair brí 'predugud' a dhéanamh amach; tuairimíonn eagarthóirí an *DIL* ('P', col. 201, 25-30) gur "learned formation" atá san fhocal, bunaithe ar *praedicare* na Laidine, agus aistríonn siad é mar "so that they make him a text for their sermons ever since". Is é seo an t-aon sampla den fhocal atá sa *DIL*, áfach, agus is ar éigean a shoiléiríonn an tuairim sin an scéal.

Maidir le *Betha Beraigh*, níl dáta luaite ag Plummer leis (1922a: xvi; 1922b: 326) ach tugann Ó Riain (2011: 95-6) fianaise ar thabhartas talún a thacódh leis an mbliain 1176 mar *terminus a quo*; sa tráchtas MA neamhfhoilsithe le Kudenko (2015: 71) molann sise an ceathrú deireannach den dara haois déag mar dháta, bunaithe ar staidéar ar theanga an téacs. Pé acu a bhraitheann *Betha Beraigh* ar *CLcC* nó nach mbraitheann, dealraíonn sé gur sampla beag bídeach, nó micreacosma, atá san aon abairt amháin sin as *CLcC* den snaidhmeadh a dhéantar le hábhair agus foinsí éagsúla ar scála i bhfad níos fairsinge sna téacsanna féin trí chéile in *LU*.

Ach cad deir an méid seo ar fad linn mar gheall ar spéis *H* sa stair? Má ghlacaimid leis gurb ionann Lóegaire rí agus Lóegaire druí (bíodh nach ndéanann aon scoláire amhlaidh), tagann dhá "chur" seo Lóegaire le ráiteas Toner thuas, gur theastaigh ó *H* "contrary and/or alternative facts about the past" a chur i láthair. Áitíonn Toner in áit eile (2000a: 6) gur ag leanúint de "normal medieval historiographical practices" a bhí an teaglamaí in *Táin Bó Cúailnge* nuair a chuir sé contrárthachtaí agus malairtí lena théacs; "[A] desire for completeness", is ea a thugann Slotkin (1978: 449) ar dhearcadh na scríobhaithe go léir in *LU* (go háirithe *H*, dar leis) i leith na dtéacsanna ann. Pléann McKenna (2011: 180) tuairim sin Slotkin agus molann gur cóir go n-aithneofaí an iarracht a dhéanann *H* caitheamh le téacsanna *LU*, faoi mar a fuair sé roimhe iad agus de réir mar a d'fhág sé a rian féin orthu, mar scríbhinní a bhaineann go dlúth lena chéile ar bhealaí éagsúla:

> I would go a step further and suggest that the Reviser [*H*] not only sought 'completeness' and correctness, but also engaged actively in a dialogue with the texts that he encountered in Lebor na hUidre, texts that, whether they belong to a Christian or an older heroic tradition, fed his reflection on the subjects of heaven and hell and the dreams and visions that may lead men to one or the other.

Cuireann Alter (1981: 133) i gcuimhne dúinn nach ionann tnútháin an údair/scríobhaí ó aois go chéile, agus go bhféadfadh aontacht a bheith in aigne na n-údar/scríobhaithe a d'fhág téacsanna lán de "discontinuities, duplications, and contradictions" againn, aontacht a bheadh éagsúil go maith leis an gcoincheap atá ag an gcriticeoir/léitheoir/scoláire nua-aimseartha, ar ndóigh. Molann Ó Corráin (2007: 485-8) dúinn bheith san airdeall maidir leis an tuiscint a bhainimid as téacsanna den chineál a luaitear thuas, agus leis an mbreith a thugaimid ar lucht a scríofa:

> Far too often, the modern critics – on generally unspoken grounds of aesthetics, good order, propriety or some such – are prepared to be harsh in their judgements on the scholars who transmitted their texts to them. We hear and read a great deal about scribal clumsiness, late and corrupt texts (as if there were once a gleaming fault-free archtype), careless and contradictory patchwork and the awkward merging of different recensions... scholars far too frequently neglect or ignore the important consideration that much of Irish literature... must be understood within the context of the highly developed historical culture of the mandarin classes who produced it.

I gcás *CLcC* agus a chuid "duplications" féin, feicimid go gcuirtear Lóegaire i dtús an téacs, faoi mar ba leagan neamhspleách amháin dá bhás é an scéilín sin, agus cuirtear arís é faoi chríoch an téacs, tar éis scéal níos faide faoi shiocair an bháis sin bheith inste. Is casta an téacs é dá bharr, agus is casta an oidhreacht a fhágann rian *H* ar théacsanna *LU* freisin, mar a admhaíonn Toner (2009: 120):

> [H]e appears to have been interested in the historical veracity of the texts in the manuscript but was not attempting to produce coherent, consistent narratives. Indeed, the fact that he problematises the text on occasion by introducing variants indicates that he was not attempting to construct a single, uniform narrative.

De réir sainmhíniú Isidore ar *historia* a pléadh thuas, d'fhéadfaí glacadh gan cheist le dhá chur Lóegaire in *CLcC*, de bharr gur eachtraí iad a bhí in ann a tharlú agus nach ndeachaigh i gcoinne an nádúir. Fós, ní mór a rá gur dúshlán a chuireann siad romhainn an scéal ina iomlán a 'mhíniú' ó thaobh na loighce de. Caitheann Ó Corráin

(2007: 487) an tuairim gurb éard is cúis le hiolracht na leaganacha de théacsanna sa traidisiún Gaelach ná “the working materials from which the learned classes met the needs of their patrons”. Is é sin le rá, bhí an t-aos dána in ann pé cruth ba mhian leo a chur ar an “amhábhar” (seanchas, ginealaigh srl.) de réir mar a theastaigh ó dhálaí polaitiúla a linne, rud a fhágann difríochtaí suntasacha faid agus béime idir leaganacha éagsúla de théacsanna. Bíodh gur as tréimhse níos déanaí é, is cur chuige é seo a léirítear go feillbhinn sa rann cáiliúil i ndán le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh (féach Mac Cionnaith 1938: 206):

> I ndán na nGall gealltar linn
> Gaoidhil d’ionnarba a hÉirinn
> Goill do shraoineadh tar sál sair
> I ndán na nGaodheal gealltair.

Is i dtaobh na gcraobhacha coibhnis (agus corpas na scéalta a théann leo) is mó a dhéanann Ó Corráin an t-áitiú seo, agus sílim féin gur treise argóint Toner i gcomhthéacs *CLcC* (agus téacsanna *LU* trí chéile) maidir le tuiscint chumadóirí na Meánaoise ar an rud ba stair ann.

Ós rud é go ndéantar talamh slán de gur ag saothrú i mainistir a bhí *H*, agus go raibh tionchar ag láthair a oibre air dá réir, ní miste lorg an chreidimh ar a shaothar a scrúdú. Cén cineál feidhme a bhain sé as ábhar an chreidimh, agus cérbh iad na hábhair/téamaí eile a bhí ag déanamh tinnis dó agus é ag cóipeáil/teaglamú? Luadh cheana tuairimí Boyle agus Carey ina leith seo; dar le Boyle, is léiriú atá in *Scéla na Esérgi* ar théacs a scríobhadh “in a context where scholars were fully engaged in continental modes of scholarly discourse” (2009: 226). Más é *H* an té a chum *Scéla na Esérgi*, thabharfadh an t-aitheantas sin níos mó creidiúna ná mar ba ghnách le

scoláirí a thabhairt dó san aois seo caite (cuimhnítear ar an réamhrá in eagrán Best agus Bergin (1929: xvi): “The intervention of H is throughout rude and violent”, bíodh is gur dóichí gur ag trácht ar chruth agus ar chuma na lámhscríbhinne dá éis atá siad). Maidir le téacsanna a phléann leis an gcreideamh, ba mhaith liom iad a scrúdú ar an gcaoi seo leanas: (1) téacsanna a bhfuil cur isteach go pointe ag *H* iontu, mar shampla *Siaburcharpat Con Culaind*, agus (2) iad siúd atá ina láimh féin amháin, *CLcC* go príomha. Ar nádúr *CLcC* féin is mó a dhéanfar plé.

**Téacsanna Cumaisc**

> A century of analytic scholarship has made powerful arguments to the effect that where we might naively imagine that we are reading a text, what we actually have is a constant stitching together of earlier texts drawn from divergent literary and sometimes oral traditions, with minor or major interventions by later editors in the form of glosses, connecting passages, conflations of sources, and so forth (Alter 1981: 132).

Cur chuige seanbhunaithe i léann na Meánaoise is ea an cuardach seo le foinsí ‘téacs’ ar leith a aithint (“a valid if perilous activity”, dar le Sims-Williams (1996: 184)). Buntuiscint an chur chuige chéanna is ea gur ag tarraingt as téacsanna (idir théacsanna béil agus scríofa, de réir mar is oiriúnach) atá an ‘téacs’ áirithe atá á scrúdú. Ní i gcónaí a éiríonn le lucht an chuardaigh, áfach, ach is fiú béim a leagan ar thábhacht na hoibre céanna, más mian linn tuiscint réasúnta cuimsitheach ar an luathlitríocht a bheith againn. D’fhéadfaí ráiteas Mhic Eoin (1996: 325) i dtaobh *Aislinge Meic Con Glinne*, .i. gurb éard atá ann ná “a pastiche of episodes and motifs such as might have been found in older texts”, a chur i leith roinnt mhaith de litríocht ‘scéaltach’ na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Féach nach mar cháineadh ná mar

mhasla a thugann Mac Eoin an bhreith sin, óir tugann sé “a truly remarkable literary work” (ibid.) ar *Aislinge Meic Con Glinne*.

Castar orainn téacsanna cumaisc arís agus arís eile sa litríocht seo, beag beann ar ‘sheánra’ nó ar ‘fheidhm’ an téacs; taispeánann Stifter (2013: 200), mar shampla, gur téacs cumaisc atá in *Cáin Adomnáin*, téacs dlí. Baineann *Cáin Adomnáin* le luathré na Sean-Ghaeilge (bíodh go n-áitíonn Ní Dhonnchadha (1991: 28) gur féidir idir shraith Meán-Ghaeilge agus sraith Sean-Ghaeilge, maille leis an tríú sraith Laidine, a aithint sa téacs[3]), agus is fianaise thábhachtach í seo ar théacsanna cumaisc a bheith ar fáil ó thosach na litríochta Gaeilge in Éirinn. D’aithneofaí ar a ainm, b’fhéidir, gur téacs (dátheangach) cumaisc é *Vita Tripartita Sancti Patricii*, téacs a bhfuil stair shuimiúil aige: “The text is the result of a compositional process stretching over a longer period of time. It is a compilation of hagographical material relating to Patrick. Some of the source texts for the compilation can be identified”, rud a dhéanann Bronner (2005: 2) trí *Confessio* Pátraic, agus scríbhinní Muirchú agus Tírechán a ainmniú.

An sampla is cáiliúla de théacs cumaisc as seánra aitheanta, b’fhéidir, ná *Táin Bó Cúailnge*, cé nach údar sásaimh ag go leor léitheoirí na neamhréireanna a ghineann an cumasc céanna ann:

> The *Táin* is widely viewed as unsatisfactory because of its lack of internal consistency, and more particularly because it does not succeed in presenting a unified, coherent narrative. It is clearly a compilation, but whereas a skilful storyteller might have sought to mould his narrative into a single, intelligible, and aesthetically pleasing narrative, the compiler here constantly presents us with sometimes lengthy alternative versions (Toner 2000a: 5).

[3] Ar fhianaise na teanga a bhunaítear an deighilt seo, ar a dtugtar A, B, C, faoi seach; leanann Ní Dhonnchadha (1991: 28-42) uirthi le “a more complex breakdown (a, b, c, d, e, f, g, h, i) based on other grounds”, is é sin, ar ábhar an téacs féin trí chéile, agus go háirithe ar chontrárthachtaí san ábhar sin (cf. 34-5).

Tugann O'Connor (2013: 27) faoi líomhaintí a chuirtear i leith easpa ealaíne údair *Togail Bruidne Da Derga* agus é i mbun scéil as mórán foinsí éagsúla a chur i dtoll a chéile:

> Scholars have so far been unanimous on viewing the *Togail* as a compilatory text whose creator stitched together different parts of older narratives into a newly composed whole. Alongside this view, most studies of the *Togail* also hold (or unintentionally imply) that the result is not very coherent as a work of art, and that the saga's artistic merits derive from qualities in its sources which shine through in the extant saga *despite*, rather than because of, the work of its tenth- or eleventh-century author or redactor [leis an údar an cló Iodálach].

Agus é ag cosaint na hinsinte ann ar leithéidí Thurneysen agus Uí Choncheanainn deir O'Connor (lch. 44):

> The *Togail* does indeed contain some unresolved inconsistencies, and it is very likely that these derive from multiple and divergent sources. But the inconsistencies are nowhere near as numerous or as damaging to the saga's coherence as their dominance in the scholarship might seem to imply.

Caitheann O'Connor (lgh. 44-6) dua lena thaispeáint nach téacs é atá "basically incoherent", ach gur neamhréireanna fánacha iad a bhformhór. Is mó castacht, agus conspóid, b'fhéidir, dá réir, a bhaineann le héagsúlacht foinsí agus nádúr an chumaisc i dtéacs fada ar nós *Togail Bruidne Da Derga*, ná téacs gearr amhail *CLcC*. Laistigh de *CLcC*, téacs atá i bhfad níos giorra, faightear dhá fhoinse nó dhá eachtra ar leith, mar atá, *comthód* Lóegaire, agus *aided* Lóegaire, agus iad nasctha le chéile mar aon téacs amháin. Seachas an dá "chur" a dhéantar ar Lóegaire (atá pléite thuas) is beag neamhréir eile a bhaineann leis an insint.

Téacsanna cumaisc iad dhá théacs eile in *LU* arbh é *H* amháin a bhreac .i. *Aided Echach meic Maíreda* agus *Fotha Catha Cnucha*. Trí rannóg ar leith a fhaightear in *Aided Echach* (de Vries 2012: 10), bíodh is nach dtugtar éagsúlacht an ábhair sin le

fios i dteideal an téacs; go deimhin ní bhaineann Echu [*Echach*] an teidil ach leis an gcéad rannóg den téacs. Is í iníon Echu, Lí Ban, príomhcharachtar an téacs d'aithle *aided* Echu, nó an t-aon phríomhcharachtar amháin ann dar le McKenna (2011: 163): "The principal interest of the story, despite its title, is not in the death of Eochu, but in the survival of that one daughter. Her name is Lí Ban". Maidir le *Fotha Catha Cnucha*, déanann Carey (2015: 107) an cur síos seo air:

> Although H's copy of the Fenian tale *Fotha Catha Cnucha* is not unique... the tale resembles *Aided Echach* in appearing to be largely a reworking of earlier materials. At various points in the narrative, the author inserts four quatrains from the *dindshenchas* poem 'Almu Lagen, les na fian'... [T]wo further quatrains are taken from a poem found early in the tale *Macgnímartha Find*.

Is téacs ilchodach é *Macgnímartha Find* féin, agus níl i gceist agam a thabhairt le fios gur ón bhfoinse sin a fuair *Aided Echach* an dá rann úd atá le fáil ansin freisin. Is sampla eile é seo, áfach, de roinnt an ábhair i litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Pléann Carey, de Vries, agus Imhoff le ceist an teaglamaí i gcás *Aided Echach*. Tagann de Vries le moladh Imhoff gurbh é *H* údar *Aided Echach*, más go haireach féin é. De thoradh na comparáide a dhéanann sí idir *Fotha Catha Cnucha* agus *Aided Echach*, deir de Vries (2012: 19):

> Linguistic similarities alone are obviously not enough to posit common authorship, but they could point to a roughly similar time of composition; combined with the similarities in structure, it seems plausible to suggest that both texts were compiled by the same person, and that this person was quite possibly H himself.

Bhain O'Rahilly (1976: xxii) an chonclúid chéanna amach ina heagrán de *Táin Bó Cúailnge* maidir leis na codanna den téacs úd a fuarthas i láimh *H* amháin, is é sin nár chóipeáil a bhí i gceist ach gurbh é *H* féin a cheap iad. Níor mhiste a lua gur casta an cheist í ceist na téarmaíochta anseo. Baineann an chastacht seo le mórán de litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, go háirithe leis an bhfilíocht a fhaightear mar chuid

de *prosimetrum* na litríochta seo, dar le Toner (2005: 60): “In the absence of any clear evidence as to when the verse citation was incorporated into the extant text we cannot know whether it should be attributed to the author, a redactor, interpolator or compiler, or even a late scribe”. “Citer” is ea an téarma a ghlacann Toner chuige (“téarma neodrach”, mar a thugann sé air) agus é ag feidhmiú mar réiteach ar an gcastacht, agus chun tagairt do na féidearthachtaí éagsúla ar fad. Bíodh is go bhfuil tréimhse i bhfad níos luaithe ná ré *LU* i gceist, is fiú tagairt a dhéanamh do ghearán Draak (1951: 651, n.1) faoin gcéad dream riamh a bhreac litríocht na Gaeilge: “For instance the Christian ‘recorders’ may have tampered with the stories, they may deliberately have de-paganized them... They are no *authors*, as they wrote down traditional material; they are no *copyists* as they – originally – had no written texts to work from” [léi siúd an cló Iodálach].

Maidir le *CLcC*, cé chomh mór is atá an difear idir údar, teaglamaí, agus cóipeálaí/scríobhaí? Nó, mar a fhiafraíonn Dooley (2006: 68): “What is the dynamic interplay between the roles of writer, editor, and scribe exemplified in H’s work?”. Ar an gcéad amharc, rithfeadh sé linn gurb éagsúil ar fad lena chéile iad triúr, nó gur cadhan aonair ar a laghad ar bith é an cóipeálaí, gan ach cóipeáil ábhair mar chúram air. Ach i gcás na beirte eile, údar agus teaglamaí, feictear dúinn gur geall le heagarthóirí téacs iad araon, de bharr go bhfuil smacht iomlán acu ar an earra scríofa a chuirtear ar fáil ag deireadh phróiseas na scríbhneoireachta. Cén ról a bhí ag *H* maidir le giniúint na dtéacsanna ina láimh in *LU*? Caitheann Carey (2015: 110) amhras ar an tuairim gur téacsanna “de chuid” *H* iad na téacsanna sin a fhaightear ina láimh féin amháin, agus maíonn gurbh é a scríobhaí é:

> it seems to me that the easiest interpretation of this state of affairs is that *Comthóth Loegairi* was not in fact composed by H himself, but that he added the gloss [.i. an ghluais ar *Nuada Derg*] to elucidate a text of which he was only the copyist. As a composite work transcribed by H, assembled quite late despite the age of at least one of its sources, *Comthóth Loegairi* can perhaps be most readily compared with *Fotha Catha Cnucha*. If we are obliged to relinquish the likelihood of H's authorship of this text, it may be prudent to consider relinquishing it in the case of *Aided Echach* as well.

Ar ndóigh, is fíor pointe Carey thuas faoi "reworking of earlier materials" i leith *CLcC* freisin. Bhí roghnú agus cóiriú le déanamh ag an té a leag amach *CLcC*. Baineann obair eagarthóireachta den chineál sin go dlúth leis an aois ina raibh sé ag saothrú; deir Herbert (2007: 101): "through the eleventh century and into the twelfth, it was texts which were recovered, reshaped, and reappropriated that were the main begetters of other texts". Is sampla paiteanta é *CLcC* den phróiseas sin, seanfhoinsí a mhúnlú ar mhaithe le cruthú téacs úir. Dar le Mac Eoin (1996: 324), ní thugann an dearcadh seo aitheantas do chruthaitheacht údair na n-aoiseanna úd, agus cosnaíonn sé litríocht na linne in aghaidh líomhaintí (nach sonraíonn sé cé uaidh a tháinig) gur "stagnant" é mar earra. Mar sin féin, ní miste ráiteas Ní Mhaonaigh (2006: 32) a mheabhrú agus sinn ag iarraidh foinsí agus tionchair bhunaidh a aithint sa chuardach seo ar ar spreag na "tradition moulders" a chuir litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge ar fáil:

> Similarly worthy of consideration is what might be termed their inward look, manifested most clearly in the vivid allusions to other works which permeate the literature. Working within a highly developed creative tradition, each weaver had access to the same well-worn fabric of his forbears and cut his cloth with pre-existing garments in mind. The result is a patchwork of repeating patterns in new imaginative guises which can only be properly assessed in an intertextual context.

Is téacsanna ilchodacha iad seo .i. *Fotha Catha Cnucha*, *Aided Echach*, *CLcC*, i láimh *H* amháin. Ar leibhéal ginearálta, is féidir iad a rangú le téacsanna eile in *LU* mar *Táin Bó Cúailgne* agus *Fled Bricrend* (a bhfaightear lámh *M* iontu araon freisin, ar ndóigh)

ar téacsanna ilchodacha iad sin chomh maith. B'fhearr gan an tslat tomhais chéanna a úsáid ar théacsanna *LU* i gcónaí, óir is de dhlúth na lámhscríbhinne éagsúlacht (idir fhad agus ábhar) a téacsanna. Cad mar gheall ar théacsanna *LU* a d'fhéadfaí a shuíomh sa lár, iad sin idir téacsanna gearra mar *CLcC* agus *Aided Echach*, agus téacsanna fada ar nós *Táin Bó Cúailnge*? Is téacs é *Serglige Con Culainn* a d'oirfeadh, ar a fhad, don ionad láir sin. Faightear lámha *M* agus *H* ann araon. Is suimiúil an déantús é, mar gur meascán é de dhá leagan den scéal céanna, ceann ó ré na Sean-Ghaeilge, dhealródh sé, agus an ceann eile ó ré na Meán-Ghaeilge (Carey 1994b: 71). Ina theannta sin, faightear i lár an téacs féin sampla de sheánra eile ar fad, ceann de na *tecosca*. Ní briseadh nádúrtha san insint an píosa céanna, adeir Dillon (1975: x):

> the story [.i. an *Serglige*] is interrupted by the account of Cú Chulainn's instructions to Lugaid Réoderg who has been chosen king of Tara. This belongs to the group of *tecosca* or 'Instructions', of which *Tecosca Cormaic* is perhaps the best known example, and it can hardly belong to the story in its original form.

Ar ndóigh, tá deacracht bhunúsach leis an ráiteas thuas; níl a fhios againn cad a bhí sa téacs "in its original form". Níor mheas Carney (1955: 292) gur scéal inmholta é *Serglige Con Culainn*, in ainneoin gur cuireadh i dtoll a chéile é ar shlí shuaithinseach:

> The situation in *Serglige Con Culainn*, being produced mechanically, has no basic concept behind it, nor can we assume it existed in any form in pre-literate oral tradition. The composition of *Serglige Con Culainn* therefore belongs to that period when Irish saga writers were merely borrowing the incidents of earlier material and arranging them in meaningless if picturesque patterns. There is no hint of a deeper level of thought such as we find in *Immram Brain*.

Mar sin féin, is féidir linn a rá gur le téacsanna den uile fhad in *LU*, agus sa traidisiún trí chéile, b'fhéidir, a bhaineann an anailís 'ilchodach' seo. Pointe bunaidh is ea é gur téacsanna iad go léir nár bunaíodh ar bhonn seasmhach, nach 'fixed tradition' atá ann, ach téacsanna ilchodacha is ea iad a tharraing as go leor foinsí éagsúla. Ar ndóigh

déanann sé seo ceisteanna achrannacha eile a dhúiseacht: an féidir a rá gurb ann d'aon chineál téacs sheasta, d'uireasa traidisiúin sheasta, dá réir sin? Is dóigh liom gur fearr féachaint ar thraidisiún na scéalta seo mar *corpus* a bhí solúbtha go leor, le go bhféadfaí ábhar an *corpus* a úsáid chun spriocanna éagsúla a bhaint amach (dála Uí Chorráin thuas). Ní hionann sin agus a rá gur féidir linn sprioc áirithe a aithint san earra litríochta a thagann as an múnlú a dhéantar, agus is amhlaidh atá in *CLcC*, dar liomsa, nach rí-léir cad é go díreach a thug ar an údar an roghnú agus cóiriú áirithe úd a dhéanamh.

## Caibidil a Dó: Seánra (b): *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* a rangú de réir seánra

Sa roinnt thríchodach ar *LU* a dhéanann Herbert (2015: 79-80) dár tagraíodh thuas, cuireann sí síos ar a bhfuil sa tríú cuid dá roinntse mar seo:

> In the third category we have a variety of compositions which, in diverse ways, deal with encounters between secular and ecclesiastical. This may involve transmission of pre-Christian histories to Christian figures, foreknowledge of Christianity granted to kings of the pre-Christian era, or interventions by Christian holy men into the lives of rulers of various eras. It seems to me that the foregoing compositions, *transcending established genre confines*, are thereby more likely to communicate evidence about the contexts of their creation and reception [liomsa an cló Iodálach].

Is de dhlúth agus d'inneach *CLcC* an "cur isteach" a dhéanann fear diaga, Pátraic sa chás seo, ar shaol an rí, ceannaire na haimsire, Lóegaire mac Néill (.i. "interventions by Christian holy men into the lives of rulers") agus is féidir an téacs a áireamh i measc na coda sin de roinnt Herbert dá réir. Ach ní mór an cheist úd i dtaobh *CLcC* a chur an athuair: cén sórt téacs é féin? Leagaim béim ar an bpáirt sin sa chló iodálach thuas "transcending established genre confines" i ráiteas Herbert, óir is cur síos beacht é ar iarrachtaí chun *CLcC* a rangú de réir seánra. D'fhéadfaí a áitiú nach gcloíonn *CLcC* le teorainneacha (ná le tnútháin, ach an oiread) na seánraí seanbhunaithe a luann Herbert (2015: 79) agus gur deacair é a rangú dá bharr sin. Feicfear thíos, áfach, go mbaineann cúrsaí seánra le *CLcC*, ach gur teorainneacha an-scaoilte atá i gceist leis an rangú a dhéanfar air. Os a choinne sin (agus in ainneoin an léargais a thagann as cur chuige Herbert i leith na scéalta a scrúdaíonn sí), is deacair a dhéanamh amach cad é an comhthéacs inar cruthaíodh *CLcC*. Is léamh ginearálta a dhéanann Toner ar fhianaise na dtéacsanna "reiligiúnda" a phléann sé in *LU* ar an gceist seo i dtaobh "the

contexts of their creation and reception" a ardaíonn Herbert: "pagans embody the evil of the world" (Toner 2015: 153). Feictear dom nach mbaineann an léamh sin le *CLcC* ar fad, agus gur casta ná sin fianaise *CLcC*. Is í an chéad cheist atá le plé anseo ná cén cineál téacs atá in *CLcC*?

Breathnaímis ar theideal an téacs i dtosach. Níl aon téacs eile dá maireann de litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge leis an bhfocal *comthód* ina theideal. Roinneann an *DIL* iontráil an fhocail (ainm briathartha *con-toí* "turns, converts, changes") ina ceithre chuid, is é sin de réir na mbríonna éagsúla a bhaineann leis (bíodh is go bhfuil na bríonna céanna go léir, dá ainneoin sin, gar go maith dá chéile). Is é an ceathrú brí .i. "conversion", sa chiall reiligiúnda de, atá i gceist anseo. Ní luaitear *comthód* i dtéacs *CLcC* féin in aon chor, áfach, agus ní thugann an *DIL* ach trí shampla eile den fhocal leis an gciall áirithe sin. B'fhiú dhá phointe a lua anseo a chaitheann amhras ar thábhacht an fhocail *comthód* sa chomhthéacs seo:

(a) de bharr nach n-úsáidtear an focal féin i gcorp an téacs in *CLcC*, ná go fiú ina chríoch, ní dhéantar eachtra an *comthód* a bhuanú ná a chur abhaile go neamhbhalbh ar an lucht léite/éisteachta.[4] Cuimhnítear ar an bhfoirmle 'Ag sin *X*/ Conid *X* a scél sin anuas/ *X* in sin' a fheictear go minic i ndeireadh téacsanna Gaeilge ón uile aois; faightear cúpla sampla de sin i láimh *H* in *LU*, in *Táin Bó Flidais* agus in *Cath Cairnd Chonaill*, ach níl aon rian ar a leithéid in *CLcC*.

(b) ní dhearnadh scrúdú fós, ar feadh m'eolais, ar lucht scríofa na dteideal in *LU*. Más i ndiaidh do na téacsanna a bheith breactha sa riocht a bhfuil siad in *LU* ba ea a

[4] Os a choinne sin féach an plé ag O'Connor (2013: 35) ar theideal an scéil *Togail Bruidne Da Derga*, ar a dtugtar *Orgain Bruidne Uí Dergae* in áit eile; faightear *togla* agus *airggne* araon sna liostaí scéalta, agus luaitear an dá fhocal féin go minic i gcorp an téacs in *Togail Bruidne Da Derga*.

cuireadh teidil leo, bainfidh sé sin den argóint thíos (féach plé Binchy 1976: 169, ar thábhacht teideal mar fhianaise ar aois na teanga). Dealraíonn sé, áfach, gurb ionann peannaireacht an teidil in *CLcC* agus peannaireacht an téacs féin; sin é an tátal a bhaintear as cur i láthair *CLcC* in eagrán Best agus Bergin (1929: 293), freisin.

Is féidir a rá, ar an leibhéal is bunúsaí, gur *conversion narrative* atá sa téacs seo, agus gur téacs reiligiúnda é sa mhéid sin, freisin. Chomh maith le foinsí an téacs a scagadh, d'fhonn sraitheanna coitianta a aithint idir é agus scéalta eile a bhaineann le Pátraic agus le téama an *comthód*, ní mór an téacs a phlé laistigh de rúibricí na dtéacsanna Gaelacha eile a bhaineann le hathrú creidimh (féach caibidil a trí).

Gan ach ceithre shampla ar fad sa *DIL* den fhocal sa chiall reiligiúnda sin *conversion* (trí cinn déag de shamplaí, *CLcC* ina measc, atá in iontráil an fhocail ina hiomláine sa *DIL*), is féidir a rá nárbh fhocal an-choitianta a bhí in *comthód* leis an gciall sin, agus gur neamhghnách ar fad é a fháil i dteideal téacs ó ré na Sean- nó na Meán-Ghaeilge. Ní dócha gur ceart an iomarca béime a leagan air seo, ach is fiú trácht a dhéanamh ar an méid seo *en passant*: pé duine a chuir an teideal sin ar an téacs, ní foláir nó níor bhraith sé srian air féin go gcaithfeadh sé cloí le seánra aitheanta seanbhunaithe, mar a luadh i dtaca le háiteamh Herbert cheana. Is é sin, ní hionann an focal *comthód* a chur i dteideal agus tnútháin lucht éisteachta an téacs a bheith réamhbheartaithe, rud ar a dtugann Jauss (1982: 79) "a preconstituted horizon of expectations... to orient the reader's (public's) understanding and to enable a qualifying reception".

Pointe eile fós, más mionphointe féin é (agus in ainneoin an rabhaidh a tugadh faoi thuas), ná go raibh a fhios (nó go raibh súil?) ag an té a bhreac an teideal go dtuigfeadh an léitheoir/éisteoir an focal *comthód* freisin. Ní mór na focail eile leis an

gciall chéanna a lua anseo freisin: *comśód*, *soud* agus *tintúd*, anuas ar *comthód* féin, agus iad go léir bunaithe ar fhréamh an bhriathair *soïd*. Thabharfadh an éagsúlacht seo (rogha focal den bhunús céanna) le tuiscint gur tuigeadh an focal *comthód* go forleathan i measc lucht léite/éisteachta na linne, in ainneoin nárbh fhocal coitianta é. Is túisce a shamhlófaí scéal ar *comthód* leis an naomhsheanchas ná le sága; dá mba chuid de bheatha naoimh é *CLcC* ní theastódh teideal ar bith, seans, ach ba dhóichí go léifí tiontú Lóegaire mar chuid de shraith tiontuithe, mar a léitear go minic i mbeathaí na naomh. Mar sin féin, is é *comthód* an chéad fhocal a chastar linn i mbosca an teidil.

D'fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, gur téacs de chineál úr atá i gceist le *CLcC*, sa mhéid is nach catagóir ann féin é an *comthód*. Nuair a dhéantar scrúdú ar *CLcC* i gcomhthéacs *LU*, agus i gcomhthéacs na litríochta seo trí chéile, áfach, tuigtear nach cineál úr atá anseo in aon chor, ar dhá chúis: (a) baineann sé le téacsanna eile de chineál ar leith .i. scéalta athrú creidimh; (b) is téacs cumaisc atá in *CLcC*. Cuid mhór d'ábhar an chumaisc sin is ea an t-ábhar a bhaintear as traidisiún an *PHP*, ach tugtar leid dúinn sa teideal féin i dtaobh chumasc ábhair an téacs, ábhar atá neamhspleách ar an *PHP*. Tarraingíonn teaglamaí an téacs as meascán foinsí agus cuireann crot ar leith ar an roghnú sin chun scéal úr a chur ar fáil. An leid maidir leis an meascán foinsí seo ná an focal *aided* ('bás foréigneach/tobann') atá i ndeireadh an teidil.

**An *Aided***

Is seánra aitheanta é an *aided* i litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge; deimhníonn sracfhéachaint ar an suíomh *Scéla* (http://mujweb.cz/enelen/sc.htm),

mar shampla, a fhlúirsí agus a bhí an seánra seo nuair a bhí litríocht na Sean- agus an Meán-Ghaeilge ina sea. Tugann Mac Cana (1980: 71) "the type of tale which is most representative of Irish literature"[5] ar an *aided*, agus diúltaíonn sé (lgh. 73-4) d'áiteamh Chadwick (1954: 240-2) gur aithris ar scéalta na mairtíreach Críostaí, a thug teifigh chreidimh ón nGaill leo go hÉirinn, ba bhun le forbairt an tseánra sa traidisiún Gaelach. "[A] development of native literary tradition" atá san *aided*, dar le Mac Cana (1980: 74).

Ar ndóigh, bhí an *aided* ar cheann de theidil na liostaí scéalta arbh éigean do lucht na héigse a bheith ar a dtoil acu, más fíor do na liostaí céanna; tugann cóip *LL* den liosta (liosta A, de réir staidéar Mhic Cana 1980: 46) trí cinn déag de *oitte* (LL 24948-52). Le laochra agus ríthe fireanna is mó a bhaineann an seánra, bíodh is gur minic bean ina cuid lárnach d'aicsean/cúis scríofa an *aided* féin (féach Melia 1977-78, agus de Vries 2011). Le *LL*, agus le hábhar na Rúraíochta, a bhaineann na trí *aided* ar mná iad a bpríomhcharachtair (ibid., lch. 20). *Aided* Lóegaire, mar sin, baineann sé le gnásanna coitianta an tseánra ar shlite áirithe, ós rí agus fear atá ann, ach mar a fheicfear thíos, ní thagann sonraí a bháis le sainghnéithe eile den *aided*.

### ***Oitte* in *LU***

In *LU* féin, tá ceithre cinn de théacsanna leis an bhfocal *aided* ina dteidil: *Aided Nath Í*, *Aided Echach meic Maíreda*, *CLcC* agus *Mongán ₇ Aided Fothaid Airgdig*.[6] Ní

[5] Cuireann Mac Cana (1980: 71) i gcás go mb'fhéidir nár ghá/chuí *oitte* na Sean- agus na Meán-Ghaeilge a chnuasach i liosta(í) ar a fhlúirsí agus a bhí siad: "It might be argued, of course, that death-tales in one form or another were so very common that it was felt unnecessary, or impractical, to attempt to catalogue them as a single group within a general tale-list".

[6] Tá an t-eireaball "₇ aided Chormaic" curtha ag *H* (in rasura) le teideal *Tucait innarba na nDésse* (LU 4335-6), téacs a bhfuil lámh *M* le haithint ann dá fhormhór.

chuireann sé seo oiread na n-eachtraí in *Táin Bó Cúailgne* a bhfuil an focal *aided* le fáil sna 'fotheidil' iontu san áireamh; leanaim cur chuige Fogarty a shainíonn na 'fotheidil' sin mar leanas: gurb éard atá iontu ná "episodes in some larger tales, to which the manuscript rubric *aided* may be given" (2014: 192). Ní doiligh teacht ar shamplaí cuí as an *Táin* .i. *Aided Órláim*, *Aided Lethain* agus mórán eile nach iad.

I láimh *M* atá formhór an téacs *Aided Nath Í* (ó LU 2784-907), ach is le *H* críoch an téacs (LU 2907-924). Tosaíonn cuid *H* den téacs ar bharr leathanaigh nua (lch. 39a), agus leanann an lámhscríbhinn ar aghaidh go dtí lch. 47a8 (LU 3539) i láimh *H* amháin. Is leathanaigh iad seo a cuireadh isteach sa lámhscríbhinn ní ba dhéanaí (Best and Bergin 1929: 94 n.2). An chéad téacs eile ina dhiaidh seo is ea *Aided Echach maic Maíreda*. Mar a mheabhraíonn McKenna (2011: 163) dúinn: "The theme of the violent death (*aided*) of legendary kings links H's text of *Aided Echach meic Maíreda* to M's *Aided Nath Í* at the most superficial level". Ar ndóigh, d'fhéadfaí an nasc seo a shíneadh le bás Lóegaire, "legendary king" eile, a chur san áireamh, bíodh is nach ionann aon cheann de na cineálacha báis a fhaigheann Echu mac Maíreda, Nath Í, ná Lóegaire. Leanann *Fotha Catha Cnucha* dá éis, agus *Serglige Con Culainn* ina dhiaidh sin, go dtagann deireadh leis an idirshliocht áirithe sin ó *H*. Níor mheas Oskamp (1967: 125) gur bhain aon tábhacht ar leith le roghnú na dtéacsanna seo idir críoch *Aided Nath Í* agus *Serglige Con Culainn*; ar *Fotha Catha Cnucha* amháin a thráchtann sé:

> as the only story from the Finn cycle [*Fotha Catha Cnucha*], does not fit with and certainly is not a transcript of M's or even A's work. I think that H found this text interesting and transcribed it, as he had the space to do so. He may have been sufficiently experienced as a scribe to know exactly how many lines he would need to coalesce with the surviving part of M's *Serglige Con Culainn*.

Is *oitte* atá sa dá théacs ar theorainn bhriseadh seo na lámhscríbhinne .i. *Aided Nath Í* agus *Aided Echach meic Maíreda*, ach ní dócha gur féidir aon bhéim ar leith a chur

ar an leagan amach seo. I láimh *M* atá *Mongán ⁊ Aided Fothaid Airgdig*, agus é le fáil i measc sraith de théacsanna ar Mongán a fhaightear mar aonad i sé cinn de lámhscríbhinní eile (gan an tsraith iomlán le fáil i ngach lámhscríbhinn acu; féach White 2006: 5-10). Sa riocht a bhfuil *LU* anois, mar sin, ní fhéadfaí a rá gur rannóg théamúil ar leith atá sna *oitte*, ach ar ndóigh ní fios dúinn arbh ann do *oitte* eile sna leathanaigh a cailleadh.

**An *aided* sa litríocht**

Tráchtann Mac Cana (1980: 29-30) ar thábhacht na *oitte* don laoch i dtraidisiún na litríochta seo:

> It is in death the hero finally attains his apotheosis. In the creation of the heroic identity of the hero it is in a sense more important to be killed than to kill, which is why the character of an heroic tradition may be charted as faithfully in the traditions of the deaths of its heroes as in the endless concatenation of their battles and exploits. The *oitte*/*aideda* 'death-tales' are at the very core of the heroic ethos and it was essential for those who were deemed to be expert in the native antiquity that they should be able to recall instantly the manner and the circumstance in which each hero perished.

Bíodh is gur léargas an-spéisiúil é sin ar thábhacht na feidhme a baineadh as an *aided* i mbeathaisnéis an laoich, ní gá go mbainfeadh an tráchtaireacht sin le gach *aided*. Taispeánann Fogarty (2014: 191-2) gurb eisceacht é an scéal *Aided Guill meic Carbada ⁊ Aided Gairb Glinne Rige* i seánra na *oitte* ar shlite éagsúla, (a) de bharr gurb iad Goll agus Garb an teidil a thugann faoin gcathurra féin, Cú Chulainn, agus is iadsan (seachas Cú Chulainn) a mharaítear san iarracht, agus (b) nach sáraíonn ceachtar acu 'geis' (féach an plé ar Lóegaire sa chomhthéacs seo thíos). Ní gá, ach an oiread, go mbainfeadh gach *aided* le laoch. I gcás *CLcC*, ní bhaineann stádas laochta le Lóegaire mac Néill. Tugtar *rí Érenn* air, ach in ainneoin gur rí trodach é, ní laoch é. Ní féidir 'rí-

laoch' a thabhairt air, de réir mar a chuireann Herbert (1997: 27) síos ar a leithéid, ach 'rí' amháin, i ngeall ar a ghníomhartha; tugtar faoi deara abairt dheireannach ráiteas Herbert, abairt a leagann béim ar thábhacht *locus scribendi* na litríochta seo:

> Early Irish stories of legendary rulers take an exemplary view of the deeds of their king-heroes. The narratives depict either positive or negative exempla of good rulership. There is either implicit or explicit exposition of the mythic ideology that the cosmos reflected the manner in which a ruler upheld the principles of truth and justice. Certainly we must not overlook the influence of their Christian redaction on these tales, and on the manner of their presentation.

Is suimiúil nach maireann *aided* Lóegaire mar scéal neamhspleách; an léiriú é seo ar easpa éifeachta Lóegaire mar rí? Caitheann Nagy (2013: 184-5) an tuairim gur ceart plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an sciorradh pinn is cúis le 'druí' seachas 'rí' a thabhairt ar Lóegaire in eachtra a chéad churtha in *CLcC*. Dar leis gurb éard atá ina chuid déileála ag Lóegaire le draoithe trí chéile ná "a telling detail and useful clue in understanding why Loegaire is so gleefully doomed by the vast majority of literary witnesses" (pléitear an frása "Lóegaire druí" in §1(o) i nótaí an eagráin thíos). De réir na hargóna seo, is mór an dochar a dhéanann comhluadar na ndraoithe d'oidhreacht liteartha Lóegaire, "the king of Ireland who supposedly reigned during the crucial time when Christianity came to the island" (Nagy 2013: 181). Léiriú maith ar an díobháil seo a rinneadh dá chlú an "bold revisionist stroke" a bhaineann Lóegaire den insint in *Acallam na Senórach* agus a chuireann Diarmait mac Cerbaill ina ionad (Nagy 2013: 181, n.2). Deir Ó Macháin (2014: 145), agus *An Agallamh Bheag* in *Leabhar Leasa Móir* á scrúdú aige, gur de bharr na béime a leagtar ar an ríogacht ann a cuireadh stua ar leith isteach sa lámhscríbhinn a bhaineann go príomha le Diarmait mac Cerbaill:

> is stua é a chuireann tús le léiriú a dhéanamh sa leabhar ar an rud is ríogacht ann... Agus an bhaint a bhí aige le Feis Teamhra agus leis an luath-Chríostaíocht, caithfidh gur measadh gurbh í a chraobh siúd [*Uí Néill*] ab oiriúnaí agus ab eiseamláirí chun gnéithe áirithe de ríogacht agus de sheanchas na hÉireann a chur i láthair.

Más ea, níor cuireadh Lóegaire mac Néill san áireamh agus "eiseamláir" na ríogachta á plé; bíodh nach ndéantar trácht in *CLcC* ar mhórán de na téamaí a luann Ní Bhrolcháin (2011: 46) anseo thíos, léiríonn siad nach dtagann an cur síos tradisiúnta le cuntas *CLcC* ar *rí Temra*(*ch*):

> A variety of features are connected with a healthy, fruitful kingship: the blessing of the goddess of the Otherworld, the drink of sovereignty, the use of just words in righteous judgments and a peaceful kingdom/landscape. The presence of the kings on Tara, during important positive episodes in their lives, shows their right to rule. The landscape itself is connected with kingship, but place and environment are intrinsic elements of another aspect of the lives of early Irish kings and heroes – when their powers begin to wane and death follows.

Tá le tuiscint uaidh seo gur drochshampla de shuáilcí an rí atá sa "severely truncated 'heroic biography'" (Nagy 2013: 181) de chuid Lóegaire atá tagtha anuas chugainn. Ina dhiaidh sin is uile, is oiriúnach an teideal é *aided* fós, mar go bhfeileann eachtraí an bháis a fhaigheann Lóegaire don chríoch a thagann ar an té ar 'cuspóir' é san *aided*, dar le Fogarty (2014: 192): "another common feature of *aideda* is that the eponymous hero-victim meets his end after (and usually as a direct or indirect result of) committing some offence in violation of the social or cosmic order to which he belongs". Sna heachtraí a thuilleann a *aided* dó, ní dhéanann Lóegaire aon iarracht cloí leis an socrú a rinne sé leis na Laigin, agus tugann faoin *bórama* a bhaint díobh an athuair, beag beann ar na rátha a bhí tugtha aige: 'Luid t*rā* Lōeg*aire* do-ridisi slōgad m*ár* co Laigniu do saigid na bōromi fa*r*aib. Ní thuc im*murgu* a rātha di oīd' (LU 9802-3). Maraítear é, dá réir, de bharr a "violation of the social or cosmic order to which he belongs".

Baineann a bhás leis an dá ord sin, idir shochaí agus chosmas, mar gur sháraigh sé ar shocrú a rinne sé leis na Laigin (sochaí) agus gurbh iad na dúile (cosmas) a mharaigh é. Dar le Mikhailova agus Nikolaeva (2003: 110), is féidir dhá thréith bhunúsacha a aithint san *aided*: "one may note that the very notion *aided* conveys not only the idea of 'violent death' but rather 'sudden and unnatural death'". Tugann siad mar shamplaí den bhás tobann mínádúrtha *Aided Chonchobuir* agus *Aided Cheltchair*, ina bhfaigheann na carachtair úd bás de bharr cúinsí eile seachas foréigean. Cuireann siad brí úr chun cinn mar aistriú ar *aided*: "we come to the conclusion that the primary meaning of our word is not 'death' as such, but 'ill fate, plight, *fatum*'" (2003: 110; féach Ingridsdotter 2009: 14, dá cáineadh ar an tátal seo). Mar chuid de staidéar ar choincheap an bháis sa Ghaeilge óna tosach a scrúdaíonn siad an focal *aided*, agus rangaíonn siad *éc* agus *aided* i ngrúpa amháin (murab ionann agus an focal *bás*, agus focail eile mar *tám* nach gciallaíonn 'bás' go príomha, ach a úsáidtear ar an gcaoi sin go sofhriotlach) arb é 'cinniúint/dán' is bun leis. Bíodh nach bás "tobann" a fhaigheann Lóegaire, i ngeall gurbh eol dó a raibh i gceist leis na rátha a thug sé, ní bás nádúrtha é ach an oiread.

Ós rud é gurb eol dúinn an chríoch a bhíonn ar gach aon *aided,* "the interesting part from the audience's point of view is how the hero dies, and the journey that takes him to his end", adeir de Vries (2011: 19). Is minic a bhíonn aicsean agus drámaíocht san insint dá bharr sin. Is eachtraí cinniúnacha iad roinnt d'eachtraí *CLcC* (.i. coimhlint dhrámatúil idir dhá chóras creidimh, géilleadh an rí don chléireach a mhúin soiscéal do mhuintir an rí, cath chun an *bórama* a bhaint), ach ní shamhlófaí mórán den drámaíocht le hatheagar na ndlíthe féin (agus é fágtha ar lár in *CLcC*, don chuid is mó, dá réir sin b'fhéidir). In *CLcC* is é Lóegaire mac Néill, thar aon charachtar eile, is mó a

bhfuil athruithe tromchúiseacha i ndán dó. D'fhéadfaí ciall an "ill fate" a mholann Mikhailova agus Nikolaeva d'aistriú *aided* a thuiscint i gcás Lóegaire anseo. Ach cén cineál báis a fhaigheann Lóegaire? Siúd is gurb iad na dúile (.i. an nádúr) is siocair lena bhás, ní fhéadfaí a rá gur bás nádúrtha atá ann (féach tuairim Uí Chuív 1965, thíos). Ba é Mac Eoin (1968: 21) ba thúisce a scrúdaigh móitíf a bháis, "the motif of the Suretyship of the Elements which is to be found in many Irish tales", a bhfuil an achoimre seo ag Buttimer (1981: 63) air: "[T]he motif in essence concerns the punishment meted out by the sun, moon, stars and other natural phenomena to one who violates an oath taken on them".

Bunús neamh-Chríostaí/Págánach a bhí leis an móitíf seo; próiseas dlíthiúil a bhain leis an tsochaí réamh-Chríostaí a bhí ann, go bunúsach, ach tráchtann Binchy (1955: 81; 1970: 357) ar Chríostú an tseanghnáis le caitheamh an ama (.i. teacht na Críostaíochta), "this interesting survival under the Christian dispensation of the pre-Christian practice... of avouching the sun, moon and similar objects of worship as guarantors of a solemn engagement" (1955: 81). Dá réir sin, rinneadh an soiscéal agus na naoimh a chur in ionad na ndúl (grian, muir, tír srl.) mar rátha le bláthú an chreidimh in Éirinn. Tagraíonn Binchy (1955: 66-7) sa chomhthéacs seo d'fhianaise *Coibnes Uisci Thairidne*, mar a ndeirtear:

> ní i n-aiccdit*er* fir nime ₇ soscéla[e] cr*íst*, ar dlega[i]r do cach déorad sagaid a namda[e] amal ad-rogesta[e] ind no do-dic[h]sed a chelebrad airre.
>
> a thing for which the men of heaven and the gospel of Christ are invoked [as sureties], for every 'exile of God' is obliged to enforce their suretyship as though he himself had been invoked for it or as though his celebration [of religious rites] had guaranteed it.

Ní hionann é seo go baileach agus fianaise *CLcC* (baineann roinnt castachta leis an téacs *Coibnes Uisci Thairidne* féin; féach plé Binchy 1955: 81). Is spéisiúil go bhfuil an

dá chineál, an sean (réamh-Chríostaí/Págánach) agus an nua (Críostaí) le fáil in éineacht in *CLcC*, is é sin go luaitear na dúile féin ar dtús mar shiocair bhás Lóegaire i bprós an téacs, agus go luaitear arís ina dhiaidh sin iad agus an t-ainmfhocal 'Dia' mar ghinideach aitreabúideach leo. Is amhlaidh atá sa rann seo a fhaightear in *CLcC* agus in *Bórama* in *LL* freisin (agus i ndán eile, leis, féach thíos) :

> At-bath Lōegai*r*e m*a*c Nēill
> f*or* táeb Chassi glas a tír
> **dūli Dé** ad-rōegaid rāith
> tucsat dāl báis f*orsin* rīg (LU 9808-11; liomsa an cló dubh).
>
> Atbath Loe*gaire* m*ac* Neil
> i taeb Chaisse glass a tír
> **dúle Dé** dars tanic dáil
> rucsat dáil báis forsin ríg (LL 38291-4; liomsa an cló dubh).

Is í foinse an rainn seo dán dar teideal 'A chóicid coín Chairpri crúaid', dán a leagtar ar Orthanach úa Caelláma ("epscop Cille dara", a cailleadh in 839 de réir *AFM*[7], féach O Daly 1962-3: 177). Is sampla é an dán seo d'ábhar réasúnta sean a bheith caomhnaithe i riocht níos fearr i lámhscríbhinní Gaelacha ón Meánaois dhéanach ná i lámhscríbhinní thréimhse na Meán-Ghaeilge féin. Bíodh is go bhfuil roinnt de rannta an dáin caomhnaithe in *LL* agus Rawlinson B 502, is ar lámhscríbhinní ón séú agus ón seachtú haois déag a bhunaíonn eagarthóir 'A chóicid coín Chairpri crúaid' a heagrán (O Daly 1962-3). Maidir lena dháta, deir an t-eagarthóir: "There is nothing in the language... that would make impossible a date of the first half of the ninth century

[7] Tá Carney (1983: 183-4) den tuairim nár cheart údar an dáin a lua leis an "epscop Cille dara" a cailleadh in 839 (nó "about 840" mar adeir Carney): "If is more likely (if he is to be identified with any ecclesiastic) that he is the abbot Orthanach who died in 809 in Fobar in Co. Meath".

or that cannot be made to conform with such a date without doing violence to the metre" (ibid., lch. 179). Mar seo atá an rann in eagrán O Daly (ibid., lch. 186):

> At-bath Lāegaire mac Nēil
> i tāeb Chaise, glas a tír
> **dúile Dé** at-rōegaid rāith
> tucsat dáil [m]báis forsin ríg (liomsa an cló dubh)

Faightear leagan giorraithe (de bharr bearna sa lámhscríbhinne) de 'A chóicid coín Chairpri crúaid' in *LL* (LL 6067-157; 'A chóicid chóem Chairpri Chrúaid' a thugann na heagarthóirí air, Best, Bergin agus O'Brien 1954: 202-5), agus an rann thuas mar chuid de. Mar seo atá an rann sa chuid sin de *LL*:

> Aithbe Loegaire m*eic* Néill
> i taeb Chassi glass a tír.
> **dule Dé** dars tánic dáil.
> rucsat dail báis forsin ríg (LL 6090-3; liomsa an cló dubh)

Arbh amhlaidh, mar sin, gur samplaí iad seo d'idirthréimhse, is é sin, téacsanna a thugann an dá chineál "rátha" in éineacht, sula dtagann rátha na Críostaíochta in ionad rátha na Págántachta ar fad? Tarraingíonn Mac Eoin (1968: 25) aird ar dhifear tábhachtach sa tríú líne den rann sna lámhscríbhinní ina bhfaightear é:

> The third line of the stanza appears in two variant forms in the surviving copies: *dúile Dé at-roegaid ráith* 'the elements of God which he envoked as surety' and *dúile Dé darstánic dáil* 'the elements of God which he betrayed'. Of these two versions of the line the former is clearly the earlier, containing as it does the technical legal phrase *ad-guid ráith* 'invokes as surety', while the second version is obviously a substitution, involving the awkward repitition of the word *dáil*.

Ní hionadh difríochtaí beaga bheith le fáil i leaganacha an rainn seo sna lámhscríbinní éagsúla (*aithbe* in LL 6090 thuas, seachas *at-bath*/*ad-bath* i ngach ceann eile), ach is

difríocht mhór í an ceann a phléann Mac Eoin thuas. An tátal a bhaineann sé as an bhfianaise trí chéile ná gur ón *Bórama* in *LL* (mar a bhfuil an tríú líne chéanna sin le fáil .i. “dule Dé dars tánic dáil”) a fuair gach aon lámhscríbhinn eile an t-ábhar seo, ach gur cuireadh athruithe i bhfeidhm ar ábhar an *Bórama* féin ón uair a bhain *CLcC* agus eile an bunábhar seo uaidh. Is doiligh an loighic seo a thuiscint, gur ó *LL* a bhain na lámhscríbhinní eile go léir an t-ábhar bunaidh, ach gur chaomhnaigh siadsan (murab ionann agus *LL*) an téarma sonrach dlíthiúil sin. Luann Carey (2015: 109, n. 10), leis, nár dhóichí gur iasacht ó *LL* é scéal an *Bórama* in *CLcC* i ngeall ar an easpa cosúlachtaí san fhoclaíocht eatarthu.

Nuair a luaitear na dúile roimhe sin i bprós an dá théacs araon (*Bórama* in *LL*, *CLcC* in *LU*), ní dhéantar aon trácht ar Dhia ná ar ‘dúile Dé’. Is éard atá ag *Bórama*: “Conid airesin tucsat na dúle dáil báis do Loegaire i taeb Chasse. .i. tal*am* da ṡlucud ⁊ grian da loscud ⁊ gaeth do dula uad” (LL 38288-90). Luaitear ‘grían ⁊ esca, usci ⁊ aer, lá ⁊ adaig, muir ⁊ tír’ mar ‘rātha fri Laigniu’ in *CLcC* (LU 9798), agus deirtear tamall beag ina dhiaidh sin gur cailleadh Lóegaire ‘ó g*réin* ⁊ ō gaīth ⁊ ōna ráthaib archena’ (LU 9805-6). Is sampla é seo de theannas inmheánach an téacs; faightear eilimintí den dá thraidisiún, an Phágántacht agus an Chríostaíocht, taobh le taobh ann. Sa chuid den téacs a bhaineann go príomha leis an *comthód*, is léir bua an chreidimh úir ar an bPágántacht; sa chuid a bhaineann leis an *aided*, ní bhaintear an bunús Págánach den téacs, ach cuirtear malairt leagain ar fáil, leagan Críostúil, in éineacht leis an insint Phágánach.

Maireann ceisteanna fós maidir leis an mbás seo a fhaigheann Lóegaire. Ní luann Mikhailova agus Nikolaeva an tuairim a nocht Ó Cuív (1965: 148), gur dóichí gur

"death from natural causes" atá i gceist le h*éc*, tuairim a bhfuil an nath '*bás*/*éc fri hadart*' mar bhunús léi (féach *DIL* s.v. *adart*). Ar ndóigh, ní bás le hadhairt a fhaigheann Lóegaire, ná bás nádúrtha ach chomh beag; ach oiread le lipéad liteartha a chur ar *CLcC* féin, ní fuirist rangú a dhéanamh ar bhás Lóegaire in ainneoin tuairimí meáite Uí Chuív, agus scrúdú Mikhailova agus Nikolaeva[8]. Dar le Buttimer, is féidir bás Lóegaire, mar a ríomhtar sa *Bórama* é, a thuiscint i dtéarmaí mhóitíf an bháis thríchodaigh. Eochair a léargais is ea an difríocht idir an cur síos a dhéantar in *CLcC* (agus *Chronicum Scotorum* s.a. 460 freisin) i gcomparáid le cur síos an *Bórama* ar bhás Lóegaire (a chonaiceamar faoi dhó thuas). Meabhraíonn Buttimer (1981: 64-5) dúinn gur fearr a shonraítear trúig bháis an rí i leagan an *Bórama* ná in *CLcC*:

> Conid airesin tucsat na dúle dáil báis do Loegaire i taeb Chasse. .i. tal*am* da ṡlucud $_7$ grian da loscud $_7$ gaeth do dula uad (LL 38288-38290).
>
> At-bath a*n*d-si*n* ó g*réin* $_7$ ō gaīth $_7$ ōna ráthaib archena (LU 9805-6).

I gcuntas an *Bórama* tugtar trí dhúl go sonrach, agus ainm briathartha lena n-ais, a chuireann lenár n-eolas ar a bhfeidhm sa bhás féin. Bíodh nach ionann gnéithe an bháis a fhaigheann Lóegaire sa *Bórama* agus foirmle choitianta an bháis thríchodaigh .i. *guin is bádud is loscud* (vs. *slucud* is *loscud* is *gáeth do dul ó X*), taispeánann Buttimer (1981: 65) gur féidir ionannú a dhéanamh ó thaobh na céille de idir *slucud* agus *bádud*, ach gur deacair míniú sásúil a thabhairt ar *gaeth do dula uad* in ionad *guin*. Ar (easpa) cuma(i)s an údair is mó a chuireann Buttimer (lch. 66) milleán na héagsúlachta seo: "We therefore expect a *guin*... and this is, I believe, what the structural significance of the passage ultimately represents. Due, however, to the

[8] Anuas air seo, tá sé ag dul díom foinse an ráitis seo ag Mac Shamhráin (*DIB*) a aimsiú: "The story [*CLcC*, *is dealraitheach*] relates how, weakened by the heat, he [*Lóegaire*] was blown from his horse into a ravine – and so the elements inflicted on him a symbolic 'threefold death'". Chuirfeadh an fhianaise seo (más ann di) leis an argóint a leanann thuas i dtaobh na móitífe sin.

narrator's shortcomings, and to the constraints of the story-telling milieu, the desired feature is at most only hinted at". Mar sin féin, tuairimíonn Buttimer (ibid.) gur féidir nasc níos doimhne a dhéanamh idir leagan éagsúil seo an *Bórama* den bhás tríchodach, agus "the environment in which the motif normally appears". Baineann sé leas as an bpróiseas a phléann Jackson (1940), próiseas a aithníonn na céimeanna difriúla a leantar agus an bás tríchodach ag titim amach in insint scéil: "On an abstract plane, his [*próiseas Jackson*] outline can be presented in this manner: Forewarning, followed by Denial, then Execution" (Buttimer 1981: 66). Dar le Buttimer (lch. 67): "There existed... an appropriate natural patterning in the Bórama incident which may well have facilitated elaborating the motif of the Suretyship of the Elements in terms of the motif of the Threefold Death".

Ar an *Bórama* a dhíríonn Buttimer, ach feictear dom gur féidir a argóintí, go sonrach an úsáid a bhaineann sé as cur chuige Jackson, a chur i leith *CLcC* chomh maith. Is é an "rabhadh" (Forewarning) céanna a thugtar do Lóegaire in *CLcC* agus sa *Bórama* araon, is é sin na rátha a thug an rí nach rachadh sé i mbun an *bórama* in aghaidh na Laigin ó shin amach. Maidir leis an dara céim, an séanadh (Denial), deir Jackson (1940: 535) "A prophet foretells that a certain man will die in three different ways (generally including by fire and water). This is thought to be incredible and to prove him no true seer, so that the man feels quite secure. In the sequel the prophecy comes true". Glacann Buttimer (1981: 67) le sárú na ráth ag Lóegaire mar shéanadh i gcás an *Bórama*. Ní hann do thairngreacht sa *Bórama*, áfach, murab ionann agus *CLcC*, mar a n-insítear: "Is *ed* tr*ā* ro tai*r*[n]gired do Lōeg*aire* co*m*bad et*er* Ēri*n*d ₇ Albai*n* fo-gēbad a aidid *con*id dē si*n* nā deochaid-siu*m* muirchoblach rīa*m*" (LU 9800-1). Ní luaitear fáidh i mbun na tairngreachta sin, ach ní bheifí ag súil le tairngreacht ó aon duine eile;

ar ndóigh i gcás *CLcC* is draoi (carachtar tábhachtach san insint) a bheadh ina bun. Is spéisiúil go dtagann tairngreacht *CLcC* le hord na n-eachtraí a leagann Jackson amach; chuirfeadh sé seo leis an áitiú gur rian é seo den mhóitíf atá faoi thrácht.

Mar sin féin, ní slán don chomparáid seo ar fad, mar is suntasach buairt Lóegaire i leith na tairngreachta: de bharr gur idir *Ériu* agus *Albu* a mharófaí é, ní théann sé ar thuras farraige as a aithle sin.[9] De réir phróiseas Jackson, áfach, faoi mar a léiríonn sé é i gcás *Aided Diarmada*, ní fheictear don té a mharófar go bhfuil a bheatha i mbaol, agus ní thógann sé aon cheann den tuar dá réir. Siúd is go dtograíonn Lóegaire an fharraige a sheachaint feasta, maraítear é (Execution) sa deireadh thiar nuair a thugann sé faoin *bórama* a bhaint an athuair. Is cuntas an-lom é an cur síos ar bhás Lóegaire in *CLcC*, ach is dóigh liom gur féidir anailís Buttimer i dtaobh na heachtra seo sa *Bórama* a chosaint, agus a chur i leith *CLcC* féin, leis.

Rí eile a fhaigheann bás de réir na móitífe seo ná Muirchertach Mac Erca. Ríomhtar eachtraí a thurnaimh sa scéal *Aided Muirchertaig Meic Erca*. Maidir le teanga an téacs, mheas a eagarthóir (Nic Dhonnchadha 1964: xix) gur "late Middle Irish" atá ann (bíodh is gur ar iniúchadh an-ghearr a bunaíodh an tuairim seo; féach Ó Cuív 1965: 149); maidir le hábhar agus le teachtaireachtaí reatha an téacs, tugann Herbert (1997: 27-39) "a twelfth-century tale" air. Bunaithe air seo, measaim go bhfuil tairbhe le baint as an dá théacs (*CLcC* agus *Aided Muirchertaig*), agus an dá rí go speisialta, a mheas in éineacht.

[9] Dar le Mac Eoin (1968: 31-2) gur cuireadh na logainmneacha úd leis an scéal i ngeall ar thraidisiún caillte faoi bhás Lóegaire, gur cailleadh é (amhail ríthe Temair, Níall agus Nath Í, roimhe) agus é ar thuras thar lear.

In *Aided Muirchertaig Meic Erca* "the basic motive of the story is the using of a man's love to destroy him" (Nic Dhonnchadha 1964: xi), agus is fíor gur cúrsaí grá seachas cúrsaí cogaidh nó coimhlint chumhachta (faoi mar a tharlaíonn i gcás Lóegaire) is bun le titim Muirchertach. Tugann Muirchertach grá 'a cholann uile... ⁊ a aicned' (Nic Dhonnchadha 1964: 1) ar a chéadfhéachaint dó do Sín, agus déanann neamhshuim dá bhean féin, Duaibsech, iníon rí Chonnacht, feasta. Ní ar mhaithe le Muirchertach atá Sín, áfach, ach a mhalairt; is mian léi go marófaí é in éiric a hathar, Sighe mac Déin meic Triúin, óir ba é "Muirchertach ro marb m'athair" (Nic Dhonnchadha 1964: 32), adeir sí. Deir Herbert (1997: 32) i gcás Muirchertach: "The king is certainly a more complex and a more realized human figure than the exemplary ciphers depicted as rulers in contemporary hagiography"; tagann cur i láthair an rí mar charachtar casta neamhshocair le haidhmeanna an údair, dar le Herbert, údar a choimeád leathshúil ar "the human aspect of the drama" (ibid.) i rith an téacs.

Níor mhiste an taobh daonna de Lóegaire mac Néill a chur san áireamh agus machnamh á dhéanamh ar ar spreag é le dul "do chuincid na bóromi" (LU 9795) an athuair ar na Laigin. Ní minic a shamhlaítear mar charachtar casta neamhshocair é; is túisce a déarfaí gur dhual do ríthe an chreach a thógáil óna naimhde, agus gurb é sin bun agus barr a ghníomhartha san eachtra a thuilleann a bhás dó. Ach sílim gur féidir áiteamh Herbert a chur i leith Lóegaire in *CLcC*; is dual do dhaoine filleadh ar na nósanna is eol dóibh, agus is carachtar casta neamhshocair (go pointe) é Lóegaire mac Néill féin. Ar ndóigh, is é an filleadh seo ar sheanbhéasa is cúis le bás na ríthe; ní bás laoich a fhaigheann ceachtar acu, Lóegaire nó Muirchertach, agus feictear cosúlachtaí idir a dhá dturnamh; is féidir ráiteas Herbert (1997: 34) i dtaobh

Muirchertach a chur i leith Lóegaire chomh maith céanna: “He has short-lived reconciliations with the church, but ultimately succumbs to the fatal temptation”.

In *CLcC* agus *Aided Muirchertaig* tá ceist eile á plé go neamhbhalbh, áfach, ceist na cumhachta. Cuirtear tábhacht na heaglaise do mhaitheas na tíre trí chéile chun cinn i roinnt mhaith foinsí luatha éagsúla. Tugtar *comúaim n-ecalsa fri túaith* in *Córus Béscnai* (*CIH* 529.04) ar an gcaidreamh idir an eaglais agus an chumhacht shaolta, téarma a aimsítear sa *PHP* féin. I bhfianaise an loirg a fhágann scríbhinní eaglasta ar na dlíthe, agus i dtaobh leagan amach úr na sochaí a d’fhorbair le scaipeadh an chreidimh, deir McCone (1990: 145):

> Such insistence upon the Church’s relevance to the kingdom’s overall welfare and the closely related ruler’s truth or its opposite was an obvious legal reaction of the kind of polity presided over by early Christian Irish kings... it is hardly surprising to find a corresponding narrative response in a couple of sagas set in the post-Patrician period, namely *Aided Díarmata meic Fergusa Cerrbéoil* and *Aided Muirchertaig Meic Erca*. Both are concerned with Uí Néill dynasts supposed to have held the Tara kingship in the sixth century A.D. and, in their rather different ways, stress the importance of maintaining or restoring the connection between Church and State by portraying the negative effects of a rupture.

Pléitear impleachtaí dlíthiúla an téacs i gcaibidil a cúig; is éard is cás linn anseo go príomha ná rangú *CLcC* mar litríocht. An chéad dá thrian den téacs .i. an *comthód*, as comhthéacs na ndlíthe a eascraíonn sé, agus baineann sé le seánra nach n-aithnítear as an bhfocal úd, faoi mar a bhíonn i gceist leis na *catha*, *tochmarca* srl. Maidir le *aided* Lóegaire, áfach, is éard atá ann ná cuntas gearr (265 focal) a ríomhtar, a bheag nó a mhór, de réir tnútháin an tseánra. Mar a dúradh thuas, is téacs cumaisc, nó ‘composite text’, atá anseo, go bunúsach, cineál cumadóireachta a bhfuil mórán samplaí de shaghasanna éagsúla di ar fáil sa *corpus* scéalta. Baineann ceisteanna an rangaithe le gnéithe níos mó den *corpus*, leis.

**Rangú Litríochta**

Ceist ghinearálta eile, agus ceist oscailte go fóill, is ea oiriúnacht an chórais a rangaíonn litríocht mheánaoiseach na Gaeilge sa ré nua-aimseartha. In ionad leanúint de chóras na gcatagóirí as na liostaí scéalta thuasluaite, is éard atá curtha chun cinn sa ré nua-aimseartha, ó d'Arbois de Jubainville i leith, ná 'sraitheanna' éagsúla ("cycles" an Bhéarla): sraith na ríthe, an tsraith mhiotaseolaíoch, an tsraith Ultach, an Fhiannaíocht (Dillon 1968: 10). Mar seo a chuireann Schlüter (2010: 55) síos ar ainmniú na gcineálacha éagsúla scéalta: "Conventionally, medieval Irish narratives are fitted into a system of four cycles by grouping together tales that share a common character or characters, persons of the same hierarchical standing, such as kings or gods, and sometimes even their geographical setting". Ar ndóigh, is mar áis don lucht léinn (ó bhunú léann acadúil na Ceiltise i leith) a cuireadh na catagóirí seo chun cinn, agus meabhraíonn Schlüter (ibid.) dúinn gurb iad "the main features of their events [.i. eachtraí na scéalta féin]" is ábhar do na liostaí scéalta, seachas na carachtair/áiteanna a luaitear iontu. Meabhraíonn sí chomh maith (2010: 55): "There is no evidence... that these cycles would have been meaningful for medieval audiences".

Léiríonn Ó Muirigh (2013: 705) nach é seo an córas is cruinne, ná an cur chuige is fearr chun staidéar a dhéanamh ar an litríocht chéanna: molann sé gur cóir "díriú ar na téacsanna ina gceann agus ina gceann chun comparáidí a dhéanamh eatarthu ar an mbonn sin". Maidir le *CLcC*, is dóigh liom gurb é sin an cur chuige is fearr le n-úsáid. Éalaíonn *CLcC* ó rangú saoráideach; caomhnaíonn sé agus cruthaíonn sé san

aon insint amháin, agus de bharr nach gcloíonn sé go docht le haon seánra ar leith, ní gá dó teacht le tnútháin ar leith. Fágann sé seo gur casta an gnó é tabhairt faoina léirmhíniú.[10]

[10] Poppe (2008) is mó a scrúdaíonn an ghné seo de litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge.

## Caibidil a Trí: *Comthód* Lóegaire: Gnéithe den Chreideamh in *Comthóth Lóegairi co Cretim 7 a Aided*

Ní hannamh amhras á chaitheamh ar fhoinsí "luatha" stair na tíre seo. Mheas Binchy, mar shampla, i dtaobh annála na cúigiú haoise, "that I do not believe there is a single 'genuine entry' throughout the whole of the fifth century" (1972: 71), is é sin gur cuireadh iontrálacha na cúigiú haoise leis na croinicí sin sna haoiseanna a lean, seachas iad a bheith comhaimseartha leis an téacs féin. I gcás foinsí eile, is í an deacracht a bhaineann leo a laghad eolais agus a thugann siad dúinn faoi eachtraí móra na linne. Siúd is go bhfuil scríbhinní Pátraic féin, "documents of arresting freshness and spiritual power which tell us all too little about the concrete events of his life" (Carey 1998: 12),[11] tagtha anuas chugainn (agus beag beann ar cheist Palladius) is í fírinne an scéil ná gur beag tuiscint atá againn ar phróiseas an iompaithe chreidimh, mar shampla.

In *Pagan Past and Christian Present in Early Irish Literature* léiríonn McCone a lárnaí agus a bhí bunú agus leathadh an chreidimh in Éirinn maidir lena thionchar ar an uile ghné de litríocht na tíre ón gcúigiú haois ar aghaidh, "an early christian Irish literature that might be described as for the monastery, of the monastery, by the monastery" (1990: 256). Is é an mhainistir pointe tosaigh na bhfiosruithe ar scéal an chreidimh in Éirinn (agus scéal na litríochta Gaeilge, dá réir); ach ar ndóigh bhí céim eile i gceist, go stairiúil, sular féidir trácht a dhéanamh ar mhainistreacha in aon chor. Cé go bhfuil

[11] Mar adeir de Paor (1993: 88): "they give us little factual information about the details of his career. Where they do allude to particular episodes or events it is by no means clear what exactly these events were. On the other hand, in a remarkable way, they allow us to know what kind of a person St Patrick was – they give us, not his exterior, but his interior history".

go leor gnéithe de scéal an chreidimh in Éirinn (idir stair agus litríocht) cíortha ag scoláirí, is ar éigean is féidir cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar eachtra thosaigh an chreidimh in Éirinn, an t-iompú creidimh:

> The historiography concerning the conversion of Ireland is surprisingly thin and one-dimensional, concentrating primarily on the foreign 'apostles' Palladius and Patrick, and especially on their biographies rather than on their achievement as missionaries. Modern scholarship did not offer much in the way of a narrative for the conversion of Ireland, neither in the pre-Viking nor the Viking period (Flechner: 1)

Tagann an cur síos sin ag Flechner ar na heasnaimh ar an staireolaíocht leis an méid atá le baint as an taifead liteartha féin. Nuair a dhéantar téacs ar nós *CLcC* a mheas ó thaobh an eolais a thugann sé ar phróiseas an iompaithe chreidimh, tuigtear nach tógtha ar lucht na staire é má tá a n-aird dírithe ar ghnéithe eile de stair an chreidimh in Éirinn seachas an t-iompú féin. Ní bhaineann scéal *comthód* na hÉireann trí chéile leis an ngnáthchuntas a ríomhtar ar an bpróiseas sin san Eoraip ar mhórán cúiseanna, adeir Flechner (3):

> It must be acknowledged, however, that Ireland falls outside the traditional Grand Narrative of the conversion of the Empire and of fourth/fifth-century migrating peoples, because it lacks the characteristic themes of persecution, imperial acceptance of the new faith, integration of the clergy into the Roman government, establishment of clearly-defined ecclesiastical hierarchies and jurisdictions, doctrinal debates at ecumenical church councils, delineation of heresy versus orthodoxy, rise of clerical ruling elites governing from towns...

In ionad iompú creidimh na hÉireann a áireamh ar shampla eile den "Grand Narrative" úd, leagann Flechner (lgh. 5-6) béim ar an "fluid reality" ba bhonn leis an athrú creidimh in Éirinn sa chúigiú haois (agus roimpi), agus ar na dúshláin a bhaineann leis na téarmaí (.i. "conversion... Christianisation... assimilation... and its unruly twin, syncretism") a chuireann síos air. Thabharfadh an chéad fhocal a chastar orainn i dteideal *CLcC* .i. *comthód*, le fios gurb é ábhar an scéil a leanann ná an t-

iompú creidimh a chuir Pátraic ina luí ar *rí Érenn*, Lóegaire mac Néill, a dhéanamh. Mar a phléitear sa chaibidil ar sheánra, ní cineál scéil é an *comthód* ar tugadh aitheantas dó sna liostaí scéalta, ná ní fhaightear in aon lámhscríbhinn Ghaelach eile, seachas *LU*, an focal *comthód* i dteideal scéil.

Mar sin féin, is é an gníomh céanna seo, an t-iompú creidimh, is ábhar do roinnt scéalta in *LU*. Baineann téama an *comthód* le *Síaburcharpat Con Culaind* (scéal ina n-aithnítear lámh *H*) agus le hiarrachtaí Pátraic chun Lóegaire a thabhairt leis chun an chreidimh úir. Baineann iompú chun na Críostaíochta le *Fástini Airt meic Cuind* agus, b'fhéidir, le [h]*Echtra Chondla Caím* freisin, scéalta a thagann díreach i ndiaidh *CLcC* in *LU*, arbh é *M* a bhreac (tá gluais amháin ag *H* sa dá scéal, faoi seach). Mar sin, is ann do scéalta atá bunaithe ar théama an *comthód* (agus téamaí reiligiúnda eile) in *LU*, ach cén sórt fianaise a thugann siad ar ghníomh an iompaithe féin? Ríomhtar iompú creidimh in *CLcC*, ach is ar éigean a chuirtear síos ar phróiseas an iompaithe. Is fiú cuimhneamh ar an bpointe seo agus maíomh Flechner thuas á léamh againn, óir de cheal fianaise liteartha is beag "insint" (eile) atá lucht staire in ann a sholáthar. Is ionann an litríocht "shaolta" nó "thuata" seo (bíodh gur téarma achrannach é sin i bhfianaise *locus scribendi* na litríochta) agus foinse litríochta eile atá ag cur thar maoil le scéalta ar an iompú creidimh, is é sin an naomhsheanchas, ina thaobh seo. Is féidir ráiteas Swift (2006: 27) ar an naomhsheanchas, a chur i leith *CLcC* chomh maith céanna:

> While our Irish lives of the saints are largely concerned with figures who were patrons of powerful churches in the pre-Norman period, another characteristic feature is their lack of interest in the conversion process. Saints are described as meetings pagans, performing miracles and as a consequence, their over-awed audiences acknowledge the superiority of Christianity. It is

> only on very rare occasions that conversion is dealt with in a less stereotyped way.

Ó thraidisiún naomhsheanchais na hEorpa a fhaigheann an naomhsheanchas dúchais leagan amach bunaidh a *bethada*. Bhí téacsanna mar *Vita Antonii*, *Vita Martini*, agus *Vita Pauli* ina n-eiseamláir ag Adomnán agus Cogitosus, a "dhein... a gcuid féin des na téacsaí iasachta", adeir Herbert (2000b: 66-7), a shliocht sin go bhfeictear "préamhú an naomhsheanchais i dtraidisiún na hÉireann ina gcuid saothar". Níorbh fhada, áfach, go ndeachaigh "various influences from native tradition" i bhfeidhm ar an bhfráma seo (McCone 1984: 29). Is spéisiúil an fhianaise a chuireann Carey (2013: 121-6) chun cinn de thionchar na litríochta dúchais (an Rúraíocht, go sonrach) ar scríbhinní Muirchú ar Pátraic. "Two mental worlds interacted", adeir Charles-Edwards (2012: 2) i dtaobh nascadh léann na Laidine le *senchas* na hÉireann, "one set of texts was largely in Latin... the other set of texts was in Irish... Pre-Viking Ireland had two cultures in a creative tension".

Dá bharr seo, níorbh fhéidir le lucht scríofa naomhsheanchas na hÉireann neamhshuim a dhéanamh den traidisiún dúchais: "Irish Christian writers of the time had to cope with a split imagination" (ibid., lch. 39). Taispeánann Herbert (2000b: 67) nach amháin go raibh tionchar ag na *bethada* luatha ar an ngrúpa *bethada* a mhaíonn Sharpe (1991) ina thaobh gur saothar de chuid an ochtú haois atá ann, ach "go ndeachaigh litríocht dhúchasach na hÉireann i bhfeidhm ar a gcuid scríbhinní" leis. Áirítear cur síos ar a chuid míorúiltí i measc na ngnéithe is coitianta agus is tábhachtaí de bheatha an naoimh, idir mhíorúiltí a rinne sé lena bheo agus mhíorúiltí a bhí luaite lena thaisí. Is é an chéad chineál míorúilte a bhaineann le hábhar i gcás *CLcC*, míorúilt a rinneadh agus an naomh ina bheatha. Is é bun agus barr an chuntais ar iompú

creidimh in *CLcC* na míorúiltí a rinne Pátraic i láthair Lóegaire mac Néill agus *fir Érenn* i Temair; thairis sin ní insítear aon ní eile dúinn faoin bpróiseas (pléitear *precept* Pátraic thíos). I dtaobh an naomhsheanchais, d'fhéach an seánra áirithe seo le cúpla sprioc a bhaint amach:

> As far back as we can go... the saint's life in Ireland seems to have been geared as a genre to political propaganda rather than to moral example or biography proper, although edificatory elements and chronologically connected narrative are usually present in varying degrees (McCone 1984: 30).

I gcomhthéacs an iompú chreidimh, is fiú cuimhneamh, mar sin, ar chúis scríofa bheatha an naoimh, agus caitheamh leis dá réir, adeir Ó Cróinín (1995: 28):

> The picture [*den iompú creidimh*] presented in later hagiography naturally reflects the preoccupations of later Irish ecclesiastical writers and portrays the kind of spiritual community in the process of development that such churchmen knew in their own day. Converts by the hundred and the overthrow of the native, pre-Christian cults are, in general terms, the distinctive features of these accounts. The reality, however, was doubtless very different.

Cuireann na míorúiltí a ríomhtar sna cuntais seo síos ar bhua críochnúil an chreidimh ar an bpágántacht, ach ma cloíodh í, níorbh ionann é sin agus rianta na Págántachta a bhaint den insint. Meabhraíonn Ó Riain (1986: 249-50) dúinn a thréine agus atá gnéithe den Phágántacht sna scríbhinní 'eaglasta' (murab ionann agus 'diaga') seo:

> No branch of early Irish tradition is more entitled to the name of 'christian literature' than its *noíbscríbenda*. Yet, despite its adoption of such genres as *vita*, *calendarium* and *martyrologium*, all of which are basically composed on the European model, Irish hagiography remained to a very large degree unashamedly 'pre-christian' in its themes and, more importantly, in its *dramatis personae*, ninety or more per cent of who are demonstrably, or implicitly, pagan in origin.

Is spéisiúil gurb é an sampla a roghnaíonn Swift (2006: 27) mar léiriú ar scéal *nach gcloíonn* le steiréitíopa an iompaithe ná cuntas Tírechán ar iompú iníonacha Lóegaire, Ethne agus Fedelm (Bieler 1979: 142-5). Murab ionann agus cuntas Muirchú, ina

ndéantar Críostaí de Lóegaire (lgh. 96-9), cuireann Tírechán in iúl dúinn nár ghlac Lóegaire leis an gcreideamh, faoi mar ba dhual athar dó (132-3). A mhalairt a rinne a iníonacha, de réir Tírechán; thiontaigh siad ar an gCríostaíocht, agus is díol suntais na ceisteanna a chuireann iníon amháin acu ar Pátraic, óir léiríonn siad gur machnamh doimhin is bun leis an iompú seo, seachas míorúiltí an naoimh: "Quis est deus et ubi est deus et cuius est deus et ubi habitaculum eius?" ("Who is God and where is God and whose God is he and where is his dwelling-place?", agus araile, Bieler 1979: 142-3). I dtaobh na gceisteanna seo deir Swift (2006: 27): "The girl's speech is very much a literary one... but as a seventh-century man's imaginative account of what a pagan might have said, it gives us real insights into the world of pre-Norman Ireland". Ní samhlaíocht amháin atá taobh thiar den chuid sin de chuntas Tírechán, áfach, déanaim amach.

Ina chuid scríbhinní féin, tugann Pátraic eolas ar ghnéithe éagsúla dá fheachtas leis an gcreideamh a leathadh. In éagmais aon eolais eile, díríonn scoláirí ar ghnéithe áirithe dá scríbhinní le cuntas éigin a sholáthar ar a shaothar iompaithe. Is minic a thagraíonn scoláirí dóibh siúd a thaistil le Pátraic mar chuid dá dhámh, clann mhac na ríthe, mar shampla, a d'iompaigh ar an gcreideamh (murabh ionann agus a n-aithreacha). Dar le Tírechán, cailleadh iníonacha Lóegaire a luaithe agus a ghlac siad leis an gcreideamh, óir ba é an bás amháin a ligfeadh dóibh aghaidh Dé a fheiscint (Bieler 1979: 144-5). Más cumadóireacht féin é, is sampla é seo den aicme chéanna ag iompú ar an gcreideamh (clann ríoga), murabh ionann agus an t-athair féin, an rí. Tagraítear freisin don nós a bhí ag Pátraic tabhartais a thabhairt do na ríthe sin le go mbeadh cead a chos aige ina chuid gníomhaíochtaí. Cé go mbíodh sé i mbaol ar uairibh, is cosúil gur éirigh leis dóthain comhghuaillithe (den aicme cheart) a

mhealladh chuige le leanúint dá mhisean: “When he was captured on one occasion, apparently by some of these royal dynasts, he and his companions had sufficiently powerful friends to persuade his captors to let him free” (Swift 2006: 32). Déanann Charles-Edwards (2000: 187) achoimre ar an easpa tuisceana atá againn, de dheasca foinsí na haoise sin, ar a raibh i gceist le hiompú creidimh in Éirinn in aimsir Pátraic:

> Inscriptions afford some assistance, but in the main we have to rely on what we know of the end-result of the process. The cultural mix of the seventh and eighth centuries, about which we can know quite a lot, shows the long-term effects of conversion. This, together with the contemporary evidence, can give a broad impression of the cultural response to Christianity in Ireland.

“A broad impression” is ea is mó a thagann as foinsí na staire, dá réir, agus is cur síos a chloíonn leis an “stereotyped way” atá i gcuntas *CLcC*, is baolach, ar chúinsí an iompaithe creidimh. Is é pointe tosaigh an phlé anseo agam gur iompú creidimh is teideal, murab é is ábhar, ar fad, do *CLcC*. D’fhéadfaí glacadh leis sin mar leid gur ag leanúint de thraidisiún Muirchú, seachas cuntas Tírechán, a bhí cumadóir an *PHP*. Bheadh dealramh áirithe leis an maíomh sin, gur insint ar eachtra (dá theibí é) a bhaineann le hiompú creidimh, atá taobh thiar den *PHP* (go pointe). Maidir le *CLcC*, áfach, d’fhéach an cumadóir leis an dá thrá a fhreastal: tiontaíonn Lóegaire i dtosach, ach séanann sé a chreideamh ina dhiaidh sin, in eachtra an *bórama*, agus sa chineál adhlactha a dhéantar air. Ní hamháin go bhfeictear cosúlachtaí go leor idir cuntas Muirchú ar shárú draoithe agus ar fhearta i Temair in *CLcC*, ach deirtear linn ina dhiaidh sin gur adhlacadh Pátraic ar an nós Págánach, faoi mar a insítear dúinn in *Bethu Phátraic* leis. Cuntas Tírechán (Bieler 1979: 132) is ea is giorra don insint sin.

**Naomh agus Laoch**

In alt a phléann na "pillars of conversion" i scríbhinní Muirchú agus Tírechán, féachann Dawson (confessio.ie) ar chur chuige Pátraic i leith an *comthóth* mar a léiríonn an dá údar sin é. Ag trácht di ar chuntas Muirchú, maíonn Dawson nach mó tábhacht na míorúiltí ná tábhacht an teagaisc do phróiseas an *comthód* i súile Muirchú:

> A major part of this narrative focuses on Patrick's battle with the druids. Not surprisingly the druids, who refuse to adhere to Patrick's wishes and the wishes of the Christian God, find themselves thoroughly defeated at the saint's hands. Hence it is through fear and Patrick's demonstration of power over the old religious order that Loíguire's conversion is finally brought about. But... it is not the only way that Patrick achieves conversion... Muirchú recognizes that preaching the Christian message is instrumental in achieving conversion... So, while Muirchú represents Patrick's victory over paganism as a battle, from the outset he shows that preaching remains essential to his understanding of religious transformation.

Is fíor do Dawson go pointe áirithe i leith scríbhinní Muirchú – úsáidtear míorúiltí agus teagasc, faoi seach, leis an *comthód* a chur i gcrích – ach is ar éigean a bhaineann an tábhacht chéanna leo araon maidir leis an insint a thugann Muirchú dúinn:

> Et ait sanctus Patricius regi: 'Nisi nunc credideris cito morieris, quia discendet ira Dei in uerticem tuum'. Et timuit rex uehimenter et commotum est cor eius et omnis ciuitas cum eo.
>
> And holy Patrick said to the king: "If you do not believe now you shall die at once, for the wrath of God has come down upon your head". And the king was in great fear, his heart trembling, and so was his entire city (Bieler 1979: 96-7).

Nuair a chuirtear síos ar Lóegaire mar rí ró-eaglach, agus nuair a bhreithnítear bagairt Pátraic, gurb é an bás, in éagmais a thiontaithe, a bheidh i ndán dó ar an bpointe, tuigtear gurb é an eilimint is treise sa *comthód*, de réir mar a chuirtear in iúl dúinn é, ná na míorúiltí féin, lena bhfuil d'fhoréigean ag gabháil leo. Ní taise do *CLcC* é.

**Struchtúr CLcC**

Is breis le bunábhar an *PHP* an chéad trí líne go leith (117b21-4) a dhéanann an dá abairt tosaigh (LU 9733-4) de *CLcC*. Uaidh sin síos go dtí go leagann "c*r*ith ⁊ tala*m*ch*um*scugud" *fir Érenn* agus Lóegaire "tar a ce*n*d", agus a leanann é, ní chuirtear aon bhreis théagartha leis an mbunábhar. Is geall le hachoimre ar chuid tosaigh an scéil an chéad dá líne sin, agus is ar éigean a chuireann siad leis an insint. Is cosúla le réamhrá an-lom iad, a thugann le fios dúinn go mbeidh trácht ar *comthinól* a bhaineann leis an gcreideamh sa mhéid a leanann. I bhfianaise an mhaímh a dhéanann Ó Corráin (2015: 26-7), gur "scholar's check-list" atá sna logainmneacha a úsáideann *M* i dtús *Táin Bó Cúailnge* in *LU*, is dóigh liom go bhféadfaí féachaint ar an dá abairt seo ag *H* in *CLcC* mar áiseanna don scríobhaí, freisin. Ní chuireann siad leis an mbuninsint ó thaobh eolais de, agus ba dheacair a áitiú gur cúrsaí stíle faoi deara do *H* iad a chur le hábhar an *PHP*. Dá laghad iad, áfach, cuireann siad i gcuimhne don scríobhaí go bhfuil an creideamh ina dhlúthchuid den insint a leanann, agus gur eachtra a bhaineann leis an gcreideamh (.i. an *comthód*) seachas cúrsaí dlí (bunaidhm an *PHP*) go príomha a ríomhann an scéal.

Sna trí líne go leith (LU 9735-8; *PHP* §1.1-4) a leanann, cuirtear síos go han-achomair ar chuid mhór de na heachtraí a ríomhtar i gcuntas Muirchú ar *comthód* na hÉireann:

> Ō desid ī*ar*o*m* ógi na c*r*etmi la firu hĒr*end* ⁊ ō ro p*r*idcast*ar* Pāt*r*aic soscēla dóib ⁊ ro sáraiged Lōegai*r*e *con*a drúdib hi fertaib ⁊ hi mírbailib dermáraib do neoch do-ró*n*i Pāt*raic* hi fíadnaisi fer nĒr*end*. *Con*id íar*om* ro ch*r*eti ⁊ fo-rusestar Lōegaire ógréir Pāt*raic*.

Is ábhar suntais é a laghad eolais a thugann an chuid seo den téacs (in *LU* agus sa *PHP* araon). An dtaispeánann sé gurbh insint é seo a bhí chomh mór i mbéal an phobail tráth cumtha *CLcC* gur leor nod? Tuairim choitianta í tuairim Borsje: "The Christianisation of Ireland is generally ascribed to Patrick, although we are now aware

that this attribution is to a certain extent a symbolic one" (2008: 123). Dhá phointe éagsúla is fiú a shonrú anseo: siombail chumhachtach ba ea feachtas Pátraic de phróiseas (*comthód*) nach eol dúinn mórán ina thaobh; ina theannta sin, is léiriú ar chumhacht agus ar fhorleithne na siombaile sin nár ghá do cheachtar údar (*PHP* nó *CLcC*) aon phlé téagartha, ach amháin eachtra eiseamláireach, a sholáthar nuair a thagraítear do *comthód* seo Pátraic. Is amhlaidh a thuigfí don lucht éisteachta, a luaithe agus a luafaí *comthód* bheith ar bun ag Pátraic, a raibh i gceist le sárú ar dhraoithe agus le fearta agus míorúiltí a dhéanamh go poiblí.

**An Phágántacht**

Maítear sa phlé seo ar sheánra nach féidir teorainneacha nó deighiltí dochta a bhualadh anuas ar *CLcC* maidir lena chineál/rangú. Ar ndóigh, baineann cúrsaí seánra leis an téacs, agus cabhraíonn comharthaí sóirt sheánra an *aided* linn chun comhthéacs níos cúinge a thabhairt don dara cuid de. Ach ní móide gur cur síos cruinn cuimsitheach ar an scéal féin ceachtar acu *aided* (a aithnítear mar sheánra ar leith) nó *comthód* (nach n-aithnítear amhlaidh) a thabhairt air; nuair a chuirtear an dá rud seo le chéile, go ndéantar téacs cumaisc den iomlán, feictear dúinn go bhfuil teora le háisiúlacht rangú na litríochta seo. Chonaiceamar cheana, leis, go dtuigtear do Herbert (2015: 79-80) gurb iad na téacsanna ar chuma *CLcC* in *LU* ("which bridge the worlds of Christianity and traditional narrative... transcending estalished genre confines") is mó a thugann leid dúinn ar na cúinsí faoinar ceapadh, agus an sórt glactha a fuair na téacsanna sin dá éis. Éiríonn le Herbert maíomh láidir a chur chun tosaigh i dtaobh dálaí polaitiúla na linne a bheith le léamh in *Aided Nath Í*. Leanaim an roinnt a dhéanann sí ar théacsanna *LU* go pointe. Ní fheictear domsa, áfach, cad é

go baileach an léargas a thugann *CLcC* dúinn faoi cheapadh nó faoi ghlacadh an téacs ina ré féin.

Is mian liom féachaint ar *CLcC* de réir mar a mholann McCone (1990: 8) i gcás na litríochta seo trí chéile, is é sin an téacs a mheas ar a "contemporary import and structural intergrity", in ionad féachaint le "restoring an older or oral 'original'". Mar sin féin, is gá roinnt sonraí i dtaobh an chur chuige a úsáidtear anseo a mhíniú ar dtús, óir feictear dom nach féidir moladh McCone a leanúint go hiomlán. Is amhlaidh atá *CLcC* réasúnta gar, tríd is tríd, don *PHP* (faoi mar atá sé curtha in eagar ag Carey) ach amháin sna codanna úd de a fhágtar ar lár ar fad in *CLcC*. Cuimhnítear, áfach, gur dóigh le Carey (1994a: 9) gur as craobhacha éagsúla de thraidisiún téacsúil an bhuntéacs a tháinig siad. Más amhlaidh atá, agus ní léir domsa gur féidir cur go láidir i gcoinne na téise sin, is ábhar spéise é fianaise théacsúil *CLcC*. De bharr an ghaoil ghairid seo, ní mór comhthéacs na haimsire inar breacadh réamhtheachtaithe an *PHP*/*CLcC* a fhiosrú. Déantar é sin anseo i ngeall ar na tuiscintí a thugann an fhianaise seo dúinn ar ábhar coiteann *PHP*/*CLcC*; ó tharla nár cuireadh an t-uafás athruithe i bhfeidhm ar an mbunábhar, is féidir a mhaíomh gur chaomhnaigh an buntéacs caillte roinnt eolais agus roinnt tuiscintí ar aithníodh tábhacht (agus leanúnachas?) a bheith leo.

Ag trácht di ar ghrúpa beathaí naomh a luaitear dáta breactha san ochtú haois leo, deir Herbert (2000b: 74):

> Ní saol corraithe thréimhse na Lochlannach atá á léiriú [*iontu*]... [T]agann siad ó shaol socair, ina raibh teacht le chéile idir lucht na heaglaise agus an saol tuata. Is léir ar na beathaí ná raibh deighilt chultúrtha idir réimse na Laidine agus réimse na Gaeilge, ná idir réimse an dúchais agus réimse na Críostaíochta iontu. Bhí saibhreas agus ilghnéitheacht ag baint leis an gcultúr dhátheangach a bhí ag lucht scríofa na *vitae* seo.

Is gné shainiúil den chultúr seo ar a dtráchtann Herbert an dátheangachas, faoi mar a phléitear i gcaibidil a cúig. Is éard ba mhaith liom a chíoradh anseo easpa an "deighilt chultúrtha... idir réimse an dúchais agus réimse na Críostaíochta". Ar an gcéad fheachaint ar *CLcC*, d'fhéadfaí a thuiscint gur téacs cumaisc é a thagann go hiomlán leis an tríú cuid de roinnt Herbert ar théacsanna *LU* thuasluaite, téacsanna a nascann an dúchas (*senchas*) le hábhar ón iasacht (ábhar na Laidine; gné na heaglaise de in *CLcC*). Is casta ná sin an t-ábhar atá in *CLcC*, áfach.

Breis is leathchuid de *CLcC*, is scéal dlíthiúil é a bhaineann le cúrsaí eaglasta, nó, scéal eaglasta a bhaineann le cúrsaí dlí, b'fhéidir. Ní fhreagraíonn sé seo don Chríostaíocht amach is amach, sílim, ós rud é go ndéantar béim a leagan ar ghné eaglasta de nach dtugtar mórán eolais ina thaobh. Is é an ghné sin an *comthód* féin. Níl béim ar an *comthód* in *CLcC*, ná sa *PHP* ach an oiread, thar ghnéithe eile an téacs: is achrann i dtaobh dlíthe agus cumhachta atá ann, arb é tiontú creidimh ceann dá thorthaí, ach gur tiontú creidimh é seo ar cosúla le hathbhreithniú ná le réabhlóid é. Is é sin, ní scéal creidimh atá anseo, ach scéal a bhfuil eachtra a bhaineann leis an gcreideamh istigh ina lár. Is díol spéise é an ghné "reiligiúnda" d'*aided* Lóegaire. Tá dhá ghné dá *aided*, an marú féin agus an t-adhlacadh, a léiríonn an drogall a bhí air glacadh leis an gCríostaíocht, agus cumhacht na bhfórsaí ar dlúthchuid é den Phágántacht.

Is é an chéad cheann acu seo an gealltanas a thugann Lóegaire gan an chreach (*bórama*) a lorg ar na Laigin tar éis cath a chailliúint ina n-aghaidh in Áth Dara. Séard tá sa téacs:

> Ro gabad Lōeg*aire* 'si*n* chath ⁊ do-bretha rātha f*ri* Laigniu .i. gr*ía*n ⁊ ēsca, usci ⁊ aer, lá ⁊ adaig, muir ⁊ tír, *con*na íarfad i*n* mbōromi céi*n* bad béo (LU 9797-9)

Sa *Bórama* in *LL* tugtar cuntas níos iomláine (cf. caibidil a sé). Tá fáil ar an móitíf seo go forleathan i *corpus* litríochta na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, i measc réimse mór téacsanna. Faightear é i dtosach *Fled Dúin na nGéd* (Lehmann 1964: 1):

> Buí ríg amra for Éirinn feachtus ann .i. Domnall mac Áeda mic Ainmirech... de cheníul Cuind C*h*édc*h*athaig ⁊ Úgaine Máir anall. Ar is é int Úgaine Már sin ro gab rátha gréne ⁊ ésca ⁊ mara ⁊ drúcht ⁊ daithin ⁊ rátha na n-uile dúl aicsige ⁊ nemaicsigi ⁊ nách dúil fil i nim ⁊ a tal*main* im rígi nÉrenn do dílsiugad dia c*h*loind co bráth.

Mar seo atá an *dindṡenchas* próis ar Ess Rúaid (Stokes 1895: 31-2):

> No comad o Æd Ruad m*a*c Baduirn .i. o rig Er*enn* no-hainmnichthea dia roḟelleastair ara oclach ina thuaristal, dia brisistair na reanna aicside ⁊ nemaicsidi fair, coro greis in t-oclach na *cur*u i cenn in rig .i. muir ⁊ gæth ⁊ grian ⁊ eoitheoir ⁊ firmaimint, cor' thogair Æd tre theasbach dul 'san eas da ḟothrucud.

Sa *dindṡenchas* ar Carman, leis, faightear leagan níos faide den mhóitíf chéanna (Gwynn 1913: 6, 10):

> Cach fír dar' ná tecar slán
> muir míl, nem, talam tond-bán
> na tístais tess na tuir thind
> céin nobeth muir im Hérind...
> Rop iatsin rátha ind óenaig...
>
> Nem, talam, grían, esca is muir,
> toirthe tíre ocus turscuir,
> beóil, clúasa, súli, selbtha,
> cossa, láma, láech-thengtha,
>
> Eich, claidib, cairpit cáine,
> gái, scéith is drecha dáine,
> drucht, mess, daithen le duile,

lá ’s adaig, tráig, trom-thuile.

Doratsat sin uile n-óg
buidne Banda cen bith-brón
co ná beth fo chiabair chest
cech tress bliadain ar tairmesc.

Meascán de rátha saolta agus rátha reiligiúnda atá le fáil in *Cáin Adomnáin* (Meyer 1905: 12): “Nī rogaib Adomnān co tarta rātha ⁊ gremand fris im ṡō[i]re ban dó. It ēat ind so na rātha hī sein: grīan ⁊ ésca, dūle Dē arcenæ; Petar, Pōl...”. B’fhéidir gurb é an áit is lú a mbeadh súil againn leis an móitíf seo ná litríocht chráifeach na Gaeilge. Tugann Mac Eoin (1962: 217) cosúlacht idir *loricae* (lúireacha) na Gaeilge agus scéalta ar nós *CLcC* faoi deara: “The lists of elements in the loricae show a close resemblence to the lists of elements which occur in many Irish tales where a contract or agreement is made and the forces of nature called on to be sureties for its fulfilment”. Feidhm dhifriúil atá ag na dúile sna lúireacha le hais a bhfeidhme mar rátha sna scéalta: “is é atá i gceist ná glaoch ar na dúile (talamh, aer, tine, uisce, muir, solas, dorchadas, aimsir, grian, éasca, gaoth, réaltaí) teacht i gcabhair ar an duine nó, déantar achainí chun Dé trí na dúile” (Ó Duinn 1990: 64). Taispeánann Ó Duinn (ibid.) gurbh fhéidir an mhóitíf a úsáid i lúireacha nár bhain le bunchúis na lúireach (cosaint don Chríostaí ar namhaid an tsaoil), i “[m]bréaglúireach Leyde”, mar shampla, ar ortha seirce atá ann seachas lúireach. Luann Ó Duinn (ibid.) tuairim Plummer gurbh fhianaise iad na lúireacha ar adhradh na ndúl i measc na gCeilteach. Faightear an dá mhórghné de dheighilt Plummer (1910: lch. cxxxiii) ar an bPágántacht in *CLcC*: “Celtic heathenism seems to have consisted of two main elements: a system of nature worship with

departmental gods, of whom the sun and fire god was the chief; and a system of magic or druidism". Is éard atá suimiúil faoi fhianaise seo *CLcC* ná gur léiriú é, feictear domsa, ar an "teacht le chéile idir lucht na heaglaise agus an saol tuata" a luann Herbert (2000b; féach thuas). Ní hamhlaidh gur breithiúnas diúltach ar ghné den Phágántacht atá sa chur síos ar bhás ná ar eachtra Lóegaire; is leasc liom, dá réir sin, glacadh leis an tátal a bhaineann Toner as fianaise scéalta áirithe in *LU* maidir lena léiriú ar Phágánaigh (pléite thíos).

**Bua na Críostaíochta**

> When... the early clerics attacked the Druids, and sought to discredit them by every means in their power, they knew well what they were doing. The power of the Druids was the key to the whole position, and what the clerics attempted and achieved was nothing less than to step into the shoes of the Druids, to occupy the position from which the latter had been dislodged. We have seen the first stages of this process exemplified in the case of St. Patrick and St. Columba [*sárú ar dhraoithe sna* vitae]. The next stage is that the cleric supplants the Druid as the king's chief adviser under the title of *anmchara*, soul-friend. The struggle between Druids and clerics must have been extremely bitter, and it was apparently short (Watson 1915: 272-3).

Conas is ceart coimhlint an chreidimh in *CLcC* a thuiscint? An ceart glacadh le scéal simplí na míorúilte mar insint inchreidte ar chúis an iompaithe chreidimh? Tugtar le fios in *CLcC* go ngéilleann Lóegaire do Pátraic agus go dtugtar faoi atheagar a chur ar dhlíthe na tíre dá éis (agus dá réir sin). San áit a scarann *CLcC* le bunábhar an *PHP* don chéad uair (féach Carey 1994a: 11, §4.3), tugann *CLcC* le fios go bhfaigheann Lóegaire (agus eile) an *ainmne* a d'iarr *fir Érenn* ar Pátraic:

> "Ai*n*mne, ai*n*mne a Pāt*raic*" oldat fir hĒr*end* "ro p*r*idchais dīlgud tabai*r* dīlgud dú*n*". Tuc īa*r*o*m* Pāt*raic* óg ndīlguda dóib. Gabth*us* īa*r*o*m* Lóegai*r*e ai*n*mchairdi*n*e Pāt*raic* a*n*d si*n* ₇ be*n*nachais Pāt*raic* hé ₇ a síl (LU 9763-6).
>
> "Patience, patience, o Patrick!" said the men of Ireland, "you have preached forgiveness, grant forgiveness to us". Then Patrick gave them full forgiveness.

> Lóegaire, then, accepted Patrick's spiritual direction there, and Patrick blessed him and his progeny.

Le *CLcC* amháin a bhaineann an dá eachtra seo, (a) gurb é Pátraic a bheadh ina *anmchara* ag Lóegaire feasta, (b) go gcuireann Pátraic beannacht ar Lóegaire agus ar a shliocht. Is deacair a rá cad chuige ar cuireadh an t-eolas seo le *CLcC*, ach seans maith gur chun treisiú a dhéanamh ar an athrú úr tábhachtach seo, dála Watson thuas, an naomh ag teacht i gcomharbacht ar an draoi sáraithe, agus a fheidhmeanna á nglacadh chuige aige, a rinneadh amhlaidh. Ag an bpointe sin in *CLcC*, tá an chuma ar an scéal gur cairdeas agus comhoibriú a bheidh idir Lóegaire agus Pátraic feasta, agus leanann an insint le hachainí *fir Érenn* go gcuirfear leagan amach úr ar dhlíthe na tíre. Is i measc an choiste de naonúr a chuirfidh an t-atheagar sin i gcrích a luaitear ainm Lóegaire don uair dheireannach sa *PHP*. In *CLcC*, mar a chéile, ní thagraítear dá ainm ó ainmniú an choiste sin go dtosnaítear ar chuntas an *Bórama*, ábhar atá neamhspleách ar an *PHP*. An chúis a ndeirim é seo ná gur léir nárbh é a bheathaisnéis féin, nó an ról a bhí aige sna heachtraí a ríomhtar ann, ba chroílár an *PHP*. Duine de charachtair an *PHP* ba ea é, ach sa chuntas sin níor mhó a thábhacht, ar deireadh thiar, ná tábhacht Dubthach nó Pátraic.

A mhalairt, ar ndóigh, is fíor i gcás *CLcC*; is iarracht é ar eachtra chinniúnach ina shaol a ríomh (teacht na Críostaíochta agus an dúshlán a thug sé sin dá údarás), chomh maith leis an gcinniúint féin, a *aided*. Ní heol dúinn scéal a ghiunúna, mar shampla, nó eachtraí a thógála ach chomh beag, sa tslí is gur fíor do Nagy "[a] severely truncated 'heroic biography' of a king of Tara" a thabhairt ar iomlán na gcuntas éagsúil a mhaireann mar gheall air (2013: 181). Sa chomhthéacs sin, is suimiúil an chreidiúint a thugann Toner (2015: 144) dó, i bhfianaise a róil in *CLcC*: "Lóegaire,

therefore, is depicted here as no less than a co-founder, along with Patrick, of a society based on Christian principles".

Dá gcuirfí eireaball eile le hábhar an *PHP* in *CLcC* ionas nárbh é *aided* Lóegaire críoch an scéil, b'fhéidir gur thúisce a chuimhneofaí ar an ngné sin dá oidhreacht, gurbh é Lóegaire a réitigh an tslí (in ainneoin na comhairle a thug sé dá lucht leanúna i dtús na heachtra) don tsochaí úr, an *comúaim n-eclaise fri túaith* ba bhonn leis an *Senchas Már*.[12] Ina ionad sin, áfach, "the only stories preserved about Loegaire in medieval literary tradition have to do with his defeat or demise, either at the hands of St Patrick or those of his Laigin neighbours to the south" (Nagy 2013: 181). Ach arbh é sin a dhán?

Stair an tslánaithe is ábhar do scrúdú Toner ar chineál an chreidimh a reictear i dtéacsanna reiligiúnda (murab ionann agus 'cráifeacha/diaga') *LU*. Tabharfar cuid mhaith dá chonclúid anseo, óir téann sé go croí an phlé seo:

> LU is the work of several scribes but we have seen here a persistent concern in a wide variety of texts with eschatology, and in particular the salvation of souls and the Last Judgement. In some cases the texts are explicitly religious, but in a substantial number of cases they are explicity or implicitly historical. The pivotal event is the misson of St Patrick, which is identified in several of the texts examined here as the origin of Christianity in Ireland... [P]agans are repeatedly brought into contact with Christians/saints or other representatives of God, revealing the victory of Christianity and the subjugation of paganism. By the time LU was being written, in the eleventh and twelfth centuries, the need to defeat pagan ideas or prove Christianity was hardly a real concern, however; rather the pagans embody the evils of the world, illustrating what happens to those who lack faith or do not act according to God's will (Toner 2015: 152-3).

[12] Is fiú a mheabhrú gurb iad *fir Érenn* a lorgaíonn athbhreithniú ar chóras na ndlíthe, seachas Lóegaire féin. Níor mhiste cuimhneamh ar a ról siúd sa ghné seo den scéal, leis.

Tá *CLcC* ar cheann de na téacsanna a scrúdaíonn Toner, agus is ar eachtra na madraí, an chéad adhlacadh a dhéantar ar Lóegaire, a dhíríonn sé. Glacann sé le téis Nagy nach ionann Lóegaire 'druí' agus Lóegaire 'rí', agus tógann air, ag maíomh gur draoi den ainm céanna is ea an té a chuirtear, tar éis don talamh é a shlogadh: "Lóegaire no longer has to suffer the humiliation of the saint's curse, which is instead visited upon the druid. In *CLcC*, therefore, the pagan proxy (rather than the 'self') is entombed but the king saves himself by submitting to St Patrick" (ibid., lch. 143). Tá pléite agam sna nótaí teanga féidearthacht eile i dtaobh an té a chuirtear san eachtra seo (§1(o) i nótaí an eagráin), ach is éard is spéisiúla faoi chuid *CLcC* in argóint Toner, dar liom, ná go gcloíonn sé le hábhar *PHP* de *CLcC*, amháin. Níl trácht ar Pátraic ná ar Chríostaí ar bith eile in *aided* Lóegaire, ach is fianaise thábhachtach ar ghnéithe den Phágántacht an chuid sin den téacs, arb ionann a comharthaí sóirt agus olc an tsaoil seo, de réir argóint Toner.

In *aided* Lóegaire, cuirtear in iúl dúinn gur bás de bharr rátha na ndúl a shárú a fhaigheann Lóegaire. Ní léir ar aon chuid den *aided*, áfach, breith dhiúltach á tabhairt ar an ngné seo den *recht aicnid*. Is suimiúil go bhfágtar ann, leis, cur síos ar chur Lóegaire i Temair agus aghaidh á tabhairt ar a naimhde aige. Arís ní dhéantar drochmheas ná masla a léiriú ar eachtra neamhChríostaí. Ar leor iad seo a chur sa téacs, agus Lóegaire cloíte go hiomlán faoi sin, le breith an údair a thuiscint? B'fhéidir é. Feictear domsa, áfach, gur bua glan ag an gCríostaíocht atá in eachtra athrú an chreidimh, ach gur beag má fhéachann údar *CLcC* leis na Págánaigh a dhaoradh ar fad, ná le hamhras a chaitheamh ar an gcineál sochaí agus creidimh a bhí acu.

## Caibidil a Ceathair: *Fir Érenn* agus Ríogacht in *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided*

> Dolluid Patraic do Themraig do erail c*r*eitme for rí nErend .i. for Loegaire m*a*c Néill ar is eside ba rí Her*end* ind inbaid ar ni chretedsidé in Comdid ciano p*r*idcaide dó (*Síaburcharput Con Culaind*, LU 9221-3).
>
> Patric went to Temair for the enjoining of belief upon the King of Eriu, that is, upon Loegaire, son of Niall, for it is he who was King of Eriu the time: for he would not believe the Lord; though he used to be preached to him (O'Beirne Crowe 1871: 375).

> Baí co*m*thinōl fer nĒre*n*d hi Te*m*raig i *n*-a*m*sir Lóegai*r*e m*ei*c Nēill. Is dē im*murgu* boí in co*m*thinōl si*n* occo i*m* dála na c*r*eitmi (*CLcC*, LU 9733-4).
>
> There was an assembly of the men of Ireland in Tara in the time of Lóegaire mac Néill. It is on account this, then, that they held the assembly, in the matter of the faith.

Tugann céadlínte *Síaburcharpat Con Culaind* (*SbCC* feasta) agus *CLcC* roinnt mhaith de bhuneolas an "Cethardai as c[h]uintesta da cach elathain" (Jackson 1990: 1; cf. Flower 1916), mar atá, *locus*: i Temair atá an dá scéal suite; *personae*: Pátraic agus Lóegaire mac Néill (sa tríú habairt in *CLcC* a chuirtear Pátraic in aithne); *tempus*: i ré Lóegaire mac Néill, óir "is eside ba rí Her*end* ind inbaid"; agus *causa scribendi*: "do erail c*r*eitme" agus "i*m* dála na c*r*eitmi". In ainneoin cuma thuairisciúil a bheith ar abairtí tosaigh an dá scéal seo, amhail is nach ndéantar ach a n-eachtraí is a gcarachtair a fhógairt go hachomair (agus eilimintí an "cethardai as c[h]uintesta" a chomhlíonadh, chomh maith), cuireann na chéadlínte seo coincheapa tábhachtacha a bhaineann le cúrsaí polaitíochta os ár gcomhair chomh maith. Is iad na coincheapa sin gur *rí Érenn* ba ea Lóegaire mac Néill (*SbCC* agus *CLcC*), agus gurbh iad *fir Érenn* a bhailigh i Temair chun an creideamh úr a phlé (*CLcC*). Tá machnamh agus plé déanta

ag mórán scoláirí ar na coincheapa seo,[13] agus fianaise á lorg acu le bunús na gcoincheap seo a bhréagnú nó a chruthú. Is é bunús na díospóireachta seo, i bhfriotal Mhic Cana (2011: 265): "[t]he modern view that the later medieval notion of a political high-kingship was largely the invention of learned authors working in the interest of the Uí Néill and other dynasties". Feicfear go gcuireann *LU* go leor fianaise de chumadóireacht seo an aosa dána ar fáil, agus gur féidir an fhianaise sin a úsáid le bonn a chur faoi dhearcadh nua-aimseartha Mhic Cana agus a chomhscoláirí.

Déanann tosach *SbCC* agus *CLcC* araon (agus a leanann iontu, leis) gnéithe de mhiotas na cúigiú haoise a dheimhniú, más ea, agus an t-eolas sin thuas á chur in iúl acu. Is é Lóegaire mac Néill, an chéad rí ar Éirinn i ré an chreidimh, más fíor, an príomhcharachtar sa dá scéal seo. Glacann scoláirí lena chroineolaíocht, is é sin gur mhair sé sa chúigiú haois, ach thairis sin baineann amhras le mórán gach gné eile dá bheathaisnéis, go háirithe an plé a bhí aige le Pátraic:

> While we cannot definitively disprove that Patrick met Loegaire, Patrick does not name the king in his own writings, and it is on balance more likely that the story was invented in the 7th century, at which point Patrick was revered as Ireland's most important saint, the Uí Néill were the most powerful rulers, and the special prestige of the pre-Christian royal site at Tara was developing as a literary theme. Furthermore, Muirchú's contemporary, bishop Tírechán, represents Loegaire as dying a pagan, buried upright facing south to ward off his traditional enemies, the progeny of Dúnlaing of Laigin. In other words, we are not on safe ground to consider Loegaire as Ireland's first Christian king or even to date Loegaire from Patrick or Patrick from Loegaire (Koch 2006: 1188).

Níor mhiste an ráiteas sin a scrúdú. Faightear roinnt mhaith fianaise liteartha, i bhfoinsí difriúla, de na gnéithe éagsúla seo a luann Koch as a gcruthaítear "traidisiún" Pátraic (an chuid sin dá thraidisiún a bhaineann le Lóegaire, go sonrach, atá faoi

[13] Ní raibh deis agam féachaint in am ar shaothar Gisbert Hemprich *Rí Érenn - König von Irland: Fiktion und Wirklichkeit* (2015, Curach Bhán), saothar a bhaineann le hábhar anseo.

mheas anseo). In *Baile Chuind Chétchathaig*, an liosta is sine de ríthe Temair dá bhfuil againn (Bhreathnach 2005: 49, 61-2; cumadh é idir 675-720), feictear a bhfuil i ndán do Lóegaire le teacht an chreidimh (Bhreathnach agus Murray 2005: 82-3):

> Con– Loígaire lond –lénfethar inda táilcend techt. Taige tarsnae, crann chromma, béirtis blátha doa dind.
>
> Fierce Loígaire will be grieved by the coming of the adze-heads. Transverse houses, crooked staves, they would bear flowers to his fort.

Chomh fada le heilimint na Críostaíochta de, is ionann a ndeir *Baile in Scáil* (Murray 2004: 39, 57)[14] faoi chinniúint Lóegaire; is suimiúil, áfach, nach luaitear é i dtéarmaí diúltacha, ná nach gcaitear anuas ar an bPágántacht ann (murab ionann agus an cuntas atá ag Muirchú ar Lóegaire) mar shampla:

> Dáil de for Loígairi, fer ilair glond, mórfait iltíre ilbélrae – .xxx. blíadnae namá – Tascur dían, ticfa táilcend (.i. Pátraic), fer gráid móir nóifidius Día. Mórbreó ad-andaba línfus Érinn cotá muir. Bebaid Loígairi (flaith him bachla) for brú Chaissi, mórchaur cicharda do-fortat táilcind.
>
> Bestow some of it on Lóegaire, a man of many exploits, many lands and many languages will exalt [him]. Thirty years only. A swift expedition, a cleric will come (i.e. Patrick), a man of high rank who will make God known. He will kindle a great flame which will cover Ireland to the sea. Lóegaire will die (a king surrounded by crosiers) on the bank of the Caisse, the clerics [will] overwhelm a great keen warrior.

Dar le Muirchú, ba go drogallach a ghlac Lóegaire leis an gcreideamh úr, agus ó tharla gur chuir sé in aghaidh Pátraic, chuir an naomh mallacht ar a shliocht (Bieler 1979: 96-9):

> Congregatis igitur senioribus et omni senatu suo dixit eis rex Loiguire: 'Melius est credere me quam mori', initoque consilio ex suorum praecepto credidit in illa die et conuertit ad Dominum Deum aeternum, et ibi crediderunt multi alli. Et ait sanctus Patricius ad regem: 'Quia restitisti doctrinae meae et fuisti scandalum mihi, licet prolonguentur dies regni tui, nullus tamen erit ex semen tuo rex in aeternum'.

[14] Dáta sa chéad leath den aonú haois déag (agus é ag tarraingt as ábhar níos sine ná sin) a leagann Murray (2004: 4-5) ar leagan a eagráin féin.

> King Lóiguire summoned his elders and his whole council and said to them: 'It is better for me to believe than to die', and having held counsel, acting on the advice of his followers, he believed on that day and became converted to the Lord the eternal God, and many others believed on that occasion. And holy Patrick said to the king: 'Since you have resisted my teaching and been offensive to me, the days of your own reign shall run on, but none of your offspring shall ever be king.'

Mar "alaile rí fechoir gentlidi" a chuirtear Lóegaire in aithne in *Bethu Phátraic* (Mulchrone 1939: 21), cur síos a aontaíonn, cuid mhaith, le "rex quidam magnus ferox gentilisque" de chuid Muirchú (Bieler 1979: 74). Aontaíonn na foinsí seo go léir i dtaobh shárú na Críostaíochta ar réimeas Lóegaire, gurb é siúd rí deireannach na ré roimh chreideamh, ach ní chaitheann siad go léir amhras ar sheanchreideamh Lóegaire féin, rud a léiríonn fianaise *Baile in Scáil*. Gné dá sheanchreideamh a fhaightear i measc foinsí, leis, is ea an t-adhlacadh Págánach a luaitear i ndeireadh *CLcC*; an rí ina sheasamh sa chré agus a chuid uirlisí troda uime. Luann Bhreathnach (1996: 78) cás Mac Con, rí eile ar Temair, a chuireann mac a dheirféar, Mac hIrmara (agus a chomhluadar), ar an tslí seo:

> Is and docer Mac hIrmara, cathmil mar, mac seathar do Mac Con, Mac Rignaidi. Dignaid a aimend la Mac Con: carnd cloch ca*ch* fir da muintir. Adnact ina sesam ₇ a sceith ara mbelaib in cach dumu. Cartha M*ei*c (Con) Gubai, a cloch ba ferr i tirib Calraige ac Druim Lias.
>
> There fell Mac Irmara, a mighty warrior, the son of Rignat (?), sister of Mac Con. His mound was raised by Mac Con, and a mound of stones for each one of his men. They were buried with their shields standing before them in every mound. The pillar of Mac Gubai was the best stone in the territories of the Calraige at Druimlías (Gwynn 1912: 136-7, 141).

In *Cath Maighe Léna* cuirtear Mogh Néid sa chré agus a chuid éide chatha air: "Agus do-rinne Derg Damsa draoi fert do Mogh Nēid, ₇ do h-adhlaiced ann ē co n-a arm, co n-a eirr*edh*, co n-a ēid*edh*, ₇ co n-a c[h]athbarr" (Jackson 1938: 12). In *Caitréim Cellaig* is é guí Eógan Bél go gcuirfí lena uirlis troda é, agus a aghaidh ó thuaidh mar gharda (Mulchrone 1971: 3; cf. lch. 33):

> Iar sin atbert Eógan a adnacal ⁊ a gáe d*er*g ina láim isin muig. '*Et* [tabair] m'aiged forin tuaisc*er*t ⁊ ar táeb na [rátha], .i. Úa Fiachrach, and sút ⁊ in oiret rabursa ⁊ m'aiged forrusom ní gébat fri cath i n-agaid Connacht ⁊ aigead m'uage forru [⁊ mé] budéin innte forin ordugud sin.'

Tá cosúlachtaí go leor idir an cuntas ar adhlacadh Lóegaire in *CLcC* féin, agus an cur síos a dhéantar air in *Bethu Phátraic* (Mulchrone 1939: 48):

> Dochoid Patraic iar sin do Temr*aig* co Loeg*air*i, úair dogniset ca[i]rdes et*or*ru connáro oircthi Patraic ina flaithius. Sed non potuit credere, dicens: 'Niall', ol sé, 'm'ath*air*-si, anno cluined in saebfáitsine, tuidecht na creitme, ro athne dam náro chreitind, ach corom adnaicthi i mmullach Temrach am*al* firu cathacha,' úair ba bes lasni geinti a n-adnacal fo n-armaib, facie ad faciem usque ad diem iudicii.

Gné shonrach den chur seo ná gur chosaint a bhí ann. Ní féidir a rá cérbh iad go baileach an dream a bhí á chosaint (a *túath* féin? grúpa de *túatha*?) ach i gcuntas Tírechán níl aon amhras orainn i dtaobh an namhad, "filius Dúnlinge imMaistin in campo Liphi". Deir Carey (1996: 43) ina thaobh seo: "This description of pagan funerary practice is intriguing and suggestive, and its full significance has yet to be assessed". Luann Charles-Edwards (2012: 27) maíomh O'Brien nárbh é béas an adhlactha in Éirinn sa chúigiú haois (ná in aois Tírechán féin ach an oiread) uirlisí troda a chur in éineacht leis an gcorp. Ó thraidisiún adhlactha na nAngla-Shacsanach a fuair Tírechán an smaoineamh seo, tuairimíonn O'Brien (ráiteas in Charles-Edwards, ibid., lch. 27). Anuas ar fhianaise seandálaíochta na nAngla-Shacsanach, is cinnte gurb ann don traidisiún seo i luathlitríocht na Breatnaise, leis, mar a thugann Koch le fios, san ábhar a bhaineann le ceann Brân sa *Mabinogi* agus i dtréanna na Breatnaise (Koch 1990: 1-9). Dealraíonn sé gurb é Tírechán an sampla is sine den chur seo i litríocht na tíre seo, agus gurb é a shampla siúd a leanann údair *Bethu Phátraic* agus *CLcC*.

Pléann Mac Eoin (1968: 35-6) na deacrachtaí gramadúla a bhaineann le ráiteas seo Tírechán, agus ag leanúint do choigeartú Gywnn (1913: xlviii), aistríonn sé 'filius

Dúnlinge' mar "son of Dúnlang" in ionad na uimhreach iolra atá (go mícheart) ag Bieler (cf. Byrne 1973: 65, 151, "his hereditary enemy the son of Dúnlaing" thíos). Chomh maith le ceist na teanga féin, tá ceist eile le réiteach anseo, a luann Bhreathnach (1996: 78) *en passant*, agus atá luaite ag Byrne (1973: 151) freisin, ach nach bhfuil deireadh ráite aige faoi, déarfaí:

> Tírechán in the late seventh century tells how the high-king Lóeguire refused baptism from Patrick so that he might be buried in pagan fashion fully armed in the ramparts of Tara facing his hereditary enemy the son of Dúnlaing who was likewise buried at Maistiu in the Liffey plain, and it is probable that the tradition that Illann and Ailill, sons of Dúnlainge [sic], were kings of Leinster is correct. Otherwise the role assigned to the early Uí Dúnlainge in the regnal lists is patently false.

Tugann Byrne (1973: 50): "The impressive but probably quite artificial legend" ar chomhrac Pátraic le Lóegaire agus lena dhraoithe i Temair. De réir na gcraobhacha ginealais a chuireann Byrne ar fáil (1973: 288-9), cailleadh Illann, mac le Dúnlaing, in 527, thart ar 65 bliana tar éis bháis Lóegaire. Más eisean, Illann, duine de shliocht Dúnlaing ar ar fhéach Lóegaire agus é sa chré, is baolach nár naimhde iad le linn Lóegaire féin. Is dealraitheach gur i bhfad ina ndiaidh beirt, Lóegaire agus mic Dúnlaing, a cumadh traidisiún na n-adhlacthaí seo, pé acu a chum Tírechán nó údar eile é. Deir eagarthóir téacs Muirchú gur dóichí gurbh é Muirchú féin a chum eachtra na tine Cásca (Bieler 1979: 203); cuirtear cumadóireacht ina leith chomh maith i dtaobh tiontú creidimh Lóegaire (féach Byrne 1973: 65, "his near contemporary Tírechán records a more genuine tradition that Lóeguire refuses baptism"). Tugann formhór na fianaise le fios gur dóichí *nár* ghlac Lóegaire leis an gcreideamh nua, ach ós cumadóireacht atá san fhianaise ar fad, de réir dealraimh, d'fhéadfadh míthuiscintí eascairt as ráiteas Byrne thuas gur cruinne an cuntas é *gur dhiúltaigh* Lóegaire don Chríostaíocht. Mar adeir Mac Cana (2011: 272):

> When Christian apologists focused on (and as likely as not created) the legend of St Patrick's visit to Tara and to king Lóegaire mac Néill as a pivotal event in the saint's mission to the Irish, it was an obvious recognition of the symbolic status of Tara and its centrality – both locative and figurative – in the indigenous ideology of kingship: the triumph of Patrick's Easter fire over that lighted by the druids at Tara was intended to epitomize the more general triumph of Christianity over druidic paganism.

Maíonn Moisl (1987: 267) i dtaobh an *PHP*: "that he [Pátraic] would not have been able to accomplish anything remotely resembling what the Tara episode describes", fiú má d'éirigh leis a shlí a dhéanamh chomh fada le Temair. Ar ndóigh, dealaíonn lipéad Binchy, a "réamhrá bréagstairiuíl" idir an t-ábhar sin agus réamhrá "stairiúil" an *Senchas Már*. Dar lena eagarthóir (Breatnach 2011: 10), baineann an réamhrá "stairiúil" leis an "primary text" den *Senchas Már*, is é sin gurb ann dó ó céadscríobhadh an *Senchas Már*, agus nár cuireadh leis an téacs é ar ball. Deir Greene (1969: 16) gurbh é tionchar phrós-scríbhneoireacht na Críostaíochta an t-aon ghné fhírinneach a fhaightear sa réamhrá breágstairiúil: "A compilation such as the *Senchas Már*... is the lawyers' response to the challenge of the new Christian prose; this is the grain of truth in the quite unhistorical preface which claims that the codification was undertaken on the orders of St. Patrick himself".

Ní mór cuimhneamh go nglacann Greene leis an *PHP* agus an *Senchas Már* araon mar aonad amháin anseo (gurb ionann aois don *PHP* agus don *Senchas Már*), agus go dtagraíonn an aidiacht "unhistorical" ina chur síos d'eachtra an tiontaithe agus an teagmháil idir Pátraic agus Lóegaire a phléitear thuas. Is suimiúil a léargas fós, áfach, óir tarraingíonn sé aird ar mheán na scríbhneoireachta, agus ar an athrú tábhachtach sa mheán sin a d'fhág gur i bhfoirm phróis a chum lucht dlí an *Senchas Már*.

Ó chúlra seo na bolscaireachta a thagann *CLcC*, an t-aon chóip a mhaireann den sága a cruthaíodh as bunábhar an *PHP* agus an *Bórama*. Is fiú ráiteas Byrne (1969: 10) a

mheabhrú: “The fifth and sixth centuries have been so clouded with the reconstructions of the synthetic historians and saga writers that it is difficult... to see our way”. Baineann eachtraí *CLcC* leis an gcúigiú haois, ceart go leor, ach trí fhoinsí ó aoiseanna ina diaidh sin a thagann an téacs anuas chugainne. Maidir le dáta breactha *LU*, agus *H* go speisialta, deir Breatnach (2015a: 76-7):

> H is not to be dated much later than A or M... there is no significant difference in the attestation of innovatory Middle Irish forms introduced by M and H into their copies of earlier texts... there is a very significant difference between the appearance of innovations in Lebor na hUidre as a whole and of innovations in the Book of Leinster.

Luann Mac Gearailt (2012: 302), leis, an difear suntasach seo idir fianaise *LU* d’fhorbairtí na Meán-Ghaeilge i gcoinne na fianaise in *LL*, faoi mar a thug Ó Concheanainn (1974: 280) le fios “that the language of the reviser’s glosses and six new texts is practically as conservative as that of the original scribes”. Thart ar 1130 a thugann Breatnach (2015a: 77) mar *terminus ante quem* do ghníomhaíocht *H*. Mar sin, tá bearna de bhreis is 650 bliain idir bás Lóegaire (dátaí pléite thíos) agus an uair a bhí *H* ag scríobh. Buanaíonn saothar *H* cuid de na miotais a chum an t-aos dána ag tráthanna difriúla agus ar chúiseanna éagsúla, san achar 650 éigin bliain sin; tugann sé seo faill dúinn tábhacht agus feidhm stairiúil na “cethardai as c[h]uintesta” sin in *CLcC* a scrúdú.

***Locus***

> It is now evident that Niall and his descendants for many centuries can in no real sense be described as high-kings of all Ireland. The claims made for them in the late seventh century by Adomnán and Muirchú, although important testimony to the development of a concept of high-kingship, must be discounted as partisan... [T]he central paradox lies in the identification of the high-kingship with the kingship of Tara. The farther back we go in the study of

> recorded history in Ireland, the less evidence do we find of a centralised monarchy (Byrne 1973: 53).

Ó thaobh an ríshleachta sin as ar fáisceadh Lóegaire, Uí Néill, níltear ar aon fhocal mar gheall ar aidhmeanna Muirchú agus é i mbun na bolscaireachta sin. Maíonn Bhreathnach (1996: 73): "Muirchú consistently portrays Lóegaire in an unfavourable light, and his depiction of the king of Tara does not reflect that of a propagandist on behalf of the Uí Néill, but rather that of an ecclesiastic championing Patrick and, in particular, Christianity". Ina choinne sin, déanann Moisl (1987: 270) amach:

> The Armagh hagiographers did not simply write a manifesto of claims in the vague hope that someone, somewhere, would take notice. Their propaganda was specially directed at a royal dynasty, the Uí Néill. Like other monastic *paruchiae* of the time, Armagh needed a powerful secular patron if it was to flourish; given the scale of its claim, that patron had to be very influential indeed, and the Uí Néill fit the bill. The Patrician hagiography... shows that Armagh was making a concerted effort to recruit and/or consolidate Uí Néill patronage.

Mar seo a chuireann Moisl (lch. 271) a bhuntéis in iúl:

> By representing Tara as the *caput Scottorum* ruled by the *imperator* Loiguire, a son of the Níall who was *origo stirpis regiae huius pene insolae*, Armagh was articulating and quite possibly elaborating Uí Néill political ambitions; by subjecting the Tara kingship to Patrick, Armagh was claiming ascendancy over the dynasty on whose patronage it depended.

"Armagh once more was flattering the powerful", an tátal a bhaineann Doherty (1991: 86) as an ngníomhaíocht seo trí chéile, ach tagairt á déanamh aige go sonrach d'eachtra na tine Cásca in insint Muirchú. Pé ar bith faoin éagsúlacht tuairime i leith aidhmeanna Muirchú, tagann Bhreathnach (1996: 87-8), a bheag nó a mhór, leis an léiriú sin ar Temair mar *caput Scottorum*, agus ar Níall mar *origo stirpis regiae huius pene insolae*. Déantar *CLcC* a shuíomh i Temair, fearacht *SbCC* agus scéalta eile in *LU*.

Maidir le teachtaireacht na scéalta de, cuirtear tábhacht na láithreach abhaile orainn in *Serglige Con Culaind*:

> Baí da*no* terchomrac oc crethri [*sic*, cethri] ollchoecedaib Her*end* ind indbaid sin dús in faigbitis nech bad toga leo dia tibertis rígi nErend. Úair bá holc leo tilach airechais ⁊ tigernais Her*end* .i. Temair a bith cen rechtgi rí f*ur*ri. ⁊ bá olc léo na túatha cen smacht rig oc coc*er*tad a cotrebi. Ár bátar fir Her*end* cen smacht ríg forro fre re .uii. mbliad*na* iar ndith Conaire i mBrudin Dá Derca c*us*sin mórdail sin cethri cóiced nErend hi Temraig na rig hi tig Erca m*ei*c Corpri Niad Fer (LU 3437-43).
>
> The four major provinces of Ireland had an assembly at that time to see if they could find someone suitable to whom they would give the kingship of Ireland. For they disliked the mound of sovereignty and lordship of Ireland, viz. Temair, not having royal ordinance over it. They also disliked the tribes being without the rule of a king adjudging their community. For the men of Ireland were without royal ordinance for a period of seven years following the death of Conaire in Bruiden Da Derca until that great assembly of the four provinces of Ireland in Temair of the Kings in the house of Erc son of Corpre Nía Fer.

Agus arís in *Genemain Áeda Sláne*, mar shampla:

> Temair na ríg is si bá dodgnas díles do cech ríg no gebed Herind. ar ba coit*chenn* cána ⁊ smachta ⁊ císa fer nErend dó connici sin. Bá coit*chenn* da*no* do feraib Her*end* tíachtain as cech aird co Temraig do chathim fessi Temrach ar cech samain. ar bá híat da comthinól airegda no bítis oc feraib Her*end* .i. fes Temra cecha samna. ar bá hís*id*e caisc na ngente. ⁊ óenach Tailten cech lúgnasaid (LU 4206-12).
>
> Tara of the Kings: she it was that to all kings successively ruling Ireland was a peculiar appanage; and it was a universal thing for them that thither all Ireland's charges, and dues prescribed, and rents, must be brought in to them. With the men of Ireland too it was general that out of all airts they should resort to Tara in order to the holding of Tara's feast at *samhain*-tide. For these were the two principal gatherings that they had: Tara's feast at every *samhain* (that being the heathens' Easter); and at each *lughnasa*, or 'Lammas-tide,' the convention of *Taillte* (O'Grady 1892: 88).

Deimhnítear, más ea, trí 'fhíric' sa phíosa sin in *Genemain Áeda Sláne*, mar atá, (1) gurbh é Temair ionad dílis *rí Érenn*, (2) gur chuige siúd a théadh cána, smachta agus cíosa *fir Érenn*, agus (3) go ndéantaí ceann as péire d'fhéilte móra *fir Érenn* a cheiliúradh i Temair, is é sin *feis Temra*(*ch*). Is ábhar díospóireachta é tábhacht agus feidhmeanna na bhféilte seo i Tailtiu agus i Temair. Dar le Binchy, mar shampla, níor

bhain tábhacht náisiúnta arbh fhiú trácht uirthi le coincheap na hardríogachta. Ní raibh in *óenach Tailten*, dar leis, ach "the principal fair of the Uí Néill confederation of dynasties and their vassal tribes", bíodh gurb é a bhunús "a genuine historical institution whose extent and significance were grossly exaggerated in later legend" (Binchy 1958: 117, 127). I gcríoch *Cath Cairnd Chonaill*, an téacs a thagann díreach roimh *CLcC* in *LU* (LU 9566-9731; i láimh *H* amháin), luaitear go dtugann Díarmait mac Áeda Sláine cuireadh go *óenach Tailten* do Gúaire Adni "ar cend Diarm*ata* $_7$ míach argit leis día thabairt do feraib Her*end*" (LU 9708-9). Is eachtra é seo "[which] was invented when the fiction of the 'high-kingship' had been firmly established in the schools", adeir Binchy (1958: 123). I gcás *feis Temra*(*ch*) "we are confronted with a primitive ritual which, some centuries after its disappearance, was resurrected by the pseudo-historians in a totally different guise" (ibid., lch. 127).

***Personae***

Triúr mórphearsan a aithnítear in *CLcC*, is iad sin Lóegaire mac Néill, Pátraic, agus Dubthach maccu Lugair. Ina dteannta sin, ní mór suntas a thabhairt dá mhinice agus a thagraítear do dhream daoine, *fir Érenn*, a phléifear thíos. Ní miste cúpla focal a rá anseo, áfach, faoi na téacsanna eile in *LU* ina bhfaightear Pátraic, ós dó a thugtar an gradam is airde i measc naoimh na hÉireann. Mar a phléitear i gcaibidil a dó, is minic a fhéachtar ar *LU* mar lámhscríbhinn arb iad scéalta saolta/ságaí an tréith is sainiúla inti. Bíodh gur le réimse an chreidimh a bhaineann Pátraic, is carachtar lárnach é i roinnt mhaith litríochta a fhéachann leis an deighilt stairiúil idir an Phágántacht agus an creideamh úr a shárú, *Acallam na Senórach* an sampla is cailiúla di seo, ar ndóigh. Is féidir na tagairtí a dhéantar dó in *LU* a roinnt ina dhá leath, mar atá (a) trácht ar a

bheathaisnéis, agus (b) an pháirt a bhíonn aige in insint scéalta áirithe ar nós *SbCC* agus *CLcC*. I gcuid (a) díobh seo, tráchtar ar ghnéithe dá bheathaisnéis in *Lebor Bretnach*, mar atá, gur fhoghlaim sé faoi stiúir Germanus "leg in canoin la German" (amhail cuntas Muirchú, cf. Bieler 1979: 70-5), agus tháinig chun na hÉireann tar éis do ruaigeadh Palladius (LU 266-76). Déantar tagairtí dó go cliathánach in *Fís Adomnán* (LU 2260-3) agus *Senchas na Relec* (LU 4048-9), agus is tairngreachtaí i dtaobh "Patricius" a fhaightear in *Amra Choluim Chille* (LU 695, 956), agus "[in] táilchend" in *Fástini Airt meic Cuind* (LU 9843-6, 9895-8).

Feictear Pátraic ina charachtar gníomhach lárnach in *SbCC*[15] agus *CLcC*. Luaitear a ainm ocht n-uaire is fiche in *SbCC*, agus ceithre huaire is fiche in *CLcC*. Lasmuigh díobh seo, áfach (agus arís ní mór dúinn cailliúint leathanach *LU* a mheabhrú) ní hann do Pátraic in *LU*, agus dá thábhachtaí é sa traidisiún trí chéile, ní carachtar rí-thábhachtach é ar fhianaise (bhearnach) théacsúil *LU*.

***Tempus***

Le linn do Lóegaire mac Néill a bheith ina rí ar Éirinn a thiteann a *comthód* amach, tréimhse stairiúil, adeir McCone (1990: 71), i bhfianaise na deighilte a dhéanann na ginealaigh in Rawlinson B 502 idir na ríthe ó thaobh a gcreidimh:

> In accordance with this principle of periodization, the Irish king list just cited [O'Brien 1976: 123-4] divides the monarchs into two groups with the rubrics *haec sunt nomina incredentium/qui non crediderunt*... and *haec sunt credentium regum nomina*... the latter beginning with Lóegaire son of Níall.

[15] Dá lárnaí í páirt Pátraic in *SbCC*, is suntasach gurb é Cú Chulainn féin a chuireann ar son an naoimh – agus ar son an chreidimh úir – agus gurb iad *gníomhartha* Pátraic (Cú Chulainn a thabhairt thar n-ais ina bheatha srl.) seachas a chuid focal/teagaisc atá chun cinn san insint sin; is mó páirt an laoich ná páirt an naoimh ann. Féach na hargóintí ag Ó Béarra (2009) ina leith seo.

> Thus Irish history was divided into two great epochs before and after (conversion to) the faith, *ría cretim* and *íar cretim*.

Mar sin féin, maíonn McCone (1984: 54) nach foláir a bheith san airdeall nuair a dhéantar ríshleachta agus naoimh a chur ag bruíon lena chéile sna foinsí lámhscríofa:

> Dealings between saints and dynasts in our sources are likewise liable to relate to contemporary propaganda rather than past history in any literal sense. Thus Patrick encounters three sons of Níall of the Nine Hostages, eponymous ancestor of the Uí Néill at what may be termed the 'defining node' of their geneaology, in rapid succession in paragraphs 9-13 in Tírechán.

In insint Tírechán, caitheann Pátraic go grod le Cairbre, an chéad mhac acu, a d'fhéach leis an naomh a mharú. Cuireann Pátraic mallacht ar shliocht Cairbre, go mbeidh siad faoi chois ag sliocht a dheartháireacha feasta. Is é a mhalairt de phlé a bhíonn ag an naomh lena dheartháir, Conall; glacann seisean leis an gcreideamh, agus beannaíonn Pátraic é. "[An] intermediate position" is ea an áit a suítear Lóegaire san insint; ní ghlacann sé leis an gcreideamh, ach ní baol dó Pátraic ach chomh beag. Mar adeir McCone (ibid., lch. 55): "Politically motivated schematism of this type hardly inspires confidence that Patrick ever actually met all or any of these allegedly fifth-century dynasts of the Southern Uí Néill".

Mar a chonaiceamar thuas, measann Koch (2006: 1188) nach féidir ceachtar acu, Lóegaire ná Pátraic, a úsáid le dáta a lua leis an duine eile. Ní chuirtear i gcoinne na croineolaíochta a bhaineann le hathair cáiliúil Lóegaire, Níall, áfach. Mar adeir Kelly (*ODNB*): "Although many of the stories associated with Níall are obviously apocryphal, there is a consensus among scholars that he was a genuine historical figure who lived in the fifth century". Úsáideann Mallory (2013: 9) Níall mac Echdach (fl. c.452) mar ionadaí ar Éireannach (nó ar Ghael, ba chirte a rá, b'fhéidir) "that straddles the boundary between Irish mythology and Irish history... [but] is also

recognized as an historical person" tríd síos ina shaothar ildisciplíneach *The Origins of the Irish*. Mar sin, i bhfianaise na dtuairimí atá ag scoláirí faoi "fhírinne stairiúil" an athar, idir dhátaí agus eachtraí áirithe a luaitear leis, is féidir linn glacadh leis gur mhair Lóegaire féin sa chúigiú haois, bíodh is go bhfuil dátaí éagsúla luaite le bhás Lóegaire sna hannála: *AU* 462, *CS* 460, *AI* 463, *AFM* 458.

***Causa scribendi***

Murab ionann agus *SbCC* ina bhfuil iarracht á déanamh le Lóegaire a thiontú chun na Críostaíochta (deirtear linn go luath in *CLcC* go bhfuil Lóegaire iompaithe cheana féin), is gné ar leith de theagasc na Críostaíochta (agus na himpleachtaí a eascraíonn aisti) is mó is cúis scríofa *CLcC*. Insítear i dtosach an scéil gurbh éigean do Pátraic tabhairt faoi "fertaib $_7$ [hi] mírbailib dermáraib" a chur ar siúl "hi fíadnaisi fer nĒr*end*" sular ghéill Lóegaire dár "pridcastar Pátraic". Níorbh fhada a mhair an géilleadh seo, áfach, gur fhéach Lóegaire, ar mholadh *fir Érenn*, le coincheap úr an "dílgud" a chur faoi scrúdú. Mar sin, is difear bunúsach a dhealaíonn *CLcC* ó théacsanna gaolmhara eile sa chuid sin de *LU* (*SbCC*, *Fáistini Airt meic Cuind*, *Echtra Chondla Caím*), téacsanna ina bhfuil teacht an chreidimh á thuar, nó ina bhfuil tiontú chun an chreidimh á chur chun cinn; in *CLcC* tá Lóegaire, dá amhrasaí é, iompaithe ar an gCríostaíocht cheana féin. Ceann de na torthaí ba mhó a thiocfadh as iompú seo *rí Érenn* ná go ndéanfaí aithris air seo i measc mhuintir na tíre leis. An t-ainm is coitianta a thugtar orthu siúd in *CLcC* ná *fir Érenn*, ach baineann ceist mhór le féiniúlacht an dreama seo *fir Érenn*.

***Ríogacht* agus *Fir Érenn***

> During the sixth century Welsh churchmen were very prominent in Ireland, and many loan words [sa tSean-Ghaeilge] derive from that period; their word *Goídel* no doubt had the advantage of being applicable to any inhabitant of the country, for previously there had been only regional or ethnic designations, or circumlocutions such as *fir Érenn* 'the men of Ireland' (Greene 1966: 11).

Ní fíor don uile mhaíomh a dhéanann Greene thuas, ach is díol spéise agus pointe feiliúnach tosaigh é a ráiteas dá bhfuil faoi chaibidil anseo agam. Gné shuntasach de *CLcC* is ea a mhinice agus a chastar an "circumlocution" *fir Érenn* orainn ann. Cérbh iad seo *fir Érenn* agus cad ba dhifear eatarthu siúd agus na *Goídil*? Níor mhiste na hainmneacha eile a tugadh (agus a thugtar fós) ar mhuintir na tíre seo a scrúdú i dtosach, b'fhéidir. Dar le Greene thuas gur in Éirinn ar dtús, a bhuí le manaigh na Breataine, a tosaíodh ar an iasacht *Goídel* (cf. *Gwyddel* na Nua-Bhreatnaise) a úsáid le tagairt do dhuine den mhuintir dhúchais anseo. Cuireann Ó hUiginn (2015: 21) i gcás nárbh "iontas é dá mba thall sa Bhreatain, in áiteanna a raibh an dá phobal [.i. Gaeil agus Breatnaigh] taobh le chéile, a úsáideadh an chéad uair é", áfach. Ar ndóigh níl aon fhianaise againn ar úsáid an ainm *Goídel* san aois, dar le Greene, inar cumadh é, agus is ábhar díospóireachta é cathain a glacadh leis an iasacht chéanna sa Ghaeilge (Ó hUiginn 2015: 22, n. 21).

Taispeánann Herbert (2000a: 63-4) mar a fhreagraíonn athruithe i réimsí éagsúla den tsochaí do na hainmneacha a thugtar ar dhreamanna éagsúla sna hannála, i gcás na Lochlannach go sonrach. Is léiriú ar a dtionchar ar réimse na heaglaise, go príomha, na samplaí de "gennti" bheith á dtabhairt orthu in *Annála Uladh* (s.a. 812, 821): "[A]s Vikings became component elements in the Irish population, the onomastic response is revealing" (Herbert 2000: 63). Dar le [h]Ó hUiginn (2015: 22-3): "Go praiticiúil...

b'ionann *Goídil* agus muintir na hÉireann uilig agus sinn ag trácht ar Éirinn sa tréimhse is luaithe sa stair, ach ó dheireadh na hochtú haoise tháinig cor nua i saol an fhocail le teacht na Lochlannach agus le forbairt an fhocail *Gall*".

Stair shuimiúil é stair shéimeantach an fhocail *Gall*: "Focal é seo a chiallaigh i dtús ama 'duine ón nGaill' ach a ghlac an bhrí 'Lochlannach' nó 'eachtrannach' chuige féin le himeacht aimsire" (lch. 23). Baineadh úsáid as na focail chontrárthachta seo .i. Gael agus Gall, le tagairt don bhundeighilt idir an mhuintir dhúchais agus na hionraitheoirí ba dhéanaí go ceann i bhfad i ndiaidh theacht na Lochlannach. Faoin dara leath den naoú haois "these terms are also being used compositely, so that *Gallgoídil* specifies those of mixed Viking-Irish parentage" (Herbert 2000a: 64). Ní hamháin sin, ach dealaíodh idir Lochlannaigh a chuir fúthu in Éirinn agus muintir a dtíortha nár mhair in Éirinn, mar a fheictear sna samplaí de *Gaill Érenn* (s.a. *AU* 853, 865, 857) a aimsíonn Herbert (do shamplaí níos déanaí ná sin, leis, cf. Ó hUiginn 2015: 23, n. 29). Níor thaise é do dhealú idir *Gaill Érenn* in Éirinn féin, mar a thaispeánann Ó hUiginn (23-4, n. 29-40), *Gaill Chorcaigi* (*AI* 1196), nó [*do*] *Gallaib Luimnigh* (*Annals of Tigernach* 1115). Gné spéisiúil í den chontrárthacht idir *Goídel* agus *Gall* a chuireann Ó hUiginn (2015: 25) in iúl dúinn ná an "toise liteartha nó stíle" a bhaineann le "comhshuíomh na bhfocal seo sa bhfrása":

> Bíodh gur chontrárthachtaí iad, tá siad ar aon dul leis na dúblóga comhchiallacha atá chomh forleathan sin sa Ghaeilge, leithéidí *gal* agus *gaisge*, *fleadh* agus *féasta*, *freasdal* agus *frithóladh*, *toisg* agus *turas*, mar a ndéanann na focail uaim le chéile agus gur faide de shiolla ar a laghad an dara ceann ná an chéad cheann.

Mhair an téarma *Goídel* ó shin, ar ndóigh, mhair agus ina theannta, ar feadh i bhfad an téarma *Fir Érenn*: "téarma uileghabhálach é *Fir Éireann* a chuimsíonn muintir na tíre uilig idir Ghaeil agus na Gaill a bhí socraithe síos sa tír, téarma é a bhí in úsáid go

forleathan sna meánaoiseanna agus a mhair anuas go dtí aimsir Chéitinn féin agus ina dhiaidh" (ibid., lch. 30). Tugann Ó hUiginn go leor samplaí den mheascán a chuimsíonn an téarma (.i. na *Gaill* éagsúla a chuir fréamhacha síos in ithir na hÉireann), agus bréagnaíonn sé téis Leerssen "that *fir Érenn* were Gaels, all Gaels and nothing but Gaels" (lch. 28, n. 52). Díol suntais an plé a dhéanann Ó hUiginn (lch. 29) ar cheist a dhúisíonn Leerssen, "go ndéantar idirdhealú go pointe idir *Fir Éireann* agus na hUlaidh sa Rúraíocht".

Téarma é *fir Érenn* "atá le fáil go fairsing ó aimsir na Sean-Ghaeilge anuas go dtí an seachtú haois déag" (lch. 25), ach ní hionann é sin agus a rá go raibh an bhrí chéanna leis i dtús na tréimhse sin agus a bhí ag a deireadh. Téann an téarma *fir Érenn* go croí na ceiste maidir le mianta polaitiúla Uí Néill san ochtú agus sa naoú haois, tráth a raibh siad ag cur go tréan lena gcuid cumhachta. In ainneoin a nirt, bhí laige i struchtúr an ríshleachta sin a d'fhág nach raibh sé inniúil i gcónaí ar chur lena "extensive authority in the north and midlands of the country" (Herbert 2000a: 63). Maíonn Herbert (ibid.): "Alternation of power between its northern and southern branches... meant that the dynasty's internal concerns could be an impediment to effective external engagement".

Ba é Máel Sechnaill mac Maíl Ruanaid ba thúisce d'Uí Néill a sháraigh na deacrachtaí inmheánacha seo; bhain sé ardríogacht an ríshleachta amach in 846 agus é ag déanamh aithrise ar rí Muimhneach: "In the wake of the latter's [Feidlimid mac Crimthainn] aggrandizing ambition, Máel Sechnaill, with a combination of force and diplomacy, sought to extend his power" (Herbert 2000a: 63). Rinne sé amhlaidh trí ghlacadh le, agus buntáiste a bhaint as an athrú a bhí tagtha ar shochaí shaolta na

tíre (lch. 64): “Máel Sechnaill himself is reported as having *Gallgoídil* in his army (*AU* 850, 856)”. Faoin mbliain 858 tuairiscíonn *AU* mar leanas:

> Mael Sechnaill m. Mael Ruanaigh co feraib Er*enn* do tuidhecht hi tire Muman co ndeisidh .x. n-aithci oc Neim ⁊ a n-innred co muir fadess iar madmaim fo*r*a rriga oc Carn Lughdach, co fargbadh ann lethri na nDeise, Mael Cron m. Mu*ir*edhaigh. Tuc Mael Sechl*ainn* iarum giallu Muman o Belut Gabrain co Insi Tarbnai iar nÉre ⁊ o Dun Cermnai co hArainn nAirthir.
>
> Mael Sechnaill son of Mael Ruanaid came with the men of Ireland to the lands of Mumu and halted for ten nights at Niam; and he plundered them to the south as far as the sea, after their kings had been defeated at Carn Lugdach, Maelchrón son of Muiredach, one of two kings of the Déisi, being left dead there. Mael Sechnaill then took the hostages of Mumu from Belat Gabráin to Inis Tarbnai off the Irish coast, and from Dún Cermna to Ára Airthir.

Deir Herbert i leith shlua seo Máel Sechnaill agus an téarma *fir Érenn* (64): “[a]ssociation with the island of Ireland bonded a heterogeneous royal following, and geography supplanted geneology as a common identifier”. Díríonn Herbert (2007: 92) aird ar úsáid an téarma seo, agus téarma gaolmhar .i. *rí Érenn*, in *LU*:

> [w]e see throughout Lebor na hUidre that social and political data are refigured to become mimetic of contemporary circumstances. Most frequently, the traditional title of ‘king of Tara’ is rendered *rí*/*ardrí Érenn*, ‘king/high-king of Ireland’, and the collective *fir Érenn*, ‘the men of Ireland’, comes to denote the followers of the leading monarchs.

An teideal a thugtar ar Máel Sechnaill in *AU* faoi bhliain a bháis, 862 .i. *rí hÉrenn uile*, ní raibh a leithéid cinntithe dá chomharbaí sa ríshliocht áfach. Iompaíodh an athuair ar mhalartú na ríogachta ar bhonn na deighilte idir Uí Néill an Deiscirt agus Uí Néill an Tuaiscirt, agus ba é Áed Finnliath a bhain buaic na ríogachta amach dá éis. Má bhain, níor éirigh leis Uí Néill an Deiscirt a cheansú, rud a d’fhág go raibh “internal rivalry within the dynasty... in tension with the concept of a greater kingship pioneered by Máel Sechnaill” (Herbert 2000a: 64-5). I réimeas Flann, mac le Máel Sechnaill, áfach, bhí teacht aniar le feiceáil, ní hamháin sna hinscríbhinní ar dhealbha

a bhuanaigh a stádas mar *rí Érenn*, ach i ndán le Máel Mura Othna dar teideal *Flann for Érinn*, a cumadh timpeall na bliana 885 freisin (ibid., lch. 65). Mar chomharba ar Tuathal Techtmar, sinsear neamhstairiúil Uí Néill, a chuirtear Flann in iúl sa dán. Os a choinne sin, cúinsí a bhí comhaimseartha le réimeas Flann is ábhar don mhúnla ríogachta a chuirtear i leith réimeas Tuathal, adeir Herbert:

> [r]epresentation of the conduct of Tuathal's kingship reflects the actuality and aspiration of ninth-century Irish sovereignty. The ancestral king takes hostages from all the provinces of Ireland, and compels their leaders to loyalty to his line forever. Thus, poetic testimony supports annal inference that the 'kingship of Ireland' was not constituted by territorial rule over the island. Rather, it involved overlordship over Irish provincial rulers, and the right to mobilize their followers collectively as *fir Érenn*, 'the men of Ireland' (ibid., lgh. 65-6).

Deir Ó Corráin (1978: 8) go mbaineann úsáid an téarma *fir Érenn* le "not only a concept of Ireland as a whole but an identification of some sort of the affairs of Ireland as a whole with the fortunes of the dominant king of the day". Freagraíonn úsáid an téarma seo i bhfriotal Uí Chorráin .i. "an identification of some sort", mar sin, dá bhfuil ann de theibíocht taobh thiar den téarma eile *rí Érenn*. Cuireann Mac Cana (2011: 284), agus é ag iniúchadh choincheap na náisiúntachta sa luath-mheánaois in Éirinn, a théis i láthair mar seo:

> The central thesis of the present essay is that the history of Irish society is marked by a continual counterpoint between a cultural and ideological system that is national and comprehensive and a system of political organization that is essentially local or regional and never quite succeeds in transcending the sum of its parts.

Bíodh nach ionann an tuiscint nua-aimseartha ar an rud is *rí* nó *ceannaire* náisiúnta ann agus an tseantuiscint, is geall le fíric stairiúil é nár éirigh le haon rí cúige in Éirinn ceannas iomlán a fháil ar an tír sa Mheánaois luath, ach amháin sa tslí a gcuireann Herbert síos air i gcás réimeas Flann thuas .i. "[t]he ancestral king takes hostages from

all the provinces of Ireland, and compels their leaders to loyalty to his line forever". Léiríonn bás Lóegaire in *CLcC* na laigí a bhain le ríogacht uile Éireann. Tar éis dó "cathroinedh" a thabhairt do na Laigin sa bhliain 453 (*AU* s.a.; bliain sular ceiliúradh *feis Temra*(*ch*), de réir *AU*), ní raibh dóthain cumhachta ag "slógad" Lóegaire leis an *bórama* a bhaint de na Laigin nuair a d'fhéach sé lena dhéanamh cúig bliana ina dhiaidh sin, agus briseadh an cath in Áth Dara air dá réir:

> Cath Atho Dara for Laighaire re Laighnibh in quo & ipse captus est, sed tunc dimissus est, iurans per solem & uentum se boues eis dimissurum (*AU* 458; cf. *AU* 459: "No gumadh ar an Kl.- so cath Atha Dara secundum alios").
>
> The battle of Áth Dara was won by the Laigin over Laegaire, and in it he himself was taken prisoner, but was then freed on swearing by sun and wind that he would remit to them the cattle-tribute.

Le cúraimí polaitiúla amháin a bhain an téarma *fir Érenn*, más ea; sa pholaitíocht a bhí an náisiún, agus féiniúlacht náisiúnta le haimsiú, dá réir. Ag tagairt do théis Uí Chorráin (a phléifear thíos) deir Herbert (2000a: 71):

> In Ireland, moreover, perceptions of common descent, as well as of linguistic and legal uniformity, already projected a 'national' self-awareness. The rationale for a distinct political articulation of identity, was, perhaps, less than clearly perceptible in the face of social and cultural solidarity.

Is é seo an "modern view" a luann Mac Cana (2011: 265) dár tagraíodh i dtosach na caibidle seo, agus is ar argóintí Uí Chorráin is mó, dhealródh sé, atá an dearcadh seo bunaithe. Tráchtann Ó Corráin (1978: 7) ar thábhacht an *Senchas Már* do choincheap an náisiúin, coincheap a chothaigh an t-aos dána:

> While it is clear then that the law was local in application... and custom differed from place to place, nonetheless the custom of Ireland as a whole was present in the minds of the jurists and with the growing authority of the *Senchas Már* there may have been a real tendency towards uniformity.

I bhfianaise a bhfuil pléite thuas faoi ghníomhaíocht lucht bolscaireachta/bréagstaire, bheinn den tuairim gur cruinne barúil Stevenson (1989: 150):

> Early medieval Ireland was only a unity when seen from outside; the lack of centralisation meant that different social, cultural or literary developments, or different stages of the same trend, could exist simultaneously in different parts of the country.

Ar cheann de na samplaí a chuireann Stevenson ar fáil tá na clocha Oghaim, agus a ndáileadh in Éirinn (.i. gur i gcúige Mumhan is mó a fhaightear iad, bíodh nach dóigh le McManus (1991: 45) gur leid é seo maidir le háit chumtha an chórais inscríbhinne féin). Is athrú ó ghinealaigh agus gaol fola, ar thaobh amháin, go talamh agus dílseacht phearsanta don rí a léiríonn fianaise don téarma *fir Érenn* i rith na Meánaoise. Is dlúthcheangal atá idir na téarmaí *rí Érenn* agus *fir Érenn*, agus santú na cumhachta: “the ninth-century assumption of the title of *rí Érenn* was a first step towards the definition of a national kingship and a territorially-based Irish realm. Yet change only gained ground after the stranglehold of Uí Néill power-structures was broken in the eleventh century” (Herbert 2000a: 72). Gné eile a bhí in úsáid an téarma *fir Érenn* de bholscaireacht ríogacht na hÉireann.

## Cuid a hAon, Rannóg a Dó: *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* agus na Dlíthe

## Caibidil a Cúig: Na Dlíthe agus *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided*

Sa chuid seo den tráchtas caitear súil ar an ábhar dlíthiúil a chaomhnaítear in *CLcC*, i gcomhthéacs an ábhair atá in *PHP*, agus i gcomhthéacs na fianaise don dlí i litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge trí chéile. Tugtar faoi chúpla buncheist a fhreagairt: (a) cad é go díreach an t-ábhar dlíthiúil a chaomhnaítear in *CLcC*, agus (b) cén difear atá idir é sin agus ábhar an *PHP*. Ceist eile a eascraíonn as seo ná nádúr ábhar an *Bórama*, an chuid sin de *CLcC* a bhaineann leis an tsochaí neamh-Chríostaí, sochaí a lean de ghnásanna na réamh-Chríostaíochta. Arbh amhlaidh a roghnaigh cumadóir *CLcC* an córas malartach seo, a mhair faoi réim an *recht aicnid* (law of nature), ar chúiseanna eile seachas gur thrácht sé ar *aided* Lóegaire? Is é sin, ar chinneadh d'aon ghnó a bhí ann gnéithe den chóras seo a chur i gcomparáid (más go ciúin féin é) leis an gcóras nua-bhunaithe a d'aithin an *cáin dílguda* (law of forgiveness)?

Níor chóras oilc a bhí sa *recht aicnid*, de réir mar a insítear dúinn sa *PHP* agus in *Córus Béscnai*; dá bharr sin, ní raibh le déanamh ag lucht an athbhreithnithe ach an dá chineál *recht* a chur i bhfeiliúint dá chéile, le go mbunófaí *comúaim n-ecalsa fri túaith*. Ach an féidir a thuiscint ó eachtra *aided* Lóegaire gur bhreith de chuid an údair a bhí ann go gcaillfí Lóegaire ar shlí neamh-Chríostaí? Ó tharla gur téacs liteartha é *CLcC*, murab ionann agus tráchtas dlí, ní mór trácht a dhéanamh i dtosach ar an ngaol idir an dlí agus an litríocht i gcoitinne. Cén fáth a bhfuil sliocht 'dlíthiúil' le fáil sa téacs áirithe seo in *LU*, lámhscríbhinn nach cás léi na dlíthe?

**Na Dlíthe agus an Litríocht**

Ar an gcéad amharc, is ar éigean a shamhlófaí an litríocht le cúrsaí dlí. Ba bhéarlagar 'ársa' é ("the language of these tracts is very technical and often deliberately obscure", Binchy 1943: 196), a úsáideadh ar mhaithe le cuma aduain a chur ar an ábhar féin, an cineál teanga a fhaightear sna tráchtais dlí. Maítear gurbh é cuspóir an bhéarlagair seo smacht ar na dlíthe a chinntiú don dream a shaothraigh iad. Seo mar a chuireann Binchy (1975: 31-2) síos ar na dúshláin eile a bhaineann leis an dlí seo:

> They are difficulties that arise in connection with every archaic society in which law-making has remained the monoploly of a privileged professional caste. The first is the static, one could almost say timeless, quality that characterises the legal rules which have been formulated in schools staffed by members of the caste, whose function is not to change or improve the law but simply to hand on to their disciples by word of mouth the ancestral wisdom they themselves have received from their teachers and thereby to preserve intact both the *mos maiorum* and the privileges of their professional order.

D'fhág an cleachtas seo gur *corpus* dlíthe a bhí scoite amach ón saol coitianta (amhail gach aon chóras dlíthe, b'fhéidir), *corpus* nárbh fhéidir athruithe a chur i bhfeidhm air go saoráideach:

> Once the canonical texts had been finally empanelled, the order of society mirrored in them became something permanent and immutable, for the tracts, though their rules might be 'interpreted' by later jurists, could never be contradicted, still less repealed. The result was a legal system divorced from practical life, congealed in an obsolete social and political framework and incapable of reflecting historical development (Binchy 1975: 32).

Is ait linn, mar sin, go mbeadh trasnaíl idir an córas 'neamhathraitheach'[16] seo nár léirigh forbairt stairiúil, agus an *corpus* litríochta; ní hamháin sin, ach gur féidir insintí liteartha a áireamh ar cheann de shainghnéithe na ndlíthe seo, faoi mar a mhaíonn

[16] Níor cheart glacadh le barúil Binchy gur córas 'reoite' amach is amach a bhí sna dlíthe seo; féach an trácht ag Stevenson (1989: 163) ar fhianaise a bhréagnaíonn léamh Binchy.

Qiu (2014: 3): “the extensive use of narratives is one of the most enduring and distinguishing characteristics of medieval Irish legal writing”. Cuireann scoláirí a shaothraíonn i ngort na ndlíthe mórán fianaise inár láthair a thugann le fios gur féidir cur leis an tuiscint atá againn ar litríocht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge ach an gaol idir na dlíthe agus an litríocht a scrúdú. Is cur chuige é seo a thagann ó bhrainse gaolta léinn, léann an dlí nua-aimseartha, adeir Stacey (2005: 65), agus é bunaithe ar an teoiric gurb é an cúlra cultúrtha céanna atá ag an dlí agus ag an litríocht araon:

> [S]tudies have been predicated on the idea that law and literature share a common cultural background and can therefore be used to elucidate or expand upon one another... in medieval Ireland and Wales, close ties existed between members of the legal and literary professions, a fact that raises the possibility of asking questions similar to those put forward by modern legal theorists. To read law *as* literature, to consider the fictional aspects of texts too often presumed to be immune to falsehood or bias, is to reveal a side of legal tradition that has not often enough been stressed. [le Stacey an bhéim]

Cuireann Stacey (ibid.) an nasc idir cumadóirí na ndlíthe agus an *literati* (agus lucht na heaglaise, leis) i láthair tríd an bhfocal *senchas*:

> In Ireland, law was considered part of the traditional *senchas*, ‘lore’, of the learned classes, and as such was both composed and practised by professionals with intimate links to the clerics and *literati* to whose efforts early Irish literature is generally ascribed.

Is téarma cuíosach leathan é *senchas*; cuireann Byrne (1974: 138) síos air mar “the traditional lore of Irish culture: topographical... legal... and genealogical”. Cuireann sainmhíniú McCone (1990: 65) beagáinín leis seo, gan na buneilimintí a bhaint de: “The resultant *senchas* is a web encompassing the bare topological, genealogical and chronological record, various types of prose or verse narrative, and law”. Is de dhlúth agus d’inneach na litríochta Gaelaí an focal *senchas*; solaoid fhánach ar a uileláithreacht is ea go bhfaightear plé ar bhrí an fhocail *senchas* sna lámhscríbhinní eile (ABC; féach thíos) seachas *CLcC* a chaomhnaíonn an *PHP*. Dealaíonn an plé seo

idir an *senchas* dúchais (*iar senchaidib na Gaidilge*) agus *senchas* na Laidine (*iar sencus in ecna*) (Carey 1994a: 1-2). Is é tuairim McCone (1986: 2) gurb amhlaidh a chuaigh an plé sin ar *senchas* in A agus B (ní hionann agus C) ar strae ó fhíor-réamhrá an *Senchas Már*, tuairim a bhfuil dealramh léi, is dóigh liom. Tugann fíor-réamhrá an *Senchas Már* (murab ionann agus an réamhrá bréagstairiúil arbh é Binchy a d'ainmnigh) le fios go raibh páirt mhór ag na *filid* i gcaomhnú an *senchas* féin (Breatnach 2011: 4-5):

> Senchas fer nÉrenn, cid conid-roíter? Comchuimne dá ṡen, tindnacul clúaise di araili, díchetal filed, tórmach ó recht litre, nertad fri recht n-aicnid.
>
> The tradition of the men of Ireland, what has preserved it? Joint recollection of two elders, transmission from one ear to another, chanting of poets, augmentation from the law of Scripture, reliance on the law of nature.

Aithnítear, mar sin, tábhacht na *filid* i gcaomhnú *senchas* na hÉireann. Dá ainneoin sin, ní léir ar fad cérbh iad go díreach na daoine a shaothraigh na gnéithe éagsúla den *senchas* céanna; d'fhéadfaí a mhaíomh, b'fhéidir, go raibh claonadh áirithe i dtreo na *filid* i bhfíor-réamhrá an *Senchas Már*, ó tharla *comdíre* bheith deimhnithe ann idir an *rí* agus an *suí filed*, i measc daoine eile (Breatnach 2011: 4-5):

> Is i Senchas Már ro airled comdíre do ríg ⁊ epscop ⁊ águ rechto litre ⁊ suïd ḟiled do-chain di chennaib, for-osnai imbas...
>
> It is in *Senchas Már* that the same compensation has been determined for a king and a bishop and a pillar of the law of Scripture and a master poet who chants extempore, whom inspiration illuminates...

Feictear gur féachadh le hionrachas na *filid* a dheimhniú agus a chur faoi smacht sa tráchtas céanna, áfach:

> Ataat cethéora sabaid túaithe noda desruithetar i mbecaib: rí gúbrethach, epscop tuisledach, fili díupartach, aire esindric. Nád óget a mámu ní dlegar doib díre.
>
> There are four eminences of a kingdom who debase themselves through petty things: a falsely-judging king, a stumbling bishop, a fraudulent poet, an

> unworthy noble. Those who do not fulfil their obligations are not entitled to honour-price (ibid., lgh. 6-7).

Glacann scoláirí go coitianta le dearcadh Stacey, go raibh lucht cumtha na ndlíthe agus lucht scríofa na scéalta gar go maith dá chéile; "very intimate", a mheas Binchy (1968: 40), a bhí an "connexion between the poet and the lawyer". Dar leis gur eascair na *brithemain* ó na *filid* ó cheart, agus gur fhág leagan amach na *filid* mar aicme ar leith a rian ar chóras na *brithemain* féin (1958: 45): "As for the hierarchy of *brithemain*... there is every reason to believe that the professional jurists, even after they had hived off from the parent order of *filid*, retained much of its organization, including the division into 'grades'". Is éasca na ceangail agus an caidreamh idir dlí agus litríocht sa luathré a *mhíniú*, má ghlactar leis an dearcadh seo. Tá Breatnach (2010: 237-8) ar aon intinn le Binchy ina leith seo, agus deir sé: "No matter how much they might have claimed independence from the poets, the lawyers never fully severed their connections with poetry and literature". Ó aon fhoinse amháin a tháinig lucht eaglaise, dlí agus na *literati*, adeir Ó Corráin (1978: 18): "It is evident that the clergy moved easily in legal, poetic, and learned circles, and all seem to derive from one source: the politically unsuccessful segments of the ruling dynasties" (aimsíonn Ó Corráin samplaí dá leithéid de dhuine, agus na feidhmeanna éagsúla eile a bhí aige, as na hannála; cf. 27-8). Dá tharraingtí iad ráitis mar seo, agus dá fheidhmiúla iad mar mhínithe, ní hionann iad agus fianaise a sholáthar ar spleáchas na *brithemain* ar na *filid*, áfach.

Rud nach dtugann Stacey faoi ná scagadh a dhéanamh ar nádúr na "ndlúthnasc" sin idir lucht dlí agus litríochta. Arbh iad na daoine céanna a scríobh na tráchtais dlí agus na seanscéalta araon? Nó ar chaomhnaigh siad araon iad, gan ach ceann amháin acu

a chumadh .i. *fili* ag cumadh agus ag caomhnú dánta agus scéalta, *brithem* agus dlí á thiomsú aige? Leis an gceart a thabhairt do Stacey, is dóichí nach bhféadfar ceist mar sin a fhreagairt go deo, ach ní thugann sí samplaí beachta dá bhfuil i gceist aici leis na "intimate links" seo; is ginearálta go mór an cúlra cultúrtha céanna a bheith ag an litríocht agus an dlí, ná sainiú a dhéanamh ar dhlúthnaisc idir cumadóirí na ndlíthe agus na *literati*.

Deir Kelly (1988: 47), mar shampla, nach soiléir in aon chor ról an *fili* ó thaobh na ndlíthe de: "The degree to which the *fili* was involved in the theory and practice of early Irish law is difficult to assess, and there seems to have been considerable variation is his rôle". Ní dhéanann Kelly (ibid.) tuairim Binchy thuasluaite ar bhunús na *brithemain* a bhréagnú, ach cuireann sé samplaí den éagsúlacht nach beag úd i bhfeidhmeanna dlíthiúla na *filid* i láthair. Ar bhunús an dlí, is é sin, ar an scoil as ar eascair dlí ar leith (faoi mar a dheighil Binchy scoileanna an *Senchas Már* agus na scoileanna *Nemed*) a bhraith feidhm an *fili* sna dlíthe (Kelly 1988: 47-8). Is é mórbhua thaighde Stacey go dtaispeánann sí an t-adhmad is féidir a bhaint as an dá fhoinse seo a scrúdú i bhfochair a chéile. Ach ní dócha gur féidir maíomh níos treise a dhéanamh (in ionad "intimate links" a chur chun tosaigh) ná moladh gur bhain aicme an dlí (*brithemain*) agus na *literati* (*filid*) lena chéile ar shlite éagsúla: gur den lucht léinn iad araon, go raibh an scríobh acu (ach féach Ó Murchadha (2015), go mb'fhéidir gur ó dheachtú a bhreac scríobhaithe ar uairibh), gur den *senchas* a gcúraim thraidisiúnta, agus gur fhág siad cáipéisí (lámhscríbhinní) ina ndiaidh.

Taispeánann cuid mhór d'fhianaise na lámhscríbhinní dúinn gurbh as lámh a chéile a shaothraigh *filid* agus *brithemain*, rud a thabharfadh le fios go mb'fhéidir gurbh aon

dream amháin a bhí iontu. Cuireann Breatnach (1984: 439-59) argóint láidir chun cinn i dtaobh lámhscríbhinne amháin ina gcaomhnaítear *Bretha Nemed*, is é sin Nero A vii, gur triúr "braithre buile" ("kinsmen" a aistriúchán), mar atá, Forannán, easpag, Máel Tuile, file, agus Báethgalach hua Búirecháin, breitheamh, a chuir an téacs dlí sin le chéile i gcúige Mumhan idir na blianta 721-742. Baineann impleachtaí tábhachtacha lena áitiú (lch. 459):

> The use of the ecclesiastical *Collectio canonum* [*Hibernensis*], a text with definite Munster connections, the other signs of ecclesiastical influence, the evidence for a high degree of familiarity with Latin, and the fact that the three compilers, bishop, poet and judge, were kinsmen show that for eighth-century Munster we can hardly speak of secular law-schools uninfluenced by christianity.

Mar a chéile, thuigfí ón áitiú a dhéanann Breatnach (2011) i dtaobh dáta agus bunús an *Senchas Már* gur ghaol an-ghairid a bhí idir lucht cumtha dlí, na *literati* agus an eaglais, faoi mar atá curtha chun cinn ag Stacey thuas (2005: 65). Dar le Breatnach (2011: 42), ba in Ard Mhacha a cuireadh an *Senchas Már* le chéile, idir na blianta 660 agus 680. Tugann sé "a legal handbook" air, "which sets out to state what the law relating to an extraordinarily wide variety of matters is" (2011: 10). Bíodh is nach féidir a shainmhíniú cén gaol go díreach a bhí idir *filid*, *brithemain* agus lucht na heaglaise, thabharfadh an fhianaise seo le fios gur gaol gairid a bhí ann.

Ar ndóigh, is mór idir tuiscint na haoise seo ar 'fhile' agus *fili* i dtréimhse na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Mar adeir Breatnach (1990: 4): "The word *fili*... is usually translated 'poet', but it is clear that the *fili* was much more than a versifier – he was a learned academic who had undergone a rigorous education in all branches of secular knowledge; furthermore, he wrote prose as well as verse" (cuimhnítear gur idir phrós agus fhilíocht, agus meascán díobh araon ar uairibh a fhaightear sna dlíthe).

An fhianaise is láidre, b'fhéidir, den oiliúint a fuair *filid* i mbrainse amháin den eolas tuata sin – na dlíthe, sa chás seo – ná an líne a leanann as *Uraicecht na Ríar* (Breatnach 1987: 102-3) a thagraíonn don *fili* ab airde in aicmí na *filid*, an *ollam filed*:

> dán ollaman cétomus; secht cóecait drécht lais, .i. cóeca cach gráid; is éola i cach coimgniu, 7 is éola i mbrithemnacht ḟénechais.
>
> the competence of the *ollam* first: he has three hundred and fifty compositions, that is fifty for each grade; he is knowledgeable in all historical science, and he is knowledgeable in the jurisprudence of Irish law.

An deacracht a bhaineann leis seo, áfach, ná nach féidir a dhéanamh amach cén tuiscint go baileach ar na dlíthe a theastaigh ón *ollam filed*, ná cén pháirt a bhí aige i ndréachtú na ndlíthe. Ó tharla gur rí-dheacair dúinn teorainneacha dochta a tharraingt idir lucht léinn na luath-thréimhse, mar atá, *fili*, *brithem*, agus *senchaid*, níor mhiste, b'fhéidir, moladh Mhic Cana (2011: 53) i dtaobh *senchaid* a chur san áireamh:

> The *senchaid*... as the professional exponent of *senchas* was titled, was both more and less than a 'historian' in the modern sense... It seems very probable that even before the advent of writing in the vernacular certain traditional *eruditi* were regarded as particularly qualified to deal authoritatively with technical matters, legal or otherwise, requiring a wide and detailed knowledge of tradition; presumably they would have differed from the *filid* in not having to dedicate themselves to protracted studies of subjects like metrics and grammar, nor perhaps having the responsibility or perquisite of composing praise-poetry. It is also true that some monastic *literati*, often referred to as *senchaidi* in the annals, appear to focus particularly on historical topics.

De réir na tuairime seo, is den bhunús léannta céanna iad go léir, ach gur cinneadh ar oiliúint i mbrainse áirithe a thabhairt dóibh, ina nduine agus ina nduine, de réir tomhais éigin nach féidir linne a mheas a thuilleadh, faraor. Níl anseo ach tuairimíocht ag Mac Cana, ach is cur i gcás spéisiúil é, agus is féidir leis sinn a threorú anseo cuid mhaith, agus sinn ag tochailt in éagmais na fianaise (a) a dhealódh an t-

aos dána go soiléir óna chéile, agus (b) os a choinne sin, a dheimhneodh cad é go díreach nádúr na ndlúthnasc a bhí eatarthu.

Is féidir leas a bhaint as an gcur chuige a mholann Stacey maidir le gnéithe de na dlíthe agus an litríocht a thuiscint, agus is díol spéise cuid de na torthaí a thagann as an gcur chuige sin. Soláthraíonn Breatnach (2010: 234-5) sampla amháin, mar atá, gaisce cáiliúil an ógánaigh, Sétantae, a mharaíonn cú an ghabha, Culann, agus a ghlacann cúram cosanta an ghabha agus a bheithíoch chuige féin dá éis. Pléitear marú madraí, agus an cúiteamh is gá don té a mharaigh a thabhairt d'úinéir madraí, i roinnt téacsanna dlí. De réir na dtéacsanna dlí sin, b'éigean don té sin an gníomh ceannann céanna a rinne Sétantae (dá éis) a dhéanamh, is é sin, cúiteamh a íoc, agus feidhmeanna an mhadra a chomhlíonadh go dtí go gcuirfeadh sé madra ionaid ar fáil. Mar adeir Breatnach (lch. 235): "When we read this [*gaisce Sétantae*] in conjunction with the law texts, we can see that Cú Chulainn is not making an extraordinarily generous offer, but is actually fulfilling the requirements of early Irish law". Léiríonn Ó Cathasaigh (2014: 222-4) samplaí eile den chineál seo ó *Táin Bó Cúailnge*, ó na *macgnímrada* céanna go deimhin. Is téacs fada é *TBC* (faightear na macghníomhartha in atheagair a haon agus a dó; féach Melia 1974 do phlé ar na codanna sin de na macghníomhartha atá in atheagar a haon amháin). Is iomaí léamh is féidir a dhéanamh ar *Táin Bó Cúailnge*, agus is mó sin teoiric a chuirtear chun tosaigh ina thaobh, de bharr a fhaid chomh maith lena iliomad eachtraí, carachtar agus móitífeanna. Níorbh ionadh, b'fhéidir, rian na ndlíthe a bheith le sonrú ar théacs dá fhad. Is argóint an-spéisiúil, mar sin, a chuireann Breatnach (2014: 17-20) chun cinn i dtaobh téacs an-ghairid ar fad, an rann thíos a bhfuil aithne mhór air (McLaughlin 2008: 134-5):

Ro-cúala
ní tabair eochu ar dúana;
do-beir a n-í as dúthaig dó,
bó.

I have heard
he does not give horses in exchange for poems;
he gives what is natural for him –
a cow.

Dar le Breatnach (2014: 17-9), ní féidir a thuiscint cén duine ná cén aicme atá á aoradh san "extraordinarily subtle satire on ungenerous payment" seo (an aicme a ainmnítear as an *fer fothlai* an dream atá i gceist, de réir a argóna) gan na dlíthe a bhaineann le cineálacha íocaíochta a chíoradh go mion. Foinse eile filíochta a chuireann samplaí den ghaol seo idir litríocht agus dlí i láthair is ea dánta *Blathmac*. Admhaíonn Breatnach (2015: 105) nárbh eisean ba thúisce a phléigh na dánta sin ó thaobh an tsolais a d'fhéadfaidís a chaitheamh ar ghnéithe den tsochaí inar cumadh iad (féach Quin 1981: 40, mar shampla, mar a maítear gurb iad na meafair dhlíthiúla sa dán *Ísucán* "[that] to a large extent set the tone of the poem"). Mar sin féin, léiríonn an mionscrúdú dá chuid ar théarmaí a bhaineann le gaol an *céile* lena *flaith* (Breatnach 2015: 106-14) gur chuir *Blathmac* dua air féin agus é ag iarraidh ábhar bíobalta a chur i bhfeiliúint dá lucht comhaimseartha, de réir gnásanna na linne (lch. 118):

> an important feature of medieval translations in general is that they translate cultural norms as well as language. Blathmac is translating Christ's life and death in accordance with early medieval Irish norms, and his success in doing so is one of the many outstanding features of this body of work...

Murab ionann agus na téacsanna eile a pléadh go dtí seo, a thugann léiriú ar shochaí na tíre trí litríocht na tíre sin, is sampla é dánta *Blathmac* de ghnéithe dúchasacha á gcur le hábhar ón iasacht. Mar a thugann Poppe (2005: 205) le fios i dtaobh aistriúcháin/athscríobh saothar ón iasacht sa Ghaeilge: "the comparison of the Irish text with the sources(s) on which it is based makes it possible to define characteristic features of the Irish approach which will bring their authors' frame of mind into a sharper focus than the analysis of native texts". Pléifear thíos an áit is féidir an dlí a shuíomh i dtéacsanna Sean- agus Meán-Ghaeilge.

**Dlí sa litríocht vs Litríocht sa Dlí**

Mar sin féin, má ghlactar le háiteamh Stacey, agus leis an gcur chuige seo trí chéile, ní mór idirdhealú a dhéanamh ar (a) feidhm an dlí sa litríocht, agus (b) feidhm na litríochta sa dlí. Taispeánann Breatnach (2010), Qiu (2013a,b) agus Stacey (2005), mar shampla, gur baineadh úsáid as carachtair neamhstairiúla agus pearsana stairiúla araon ón *corpus* litríochta sna dlíthe ar chúiseanna éagsúla. Ba mhinic leis na *brithemain* aghaidh fidil a chur orthu féin, adeir Stacey (2005: 74) agus a mbreitheanna á leagan ar charachtair neamhstairiúla (nó pearsain stairiúla féin):

> [H]ence the origin of well-known rules – and more particularly of innovations in the law, such as the recognition of legal capacity to women – is always traced back to the action of some famous mythological figure and thus invested with the sanctity of hallowed tradition (Binchy 1968: 41).

Bhain údarás leis na carachtair seo, idir stairiúil agus neamhstairiúil, agus feictear an cleas céanna sa *corpus* filíochta, freisin: "For example, poems concerned with the theme of exile are put into the mouth of Colum Cille, himself an exile from Ireland. The use of such personae often represents an attempt to enhance the authority of a

poem" (Murray 2014: 295). Ba mhinic an tseift seo in úsáid ag na *filid* le mothúcháin éagsúla a chur in iúl, dar le Tymoczko:

> [i]n order to express most of the range of human affective experience to be shared intersubjectively in poetry, rather than present such emotions directly through a persona particular to the self, Celtic poets [*.i. filí na Gaeilge agus na Breatnaise*] assumed the persona of a traditional fictional character (1996: 190).

Tugann Breatnach (2010: 233-4) samplaí de théacsanna liteartha éagsúla a dtéann na dlíthe i bhfeidhm orthu, samplaí a scrúdófar ar ball beag. Ní mar a chéile tionchar na ndlíthe ar na téacsanna seo ar fad, ach sonraítear a rian orthu go léir dá ainneoin sin. Áiríonn Breatnach idir théacsanna atá "almost entirely legal in nature", agus téacsanna a bhfuil caolchúis áirithe i leith na ndlíthe le brath iontu: "In yet other texts, even though they contain no direct quotations from legal texts, legal principles clearly play an important, but more subtle, role". Ní miste gné na hidirthéacsúlachta i ról na *brithemain* a mheabhrú, ó tharla gur cultúr léinn, a bhí ag brath ar an scríobh in ionad na béalaireachta (*contra* Binchy 1975), dar le Breatnach (1990: 3), ba bhunús le *corpus* na ndlíthe: "The academic lawyers do not confine themselves to other law-texts, but in order to explicate various legal principles they press into service tales and sagas, which were normally the preserve of poets". Ar ndóigh tá deacracht áirithe leis seo, i bhfianaise thuairim Bhreatnaigh (féach thuas lch. 97) gurbh aon aicme amháin iad *filid* agus *brithemain*. Meabhraíonn Ó Cathasaigh (2014: 124) dúinn cad í an deacracht bhunaidh a bhaineann le béalaireacht agus na dlíthe:

> While it now receives less attention than it used to, there can be no denying that oral tradition contributed to the formation of the law texts. Even if we leave aside the question of Indo-European survival, certain technical terms in the laws attest to a Common Celtic heritage that must have been part of the oral tradition before the law texts were written. In general, however, the oral component in the surviving law texts cannot easily be separated out from the rest of what are, after all, written texts.

Go teoiriciúil, chiallódh sé seo go raibh fáil ag *brithemain* ar bholg soláthair an-mhór, chun a gcuid pointí éagsúla dlí a léiriú. Ach, ar ndóigh, ní fuirist a rá i gcónaí cé acu ab ann do na scéalta úd roimh ré, is é sin, ar scéalta neamhspleácha iad ar a gconlán féin, nó ar cumadh iad ar mhaithe leis an ócáid. Dar le Qiu (le teacht: *Ulidia* 4): "It is often very difficult to prove whether a story originated in a legal context and was later extracted from that context to be read as an independent piece, or conversely, whether an existing saga has been adapted by jurists for the law tracts". Gné shuntasach den ionramháil a rinneadh ar ábhar dá shórt, adeir Qiu, ná gur cuireadh na scéalta úd (nó sleachta níos lú ná scéalta) in oiriúint don chomhthéacs lámhscríbhinne ina bhfaightear iad.

Luann Breatnach (2010: 233) *CLcC* ina chuntas ar scéalta sna dlíthe, agus tugann le fios gur "major component" den téacs céanna an t-ábhar a roinneann sé leis an *PHP*, nó "the Old Irish glossing of the *Senchas Már*", mar a thugann Breatnach féin ar ghluaiseanna an *Senchas Már* trí chéile. Ní mar théacs dlí a caomhnaíodh *CLcC*, ná ní lámhscríbhinn í *LU* arb iad na dlíthe ba chúram di; "a book of tales" bunfhís na scríobhaithe in *LU*, dar le Mac Eoin (1994: 39), agus más fíor d'Ó Corráin (2015: 26-7), leabhar scéalta ab ea é nár cheart dúinne a fheiscint, óir bhain sé le saothar príobháideach scoláirí, agus níor cuireadh crot críochnúil air dá bharr. B'fhéidir go míneodh sé seo, mar shampla, an easpa maisiúcháin sa lámhscríbhinn. Is fíorbheagán téacsanna dlí atá le fáil in *LU* agus sa dá lámhscríbhinn mhóra chomhaimseartha eile .i. *Lebor Laigneach* agus Rawlinson B 502, lasmuigh de *Gúbretha Caratniad* agus *Cóic Conara Fugill* a chaomhnaítear in Rawlinson B 502 (Kelly 1988: 249). Mar sin féin, is fíor do Bhreatnach gur "major component" de *CLcC* an t-ábhar dlíthiúil ann, óir is mó ná leath an téacs cuid an *PHP* de.

Cé go bhfuil borradh faoin spéis atá á cur i ndlí na litríochta agus i litríocht an dlí le tamall, níorbh iad scoláirí na linne seo ba thúisce a thug aird ar théacsanna liteartha a bheith ar marthain i measc na ndlíthe. Ós cionn 80 bliain ó shin chuir Dillon (1932: 42-65) ceithre cinn déag de théacsanna in eagar, maille le haistriúcháin, in alt dar teideal "Stories from the Law-Tracts". Is beag má rinneadh aon iarracht cur le líon na n-eagrán de na scéalta sna dlíthe ó shin (murab ionann agus eagráin de thráchtais dlí), a deir Qiu (2013b: 112): "Although research on the relationship between law and literature has found more popularity recently among scholars... no significant attempt to produce a comprehensive collection of such material has yet been published".

Maidir le heagráin Dillon, ba é feidhm na scéalta úd sna dlíthe "to illustrate legal formulae" dar leis, ach d'áirigh Dillon (1932: 42-3) an doiléire ar cheann de thréithe na dtéacsanna seo: "[U]nfortunately the point of the story is often obscure, the phrase which would convey it being either unintelligeble or incomplete". Déanann Stacey (2005: 70) léamh beagáinín éagsúil leis seo ar an bhfianaise trí chéile: "Most of the stories found in these texts are so relentlessly 'legal' in nature or so intimately tied to the issue at hand as to make it likely that they were composed specifically for the occasion". Ráiteas eile a dhéanann Stacey (ibid., lch. 71) go gairid ina dhiaidh sin a chuireann an t-idirdhealú atá le déanamh anseo os ár gcomhair: "Other tales told in the lawbooks are more fully fleshed out or less obviously contrived to fit a particular legal situation". Agus go gairid ina dhiaidh sin arís (ibid., lgh. 72-3):

> It would appear that the jurists of the *Senchas Már* tradition at least were more inclined to deploy famous characters in tales of their own devising than they were to turn already well-known narratives to their own purposes, although one must of course acknowledge the possibility that what we take

> to be tales invented for the occasion in fact reflect a body of literature now lost to our view.

Is féidir idirdhealú nó codarsnacht a chur i láthair a léiríonn “feidhmeanna” éagsúla (a) an dlí sa litríocht, agus (b) an litríocht sa dlí. I gcás (a) féadtar caitheamh leis na scéalta sna téacsanna dlí mar cheapadóireacht a mhíníonn bunús dlí áirithe. Deir Stacey (ibid., lch. 73): “tales in the Irish lawbooks very often act as origin legends for offences or the judgments pertaining to them”, rud a mhíneodh úsáid na gcarachtar neamhstairiúil a luadh cheana iontu freisin (anuas ar “údarás” a bhronnadh ar na breitheanna sin).

Maidir le (b), is amhlaidh a bhí téacsanna áirithe ann, agus eachtraí ar leith iontu, a bhfuil eochair a dtuisceana le fáil sna dlíthe, mar a léiríodh cheana i gcás taighde Bhreatnaigh (2010, 2014) agus Uí Chathasaigh (2014). Chuirfeadh sé seo leis an argóint a dhéanann Breatnach (2010: 238), mar shampla, “that the study of mediaeval Irish law is of importance not only for an understanding of mediaeval Irish society, but also for an understanding of the literature which that society produced in such abundance”. Is féidir a mhaíomh gur chuid lárnach é an dlí de chruinneshamhail lucht léinn na luathré (mar a luadh thuas i dtaca le ráiteas Poppe 2005). Déanaim an maíomh seo in ainneoin na líomhaintí a chuirtear i leith an dlí chéanna go minic gur róthugtha a bhí sé do *schematisation*; an rud ar a dtugann Binchy (1975: 22) “an occupational disease among lawyers of all times and in all places: excessive use of specialized technical terms and a passion for schematic classification”, dream a raibh sé de nós acu “to generalize rules and institutions which were originally relevant only to a limited class of the population” (lch. 36). Deir Ó Corráin (1978: 10) agus é ag trácht ar ghnéithe de chóras na *túatha*: “One wonders if

these customs ever existed outside the polite and schematic speculations of the jurists"; ritheann leithéidí *Uraicecht Becc*, nó *Críth Gablach*, agus a bhfuil de ghráid iontu, linn sa chomhthéacs seo freisin (ach féach Charles-Edwards 1986: 63, "C[*ríth*] G[*ablach*]... does not insist on fitting everything into its basic scheme", agus a argóintí i leith tábhacht na deighilte idir cineálacha éagsúla *aire*). Dá ainneoin sin ar fad, déanaim amach nach féidir tuairim Qiu thuaslaite a bhréagnú, is é sin nach fuirist dúinne go hiondúil a chruthú arbh ann do scéal áirithe lasmuigh de chomhthéacs na ndlíthe (.i. gur scéal neamhspleách é) a cuireadh i gcorp na ndlíthe ar ball, nó a mhalairt ar fad, gur baineadh as na dlíthe é le 'scéal neamhspleách' a dhéanamh de.

### *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided* vs An 'Pseudo-Historical Prologue' den *Senchas Már*

Is téacs spéisiúil é *CLcC*, óir úsáideann sé ábhar bunaidh dlíthiúil, agus cuireann ábhar de chineál eile ar fad leis, chun scéal ar leith a dhéanamh den iomlán. Is féidir léamh eile a dhéanamh, ar ndóigh, agus a rá gur bhain an *corpus* dlíthe úsáid as bunscéal nár bhain leis na dlíthe ó cheart ar chor ar bith. Pé léamh a dhéantar, tagann comharthaí sóirt *CLcC* leis an tríú cuid den roinnt a mholann Herbert (2015: 79-80) d'ábhar *LU*, an trian sin nach gcloíonn le "established genre confines". Bíodh is gur féidir linn labhairt faoi *aided* agus faoi ghné an *Bórama* de *CLcC*, ní héasca a chineál a shainmhíniú, seachas lipéad leathan an "téacs chumaisc" a bhaisteadh air. Mar sin féin, cuireann *CLcC* fianaise ar fáil duinn de dhá ábhar so-aitheanta, an *aided* agus an *Bórama*; ach cad is féidir leis an téacs a rá linn faoi chúrsaí dlí? Ina eagrán den *PHP* tugann Carey (1994a; leis siúd na cinnlitreacha thíos) iomlán na léamha malartacha idir na ceithre lámhscríbhinní ina bhfaightear é: TCD 1337 (A), TCD 1336 (B), Harley

432 (C), agus *LU* (D). Feictear san eagrán sin a bhfuil de dhifríochtaí idir na chéad trí lámhscríbhinní, ar láimh amháin, agus *LU* ar an láimh eile.

As na trí lámhscríbhinní sin is cosúla le A a bhfuil in *CLcC* féin (Carey 1994a: 3; McCone 1986: 4), ach ní hionadh sin óir is in A atá "the most complete text of PHP" (Carey 1994a: 1). Is suntasaí ná sin fós na bearnaí in *CLcC* vs ABC: ní fhaightear in *CLcC* aon "account of Dubthach's judgement itself", agus fágtar ar lár "the paragraphs on the legal capacity of the *filid* ... as well as some other material" (ibid.: 3) freisin. Codanna eile den *PHP*, déantar eagarthóireacht orthu nó déantar iad a athscríobh in *CLcC* (pléite i gcaibidil a sé). Is ábhar suime *LU* mar is ansin amháin a chaomhnaítear an t-ábhar mar scéal neamhspleách (.i. *CLcC*) murab ionann agus na trí lámhscríbhinní eile, a chuireann an *PHP*, i dteannta ábhair dhlíthiúil eile, os comhair an léitheora. Mar sin, ar an leibhéal is bunúsaí, is mór idir comhthéacs *CLcC* agus comhthéacs na dtrí lámhscríbhinní eile. Cad a thug ar údar *CLcC* scéal neamhspleách a dhéanamh d'ábhar an *PHP*? Dar le McCone (1986: 4):

> We can regard it [*CLcC*] as a saga version developed in order to emphasize the fusion of native and christian traditions upon which early Irish law, literature and culture were based, while playing down more technical aspects that naturally figured prominently in the prologue to the *Senchas Már*.

Thiocfainn le tuairim seo McCone, agus feictear dom gur spéisiúil an ní é gur roghnaíodh an focal *comthód* le cur i dteideal an téacs. De bharr go mbaineann cuid mhaith de *CLcC* (dá laghad é) le heachtraí eile seachas próiseas an *comthód*, mar shampla athbhreithniú na ndlíthe (in ainneoin na n-athruithe a chuirtear ar insint an *PHP* in *CLcC*), agus *aided* Lóegaire, d'fhéadfaí an teideal féin a thuiscint mar sholaoid eile de choilleadh na "technical aspects" ann. *Comthód* agus *aided* an dá théama a fhaightear sa teideal, gan trácht ar bith ar na heachtraí rí-thábhachtacha a thit amach

i “sudigud ₇ ordugud cach rechta” (LU 9770) *fir Érenn*. Is díol suntais é nach ndéanann *CLcC* aon tagairt don chinneadh a rinne Conchobar sa *PHP* go mbainfí de na *filid* a gceart chun breithiúnas a thabhairt (ach amháin sa mhéid a bhain leo féin) i ndiaidh ar thit amach in *Imacallam in Dá Thúarath* nuair ba “dorcha... in labra ro labrasatar” (Carey 1994a: 13). Feicfear thíos nach mbaintear iomlán an ábhair a bhaineann leis an dlí as *CLcC*, áfach.

Maidir le maíomh McCone, d’áiteoinn go bhféadfaí aistriúcháin Laidine *CLcC* a chur san áireamh, chomh maith, sa chomhthéacs seo ina ndéantar maolú ar ghnéithe teicniúla an bhunábhair. Gné rí-choitianta de théacsanna an *corpus* trí chéile is ea go bhfaightear an Ghaeilge agus an Laidin in éineacht: “The co-occurrence of Latin and Irish is an extremely common phenomenon in medieval Irish literature, to such an extent that almost no Old or Middle Irish text is completely devoid of at least a few Latin insertions”, adeir Bisagni agus Warnjtes (2007: 2). Maíonn an bheirt údar céanna in alt eile (2008: 80) gur féidir a rá i dtaobh téacsanna ríomhaíochta Laidine/Sean-Ghaeilge “that code-switching and code-mixing from Latin to Old Irish was widespread in the Irish computistical mileau of the period, in writing and even more so in classroom teaching”. Ag trácht dóibh ar an ábhar Sean-Ghaeilge sa *Computus Einsidlensis*, a fuarthas i mainistir Bheinidicteach san Eilvéis sa bhliain 2006 (féach Warnjtes 2005), deir Bisagni agus Warnjtes (2008: 80): “every time Old Irish is used in this text, it serves a specific didactic purpose” (dáta idir 689-719 a leagann siad ar an *Computus Einsidlensis*). Is annamh is féidir cuspóir chomh cinnte sin a lua le húsáid na Laidine i scéalta na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Is é lorg shuíomh a scríofa (.i na mainistreacha), agus leid i dtaobh lucht a léite leis, b’fhéidir, atá san fhianaise den Laidin sa Ghaeilge, dar le McCone (1990: 1):

> Even in works composed almost entirely in medieval Irish casual snatches of Latin or the sudden switch to a more substantial passage in the language of the Western church often betray a clerical author writing for readers likewise familiar with Latin as a result of a monastic training.

Feictear meascán na dteangacha seo sna gluaiseanna ar dtús, ar ndóigh, mar a bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar thaca leis an mbuntéacs Laidine. Mar a thugann Russell (2005: 412) faoi deara:

> The glosses can range from single word translations or comments to relatively long commentaries that go far beyond the text and often go off at a tangent from it; the glossing on Romans 11:33... provides a good example: there is a concise gloss *nís-fitir nech* 'no one knows them' (Wb. 5c15) on *investigabiles* and also a long discussion [*seacht líne in eagrán Stokes agus Strachan* (*1903*)] in the adjacent margin of the whole verse (Wb. 5c16).

Is spéisiúil iad gluaiseanna mar Wb. 5c16 thuasluaite, óir faightear Laidin iontu sin anuas ar an Laidin atá sa bhuntéacs féin, rud a thabharfadh tacaíocht do mhaíomh Russell (2005: 447) gur féidir "a high level of functional bilingualism in Old Irish and Latin" a chur i leith na manach a scríobh/chóipeáil iad. Maidir leis an litríocht féin, gné an-choitianta de bheathaí na naomh an dá theanga a fháil iontu in éineacht. Cuireann Ó hAodha (1978: xxv-vii) dáta sa naoú haois le *Bethu Brigte*, an bheatha Ghaeilge is sine atá tagtha anuas chugainn, téacs a léiríonn forbairt an *vita* go *betha* ó thaobh na dteangacha de: "Ba chirte a rá dáiríre gur Beatha dhátheangach í (agus an Ghaeilge in uachtar), mar gur sa Laidin atá níos mó ná an cheathrú cuid den téacs" (Ó hAodha 2009: 357). Aistriúchán ó *vita* caillte ón aois roimhe atá in *Bethu Brigte*, dar le McCone (1984: 34): "[which] seems to reflect a ninth-century conversion of some three-quarters of a lost eighth-century Latin life into the vernacular, leaving the remaining quarter in Latin".

Ardaíonn *Bethu Brigte* ceisteanna éagsúla i dtaobh an chódaistrithe (féach Müller 1999), chomh maith le tuiscint ar an Laidin féin. I dtús an *Bethu* agus Brigit ina cailín

óg (*ingen*), is é an draoi, seachas uncail Brigit, a thuigeann a cuid Laidine. Is é, leis, a fhreagraíonn dá tairngreacht sa Laidin (Ó hAodha 1978: 1-2). Measann Slavin (2010: 23-4) gur easpa tuisceana ar an Laidin, in ionad doiléire ráitis Brigit, faoi deara dá huncail gan í a fhreagairt, agus cabhair an draoi a lorg dá réir. Is éard atá suaithinseach faoin eachtra seo (más cumadóireacht féin é) go raibh Laidin ag an draoi in aon chor.

Ó thaobh chéatadán na dteangacha de, luann Ó hAodha mar chomparáid le *Bethu Brigte* an *Vita Tripartita*, a bhfuil an deichiú cuid de sa Laidin (Bieler 1974: 266). Faoi lár na deichiú haoise (Mac Eoin 1982: 127-34) a cuireadh an téacs sin le chéile, dáta a thagann gar go maith do thráth cumtha an *PHP* (Carey 1994a: 10). Is amhlaidh a bhí céatadán na Laidine i dtéacsanna na Gaeilge ag dul i laghad le linn ré na Meán-Ghaeilge (féach McCone 1990: 35, “the truth is that virtually all early Irish literary genres were to a greater or lesser extent bilingual and that as a rule the predominance of Latin increases the further back one goes”), ach b’fhéidir go bhfuil baint éigin ag cúrsaí seánra lena mhéad nó lena laghad Laidine a fhaightear i dtéacsanna éagsúla. Má d’fhéach an té a chuir *CLcC* le chéile le hábhar dlíthiúil an traidisiúin (.i. fianaise an *PHP* sna lámhscríbhinní ABC) a bhaint de *CLcC*, seans gurbh é siúd, leis, a d’aistrigh na nathanna Laidine go Gaeilge ann. Bheadh an té sin ar aon intinn le húdar *Félire Óengusso* “[whose] use of the vernacular... was evidently motivated as well by a desire to make his work more accessible to those who knew no Latin”, i dtuairim Carey (1998: 15). Is ceart a rá nach flúirse fianaise atá in *CLcC* den aistriúchán seo ó Laidin go Gaeilge, ach sílim go bhfuil tábhacht áirithe léi nuair a dhéantar í a bhreithniú i gcomhthéacs níos leithne ná an lámhscríbhinn féin amháin.

“Quod completur trí rád Lóegairi” atá in eagrán Carey (1994a: 11, 3.3) mar a bhfuil “Do-rigned íarom samlaid” ag *H* in *CLcC* (LU 9756). Go gairid ina dhiaidh sin (Carey 1994a: 11, 3.7) léitear “Et timerunt timore magno ⁊ facti sunt uelut mortui”, mar a bhfuil “ros gab crith ⁊ ómun doḟulachta ⁊ do-rónait marbtís mairb” in *CLcC* (LU 9760-1). Is ceart a rá go bhfuil eagrán Carey taobh le haon lámhscríbhinn amháin, A, don dá abairt Laidine sin. Ní fhaightear in B ná C iad (mar a bhfuil an insint giorraithe go mór le hais na hinsinte in A), agus, ar ndóigh, is aistriúcháin go Gaeilge a fhaightear in *CLcC* (mar a thugann Carey faoi deara, cf. 1994a: 21, 3.3, 3.7.). Is mó Gaeilge ná Laidin atá sa chéad sampla (“Quod completur trí rád Lóegairi”), rud a léiríonn forlámhas na teanga dúchais i gcomhthéacs na lámhscríbhinne inar caomhnaíodh an abairt féin. Ina nótaí téacsúla, pléann Carey (1994a: 21) na difríochtaí seo idir a eagrán féin agus *CLcC*, agus aimsíonn sé foinsí na dara habairte, ar meascán é de dhá fhoirmle éagsúla ón Tiomna Nua (Mark 4:40/Luke 2:9, agus Matthew 28:4), adeir sé. Cuireann sé moladh spéisiúil chun cinn i dtaobh abairte eile, an ceann a thagann idir an dá nath Laidine/aistriúchán Gaeilge atá faoi thrácht, is é sin an líne (Carey 1994a: 11, §3.4-5) “dorécacha Pátraic dochum nime, ar ba and boí a ṡocraite” (Patrick looked towards heaven, for it was there that his help was), a bhaineann macalla as na sailm, seachas aistriúchán díreach a dhéanamh orthu, dar leis (Carey 1994a: 21).

Is amhlaidh a bunaíodh an chuid seo den *PHP* ar thraidisiún iasachta, is é sin ar abairtí tuata Laidine (*quod completur*) agus ar ábhar cráifeach a scríobhadh sa Laidin (ábhar na salm, mar a áitíonn Carey, agus na ráitis ón Tiomna Nua). I gcás bunleagan an *PHP*, cuireadh Gaeilge ar ábhar na salm. Ní lomaistriúchán atá ann, ach athscríobh ar an mbunábhar, agus is amhlaidh a bhí cumadóir an téacs sásta dul i muinín a chumais féin, agus an tsaoirse a bhronn sé sin air, chun ionramháil a dhéanamh ar shailm na

Laidine. Fágadh na nathanna eile as Laidin, faoi mar a fheictear go minic i lámhscríbhinní Gaelacha, agus i gcás an chéad sampla (*quod completur*), b'fhéidir, ar a ghonta agus atá sé. Maidir le cumadóir *CLcC* áfach, rinne seisean an téacs a shimpliú gan cloí leis an Laidin bhunaidh, faoi mar a bhain sé croílár dlíthiúil an téacs den insint freisin. Má bhí teacht ag *H* ar leagan eile d'ábhar an *PHP*, nó leagan eile de *CLcC* féin (seachas an téacs a bhí os a chomhair amach), níor bheartaigh sé an Laidin a fhágaint ann, nó an dá cheann a chur in aice a chéile.

Feictear gníomhaíocht den sórt sin i leith an aistriúcháin i dtéacsanna eile le *H* in *LU* freisin, agus ar fud litríocht na seanmóireachta, mar shampla, sa Mheán-Ghaeilge. Sna seanmóirí a chuir Stokes (1877) in eagar ón *Leabhar Breac*, faightear ar uairibh a mhalairt de chleachtas. Fágtar an Laidin chráifeach sa téacs féin agus cuirtear aistriúcháin Ghaeilge uirthi ar fáil díreach ina diaidh. Ag tús an téacs amháin (seachas focail nó nathanna aonair dá éis) a fhaightear é seo in *Betha Brigte* (sa *Leabhar Breac*), ach go doimhin sna seanmóirí eile (*Betha Phátraic*, mar a bhfuil go leor Laidine i rith an téacs, agus *Betha Choluim Chille*) a fheictear an meascán teangacha seo:

> Híí sunt qui sequntur agnum quocunque ierit .i. isiat so in lucht lenait innuan nemhelnide cipé con*air* dech (*Betha Brigte*, Stokes 1887: 50; an chéad líne den téacs)
>
> Bene oras ⁊ bene ieiunas cito iturus eris ad patriam tuam .i. ismaith dogní ernaigthe. is maith dogni aine. ragad coluath cotath*ar*dai fodein (*Betha Phátraic*, Stokes: 1887, 12; *LB* 24b-29b, na línte seo ag 25b)
>
> Híí sunt ueri perigrini qui cum psalmista possunt dicere. ISiatso lucht nahoilit*hri* cómláni iarfír. Isanapersaind atb*er*t infaith iccomaidem ⁊ icatlugud dodia. Aduena sum apud te domine et perigrinus sicut omnes p*er* m*undum*. B*er*um abuide ritt adé arinfaith isailit*hri* ⁊ isdeoraidecht dam isintṡægul iarninntṡam*ail* nasruthi remtechtach (*Betha Choluim Chille*, Stokes : 1887, 96; *LB* 29b-33b, na línte seo ag 30b; scaradh na bhfocal srl. sna trí shampla seo de réir mar atá ag Stokes)

Is ceart a rá nach mbíonn cothromaíocht idir na teangacha le fáil sna seanmóirí ón *Leabhar Breac*, pé acu sa Laidin atá a bhformhór (.i. *Cétaín in Braith* mar shampla, féach McLaughlin 2010: 44, a bhfuil beagán le cois an deichiú cuid de sa Ghaeilge)[17] nó sa Ghaeilge (amhail na *bethada* thuasluaite). Is i laghad a théann úsáid na Laidine de réir mar a théann *Betha Phatraic* agus *Betha Choluim Chille* ar aghaidh.

Maidir le *LU*, is é cur chuige an aistriúcháin, seachas an dá theanga a chur taobh le taobh, a fhaightear sna seanmóirí ann. Taispeánann Mac Gearailt (2009: 96) go n-aistríonn údar *Scéla Laí Brátha* briathra Dauid mac Iese ó shalm 49 ón Laidin (ón vulgáid, adeir Mac Gearailt, ach oiread le samplaí Carey den aistriúchán thuasluaite) go Gaeilge:

> Deus apparuit; veniet Dues noster et non tacebit ignis coram eo vorabit et in circuitu eius tempestas valida (Sailm 49: 2-3)
>
> Bid follas ar sé doraga Dia in Coimdiu dond fugiull $_7$ nibá toíthenach. Biaid da*no* tene mór ar lassad na fíadnaisi ainbthiní dermár imme di cach leith (LU 2363-5)

Mar a chéile le sliocht as Matthew (25:31-46) a gcuireann údar *Scéla Laí Brátha* Gaeilge air; fanann sé dílis go maith dá fhoinse, leis (féach Mac Gearailt (2009: 94)). Líne amháin ann (Matthew 25:34), faightear í i lámhscríbhinní eile (*Leabhar Buidhe Leacáin*; RIA 23 P 3), agus Gaeilge curtha ar an Laidin sa dá lámhscríbhinn eile faoi mar atá in *LU* féin (Mac Gearailt 2009: 106):

> Ticid a bennachtnachu selbaid flaith m'athar ro fuired dúib o thosuch domain (*Scéla Laí Brátha*, LU 2323-4)
>
> Táit a bendachtachu m'atharsa, aittrebaid in flaith foruired dúib ó thossuch domuin (Strachan 1907: 7)

[17] Féach Mac Donncha (1984) do shampla de sheanmóir as an *Leabhar Breac* a bhfuil a formhór mór sa Laidin, gan ach an chuid is lú di sa Ghaeilge; ar éigean is féidir seanmóir dhátheangach a thabhairt uirthi.

> Tæt, a bennachta m'atharda-sa, ait*re*ab in flaith f*o*ruir*ec* dībh ó thosa*ch* domuin (Meyer 1903: 243)

Séard atá suntasach faoin méid seo ar fad in *LU* ná (a) go gcuireann údar *Scéla Laí Brátha* aguisíní dá chuid féin leis, i lár báire agus i dtreo a dheiridh (Mac Gearailt 2009: 94-5), agus (b) san áit a bhfuil Matha 25:34 aistrithe go Gaeilge sa dá fhoinse eile, tugtar an Laidin bhunaidh roimh an bpíosa iontu chomh maith, rud nach ndéantar in *LU*.[18] Conas is ceart gníomhaíocht seo an údair a thuiscint? Ar an gcéad dul síos, níor mhiste scríobhaithe *LU* (.i. *A*, *M* agus *H*) agus *cumadóirí* na dtéacsanna a bhreac *A*, *M* agus *H* a scarúint óna chéile. Chonaiceamar roimhe seo moladh Carey (2015: 110) gur dóichí nárbh é *H* a chum *Aided Echach maic Maireda*, agus dá dhéanaí an teanga atá iontu (.i. comhaimseartha le *H* féin, b'fhéidir), nárbh eisean cumadóir *Scéla Laí Brátha* (féach na hargóintí éagsúla a dhéanann Mac Gearailt 2012). Scrúdaíonn Mac Eoin (1996) *Fís Adamnáin* sa *Leabhar Breac* agus in *LU*, téacs eile a aithnítear, in ainneoin a theidil (cf. Boyle 2015: 128), mar sheanmóir. Ar shaothar Mhic Dhonncha (1976) a bhunaíonn Mac Eoin (1996: 196) a thuairim gur seanmóir é, óir tagann *Fís Adamnáin* leis an "layout and style identified by Fr Mac Donncha as that of the homiliarium".[19]

I lámha *A* (a thosach .i. LU 1939-47) agus *M* (as sin go deireadh) atá *Fís Adamnáin*, agus feictear arís ann an cineál ionramhála a rinneadh ar ábhar Laidine agus a fheictear in *Scéla Laí Brátha*. Áitíonn Mac Eoin gur bhain cumadóir *Fís Adamnáin* an t-ábhar cráifeach Laidine den téacs in *LU*, seachas é a bheith curtha leis an mbuntéacs ag scríobhaí/cumadóir an téacs sa *Leabhar Breac*. Tagann Boyle (2015: 127-8) leis an

[18] Cuireann Miles (2014: 149-50) fianaise den chleachtas céanna ar fáil sa tseanmóir *Sermo ad reges* sa *Leabhar Breac*.

[19] Ní thagann gach aon scoláire le comharthaí sóirt an *homiliarium* a chuireann Mac Donncha chun tosaigh; féach Miles (2014) agus, go speisialta, Murdoch (2001) .

argóint seo. Dar le Mac Eoin (1996: 197), ba iarracht í seo ag cumadóir *Fís Adamnáin* (mar atá an téacs caomhnaithe in *LU*) "to simplify the language of *Fís Adamnáin*", rud a thug air abairtí a athscríobh ar mhaithe le héascaíocht, agus stór focal (idir bhriathra agus ainmfhocail) *Fís Adamnáin* a shimpliú freisin (lgh. 197-9). Cad chuige an simpliú seo? Measann Mac Eoin (lch. 198) nár fheil bunleagan *Fís Adamnáin* don chumadóir a bhí á leanúint ag *M* (agus ag *A* leis, is é is dóichí) ná dá lucht éisteachta/léitheoireachta ach an oiread:

> [I]t appears that the redactor of the LU text was consciously adapting the language of his exemplar. This seems to indicate that he considered that language inappropriate for his purposes, which probably means that he thought it would be unfamiliar to his readers or audience, either because of obsolescence or dialect difference.

Má ghlactar le *Fís Adamnáin*, *Scéla Laí Brátha* agus *Scéla na Esérgi* mar aon rannóg théamúil amháin (áitiú nach ndiúltaíonn Boyle (2015) dó, ach molann sí gur chóir leathnú a dhéanamh air), conas is féidir teacht ar aontacht maidir leis an gcineál teanga atá iontu? An fianaise í an t-éascú teanga seo d'fheidhm léitheoireachta a bheith ag na téacsanna seo? Má úsáidtear an tslat tomhais chéanna do *Fís Adamnáin* agus *Scéla na Esérgi*, mar shampla, is deacair an difear ó thaobh ionramháil na teanga iontu a mhíniú: simpliú atá le haithint ar *Fís Adamnáin*, dar le Mac Eoin, i gcoinne an "complex philosophical terminology" (sa Laidin) a raibh ar údar *Scéla na Esérgi* dul i ngleic leis (Boyle 2009: 218). Mar a luadh cheana, baineann castacht áirithe le seánra na seanmóireachta trí chéile; ní foláir nó bhí réimeanna éagsúla i gceist, le luchtanna éisteachta/léite difriúla freisin, dá réir.

Is suimiúil an iomramháil a dhéanann cumadaóir *CLcC* ar na heachtraí cinniúnacha arb é Dubthach maccu Lugair a bpríomhcharachtar. Tar éis do Lóegaire agus d'fhir na hÉireann géilleadh agus sléachtadh os comhair Pátraic, roghnaíonn an naomh

Dubthach chun an chonspóid i leith an *cáin dílgotha* a réiteach (Carey 1994a: 11-12, §§4-7). Tagann faitíos ar Dubthach, mar gur leasc leis fearg a chur ar Dhia nó ar Pátraic i dtaobh na breithe a chaithfidh sé a thabhairt. Déanann Pátraic iarracht é a chur ar a chompord, ag rá leis gur Dia féin a labhróidh tríd (.i. trí Dubthach), agus nach bhfuil le déanamh ag Dubthach féin, dá réir, ach ligean do Dhia labhairt (tríd). "Non uos estis qui loquimini, sed spiritus patris uestri qui loquitur in uobis" (It is not you who speaks, but the Spirit of your Father who speaks in you), adeir Pátraic le Dubthach sula mbeannaíonn sé a bhéal (§6); ar ndóigh, is breith de réir *cáin dílgotha* Pátraic a thugann Dubthach dá éis. Tugann Carey (lch. 22) bunfhoinse an ráitis, mar atá, Matthew 10:20.

Maidir leis an gcaint Laidine seo a chaitheann Pátraic, arís ní chuireann cumadóir *CLcC* ina chuntas féin é, in ainneoin go ndéantar tagairt don eachtra ar chúpla slí: deirtear linn gurb é Dubthach is ansa le Pátraic a bheith ina idirghabhálaí sa phróiseas, agus luaitear beannú a bhéil, "íar sēnad a gena co tānic rath i*n* Spirta Naī*m* fai*r*" (LU 9776-7). Ina theannta sin, tá trácht ag Dubthach sa *PHP* ar theagasc an tsoiscéil i leith *dílgud*: "Ar iss ed fil i soiscéla, ógdílgud cach uilc ó cach comnessam dialaile" (Carey 1994a: 12, §5.5-6). Ní luaitear an teagasc seo in *CLcC*, ach deir an téacs sin linn go dtugann Pátraic "óg ndīlguda" (LU 9764) do *fir Érenn* i ndiaidh dóibh maithiúnas a lorg air. Is dóichí gur sampla eile d'athscríobh cumadóra *CLcC* atá anseo, ó tharla cosúlachtaí móra san fhoclaíocht idir na rannóga seo de *CLcC* agus *PHP*. Seachnaítear an Laidin arís, áfach, pé acu ar fhéach an t-údar leis an scéal a shimpliú, nó ar de dhlúth na breithe féin an ráiteas Laidine agus gur fágadh ar lár é dá réir sin (.i. de bharr na breithe féin bheith ar lár). Ar ndóigh, ní mhaím go raibh col ag *H* leis an

Laidin; faightear Laidin i dtéacsanna agus gluaiseanna (.i. LU 4397, 10145, 10363) dá chuid in áiteanna éagsúla in *LU*.

An "fusion" úd a luann McCone thuas, nó an "remarkable synthesis of indigenous tradition and ecclesiastical learning" i bhfriotal Mhic Cana (2011: 59), tugtar *comúaim n-ecalsa frí túaith* air i gcuid den *PHP* a fhágtar ar lár in *CLcC* (Carey 1994a: 12, §7.17-18) agus i gceann de thráchtais an *Senchas Már*, *Córus Béscna* (*CIH* 529.04), chomh maith. Is ceann de mhórthéamaí léann na Meánaoise Gaelaí é, ar thit amach idir lucht an chreidimh úir agus lucht na Págántachta san aois chéanna le cultúr, sochaí, agus litríocht shainiúil a fhágaint ina dhiaidh. In *CLcC* cuirtear os ár gcomhair aighneas a théann go smior na difríochta idir dhá chineál dlí, an *recht aicnid* lena chóras uileghabhálach íocaíochtaí cúitimh, agus an *recht litre* a tháinig leis an gcreideamh. Ach cad í go díreach áit an dlí sa téacs seo?

**Na *Filid* agus an Dlí**

Tugann Breatnach (2010: 231-3) suntas don aird a thugtar ar na *filid* sna téacsanna dlíthe; is ó na foinsí sin a thagann bunáite ár n-eolais ar aicme na *filid*. Ba cheann de dhualgais an *fili* ba mhó gradam saineolas a bheith aige ar *senchas* agus ar an dlí. Mar sin féin, ní thuigtear cén pháirt go baileach a bhí ag an *fili* i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm na ndlíthe, mar a pléadh thuas, agus an tuairim a chaitheann Breatnach (2011) ar áit chumtha an *Senchas Már*, is ionann é sin agus an iarracht is mó atá déanta ag scoláire ar fhilí a cheangal leis an bpróiseas.

Ba éasca *filid* a cheangal leis an dlí, ó tharla gur i bhfoirm filíochta a bhíonn an dlí ar uairibh, agus de réir an traidisiúin faoi *Imacallam in dá Thuarad* sa *PHP*, leis (cf. Carey

1994a: 13, §10). Mar sin féin, ní thugann sé sin an scéal ar fad dúinn. Tráchtann Hollo (2007: 170) ar na rólanna éagsúla atá ag Senchae mac Ailella, carachtar ar a dtugann scoláirí éagsúla "druid, chief-poet, high judge, arbiter" ar a sheal. Taispeánann Hollo nach ann d'fhianaise a dheimhníonn gurbh *fili* (seachas aon *roscad* amháin dá chuid) nó *druí* é Senchae, agus cuireann sí argóint láidir os ár gcomhair gur minice comhairle á tabhairt aige ná breitheanna (171-80), chun gurbh fhearr, adeir sí, glacadh leis faoi mar a chuireann *TBC i* i láthair é: "Sencha mac Aililla, erlabrid Ulad" (O'Rahilly 1976: 110). "[T]he eloquent speaker of Ulster" an t-aistriú atá ag O'Rahilly air sin (222), ach i bhfianaise na bhfeidhmeanna a bhíonn ag Senchae mac Ailella i mórán scéalta, molann Hollo (2007: 172, 176) "spokesman" ina áit. Thabharfadh an ganntanas fianaise dá dhintiúir fhileata, agus a olcas agus a chruthaíonn sé mar bhreitheamh (lgh. 177-80), nár bhain Senchae mac Ailella ardchéim na ngairmeacha sin amach. Is cosúil gur i gcúrsaí taidhleoireachta is fearr a d'éirigh leis, fianaise na Rúraíochta á léiriú mar "skilled keeper of the peace and royal spokesman", dar le Hollo (lch. 180).[20] Má fuair sé oiliúint sna brainsí éagsúla léinn seo (dlí agus filíocht), dhealródh sé nach ndeachaigh sé le ceachtar acu ar an leibhéal is airde, ach bhain ról amach dó féin ag grád ar leith mar *airlabraid* (bíodh nach féidir a chruthú ó fhianaise na lámhscríbhinní gur phost aitheanta a bhí ann: lch. 176).

Thabharfadh cás Senchae mac Ailella le fios, b'fhéidir, gurbh ann dóibh siúd a thug faoi staidéar a dhéanamh ar an dlí agus an fhilíocht ar a laghad ar bith chomh luath le cumadh ábhar na Rúraíochta. Le Laidin na heaglaise a tháinig scríbhneoireacht ar phár chun na tíre seo, agus is é léann na Laidine an tríú cineál léinn a nascadh, i bhfad

[20] Cuireann an *fili* Aimirgin comhairle ar na *Ulaid* gan fuireach oíche a dhéanamh i *Crích Fer Málond* in *Bruiden Da Choca* (Toner 2007: 118, §30), feidhm eile (comhairle a thabhairt) a bhíonn ag *filid*.

na haimsire, leis an dlí agus an fhilíocht. “The cardinal event in Irish literary history was the introduction of writing for the purpose of recording native, secular tradition” adeir Mac Cana (1970: 62) agus nuair a ceanglaíodh na trí chineál léinn seo le chéile ba go soiléir neamhbhalbh, agus in aon duine amháin, a rinneadh amhlaidh, is é sin, sa *fili*. De réir an traidisiúin, ba é Cenn Fáelad an chéad duine a cheangail na cineálacha léinn seo le chéile, tar éis dó a *inchinn dermait* a chailliúint i gcath Mag Raith (féach Mac Neill 1922; Mac Cana 1970). Murabh ionann agus Suibne, tháinig Cenn Fáelad chuige féin tar éis an chatha, agus chuaigh sé i bhfeidhm ar an traidisiún léinn feasta.

Níltear ar aon fhocal mar gheall ar ar tharla do Cenn Fáelad. Cuireann Georgi (2003: 196-8) in aghaidh an léimh a dhéanann Slotkin (1978), agus Nagy (1986) á leanúint, “an revised diagnosis” (Georgi 2003: 197) mar a thugann sé air, gurbh éigean do Cenn Fáelad gach uile ní dár chuala sé a bhreacadh ar phár *toisc* gur fhulaing sé “some sort of specialized aphasia from his wound which made it impossible for him to retain for any length of time oral instruction” (Slotkin 1978: 440). Cuireann Georgi (2003: 204-5) argóint chun cinn i dtaobh na tábhachta a bhaineann le sliocht as *Auraicept na nÉces* (Calder 1917: 6-9) a thagann i ndiaidh *tucait scribind in Uraicepta* (.i. Cenn Fáelad ag cailliúint a *inchinn dermait*), sliocht a dhéanann plé ar an *aimsir frecnairci* (an aimsir láithreach) agus an *uaisli* a bhaineann léi. Dar le Georgi, roghnaítear an focal Laidine *lego* ann d’aon ghnó, chun béim a chur ar thábhacht na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta maidir le húdarás agus iontaoibh a thabhairt don earra scríofa, agus leis an *aimsir frecnairci* a bhuanú. Pé ar bith faoinar tharla do Cenn Fáelad, níl aon amhras ar McCone (1990: 23-4) mar gheall ar ársaíocht an scéil seo, a fheidhm, ná láthair a chumtha:

> Clearly the tradition that he [*Cenn Fáelad*] combined the disciplines of the Latin scholar, the poet and the jurist can be traced much further back than the extant Middle Irish versions of the well known and much discussed story of the destruction of his brain of forgetfulness... Whatever the proportion of fact and fiction in this narrative, it is clearly intended as a charter for a literate monastic legal tradition applied to society as a whole and believed to combine poetic teaching and practice with ecclesiastical doctrine and techniques. It is, in fact, an aetiology of the state of affairs described by *Uraicecht Becc*: "truth is based upon maxims and precedents and true scriptural testimonies (*for roscadaib 7 fásaigib 7 teistemnaib fíraib*)..."

Dar le Binchy (1976-77: 21) níor *brithem* é údar *CLcC*: "the author, though he has taken his material from legal tradition, was himself obviously not a jurist, for he omits all reference to what was the kernal of the story from a jurist's standpoint, the trial of Nuadu and the judgement of Dubthach". Thoghraigh an t-údar athruithe go leor a chur i bhfeidhm ar an mbunábhar, chomh maith le hábhar ó thraidisiún eile a chur leis, leis an sága a luann McCone thuas a chruthú. Ach ní cruinn ar fad a rá nach ndéanann sé aon tagairt do bhreith Dubthach. Mar a thugann McCone (1986: 4) faoi deara, "even *Comthóth Lóegairi* briefly enunciates the basic principle out of context", rud a dhéantar nuair a thagraítear don chinneadh mar leanas:

> Is *ed* tr*ā* a*r*-rícht occo a*n*d-si*n* i*m* dála dīlgotha .i. i*n* bibdu ₇ i*n* cintach 'na chi*n*aid ₇ logad dā anmai*n* .i. aithrigi do lēcun dó ₇ ce*n* logad día churp .i. bās d'i*m*mirt fai*r* (LU 9783-5).

Ní sheachnaíonn údar *CLcC* toradh na heachtra seo scun scan, mar sin, ach cuireann ina chuntas é ar shlí éagsúil leis na lámhscríbhinní eile. Athrú eile a cuireadh i bhfeidhm ar *CLcC* ná gur caitheadh an tagairt in *PHP* dá dtarlaíonn in *Immacallam in dá Thúarad* i dtraipisí. I bhfianaise na sonraí a thugann cumadóir *CLcC* ar bhreith Dubthach (LU 9783-92) d'fhéadfaí léamha éagsúla a dhéanamh ar an easnamh seo. B'fhéidir go raibh dóthain ráite mar gheall ar stádas an *fili* cheana féin; is é Dubthach

atá i bhfeighil an phróisis, ach cuirtear cothromaíocht éigin sa scéal le dearbhú cheannas na heaglaise ar 'erlabra'. Nó b'fhéidir go raibh deireadh déanta agus gur mhithid d'údar sága dua a chaitheamh le críoch eachtrúil. Ach tá tagairtí eile don dlí a chaomhnaíonn *CLcC* nach éasca iad a mhíniú má ghlactar go hiomlán le maíomh Binchy. An tagairt thuas do *Uraicecht Becc*, faightear leagan de sin sa *PHP* agus in *CLcC* leis, más trí *Trecheng breth Féne* a tháinig sé (féach thíos). Ina theannta sin, tá tagairt san ábhar neamhspleách athscríofa i ngeall ar an mbreith faoin *dílgud* in *CLcC* do "nemthiu" *fir Érenn*:

> Ro ordaigs*et* da*no* fir hĒr*end* a ne*m*thiu a*n*d-si*n* .i. cloc ₇ salm do eclais. Gēill do rígaib. Tre*ḟ*oclæ tēchtæ do filedaib. Aithgabáil do fēnnethaib (LU 9785-7).

Faightear dhá shampla eile de seo:

> Cloc ₇ salm d'ecl*ais*, gell do fl*ath*aib, t*re*foc*al* o fil*ed*aibh, athg*abail* d'feine, am*ail* isbeir: dofet athg*abail* cach tobach inge ma do neimhtibh (*CIH* 1951.01-1951.02).
>
> O rusuigigest*ar* pat*raic* ₇ maith*i* fer neir*enn* in dligid-sa, is iaro*m* conaimdetar cia tucht dombibsat a dlig*ed* do cach fo*ḟ*ich fr*i*u .i. clocc ₇ salm d'ecl*ais*, gell do fl*ath*aib, t*r*ifoclad do fil*ed*aib, aith*gabail* do feinib, am*ail* asb*eir*: dofed athg*abail* cach tob*ach* inge ma tob*ach* do ne*m*thib ₇rl- (*CIH* 884.01-884.04).[21]

Tagann an dara ceann acu seo go gairid tar éis fianaise A den *PHP* (cf. Carey 1994a: 1), sa tráchtas *Cethairślicht Athgabálae* ar cuid den *Senchas Már* é. Má bhain údar *CLcC* tagairtí sonracha dlíthiúla dá théacs, chuir sé cinn eile leis. *Rí*, *eaglais*, agus *file* atá á gcur chun cinn aige sa tagairt sin do "nemthiu" *fir Érenn*. Aithnítear cinneadh Dubthach sa phíosa díreach roimhe sin ("Is *ed* t*r*ā a*r*-rícht occo a*n*d-si*n* i*m* dála dīlgotha..."). Má chaitheann údar *CLcC* lena fhoinsí mar ábhar solúbtha, ní hionann é

[21] Táim buíoch de Philip Healy faoin dá thagairt seo a chur faoi mo bhráid.

sin agus a rá nár thuig sé an t-ábhar a bhí á múnlú aige, agus ní féidir a bheith chomh deimhin agus a bhí Binchy i ngeall ar ghnéithe de ghairm an údair seo.

## Caibidil a sé: Comparáid idir *Comthóth Lóegairi co Cretim* agus an 'Pseudo-historical Prologue' den *Senchas Már*

Ní fhaightear *CLcC* mar scéal ann féin ach in aon lámhscríbhinn amháin, *Lebor na hUidre* (RIA 23 E 25, 117b20-118a25; Best agus Bergin 1929: 293-5). Tá fáil ar ábhar an scéil, áfach, i lámhscríbhinní eile, bíodh is nach gcaomhnaítear an t-ábhar sin iontu mar scéal neamhspleách (féach lgh. 107-8 thuas). Déantar iniúchadh ar phointí teanga anseo, go bhfeicimid cad é an ionramháil a rinneadh ar bhunábhar an *PHP*, agus cén fhianaise a thugann sé sin maidir le cúrsaí dátaíochta. Tá roinnt mhaith difríochtaí idir *CLcC* agus ABC; mar sin féin, is miondifríochtaí cuid mhór acu sin, agus aithnítear dóthain cosúlachtaí foclaíochta idir *CLcC* agus ABC chun bunús coiteann a shamhlú dóibh. Bíodh go bhfaightear é sa lámhscríbhinn is sine acu, is é *CLcC* an téacs is óige de na ceithre cinn atá faoi scrúdú anseo, ach ní hionann sin agus a rá nach bhfuil tábhacht ag baint lena fhianaise théacsúil féin. Mar adeir Carey (1994a: 3):

> D's (*CLcC*) text is in general inferior to that of the exemplar shared by ABC; and… it shows unmistakable signs of having been reworked in the Middle Irish period. On the other hand, it does not appear to share secondary readings with any of the other manuscripts — in other words, I do not believe it can be plausibly shown to derive from any node within the attested text tradition of the *Senchas Már*.

Anuas air sin, léiríonn Carey go bhfuil ag *CLcC* (D) "a few readings preferable to those of ABC". Tá iarracht déanta ag Carey seachadadh ábhar coiteann na gceithre lámhscríbhinní seo a léiriú; leanfar den iarracht sin sna nótaí thíos. Ní luafar anseo ach an dáta a leagann Carey (agus é ag teacht le McCone 1986: 19, roimhe) ar théacs eiseamláireach an *PHP*, is é sin go dtugann fianaise na teanga le fios gur "eighth- or ninth-century date of composition" atá leis; tugann Carey faoi dháta níos beaichte a

chur chun cinn: “[A] few forms incline me to suspect it was written in the second half of this period” (1994a: 10).

Is mór idir an dáta sin agus dáta *CLcC*, ar ndóigh; achar ama thart ar idir 250-300 bliain. Mar sin féin, feicfear nach dtaispeánann an fhianaise théacsúil gur simplíodh an teanga go hiomlán de réir mar a caomhnaíodh *CLcC*. Is measc̄án den dá rud, seanfhoirmeacha agus forbairtí úra, atá in *CLcC*, bíodh is go mb’fhéidir gur treise iad na forbairtí úra de bheagán. Chun é sin a léiriú, is comparáid idir foirmeacha suntasacha nó suimiúla a mhaireann in *CLcC*, agus a bhfuil in eagrán Carey (ar fhianaise na dtrí lámhscríbhinní eile maille le *CLcC*) a thugtar anseo. Comparáid idir *leaganacha d’ábhar* an scéil é seo, mar atá scríofa sa teideal thuas, ach cuimhnítear nach mar scéal a breacadh an t-ábhar seo ach amháin in *LU*. Ní dhéantar tagairt do na difríochtaí sin nach meastar mórán tábhachta a bheith ag baint leo (mar shampla: “Ainmne, ainmne, a chlérig” in eagrán Carey (§4.2) in aghaidh “Ai*n*mne, ai*n*mne a Pāt*raic*” in *LU* (LU 9763-4)). Os a choinne sin, pléitear difríochtaí beaga mar iad más rud é go mbunaíonn Carey a eagrán ar fhianaise *CLcC* seachas fianaise ABC (de réir mar a bhaineann an chuid sin den téacs le gach lámhscríbhinn acu, faoi seach; féach, mar shampla, §2.9 thíos). Tagraíonn uimhreacha na rannóg thíos d’eagrán Carey (1994a: 11-13).

§1.1 **ro pritchad soscéla Críst doib uili**:

ropritchad (A)

ropritchi (B)

ropritchad (C)

ro pridcastar Pātraic soscēla dóib (*CLcC*)

Léiriú ar leathnú na gcríoch diúscartach sampla *LU*; sa Mheán-Ghaeilge is minic críoch diúscartach in éineacht le s-chaite na Sean-Ghaeilge (Breatnach 1994: 290, §12.4; 300, §12.34). “ō ro p*r*idcast*ar* Pāt*r*aic soscēla dóib” an líne atá in *LU*; ní thuigtear an briathar mar fhoirm chéasta ann, le hais mar a dhéantar in ABC, óir is é ‘Pátraic’ ainmní an bhriathair in *CLcC*. Fágtar ‘Críst’ ar lár in *CLcC*, agus ní dhéantar ‘soscéla’ a cháiliú.

§1.2-3 **tre firtu ⁊ mírbaile dermára dorigne Pátraic i fiadnaise fer nÉrenn**:

> tre firtu ⁊ mirbhuili dermaire dorigne pat*raic* i fiad*naise* fer ner*enn* (A)
>
> t*r*ia fertuib ⁊ mirbuile dermara dorigne .p.ⁿ a fiad*nais*e bfer neiriund (B)
>
> tria firta ⁊ mirbaile dermara i fiadnaisi fer nerend (C)
>
> hi fertaib ⁊ hi mírbailib dermáraib do neoch do-ró*n*i Pát*raic* i fiadnaise fer nÉr*end* (*CLcC*)

Seachas an tuiseal a leanann ‘tre’ (‘firtu/firta’ AC vs. ‘fertuib’ B) agus an briathar ‘dorigne’ a bheith in easnamh ar C, is beag difear atá idir ABC anseo. Réamhfhocal eile, ‘i’, in áit ‘tre’, atá ag *CLcC*, agus cuireann sé an frása ‘do neoch’ leis an sliocht. An chontrárthacht is suntasaí idir ABC agus *CLcC* ná rangú an bhriathair ‘do-gní’, 3 uatha caite foirfe. An fhoirm stairiúil ‘do-rigne’ atá in AB, agus foirm a d’eascair ón tamhan céasta ‘do-róni’ atá ag *CLcC*. Ag trácht dó ar an mbriathar seo deir McCone (1997: 234, §6.8): “Coincidence of the two prototonic stems and the overall trend towards homogenization led to a skew in the independent (deuterotonic) forms with *do:ri(n)gn-* being used in passive as well as active and *do:rón-* in active as well as passive”. Tugann sé samplaí den mheascán seo as *SR* agus as *LU* (féach na nótaí teanga).

§1.3 **ro creit**:

rocreit (A)

rocretsit (B)

ro chreti (*CLcC*)

An fhoirm in A an fhoirm a thagann chun tosaigh (McCone 1997: 57, §4.2) le himeacht aimsire. Caomhnaíonn *CLcC* an tseanfhoirm le guta deiridh sa ghas anseo. Is amhlaidh gur ag tagairt do 'bfer neiriund' atá B, seachas do réamhthagraí san uimhir uatha (.i. Lóegaire féin) mar atá A agus *CLcC*.

§1.4 **foruísestar**:

f*or*uigestar (A)

f*or*uisitur (B)

fo-rusestar (*CLcC*)

An briathar 'fo-sisedar' atá anseo, 3 uatha aimsir chaite. Ní hionann aon leagan in aon lámhscríbhinn. Is suimiúil go bhfuil mír na foirfeachta, 'ro', idir an mír réamhbhriathartha agus gas an bhriathair in *LU*, sa 'suíomh stairiúil'. Faightear go leor samplaí in *LU* den mhír seo á cur roimh an mbriathar.

§1.6 **Docuas uadib co Pátraic co tudchised don dáil**:

co taidchids*ed* (A)

ci tisad (B)

co tistais (C)

co tudchis*ed* (*CLcC*)

Dhá phéire, a bheag nó a mhór, atá ag teacht lena chéile anseo, A agus *LU*, ar láimh amháin agus B agus C, ar an láimh eile. Cloíonn Carey leis an gcéad phéire acu, 3 uatha modh foshuiteach caite prótatonach den bhriathar 'do-tét', seachas 3 uatha/iolra modh foshuiteach caite prótatonach den bhriathar 'do-icc'.

§2.2-3 **ro pritchad an clérech dúib**: rop*r*itchad (A), rop*r*itacht (B), ro pridchast*ar* (*CLcC*)

Féach §1.1 thuas.

§2.4 **i nneoch dogéna di ulc**:

neoch (A)

i*n*nech (B)

aneich (*CLcC*)

Faightear samplaí eile den fhoirm atá in *CLcC* (.i. LU 2611) sa lámhscríbhinn sin, ach is giorra don rud a roghnaíonn Carey dá eagrán na foirmeacha in A agus B. I gcás A, tá an réamhfhocal 'i' fágtha ar lár, agus maidir le B ní dhéantar u-cháilíocht an tabharthaigh a thaispeáint, tuiseal a chuirtí in iúl le foirmeacha mar 'neoch' freisin (*DIL*, 'N', col. 17, 85-6). I gcás na foirme in *CLcC*, pléitear na deacrachtaí a bhaineann leis sna nótaí teanga.

§2.5-6 **ar níba ecal leis a aithber fair**:

á*r* nība hecal leis a aitb*er* fai*r* (*CLcC*)

Mar a thugann Carey (1994: 20) le fios: "Here AB omit a clause preserved in D [*CLcC*]; A marks the omission with *⁊rl-*, but it is tacit in B". Seo sampla den ábhar a luann Carey ina achoimre ar *CLcC* (1994: 3) nach roinneann an téacs sin le ABC; ar fhianaise mar seo a mhaíonn sé nach dtéann *CLcC* siar go dtí nód ar bith (ag aon leibhéal) sa traidisiún téacsúil den *PHP*.

§2.6-7 **'Cid didiu dogénaid fris sin?' or Loegaire. 'Cate do airle-siu immi?' ol [s]iat**:

'Cid dī dogenad f*r*i si*n*? (A)

‘Cidodenum fris-sin?’ (B)

“C*eist* di*diu*, cid do-génaid f*r*is si*n*?” or Lōeg*aire*. “Cade do air*l*i-siu i*m*mi?” ol íat (*CLcC*)

Is ar *CLcC* go príomha a bhunaíonn Carey an chuid seo dá eagrán. Is é an fhoirm chéanna den bhriathar *do-gní* atá ag A agus *CLcC* (aimsir fháistineach 2 iolra), ach ní shonraíonn (agus is dóichí nár ghá) A gurb é Lóegaire, seachas fir Éireann, atá ag cur na ceiste sin. In B, is léir ar fhoirm an bhriathair (aimsir fháistineach 1 iolra) nach é Lóegaire atá ag caint, ach amháin go mbeadh sé ag caint ar son gach duine a bhí i láthair. An cheist a leanann in eagrán Carey, ‘Cate do airle-siu immi?’, is ó *CLcC* amháin a thagann sé seo. I gcomhthéacs na n-abairtí a thagann dá éis (.i. ‘masa *chomairle* lib-si... [R]o sudiged didiu a *comarli* Loegairi’) is fearr a thuigtear úsáid an fhocail ‘airle’ in *CLcC* (agus in eagrán Carey, leis, dá réir), ach is amhlaidh a chruthaigh an focal céanna míthuiscint éigin do chumadóir *CLcC* san abairt ina diaidh sin.

§2.7 **Is ed ara-ic mo airec-sa de**:

is ed arraic mo airgesa de (A)

is ed airic mo airic-sa de (B)

IS *ed* a*r*r-ic mo ai*r*se de (*CLcC*)

Pléitear sna nótaí teanga tuairimí Plummer i dtaobh an fhocail ‘airse’ mar atá sé in *CLcC*, is é sin gur dóichí gur ‘airle’ a bhí i gceist ag an scríobhaí. Ní thagann sé seo leis an dá lámhscríbhinn eile, áfach. Is é léamh Carey (1994a: 20-1) air ná gur “eccentric variant of the *figura etymologica*” atá ann. Is díol spéise é, mar a thugann Carey le fios, gurb é an focal ‘airec’ (ainm briathartha ‘ar-icc’) ainmní an bhriathair, agus gurb é a réamhtheachtaí an forainm ‘ed’. Glacann Carey le foirm an bhriathair in A anseo, óir ní fhaightear sa dá lámhscríbhinn eile an fhoirm choibhneasta stairiúil ‘ara-’.

§2.8 **promthar a aicned fessin .i. gonar nech dia muintir:**

> p*r*omith*er* a aic*ned* fesin .i. gona*r* nech dia muint*ir* ara belaib (A)
>
> p*r*omthur a aigned feisin .i. gonur nech dia muinntir ar*a* beluib (B)
>
> f*ro*mtha*r* a aicned fess*in* ocai*n*d i*m*mo*n* ní ro f*orcan* .i. go*n*ta*r* nech dia mui*ntir* a*r*a bélaib (*CLcC*)

Breis leis an mbunábhar anseo go gcuirtear gníomhaí (.i. ocai*n*d) le *CLcC*, agus go leagtar béim ar an gcúis a ndéanfar an 'promad', is é sin i dtaobh an teagaisc a rinne Pátraic. Pléitear túslitir an bhriathair ('f' in ionad 'p' in *CLcC*) sna nótaí teanga.

§2.9 **Má daloga, bemit-ni forsind recht-sin; maní dílgea immurgu, ní bem-ni forsind recht-sin**:

> ma daloba, bemid-ne f*r*isi*n* r*echt*-sin, mana dilgea dō', ₇rl- (A)
>
> mad dalog*a*, beimid-ne fo*r*sin r*echt*-sin. Muna dilga dā' ₇rl- (B)
>
> Mád día loga bemit-ni fora breith. Mani loga i*m*m*urgu* ní be*m*-ni fo*r*si*n*d recht si*n* (*CLcC*)

Dhá bhriathar éagsúla atá le fáil sna samplaí seo, 'do-luigi' in A agus B, 'logaid' in *CLcC*. B'fhéidir an réamhfhocal 'do' a chur ar lorg na mbriathra seo chun cuspóir an bhriathair a chur in iúl, rud a dhéantar san fhoirm dhiúltach in AB (.i. dō, dā) murach gur "dano" atá i gceist leo. I gcás *CLcC*, ní hann do chuspóir, ach tuigtear go bhfuil ceann ann. Maidir le A agus B, trí fhorainm iontáite ('a') a úsáid a chuirtear cuspóir in iúl sa chéad sampla ('daloga'). Is féidir cuspóir a thusicint chomh maith sa fhreagra a leanann in A agus B (an forainm iontáite 'a' agus é asamhlaithe ag an nguta deiridh in 'mana/mani').

Anuas air sin, is sampla den fhorás Mheán-Ghaeilge 'mád día' *LU*, faoi mar atá pléite sna nótaí teanga. Tá difear beag eile san fhoclaíocht (idir ainmfhocail agus réamhfhocail) idir AB ar thaobh amháin, agus *CLcC* ar an taobh eile; 'fora breith' atá

sa chéad chlásal in *CLcC*, i gcoinne ‘f*r*isi*n*/for*s*in r*echt*-sin’ in AB. San áit a bhfuil ciorrú sa dara clásal in AB (.i. ‘mana dilgea dō’/ ‘Muna dilga dā’ ⁊rl-), tugann *CLcC* an léamh atá sa chéad chlásal sa phéire téacsanna eile, ach san fhoirm dhiúltach. Arís, roghnaíonn Carey formhór an téacs as *CLcC* anseo thar an dá cheann eile, óir is é *LU* is mó a dhéanann an comhthéacs iomlán a shoiléiriú. I ngeall ar bhundifear idir cineálacha na dtéacsanna, is é sin tráchtais/tráchtaireacht dlí, i gcoinne sága mar atá in *LU*, is intuigthe, maidir le leanúnachas agus forbairt an scéil, go bhféachfadh *CLcC* le heolas críochnúil a chur san insint.

§3.1-2 **fer sainredach do guin ind arad boí ar bélaib Pátraic amal do-n-ísed isin dáil**:

fer sunraig do ghuin maradhbui ar belaib pat*raic* am*ail* donised a ndail (A)

fer sainrodach do gui*n* i*n*d a*r*ad boí a*r* bélaib Pāt*raic* am*al* tísad isi*n* dáil (*CLcC*).

Is fearr (agus is inléite) go mór fianaise *CLcC* ná A don abairt seo. Dhealródh sé gur forbairt dhéanach í an aidiacht in A, ‘sonrach [sunraig]’ < ‘sainredach’, óir níl aon sampla de sa *DIL*. Tá an chuma air gur míléamh scríobhaí é ‘maradhbui’ A ar ‘ind arad boí’ (recte: in aradh bui). Os a choinne sin, caomhnaíonn A foirm níos sine den chlásal coibhneasta (a mbíonn urú ar a lorg) le hais fianaise *CLcC* .i. ‘am*ail* donised’ vs. ‘amal tísad’, ach arís d’fhéadfaí a mhaíomh gur fearr an léamh ‘isi*n* dáil’ (a roghnaíonn Carey) vs. ‘a ndail’, ós rud é go bhfuil deimhniú déanta ar an ainmfhocal in *CLcC*. Pointe tábhachtach maidir le dáta a chur leis an téacs is ea fianaise seo ‘amal tísad’, óir taispeánann sé an fhorbairt i dtaobh clásail choibhneasta na Sean-Ghaeilge agus i dtaobh an chórais bhriathartha. Briathar simplí atá in ‘tic(c)’ anseo (arbh fhéidir leis a bheith faoi shéimhiú anseo, ar ndóigh, .i. <u>t</u>ísad /d/) in ionad na seanfhoirme ‘do-icc’ a léiríonn srónaíl choibhneasta ar an gcuid aiceanta den chomhbhriathar.

§3.2-3 **Quod completur tri rád Loegairi**:

q*uod* conpleatu*r* t*r*i r.l. (A)

do-rigned īarom sa*m*laid (*CLcC*)

Ar A amháin atá an frása seo ag brath, mar a thugann Carey (1994: 21) le fios, agus leanann seisean Binchy sa scaoileadh a dhéanann sé ar ghiorrúchán 'r'. Seo an chéad sampla de fhrása as Laidin aistrithe go Gaeilge ag cumadóir *CLcC* (an easpa Laidine in *CLcC* pléite i gcaibidil a cúig).

§3.5-6 **ro gab crith … insi nÉrenn**:

rogab c*r*ich … i*n*si ner*enn* (A)

ro gab c*r*ith … i*n*si hĒr*end* (*CLcC*)

Taispeánann A an t-urú stairiúil ar ainmfhocal sa tuiseal cuspóireach, urú nach bhfuil le fáil in *LU*. An amhlaidh gur mí-léamh ar 'n' an 'h' ag scríobhaí *CLcC*?

§3.7-8 **Et timerunt timore magno ⁊ facti sunt uelut mortui ⁊rl.**:

ET timer*un*t timore magno ⁊ factus s*un*t uelut mortui ⁊rl- (A)

ros-gab c*r*ith ⁊ ómu*n* doḟulachta ⁊ do-rōnait ma*r*btís máir*b* (*CLcC*)

Sampla eile de thiontú Laidine de chuid scríobhaí *CLcC*. Feiceann Carey ceangal anseo sa chéad chuid den líne idir í agus líne as *Fís Adomnáin* (i láimh *M*) in *LU* (LU 2069-70) 'nos gébad ule crith ⁊ úaman dofhulachta'.

§4.1-2 **La sin didiu sléchtais Loegaire ⁊ formna ndagduíne nÉrenn for óigréir nDé ⁊ Pátraic**:

La si*n* dī slechtais laogaire ⁊ fo*r*mna ndaghdui*n*e ner*enn* f*or* oighrer nde ⁊ pat*raic* (A)

> La ssi*n* di*diu* slēchtais Lóegai*r*e co dūt*r*achtach co f*or*mnu fer nĒr*end* do Pāt*raic* (*CLcC*)

Tá ord na bhfocal (agus na focail féin; téarma comhchiallach é ‘dagduine’ in A le ‘fer’ [ginideach iolra] in *CLcC*) beagáinín éagsúil in *CLcC*. Cuirtear leis an mbuneolas ansin ar ghéilleadh Lóegaire agus fir Éireann leis an dobhriathar ‘co dūtrachtach’ (faightear frása an-chosúil leis seo in *Beatha Bhréanainn* in *Leabhar Leasa Móir*: “fuair tech Findloġa ⁊ in naiḋiu ann ⁊ roṡlecht co duthrachtach ’na ḟiaḋnusi” (Hogan 1894: 101, §97). Baintear macalla as an bhfrása in *Bethu Phátraic* sa *Leabhar Breac*, leis: “Atb*er*t p*atraic* f*ri* l*oegaire* vair rocreitisiu dodia dob*ér*th*ar* fot sægail duit hirrigi... ⁊ vair narogabais inmbathis odúthr*acht*... rotbia iff*er*nd” (Stokes 1877: 28)). Faigheann an frása ‘for óigréir nDé ⁊ Pátraic’ in A tacaíocht sa bhreis ó C, sa chuid sin den *CIH* (341.33-38) ina bhfuil “fragments of PHP §1”, mar a deir Carey (1994a: 2). Is é an abairt deiridh den bhlogh úd (*CIH* 341.36-38): “⁊ o ‘tchoncat*ar* laeg*air*e cona druidib do sarug*ud* tria firta ⁊ mirbaile dermara i fiadnaisi fer nerend, for ogreir de ⁊ pat*raic*”. Is ón bpointe seo ar aghaidh a fheictear na difríochtaí is suntasaí idir *CLcC* agus ABC.

§5.5-6. **Ar iss ed fil i soiscéla, ógdílgud cach uilc ó cach comnessam dialaile.**

Tá ABC an-ghar dá chéile anseo, ach fágann *CLcC* caint seo Dubthach (ar an gcinneadh deacair atá le déanamh aige) ar lár ar fad. Is spéisiúil, áfach, go bhfuil tagairt in *CLcC* san áit a scarann an dá théacs eiseamláireach óna chéile (§4.3 in Carey) don ‘ógdílgud’ in ABC. Nuair a lorgaíonn fir Éireann ‘ainmne’ ar Pátraic, leanann A mar “rop*r*itchest*air* (?) dilgu” san áit a bhfuil “ro p*r*idchais dilgud tabai*r* dilgud dú*n*” in *CLcC*. Le fianaise *CLcC* a chloíonn Carey, bíodh is go bhfuil deacrachtaí leis an dá lámhscríbhinn ag an bpointe seo: “At this point the relationship between A and D [*LU*] becomes obscure, and the original text is probably not recoverable: both

versions seem to reflect significant innovation, and some textual corruption" (1994: 22, §4.3). Pé acu "innovation" nó "scribal corruption" is bun leis, is suntasach go luaitear an 'ógdílgud' atá san abairt ag tosach na hiontrála anseo sa chéad abairt eile a leanann in *CLcC*: "Tuc ïa*rom* Pāt*raic* óg ndilguda dóib" (LU 9764).

§6.3 **Bennachais iarum Pátraic a gin-sum ⁊ doluid rath in Spirta Naím fora erlabra.** Tá ABC an-ghar dá chéile anseo, agus ní thugtar iad dá réir; séard atá in *CLcC*: "íarna b*enn*achad do Pāt*raic* ⁊ íar sēnad a gena co tānic rath i*n* Spirta Naī*m* fai*r*" (LU 9776-7), a thugann an t-eolas céanna agus atá le fáil in ABC, ach le habairt níos faide.

§7.1 **Recmait a les**:

Ragam a les (A)
Racmaid a les (B)
ricthai a les (C)
recmait a les (*CLcC*)

Tá nóta fada ag Carey (1994a: 22-24) ar na deacrachtaí a bhaineann le foirmeacha an bhriathair anseo. Ní hamháin go gcaitear le 'ro-icc' mar bhriathar simplí i ngach sampla thuas, ach tugann na foirmeacha in B agus *LU* fianaise ar fhorbairt an fhoircinn '-m(a)it' sa 1 iolra aimsir láithreach, "two features almost unattested before the Middle Irish period" (23). Léiríonn Carey (24), áfach, go bhfuil fianaise bhreise i dtrí cinn (A, B, *CLcC*) de na finnéithe don fhoirceann briathartha seo .i. 'bemit-ni' (§2.9, 11) agus tagraíonn do choincheap an 'double lapse' de chuid McCone a thugann faoi bhotúin éagsúla a fhaightear in éineacht a mhíniú mar "good evidence for a shift of register" (McCone 1985: 90). Níor mhiste a lua go bhfuil an chuma ar na foirmeacha briathartha in A agus B go bhfuil an briathar *téit* tar éis dul i bhfeidhm orthu.

§7.1-2 **sudigud ⁊ ordugud cach rechta lind, cid cenmothá aní-seo**:

Suidiuug [*sic*] ⁊ ordug*ud* ca*ch* rechta lind cid ci*n*motha ini-seo (A)

suidiug*ud* ⁊ ord*ugud* cach r*echt*a linn cidh cinmotha ini-so (B)

suidiug*ud* ⁊ ordug*ud* cach rechta lind (C)

sudigud ⁊ ordugud cach rechta li*n*d cid i *n*-ēcmais na cai*n*gni si*n* (*CLcC*)

Is rí-dheacair a dhéanamh amach cén gaol go díreach atá idir *CLcC* ar láimh amháin agus ABC ar an láimh eile sa chuid seo den ábhar coiteann. Tar éis dó *CLcC* scaradh le hábhar coiteann ABC (mar atá pléite thuas; Carey 1994a: 11, §4.3), is ábhar 'neamhspleách' a chuireann cumadóir *CLcC* lena insint, ach tá bunús an ábhair le fáil sa *PHP* féin, mar a thugann na nótaí roimhe seo le fios (§5.5-6. agus §6.3). San ábhar 'neamhspleách' seo, luaitear 'caingen (dílgotha)' faoi dhó, agus is é sin faoi deara do *LU* a bheith níos deimhne ná ABC anseo (.i. 'cid i *n*-ēcmais na cai*n*gni si*n*' vs 'cid cenmothá aní-seo'), ar an ábhar go bhfuil comhthéacs níos deimhne dá chuid féin ag cumadóir *CLcC* anseo.

§7.3 **co tairfen cách a cheird fíad Pátraic ar bélaib cach flatha la hÉrind**:

co tairfen cach a cerd fiadh patt*raic* ar beluib cachu fl*ath*a la er*inn* (A)

co tairpenad cach a c*er*d do p*atr*ai*c* ar bel*aib* cach*a* fl*ath*a heirind (B)

co tarfen cach a ceird fia pat*raic* ar bel*aib* cacha fl*ath*a le herind(C)

cor tasfē*n* cách a cherd fíad Pāt*raic* ⁊ fíad firu hĒr*end* (*CLcC*)

Is é *CLcC* an t-aon sampla anseo ina ndéantar mír na foirfeachta 'ro' a cheangal leis an gcónasc 'co' roimhe, ós mar bhriathar simplí a chaitear leis an tseanfhoirm 'do-aisféna'; déantar amhlaidh le 'ro taisfē*n*' freisin (*LU* 9777) (ionad agus feidhmeanna 'ro' pléite in McCone 1997: 138-9). Tugann 'dosairfen' (Carey 1994a: 12, §7.14) fianaise eile den tseanfhoirm (dosairfen (A), dosairfe*n* (B), tosairfen (C)) i gcuid den

*PHP* nach bhfuil le fáil in *CLcC*. Is suntasach anseo arís fianaise *CLcC*; san athscríobh dó, seans maith gurbh é an aithris ar an réamhfhocal 'fíad' ('fíad Pátraic') a spreag an cumadóir chun 'fíad firu hĒr*end*' a scríobh. Pé bunús atá lena athscríobh (agus ní mian liom an iomarca airde a thabhairt air, óir ní féidir argóint mar seo i leith ar spreag cumadóir anaithnid a chruthú), is léiriú ar fhorbairt i leith tuiseal agus réamhfhocal go leanann an t-áinsíoch 'fíad' sa fhrása 'fíad firu hĒr*end*' (féach na nótaí teanga).

§8.1 **Nónbur trá doérglas dond ordugud-sin**:

> no*n*bur t*r*a doerglus do ordug*ud* in lib*uir*-siu (A)
> nonbur t*r*a doerglasa do ord*ugud* in liub*air*-si (B)
> nonbur t*r*a doerglas do ordug*ud* in libuir-si (C)
> Nōnbur ai*r*egda ro boí ocond ordugud si*n* (*CLcC*)

Difríocht an-bheag an chéad cheann anseo idir *CLcC* agus ABC, gurb é 'ai*r*egda' atá ann, in ionad 'doérglas' in ABC: "I take D[*CLcC*]'s *airegda* to be a *lectio facilior* replacing OIr. *do·érglas*" tuairim Carey ina thaobh (1994: 25, §8.1), ach tá tábhacht éigin ag baint leis, mar a phléifidh mé thíos. Arís, áfach, is é léamh *CLcC* is ansa le Carey (don dara cuid den abairt) óir roghnaíonn sé 'dond ordugud-sin', bunaithe ar fhianaise *CLcC* go pointe (mar a bhfuil "ocond"), le hais tagairt ABC don 'libuir-si': "Where ABC allude to 'this book'… they reflect the recasting of the tale to make it serve as a prologue to the *Senchas Már*" (ibid.). Cuireann an fhianaise théacsúil seo i gcuimhne dúinn an athuair gur scéal neamhspleách é *CLcC*, "a saga version... playing down more technical aspects that naturally figured prominently in the prologue to the *Senchas Már*" mar adeir McCone (1986: 4); b'fhéidir nach cuí 'teicniúil' a lua i leith 'doérglas', ach is deimhin gur éascú ar an mbriathar seo é an aidiacht choitianta 'airegda'. Ina theannta sin, ós mar leagan scéaltach a scríobhadh *CLcC*, agus ó

seachnaíonn sé cuid mhór de *raison d'être* an *PHP*, ní hionadh, ach an oiread, an tagairt don 'libuir-si' bheith caite uaidh ag a scríobhaí.

§9.1.2 **fer comcni fri aisnéis ⁊ scélugud**:

> fer coigne (*sic*) fri aisneis ⁊ scelug*ud* (A)
>
> fer cuimgni haisneis sgeludh (B)
>
> fer comgne f*r*i asndeis ⁊ scelug*ud* (C)
>
> fer co*m*cni c*um*nech día*m*bad eól f*r*esnēis ⁊ aisnéis ⁊ scélugud (*CLcC*)

Tá curtha ag *CLcC* leis an gcur síos anseo ar an gcéad duine den triúr a raibh cead urlabhra poiblí acu roimh theacht an chreidimh: *fer comcni*, *fer cerda*, *brithem*. "This paragraph appears to be echoed in Triad 248", adeir Carey (1994a: 27, §9) ach fágtar an ceathrú duine a luaitear in *Trecheng breth Féne* ar lár anseo, an *sencha* (féach Meyer 1906: 32). Mheas Plummer (1884: 170) gur comhfhocal a bhí in 'eólf*r*esnēis', agus d'aistrigh sé an chuid sin mar seo: "the man of capacity and memory to whom there should be witty answer, and narration, and story-telling" (lch. 169). Sílim gurbh fhearr a thuigfí é mar dhá fhocal ar leith, agus an struchtúr 'do + copail + eól (+ ainmfhocail á leanúint)' a léamh. Rinne Plummer an focal 'co*m*cni' a léamh mar 'cumocni', ginideach uatha de "*cumocne*... for *con-od-gne* cp. *écne* for *aith-gne*" (lch. 171), focal nach bhfaightear sa *DIL*, más ann dó in aon chor.

§9.4-5 **Ó thánic Pátriac immurgu, is fo mámmus atá cach erlabra donaib í-seo do ḟiur in bérlai báin .i. ina canóine**:

> o thainic iṁ, is fo ma*m*us ata ca*ch* urlabra do*n*haibhi-siu do fer in berla bain .i. na canoine (A)
>
> O tainicc .p. t*r*a is fo mamus ata no is fo mam ata cach urlab*r*a donahib-siu do fiur in berla mbai*n* .i. na canoine (B)

O tainic iṁ pat*raic*, is fo mam ata ca*ch* urlabra dona fiib-so do fir in berla bain .i. i*n*a canoine (C)

Ō thánic Pāt*raic* im*murgu* is fo má*m*m*us* a-tát na hí seo .i. do fir in b*ēr*lai būai*n* .i. i*n*na canōni naí*m*i (*CLcC*)

Dhá mhionphointe atá le plé anseo; an chéad cheann ná gur in B amháin a fhaightear u-dhathú an tabharthaigh san fhocal 'fer' .i. 'do ḟiur' mar atá in eagrán Carey. An dara pointe ná fianaise na lámhscríbhinní don "*bérla bán*". Faoi dhó sa *PHP* a thráchtar air. Go gairid i ndiaidh do *CLcC* scaradh ó ABC maidir le 'sudigud agus orgdugud cach rechta' (§7.4), luann *PHP* 'bérla mbán mbiait .i. recht litre' (tagairt do Shalm 118, féach Carey 1994a: 25, §7.7-8), i gcomhthéacs na dtrí *recht* éagsúla, *recht aicnid*, *recht fáide* agus *recht litre*. Aistríonn Carey (lch. 18) é mar "the white language of the *Beati*… i.e. the law of scripture". Ní fhaightear an tagairt seo in *CLcC*, ach faightear leagan de sa chuid dheireannach ar fad den ábhar a roinneann *CLcC* leis an *PHP* (.i. sula nglacann sé le hábhar an *Bórama* chun scéal *aided* Lóegaire a insint). Is 'búa(i)n' seachas 'bá(i)n' atá ag *CLcC*, áfach. Dá réir sin, "the lasting tongue" atá ag Plummer (1884: 167), agus "the Lasting Language" (1887: 576), ag Stokes, mar aistriú ar 'bérlai búain' *CLcC*. Bíodh gur dóichí gur sciorradh pinn é seo ag cumadóir *CLcC* (nó ag *H* agus é ag cóipeáil), tá drogall orm é a choigeartú. Thabharfadh fianaise eile le fios gurbh fhearr an coigeartú sin a dhéanamh, b'fhéidir. I ndán dar teideal 'Aimirgein Glúngel Tuir Tend' (a bhfuil dáta idir an deichiú haois agus lár an dara haois déag leagtha air ag a eagarthóir, Smith 1994: 126) tugtar an fhianaise seo:

Ó tháinic Pátraic – mod mas –
tucsat don ḟir airechas,
d'Ḟir in Bérlai Báin – ferr de –
do chind cháid na canóine.

Since Patrick came – splendid work –
they have given priority
to the man of the White Language – better for it –
to the pure one of Canon Law. (Smith 1994: 131, 137)

Mheas eagarthóir an dáin gurb éard a bhí in 'Aimirgein Glúngel Tuir Tend' "a résumé of some of the *senchas* which medieval Irish scholars held to be fundamental to an appreciation of the historical development of Irish law and language" (lch. 123). Ní foláir nó bhí teacht ag cumadóir an dáin sin ar chuid mhaith den traidisiún a luaitear sa *PHP* agus in *CLcC*, i bhfianaise na rann seo go speisialta:

Formna Senchasa Móir
nónbar ro chumtaig co cóir;
Náeḟis, canóin cáemda cain
re fesaib náemda in nónbair.

Pátraic, Beinén, Cairnech cain,
Láegaire mac Néill neartmair,
Fergus file – gáire glan –
ocus Dáire rí Ulad.

The greatest part of *Senchas Már*,
Have nine properly built up;
*Náeḟis*, comely and fair canon
composed by the hallowed wisdoms of the Nine.

Pátraic, Beinén, fair Cairnech,
Láegaire, son of vigorous Níall,
Fergus the poet – a pure call –
And Dáir, king of Ulster (Smith 1994: 130, 137).

Seans rí-mhaith gur ‘bán’ is cirte bheith anseo in *CLcC*, dá réir sin, ach is leasc liom gan cloí le fianaise na lámhscríbhinne féin sa chás áirithe seo.

**An Fhianaise á meas**

Tagann an cuntas seo, agus na nótaí teanga i m’eagrán féin de *CLcC*, le ráiteas Carey thuasluaite faoi “unmistakable signs of having been reworked in the Middle Irish period” (3). Dar leis: “It seems a fair enough guess that D (*CLcC*) reflects a revision of *PHP* made in the late eleventh or early twelfth century” (ibid.). Níl aon fhianaise curtha ar fáil anseo a rachadh in aghaidh na tuairime sin. Taispeánann Carey freisin, áfach, gur fearr na léamha a thugann *CLcC* i gceithre cinn d’áiteanna ná ABC, agus mar a chonaiceamar thuas, caomhnaíonn *CLcC* an fhoirm ‘ro chreti’, foirm roghnach i leaba ‘-creit’ nach bhfaightear ach go hannamh fiú sna samplaí is sine atá againn (cf. *GOI* 419, §678). Anuas air sin, léiríonn na nótaí thuas oiread agus atá sleachta áirithe d’eagrán Carey ag brath ar *CLcC* chun bearnaí in ábhar ABC a líonadh. Ina dhiaidh sin, níl mórán amhrais i dtaobh thréimhse bhreactha *CLcC*, óir is sna sleachta a bhaineann le *CLcC* amháin is léire tréithe na Meán-Ghaeilge.

***Aided* Lóegaire: ábhar an *Bórama* in *Comthóth Lóegairi co Cretim***

Gan na trí ghluais ghearra in *CLcC* a chur san áireamh, tá 955 focal san iomlán in *CLcC*. Díobh seo, tá aige 433 focal (45% d’iomlán an téacs) nach roinneann sé leis na lámhscríbhinní ar a dtugann Carey ABC orthu ina eagrán. 522 focal a roinneann sé, a bheag ná a mhór, le ABC (55% d’iomlán *CLcC*). Is éard is brí le “a bheag ná a mhór” ná nach ionann ar fad cuid de na habairtí atá i bpáirt ag *CLcC* le ABC. Uaireanta bíonn friotal eile le fáil in *LU* seachas mar atá sna cinn eile (.i. ‘“A dénam samlaid”, ol Pátraic’

(LU 9771), vs. '"Is ferr", ol Pátraic, "a dénam"' (§7.2)). Ar ócáidí eile faightear foca(i)l eile in *CLcC*: .i. 'co formnu fer nÉrend' (LU 9762), vs. 'formna ndagduíne nÉrenn' (§4.1); 'Ainmne, ainmne, a Pāt*raic*', oldat fir hĒr*end*' (LU 9763) in *CLcC* vs. ''Ainmne, ainmne, a chlérig!' oldat fir Érenn' (§4.2). Seachas aon sliocht amháin (LU 9783-7) ina ndéantar idir achoimriú agus choilleadh ar phíosa i bhfad níos faide in ABC (§7.4 - §7.18), fanann *CLcC* (i bhfianaise ABC) réasúnta dílis don téacs/do na téacsanna a raibh siad ag brath air/orthu. Sa phíosa a leanann, déanfar scrúdú ar na sleachta sin atá in *CLcC* amháin chun a dtréithe teanga a léiriú.

(a) Baí co*m*thinōl fer nĒre*n*d hi Te*m*raig i *n*-a*m*sir Lóegai*r*e m*ei*c Nēill. Is dē im*murgu* boí in co*m*thinōl si*n* occo i*m* dála na c*r*eitmi (LU 9733-4)

Is achoimre ar chuid dá leanann sa scéal an dá abairt seo, a chuireann Temair agus Lóegaire mac Néill i láthair dúinn, agus a chuireann cúis scríofa an scéil in iúl dúinn. Pléitear i tábhacht na n-ainmneacha dílse sa chéad abairt (.i. *fir Érenn*, Lóegaire mac Néill, Temair). Ní hionann struchtúr na chéad abairte agus an fhoirmle choitianta *buí rí amra for X* (cf. McCone 1984: 36, n.25) a fhaightear i mórán scéalta faoi na ríthe, ach is suntasach go dtugann sé an t-eolas céanna sin dúinn. Déantar leathnú ar an gcur síos sa dara habairt ar an ábhar coiteann a leanann, is é sin gur comhthionól "i*m* dála na c*r*eitmi" a bhí ann: "As-rocho*n*grad īaro*m* ō Lōeg*aire* fo*r*mna flathi fer nĒr*end* do thudecht i *n*-ōenmagi*n* fri hóentaid n-i*m*acallma i*m* chōr*us* a *m*bēscna $_7$ a rechtgai" (LU 9741-3).

(b) Ro [ṡ]luic da*no* i*n* tala*m* Lōegai*r*e druí t*r*ia brēthir Pāt*raic con*id 'na che*n*d chacait na huli coi*n* tecait hi Te*m*raig (LU 9738-40).

Luann Carey (1994a: 20) gur ábhar é seo atá neamhspleách ar *PHP* ar fad, agus pléann sé coigeartú na foirme ‘druí’ > ‘druid’ i bhfianaise sampla dá shórt in *Tochmarc Emere*. Is i láimh *M* atá an sampla sin (‘doluí’ > ‘doluid’), rud a chuirfeadh i gcoinne choigeartú na foirme, b’fhéidir. Maidir le foinse na heachtra seo, caitheann Carey an tuairim go mb’fhéidir gur bhain sé le hadhladhach Lóegaire de réir chuntas Tírechán (féach lch. 20 thuas). Ó thaobh na teanga de, anuas ar na pointí atá pléite sna nótaí, is mar ghas coguasach a chaitear le Temair anseo (le hais i-ghas), agus imíonn an ‘s’ séimhithe as i dtús an bhriathair (‘ro [ṡ]luic’).

(c) Tuc īa*r*o*m* Pāt*raic* óg ndīlguda dóib. Gabth*us* īa*r*o*m* Lóegai*r*e ai*n*mchai*r*di*n*e Pāt*raic* a*n*d si*n* ⁊ be*n*nachais Pāt*raic* hé ⁊ a síl. “Tabai*r* tr*ā*” oldat fir hĒr*end* fr*i* Pāt*raic* “co*m*a*r*li dú*n* i*m*mo*n* nī sea .i. im ca*n*gi*n* dīlgotha cid do-géna*m* i*m*mi? A*r* in cai*n*ge*n* fo*r*sa tai*r*isfe ocai*n*-ni i*n*nossa fo*r* siat is fai*r* bías túath ⁊ eclas.

Tá idir sheantréithe agus fhoráis úra le feiscint anseo. Sa chéad abairt léirítear urú an áinsígh in ‘óg ndīlguda’, agus sa dara ceann tá forainm iartháite ag an mbriathar ‘gaibid’. Ní léirítear urú an áinsígh in ‘im ca*n*gi*n* dīlgotha’ (ná séimhiú ar lorg ‘im(m)’ ach chomh beag), agus is ‘tuc’ in áit ‘do-uc’ foirm an bhriathair ‘do-beir’ (.i. simplí vs. comhshuite). An pointe is suntasaí anseo ná an forainm ‘hé’ mar chuspóir an bhriathair ‘bennachaid’, gan forainm iontáite ann (féach an plé sna nótaí teanga). Tá ‘ol’ agus ‘for’ le fáil ann mar mhalairt leaganacha (‘ol’ is sine acu; féach Mac Gearailt 2012: 298, mar a bpléitear tréithe mar seo i láimh *H* in *LU* trí chéile). Ar an iomlán, is mó foráis nua anseo ná seanfhoirmeacha, cé gur foirmeacha spéisiúla iad na seantréithe a chaomhnaíonn an téacs.

(d) Ro c*ur*it da*no* a f*or*bo*n*na a*n*d si*n* úadib ⁊ ro córaigit ina téchta.

Pléitear an dá bhriathar thuas sna nótaí teanga; is fianaise iad ar fhorbairt an chórais bhriathartha i ré na Meán-Ghaeilge.

(e) IS *ed* t*r*ā a*r*-rícht occo a*n*d-si*n* i*m* dála dīlgotha .i. i*n* bibdu ⁊ i*n* cintach 'na chi*n*aid ⁊ logad dā anmai*n* .i. aithrigi do lēcun dó ⁊ ce*n* logad día churp .i. bās d'i*m*mirt fai*r*. Ro ordaigs*et* da*no* fir hĒr*end* a ne*m*thiu a*n*d-si*n* .i. cloc ⁊ salm do eclais. Gēill do rígaib. T*r*eḟoclæ tēchtæ do filedaib. Aithgabáil do fēnnethaib.

Tugann teanga na coda seo de *CLcC* fianaise ar fhorbairtí agus ar sheanfhoirmeacha araon. Léiriú ar an dá rud an dá fhoirm de réamhfhocal móide aidiacht shealbhach san aon abairt amháin, “logad dā anmai*n*... ce*n* logad día churp cheana”.

(f) Boí Lōegai*r*e t*r*īchait mblia*dna* īa*r* si*n* i rrīgi hĒr*end* hi co*m*li*n*g fri Pāt*raic* ⁊ bá do réir Pāt*raic* chena boí-seo*m*. Luid īa*r*o*m* Lōeg*aire* slōgad co Laigniu do chui*n*cid na bōromi fo*r*aib. Ro thinōlset Lagi*n* ⁊ do-ratsat cath dó ⁊ maiti fo*r* Lōeg*aire* i*n* cath .i. cath Ātha Da*r*a. Ro gabad Lōeg*aire* 'si*n* chath ⁊ do-bretha rātha f*ri* Laigniu .i. g*rían* ⁊ ēsca, usci ⁊ aer, lá ⁊ adaig, muir ⁊ tír, *con*na íarfad i*n* mbōromi céi*n* bad béo. Ro leced ass īaro*m*. IS *ed* t*r*ā ro tai*r*[n]gired do Lōeg*aire* co*m*bad et*er* Ērin*d* ⁊ Albai*n* fo-gēbad a aidid *con*id dē si*n* nā deochaid-siu*m* muirchoblach rīa*m*. Luid t*rā* Lōeg*aire* do-ridisi slōgad m*ár* co Laigniu do saigid na bōromi fa*r*aib. Ní thuc im*murgu* a rātha di oīd. Ō rānic īaro*m* G*re*llaig nDā Phil f*or* táeb Chassi i *m*Maig Liphi eter na dá cnoc .i. Ēriu ⁊ Albu a n-a*n*ma*n*d. At-bath a*n*d-si*n* ó g*réin* ⁊ ō gāith ⁊ ōna ráthaib archena. Ar ní lae*m*the tudecht tairsiu isi*n*d a*m*sir si*n*. *Con*id dē sin as-b*er*t i*n* fili:

At-bath Lōegai*r*e m*a*c Nēill
f*or* táeb Chassi glas a tír
dūli Dé ad-roegaid raith
tucsat dāl báis f*orsin* rīg.

IN cath i *n*Ath Dara déi*n*
i rragbad Lōegai*r*e m*a*c Nēill
násad fír na *n*dúla Dē
iss *ed* ro mar*b* Lōeg*aire*.

Sa chuid seo de *CLcC* is mó a fheictear forbairtí teanga (féach na nótaí teanga agam).

In *LL* is fearr a chaomhnaítear an *Bórama*, bunábhar *aided* Lóegaire mar a ríomhtar

in *CLcC* é. Ní hionann leagan níos forbartha *LL* agus cruthúnas gurbh é an leagan sin a d'úsáid údar *CLcC*, áfach (féach Carey 2015: 109, n.10, *contra* Mac Eoin 1968: 24). Ní miste an chuid sin de *Bórama LL* a thabhairt anseo le héagsúlacht na fianaise a léiriú (LL 38277-38294):

> Gab*ais* iar sain Loe*gaire* m*a*c Néill ríge ṅHer*end*. & tionolis Leth Cuind leis do thobuch na bórama. & tic ar sluagad i lLaignib. Is é ba rí Lagen in tansin Enna Cendsel*ach* m*ac* Labrada m*eic* Bresail Bel*aig*. Tinolait iar*u*m Lagin im Enna. ⁊ toberat cath do Loegaire .i. cath Atha Dara for Berba. Maidid and for Loe*gaire* ⁊ mairbthair dergár Leithe Cuind and ⁊ tinoalit*er* a cind co nd*er*nad carn díb ar brú na B*er*ba i mMaig Ailbe. Irgabthair da*no* Loe*gaire* m*ac* Neill féin and. Ro gell da*no* na tobechad tri bithu in ṁbor*ama* ⁊ a anacul. Dorat iarum ráthachas na ndúl dara chend na ticfad da toboch tria bithu i lLaig*niu*. & iss ed ón nara chomaill. Uair thanicsium i cind da bl*iadan* co lleith coro gab bú oc Síd Nechtain. Conid airesin tucsat na dúle dáil báis do Loe*gaire* i taeb Chasse. .i. tal*am* da ṡlucud ⁊ grian da loscud ⁊ gaeth do dula uad. Is desin rát*ir*.
>
> Atbath Loeg*aire* m*ac* Neil
> i taeb Chaisse glass a tír
> dúle Dé dars tanic dáil
> rucsat dáil báis forsin ríg.

Aithnítear ann roinnt mhaith de na heilimintí céanna agus a fhaightear i gcuntas *aided* Lóegaire in *CLcC*, ach mar adeir Carey (2015: 109): "The circumstances are essentially those associated with his death in the *Bórama*, although there is no verbal agreement between the accounts". D'fhéadfaí cur leis an ráiteas sin, agus aird a tharraingt ar na difríochtaí suntasacha idir *CLcC* agus *LL* anseo: níl aon trácht in *LL* ar (a) an tairngreacht a rinneadh go bhfaigheadh Lóegaire bás idir *Ériu* agus *Albu*, (b) gur sheachain Lóegaire taisteal mara uaidh sin amach dá bharr ("*con*id dē si*n* nā deochaid-siu*m* muirchoblach rīa*m*"), agus (c) gur maraíodh é dá bhuíochas sin idir dhá chnoc darb ainm *Ériu* agus *Albu*.

Maidir le fianaise *CLcC*, is loime go mór an cur síos ansin ar chomhthéacs an chatha in aghaidh na Laigin: ní luann *CLcC* rí Laighean na haimsire (*Énna Cendselach*), 'dergár

Leithe Cund' agus an carn cloigeann a rinneadh dá éis, ná gur fhéach Lóegaire le ba a ghabháil i *Síd Nechtain*. Pléann Mac Eoin (1968: 22-3) cuntais eile a chaomhnaíonn leaganacha den ábhar seo, ar a nós siúd in *Leabhar Leacáin* (*Leac*) agus *Leabhar Bhaile an Mhóta* (*LBM*), atá níos giorra dá bhfuil ag *CLcC* ina leith seo. Is ann fós do dhifríochtaí beaga idir iad agus *CLcC*, bíodh is go bhfuil siad níos cosúla le *CLcC* ná mar atá siad le *LL*. Seo iad an dá leagan próis iontu (fágtar an rann filíochta ar lár ós ionann iad):

> Fuair Laeġaire iarom bas ig Greallaiġ Daṗil, for taeb Caisse, imMaiġ Liṗe, eter na da ċnoc, Eriu ocus Alba a n-anmann. A raṫa dorat fri Laiġniu naċ iarfad in boroime forro, iar n-a gabail doiḃ for creiċ occo. Co tart som grein cus esca friu na ssaigfed forro ni baḋ siriu. Romarbsat iarum grian ocus esca annsin eiseom, ar rosaraig iat. Sicut poeta ait... (*LBM*; Mac Carthy 1892: 396)

> Fuair thra Lægairi m*a*c Neill iar*u*m bas i nGreallach Da-fil for taeb Chaisi i Maig Lifi it*ir* na da chnoc .i. Eri ⁊ Albu a n-anmann. Aratha dorad fri Laigniu nach iarfad in boroma forro iarna gabail doib for creich occo, co tard-som grein ⁊ esca friu na saigfead doib forro ni bad siriu. Domarbsad iar*u*m .i. grian ⁊ esca ⁊ na duile olchena, ara sarugud, *co*nad de ad-beart... (*Leac*; Stokes 1887: ccxxiii)

An chonclúid a bhainim as an bhfianaise seo ar fad ná gur as foinsí neamhspleácha a fuair (a) *CLcC*, (b) *LL*, agus (c) *Leac* agus *LBM* a gcuntais ar *aided* Lóegaire. Cuireann *CLcC* an t-ábhar seo le hábhar éagsúil ar fad (mar atá pléite anseo tríd síos), ach is in *LL* amháin atá sé caomhnaithe i gcomhthéacs leathan an *Bórama*; mar sin féin, tá nasc idir *LL* agus (c) .i. *Leac* agus *LBM* thuas. I dtús sleachta ar a dtugtar *Do Ḟlaithesaib Hérend Iar Creitim* in *LL* (LL 2999-3003), deirtear linn:

> Loegaire m*a*c Néill .xxx. annos regn*um* Hiberniae po*st* aduentum P*a*tricíí tenuit. Ard Macha fundata *est*. Secundinus. ⁊ Senex P*a*tricius quieu*er*unt. Doroch*air* Loe*gaire* i taeb Chasse. ⁊ċ. Ail*il*l Molt m*a*c Dáth Í .xx. bl*iadan* co tor*chair* i cath Óca la Luaig m*ac* Loe*gairi*.

Tagann sé seo sna sála ar *Lebor Gabála* in *LL*, agus is ionann é agus fianaise *Leac* agus *LBM*, ach amháin go mbaintear an cur síos ar *aided* Lóegaire de *LL* san áit a gcaomhnaítear é in *Leac* agus *LBM*.

(g) Tucad da*no* corp Lōeg*airi* anes īa*r* tai*n* ⁊ ro hadnacht co *n*-armgasciud isi*n* chlud i*m*echtr*a*ch ai*r*th*er*desc*er*tach rīgrātha Lōeg*airi* hi Te*m*raig hé ⁊ a aiged fodes f*or* Laigniu oc cathugud f*r*iu a*r* ropo náma-s*om* 'na bíu do Laignib. Ba sí da*no* ráith Lōeg*airi* Tech Midchúa*r*ta i*n* ta*n* si*n* ⁊ is ai*r*i *con*-aitech-som a adnacul and.

Bíodh nach dtugtar an t-eolas seo sa *Bórama* in *LL*, tá sé le fáil roimhe sin sa lámhscríbhinn chéanna, sa téacs *Dindgnai Temrach* (LL 3799-82):

> Ráith Loegaire m*ei*c Neill fri sodain atúaid. Cethri prímdorais cach arda inti. ⁊ ro suidiged corp Loeg*aire* foa scíath co ṅgruibni frisin clod immechtrach. Airtherdescertach na rígratha Loegaire i Temair. ⁊ a aiged fodess oc cathugud fri Lagniu.

Deir Downey (2010: 31) gur léiriú é fianaise *CLcC* ar an áit ar cuireadh Lóegaire don "impermanent and peripatetic nature of the Tech Midchúarta at Tara". Maidir le Lóegaire féin, deir Downey (ibid., lch.31) gur féidir a thuiscint ón sliocht sin ceachtar acu gurbh é a dhaingean féin Tech Midchúarta, nó gur nós leis fleadh a chaitheamh san áit ar a dtugtaí Ráith Lóegaire (tagraíonn Downey d'fhianaise Muirchú faoi fhéasta a chaitheamh "apud Loiguire... in palatio Temoriae", cf. Bieler 1979: 84-5). Is suimiúil go bhfágann údar *CLcC* a lorg féin ar an bhfianaise seo, arís, agus tagairt á déanamh aige don Tech Midchúarta. In ainneoin go bhfuil teacht aige ar mhórchuid traidisiún éagsúil, agus go gcuireann sé eolas astu le chéile ar shlí ar leith, is ceart é a áireamh, is dóigh liom, i measc an "new wave of Irish antiquarianism" a luann Carey (2015: 113), nár leasc leis athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm ar na foinsí a fágadh

le huacht aige, fiú dá mba scriosadh agus athscríobh iomlán ba bhrí leis na hathruithe sin.

# Conclúid

A cheart a thabhairt do *CLcC* mar earra litríochta ar a chonlán féin ba ea cuspóir an tráchtais seo. Bíodh gur téacs réasúnta gearr é, go fiú agus é caomhnaithe ina iomláine (murab ionann agus cuid mhaith de théacsanna *LU*), is téacs é a phléann le roinnt de mhórcheisteanna litríochta Mhéanaois na hÉireann. Is nascadh réasúnta simplí atá sa téacs cumaisc áirithe seo: scéal teibí go leor ar athrú creidimh a cheangal le *aided*. Ach is fuirist a chuirfeadh an "tsimplíocht" sin dallamullóg ar an léitheoir. In ainneoin mionchíoradh a dhéanamh ar fhoinsí agus ar théamaí *CLcC*, is deacair fós breith dheimhneach a thabhairt faoinar spreag a údar chun an scéal áirithe seo a chumadh. Is doiligh, leis, a theachtaireacht(aí) a thuiscint, cé gur féidir roinnt acu a shuíomh laistigh de chuspóirí áirithe (amhail úsáid an téarma *fir Érenn*, mar shampla).

Bíodh gur i mainistir a bhí an t-údar anaithnid seo ag saothrú, ní léiríonn sé binbe ná col leis an gcultúr ná leis an oidhreacht Phágánach a bhí ag formhór a chuid *dramatis personae*. Insíonn sé scéal neafaiseach ar athrú creidimh, ach ní dhéanann sé an seanchóras a dhamnú. Is é ár ndúshlán an gaol seo idir an dá chreideamh, agus an dá chóras dlí, a thuiscint. Solas áirithe ar fhianaise *CLcC* den chaidreamh seo a chaitheann an tráchtas seo.

Mar a chéile, sílim nach féidir a bheith chomh deimhneach agus atá Toner maidir le cuspóir an údair (agus cuspóir na n-údar eile a chum leithéidí *Síaburcharpat Con Culaind* agus na téacsanna eile a phléann Toner (2015)). Lasmuigh de thús *CLcC*, ní léir aon naimhdeas leis an bPágántacht. Má leantar argóint Toner trí *CLcC*, is deacair an easpa ionsaí ar an *recht aicnid* ann a mhíniú. Chomh maith leis sin, ní féidir glacadh go hiomlán le háitiú Binchy (1976-7) nár chás le húdar *CLcC* eilimint (lárnach) an dlí

san ábhar eiseamláireach as a dtagann an *PHP* agus an téacs seo againne. Is casta go mór an scéal, ar fhianaise na dtagairtí sonracha dlíthiúla a thugtar in *CLcC*, ná mar a thuigfí ar an gcéadfhéachaint, b'fhéidir.

Maidir leis an teanga féin, is sampla é *CLcC* de théacs atá bunaithe ar bhunábhar sa tSean-Ghaeilge, agus a athraíodh de réir mar a bhí forbairtí éagsúla sa teanga ag titim amach, chun tráth a bhreactha in *LU* (.i. ré na Meán-Ghaeilge) a léiriú. Murab ionann agus McCone (2005: 215), is dóigh liom gurb ann do dhóthain samplaí a thacaíonn le dáta cumtha an bhunábhair a chur i ré na Sean-Ghaeilge, in éineacht le fianaise ar fhorbairtí. Seachnaíodh d'aon turas argóintí Duncan (2015) i ngeall ar oiread lámh agus atá le haithint sa scríobhaí a pléadh le céad éigin bliain mar aon duine amháin, *H*. Is cinnte gur ábhar machnaimh agus dúshlán dár dtuiscintí ar na ceisteanna éagsúla go léir i dtaobh *H* a spíonadh anseo an t-áitiú seo aici. Is téama taighde úir é seo, lena ngabhfar i ngleic amach anseo, seisear scríobhaithe seo *H*, agus ba dhíol spéise *CLcC* a iniúchadh i dteannta na dtrí théacs eile (Duncan 2015: 52) a luann sí leis an *H* againn (.i. *H5*), *Aided Echadh meic Maireda*, *Tucait Indarba na nDésse*, agus *Fled Bricrenn*.

## Cuid a Dó: Gnéithe Teangeolaíochta

## Réamhrá: Fianaise na Teanga

Sna nótaí teanga a leanann an t-eagrán thíos, cuirtear samplaí as na trí lámha in *LU* trí chéile san áireamh (nuair is ann dóibh). Tugtar samplaí as lámhscríbhinní comhaimseartha eile (*LL* go príomha) nuair is cuí, chomh maith le samplaí ó théacsanna atá níos sine (na gluaiseanna, mar shampla) nó níos óige, de réir mar a theastaíonn ón gcomhthéacs. Leagtar béim ar fhianaise na lámh ar fad in *LU* le taispeáint gur beag difear atá eatarthu triúr (agus mé ag cloí le *H* mar aon scríobhaí amháin) ó thaobh mhinicíocht na bhforbairtí teanga de. Sa riocht a bhfuil *CLcC* caomhnaithe, is téacs Meán-Ghaeilge é, ach ní hionann sin is a rá gur foirmeacha Meán-Ghaeilge amháin a fhaightear ann. Sna catagóirí thíos (bunaithe ar chur chuige de Vries (2012: 182-94)) cuirtear gnéithe áirithe de theanga *CLcC* i láthair, gnéithe a léiríonn caomhnú stairiúil nó forbairt chomhaimseartha na teanga.

## Forbairtí fóineolaíochta agus ortagrafacha

### Gutaí i siollaí aiceanta

- *e* > *eo* (roimh *ch*): *nā deochaid-sium* (§7) (**1 sampla**).

### Consain

- /v/ agus /ṽ/ tite le chéile i bhfocal le consan srónach eile; Forbairt: *naím* (§5) (**1 sampla**), *naími* (§6) (**1 sampla**). Caomhnú: *mírbailib* (§1) (**1 sampla**).

- An carn consan *–nd–* (féach nótaí an eagráin §9b; ar ndóigh ní fuirist a rá an caomhnú nó forcheartú a bhíonn i gceist le samplaí ar nós *cend* agus *Érend*/*Érind*).

  Caomhnú: *and* (§§3,4,5,6,7,9), *andsam* (§2), *cend* (§§1,3), *Érind* (§7), *Érend* (§§1-7), *forsind* (§2), *isind* (§7), *lind* (§4), *ocaind* (§2), *ocond* (§5), *ónd* (§3), *ind* (§3) (**12 shampla**). Forcheart: *anmand* (§7) (**1 sampla**).

  Forbairt (*–nd–* > *–nn–* / *–n–*): *aisnéis* (§6; "aisndís" sa tSean-Ghaeilge; cf. *GOI* §730, *DIL* s.v. *aisnéis*), *anes* (§9), *bennachad* (§5), *bennachais* (§4), *fresnéis* (§6), *innossa* (§4) (**6 shampla**).

## Ortagrafaíocht

Tugtar faoi deara go bhfágtar séimhiú ar chonsain ar lár in áiteanna éagsúla in *CLcC*; cf. nótaí §4(g), agus 'dút[h]rachtach' agus 'soc[h]raiti' an eagráin (§3). Mar a chéile, ní chuirtear urú i gcónaí ar chonsain a mbeadh súil againn leis orthu, cf. §4(g) 'im cangin [n]dīlgotha' (ní dhéantar coigeartú san eagrán). Is minic a léiríonn *CLcC* forbairt ar na hathruithe a lean de struchtúr coibhneasta na Sean-Ghaeilge; ní dhéantar urú a scríobh ar chonsain tosaigh an bhriathair 'gébas' (§2, 'ōnd úair gébas' > 'ngébas'). Ní scríobhtar urú ar an aidiacht in 'céin bad béo' (cf. *GOI* §504d). Ar ndóigh, is forbairt níos mó atá i gceist anseo .i. forbairt/simpliú an chórais bhriathartha i ré na Meán-Ghaeilge (mar a léiríonn úsáid an fhoirm 'chacait' (§1) in ionad na foirme coibhneasta 'chactae', agus 'amal tísad' (§3) in ionad 'amal do-n-

ísed'), is é sin níorbh í an ortagrafaíocht amháin a bhí ag athrú, ach réimniú/infhilleadh na mbriathra, leis. Don chuid is mó, cloíonn *CLcC* le gnásanna ortagrafaíochta na Sean-Ghaeilge sa mhéid is go léiríonn sé séimhiú agus urú sna háiteanna úd a fheictear iad i bhfoinsí ó ré na Sean-Ghaeilge.

## *ol* "said" na Sean-Ghaeilge

- *for* (§4, **2 shampla**), *ol* (§§2,4; **4 shampla**), *or* (§2; **3 shampla)**; féach nótaí an eagráin §4a, mar a bpléitear an fhoirm *oldat* (§4).

## An tAlt

- *Firinscneach*: aon sampla amháin den nuáil san ainmneach iolra (ind > na) *na ríg* (§6). Caomhnaítear an fhoirm dár críoch *–nd–* sa ghinideach uatha (*ind* §3) agus tabh. uatha (*ocond* §5, *ónd* §3).
- *Baininscneach*: caomhnú tabh. uatha *isind* (§7); caomhnú gin. uatha fad *inna* (§6).
- *Neodrach*: ainm. uatha *a* (§2).

Pléitear an sampla *eter na dá cnoc* i nótaí an eagráin §7q.

## An tAinmfhocal

Is beag sampla deimhin a thugann *CLcC* de chaomhnú nó de chailliúint na hinscne neodraí. Seachas *a llathe* agus *in scél* (féach nótaí an eagráin §2b, §1a), ní fhaightear

aon fhianaise eile a chinnteodh stádas na hinscne seo sa téacs, ar an ábhar gur san iolra (.i. *anmand*) atá na samplaí in *CLcC*, nó nach consan a léiríonn urú a leanann dá n-éis (.i. *formna fer nÉrend*; cf. Carey 1994a: 21, §4.1)

- u-dhathú: le fáil sa tabharthach uatha *armgasciud* (§9), *bíu* (§9), *chlud* (§9), *churp* (§6; **4 shampla**).

  Forbairt: *fir* (§6), *muirchoblach* (§7), *rígi* (§7), *slógad* (§7), *tríar* (§6), *bennachad* (§5), *chend* (§1; **8 sampla**).

  Ní mór a mheabhrú gurb ann d'ócáidí a chuireann cosc ar u-dhathú (cf. *GOI* §170), nuair a fhaightear carn consan áirithe i ndeireadh focal, nó guta fada/défhoghar roimh an gconsan deiridh (cf. *GOI* §278); os a choinne sin, is ann don dá chineál, u-dhathú agus a easpa, i ndeirí eile le carn consan iontu (*GOI* §171).

- Áinsíoch iolra in –u: *firu* (§§1,3,5), *nemthiu* (§6; **4 shampla**).

## Gutaí neamhaiceanta

Ní chaomhnaítear gutaí deiridh gearra neamhaiceanta i gcónaí i dtéacsanna ó ré na Meán-Ghaeilge, ach ritheann siad ina chéile mar ghuta neodrach (féach Breatnach 1994: 230). In *CLcC* faightear idir chaomhnú agus fhorbairt ina leith seo. As 41 sampla d'ainmfhocail le gas guthach (.i. agus guta i siolla deiridh san fhoirm chuí), tá 18 acu nach bhfuil an guta deiridh stairiúil iontu, agus 23 acu agus an guta stairiúil caomhnaithe acu.

**Gais ghuthacha**

Caomhnú:

Uatha

Ainmneach (**5 shampla**): *airegda* (aidiacht), *airle*, *bibdu*, *dalta*, *ésca*

Áinsíoch (**5 shampla**): [*m*]*bóromi*, *cangin*, *comarli*, *ógi*, *soscéla*

Ginideach (**8 sampla**): *bérla*, *comcni*, *dána*, *dílgotha*, [*n*]*dílguda*, *nimi*, *rechta*, *spirta*

Tabharthach (**2 shampla**): *comarli*, *fíadnaisi*

Iolra

Ainmneach (**1 sampla**): *dúli*

Áinsíoch (**2 shampla**): *nemthiu*, *rátha*

Forbairt:

Uatha

Ainmneach (**5 shampla**): *airli*, *aithrigi*, *duni*, *socraiti*, *usci*

Áinsíoch (**1 sampla**): *erlabra*

Ginideach (**6 shampla**): *bérlai*, *bóromi*, *caingni*, *creitmi*, *cretmi*, *nimi*

Tabharthach (**2 shampla**): *dolgi*, *rrígi*

Iolra

Ginideach (**4 shampla**): *bliadna*, [*n*]*dúla*, *flathi*, *rechtgai*

Is ceart a lua gur túisce a bheadh coinne againn le forbairt sna gais ghuthacha, ar siollaí oscailte iad a gcríocha go hiondúil, le hais na ngas consonta (ar minic siollaí dúnta ina gcríocha; pléite thíos) ós ann do choinníollacha áirithe a chuireann bacanna ar athruithe ar leith de chuid chóras na dtuiseal maidir leis na gais ghuthacha (cf. thuas, *GOI* §170).

Maidir leis na gais chonsanta in *CLcC*, is beag sampla díobh a fhaightear ann a thugann fianaise chinnte dúinn i dtaobh caomhnú/forbairt na gcríoch stairiúil. Léiríonn *cinaid*, tabh. uatha *cin*, an chríoch stairiúil, ach is san ainm. uatha atá *náma*, ar gas déadach (gan a bheith faoi shéimhiú) a chríoch stairiúil; ní thugann an tuiseal áirithe seo le fios ar caomhnaíodh an gas consonta nó nár caomhnaíodh.

## Forainmneacha

- Iartháite: caomhnaítear an forainm iartháite 3 uatha baininscneach in *gabthus*, agus an forainm neodrach 3 uatha in *maiti* (féach nótaí an eagráin §7i).

- Iontáite: *ros-gab*, *ros-gon*, *immus-n-arlasatar*. Tá nuáil le feiscint in *ros-gon* (féach nótaí an eagráin §3b).

- Neamhspleách: mar chuspóir ag briathar aistreach (*hé*: 1 sampla) *bennachais Pátraic hé*; mar chuspóir ag briathar céasta (*hé*: 1 sampla) *ro hadnacht co n-armgasciud isin chlud imechtrach airtherdescertach rīgrātha Lōegairi hi Temraig hé*.

## Réamhfhocail le forainmneacha/aidiachta sealbhacha

- Séimhiú ar fhorainm réamhfhoclach: *chena* (**1 sampla**; féach nótaí an eagráin §7c, samplaí den dá rud, faoi shéimhiú agus gan séimhiú, le fáil sna Gluaiseanna).
- An réamhfhocal *i* + aidiacht shealbhach 3 uatha firinscneach: *'na* (§1, §9; **2 shampla**).
- Caomhnú an tabharthaigh iolra in ainmfhocal agus an aidiacht dá éis: *mírbailib dermáraib* (§1; **1 sampla**).
- Tuiseal stairiúil á chailliúint: áinsíoch ar lorg *fíad* (§5; **1 sampla**).
- *Tría* ag teacht in ionad *tri*/*tre* mar réamhfhocal simplí (§1; **1 sampla**).
- Caomhnú an natha *im*(*m*) *dála* (§§1,6; **2 shampla**). Frása é seo a théann i léig sa Mheán-Ghaeilge, dhealródh sé (cf. nótaí an eagráin §1f).

## Briathra

### Simpliú comhbhriathra

Ní dhéantar gach aon chomhbhriathar in *CLcC* a shimpliú, ach feictear an fhorbairt seo i roinnt mhaith samplaí: *ro hadnacht* §9, *ro tair*[*n*]*gired* §7, *cor tasfēn* §5, *ro taisfēn* §5, *tísad* §3, *tucsat* §8, *tucad* §9, *tecait* §1, *tánic* §§5, 6, *thánic* §6, *ro thinólset* §7, *ro forcan* §2, *íarfad* §7.

Dhá phróiseas éagsúla atá faoi thrácht anseo: (a) an 'bá' a rinneadh ar ghuta an réamhbhriathair i mbriathra mar *do-icc* (.i. deot. *do-ánic* vs. prót. *tánic*) de bharr gur "thosaigh an chuid aiceanta le guta agus (gur) chríochnaigh an réamhfhocal le guta" (Breatnach 1994: 285, §11.26), agus (b) comhbhriathra mar *for-cain*, nár bhain an 'bá' seo leo i ngeall ar chonsain a bheith ar dhá thaobh an droichid eatarthu, ach a simplíodh mar sin féin, agus a thug ann d'fhoirm úr bunaithe ar an bhfoirm phrótatonach. Is mó fianaise de chineál (a) ná (b) in *CLcC*, ach is léiriú iad na

foirmeacha de *ad-anaig* (*ro hadnacht*), *for-cain* (*ro forcan*) agus *íarmi-foich* (*íarfad*) dá raibh i ndán do na briathra seo ar fad.

**Tréanbhriathair réimnithe mar lagbhriathair**

Ní fhaightear mórán samplaí den fhorbairt seo in *CLcC*, ach is spéisiúil an fhianaise a thugann an briathar 'gonaid' sa téacs: (a) tugtar *génaid* sa téacs féin (§2), agus gluais *gonfid* ag gabháil leis, rud a léiríonn meath na foirme seo den aimsir fháistineach, ach tuiscint fós ag an scríobhaí uirthi; (b) gluais eile (ar 'do guin ind arad' sa téacs féin) is ea *ros-gon* (§3), murab ionann agus an fhoirm stairiúil *–geguin*.

**Foircinn na Meán-Ghaeilge: 1 iolra aimsir fháistineach *–t***

Aon sampla amháin de seo: *bemit-ni* (féach nótaí an eagráin §2s)

**Briathra Diúscartacha**

Faightear dornán samplaí de chaomhnú agus de chailliúint na mbriathra diúscartacha in *CLcC*. Caomhnú: *fo-rusestar* §1, *immus-n-arlasatar* §2 (**2 shampla**); Cailliúint: *ro ordaigset* §6 (**1 sampla**).

Forbairt: leathadh na gcríoch diúscartach *ro pridcastar* (§1), *ro pridchastar* (§2; **2 shampla**).

**Séimhiú ar lorg *ro*, *do*, *ní***

Trí shampla den fhorbairt seo: *ro* [*ś*]*luic* (§1n), *do-chós* (§2a), *ní thuc* (§7n; **3 shampla**).

**Forbairtí eile**

An tamhan céasta in úsáid mar ghníomhach: *do-róni* (§1; **1 sampla**)

Leathadh an fhoircinn *–it* sa 3 iolra aimsir chaite fhoirfe chéasta: *do-rónait* (§3), *ro curit* (§5), *ro córaigit* (§5; **3 shampla**), vs. foirmeacha stairiúla (móide an fhoircinn *–it*) *do-bretha* (§7; **1 sampla**).

## Eile

### An Cónasc *ar*

Foirm neamhghnách *ár* (§2; **2 shampla**; féach nótaí an eagráin §2h).

### An Cónasc *má*

Forbairt: *mád día* (§2; **1 sampla**; féach nótaí an eagráin §2r)

## Dáta

Ba é Plummer (1884) ba thúisce a chuir *CLcC* in eagar. Níor chuir sé aon dáta leis an téacs, ach mheas sé gurb é *CLcC* is sine de na téacsanna éagsúla a chaomhnaíonn an *PHP*. Ar ndóigh is é *LU* an lámhscríbhinn is sine de na ceithre lámhscríbhinní úd, ach mar a thasipeánann Carey (1994a) caomhnaítear níos mó den téacs eiseamláireach féin atá taobh thiar de na craobhacha éagsúla de in ABC. Mar a chéile, níor thug Stokes (1887) aon dáta i dteannta leis an téacs a d'fhoilsigh sé mar chuid den bholg soláthair a bhaineann le Pátraic. Ina alt ar an *PHP*, ní thugann Binchy (1975-6: 21) dáta cinnte le *CLcC*, ach luann na moltaí a dhéanann Thurneysen (am éigin sa tríú haois déag) agus Oskamp (roimh 1178) ina thaobh, agus fágann an cheist gan réiteach. In ailt eile, ní luann McCone (1986) ná Carey (1990) dáta ach an oiread. Dar le Carey (1994a: 3): "it seems a fair enough guess that D [*CLcC*] reflects a revision of

the *PHP* made in the late eleventh or early twelfth century". Athscríobh is ea é *CLcC* ar bhuntéacs an *PHP* ón naoú haois, dar leis (ibid., lch. 10). Cuireann McCone (2005: 215) síos go cruinn ar an deacracht a bhaineann le dátaí a chur le téacsanna mar *CLcC*, agus ar deireadh molann gur sa dara leath de thréimhse na Meán-Ghaeilge a chuirfí é: "In the absence of conclusive pointers to an Old Irish original, the plentiful supply of Middle Irish forms throughout the text indicates a date of composition not long before H's probably twelfth-century scribal activity". Déanann an nath sin "date of composition" neamhshuim, áfach, de thoise na Sean-Ghaeilge atá sa *PHP*, cuid rí-thábhachtach de *CLcC*. Tugann Carey (2015: 108) achoimre ar chuid mhaith dá mbeidh faoi thrácht sna nótaí teanga anseo. Dar leis go bhfuil *CLcC*:

> closely based on an earlier text, one which... goes back to the Old Irish period. *Comthóth Lóegairi* preserves much of the early language of its source, and it is noteworthy that H seems to have felt that little in it required clarification: there are only two lexical glosses, bunched within five lines of one another at the foot of the first column (LU 9746-55). The text has also however been modernised in places, with forms suggesting a date little if at all earlier than that of H himself...

Ní dóigh le Carey (ibid., lch. 110) gurb é *H* údar *CLcC*, bíodh gur dáta gar d'aois *H* a mholann sé. Ar ndóigh ní féidir féiniúlacht an údair a chruthú ná a bhréagnú, ach cuireann Carey argóint láidir chun cinn i gcoinne an téacs a leagan ar *H*, ag cur in iúl dúinn a fhorleithne agus a bhí iomramháil théacsúil den chineál a dhéanann *H* in *LU* i rith thréimhse na Meán-Ghaeilge (ibid., lgh. 110-1). An *terminus ante quem* a luann Breatnach (2015: 77) le *H*, is é sin c.1130, ní fheictear domsa gurb ann don fhianaise a chuirfeadh ina aghaidh seo. Cé nach féidir bheith ceartaiseach i dtaobh na ceiste seo (cf. "the absence of conclusive pointers" ag McCone thuas), cloím le Carey (2015)

seachas le McCone (2005),[22] is é sin gur bunaíodh *CLcC* ar théacs a théann siar go ré na Sean-Ghaeilge. Léiríonn an téacs roinnt mhaith seantréithe (pléite i nótaí an eagráin) i dteannta le mórán fianaise d'fhorbairt na teanga i rith na tréimhse inar breacadh in *LU* é, thart ar thús/luathdhéaga an dara haois déag i dtréimhse na Meán-Ghaeilge.

[22] Ar ndóigh is ceart a lua gurb é an tréimhse chéanna atá i gceist ag McCone agus atá san *terminus ante quem* ag Breatnach; ní chuirim i gcoinne argóint McCone, ach amháin sa mhéid is nach dtugann a "date of composition" aitheantas dá bhfuil den *PHP* (.i. d'aois na teanga ann) le fáil in *CLcC*.

## *Comthóth Lóegairi co Cretim ⁊ a Aided*: Eagrán

**Modh Eagarthóireachta**

Leagan leath-dhioplómaitiúil den téacs *Comthóth Lóegairi co Cretim ⁊ a Aided* as *Lebor na hUidre* atá anseo thíos. Chuathas i bhfeidhm ar an téacs ar na slite seo a leanas:

(1) San áit a bhfuil síneadh fada in easnamh ar ghuta sa lámhscríbhinn cuireadh macran thar an nguta sin anseo.

(2) Mar a bhfuil stríoc ghiorrúcháin sa lámhscríbhinn, déantar brí na stríce sin a léiriú le cló Iodálach anseo. Scaoileadh ponc an tséimhithe go ciúin, ach níor cuireadh séimhiú thar n-ais sna háiteanna nár litríodh é sa lámhscríbhinn.

(3) Cuireadh lúibíní cearnacha thart ar litreacha singile a fágadh ar lár in *LU* féin, ach níor cuireadh ar ais séimhithe atá in easnamh ar chonsain sa lámhscríbhinn.

(4) Rinneadh na focail a scaradh ó chéile seachas mar atá sa lámhscríbhinn, agus cuireadh poncaíocht agus uaslitreacha sna háiteanna cuí leis.

Lebor na hUidre: 117b20 – 118a12

§1

(Co*m*thóth Lóegairi co c*r*eti*m* ⁊ a aided ad-fét i*n* scēl so)

Baí co*m*thinōl fer nĒre*n*d hi Te*m*raig i *n*-a*m*sir Lóegai*r*e me*i*c Nēill. Is dē im*murgu* boí in co*m*thinōl si*n* occo i*m* dála na c*r*eitmi. Ō desid īa*r*o*m* ógi na c*r*etmi la Firu hĒr*end* ⁊ ō ro p*r*idcasta*r* Pātraic soscēla dóib ⁊ ro sáraiged Lōegai*r*e *con*a drúdib hi fertaib ⁊ hi mírbailib dermáraib do neoch do-ró*n*i Pāt*raic* hi fíadnaisi Fer nĒr*end*. *Con*id íaro*m* ro ch*r*eti ⁊ fo-rusestar Lōegaire ógréir Pāt*raic*. Ro [ṡ]luic da*no* i*n* tala*m* Lōegai*r*e druí t*r*ia brēthir Pāt*raic con*id ’na che*n*d chacait na huli coi*n* tecait hi Te*m*raig. As-rocho*n*grad īa*r*o*m* ō Lōeg*aire* fo*r*mna flathi Fer nĒr*end* do thudecht i *n*-ōenmagi*n* f*r*i hóentaid n-i*m*acallma i*m* chōr*us* a *m*bēscna ⁊ a rechtgai.

§2

Do-chós ūadib co Pāt*raic* co tudchis*ed* do*n* dáil. A llathe di*diu* rē tīchtai*n* do Pāt*raic* cucu i*m*m*us*-n-arlasata*r* Fir hĒr*end* etorro 'monetir.

“C*eist*” or Lōegai*r*e f*r*iu, “cid as a*n*dsa*m* (gl .i. dolgi) lib ro pridchasta*r* in clērech dúib?”

“Ní *handsa.* Cái*n* dīlguda” or sīat. “Ár ōnd úair gébas cach du*n*i céill f*or* dīlgud dó aneich do-gēna di ulc, nī bia co*m*m*us* f*or* foglaid dē si*n* ⁊ génaid (gl. gonfid) cach fer a*r*aile á*r* nība hecal leis a ait[h]b*er* fai*r*.”

“C*eist* di*diu*, cid do-génaid f*r*is si*n*?” or Lōeg*aire*.

“Cade do air*l*i-siu i*m*mi?” ol íat.

“Is *ed* a*r*r-ic mo ai*r*le[23] dē”, ol sē, “masa cho*m*a*r*li lib-si .i. f*r*omtha*r* a aicned fessi*n* ocai*n*d i*m*mo*n* ní ro fo*r*c*an* .i. go*n*ta*r* nech dia mui*n*t*ir* a*r*a bélaib. Mád día loga bemit-ni fora breith. Mani loga i*m*mu*rgu* ní be*m*-ni fo*r*si*n*d recht si*n*”.

§3

Ro sudiged di*diu* a co*m*a*r*li Lōeg*airi* ⁊ Fer nĒre*n*d .i. fer (gl. Nuada Derg dalta Lōegai*ri* iss ē ros-go*n*) sainrodach do gui*n* i*n*d a*r*ad boí a*r* bélaib Pāt*raic* am*al* tísad isi*n* dáil. Do-rigned īa*r*o*m* sa*m*laid. Iarsi*n*d-ī di*diu* ro bíth i*n* fer do mui*n*tir Pāt*raic* ara bēlaib oc tai*r*léi*m* dó asa carpu*t*. Do-rēcacha Pātr*a*ic doch*um* ni*m*i ar ba ha*n*d boí a soc*r*aiti. La si*n* ro gab c*r*ith ⁊ tala*m*ch*um*scugud mór i*n*si hĒr*end* ⁊ a firu ⁊ ro lá i*n* slúag boí isi*n* dáil tara ce*n*d ⁊ ros-gab c*r*ith ⁊ ómu*n* do*ḟ*ulachta ⁊ do-rōnait ma*r*btís máir*b*. La ssi*n* di*diu* slēchtais Lóegai*r*e co dūt[h]*r*achtach co fo*r*mnu Fer nĒr*end* do Pāt*raic*.

§4

“Ai*n*mne, ai*n*mne a Pāt*raic*”, oldat Fir hĒr*end*, “ro p*r*idchais dīlgud. Tabai*r* dīlgud dú*n*”.

Tuc īa*r*o*m* Pāt*raic* óg ndilguda dóib. Gabth*us* īa*r*o*m* Lóegai*r*e ai*n*mchai*r*di*n*e Pāt*raic* a*n*d si*n* ⁊ be*n*nachais Pāt*raic* hé ⁊ a síl.

“Tabai*r* t*r*ā”, oldat fir hĒr*end* f*r*i Pāt*raic*, “co*m*a*r*li dú*n* i*m*mo*n* nī sea .i. im ca*n*gi*n* dīlgotha cid do-géna*m* i*m*mi? A*r* in cai*n*ge*n* fo*r*sa tai*r*isfe ocai*n*-ni i*n*nossa”, fo*r* siat, “is fai*r* bías túath ⁊ eclas. ⁊ da*n*o”, ol Fir hĒr*end,* “recmait a les sudigud ⁊ ordugud cach rechta li*n*d cid i *n*-ēcmais na cai*n*gni si*n*”.

[23] ‘air*s*e’ atá sa lámhscríbhinn féin; féach an nóta air sna nótaí teanga.

“A dénam samlaid”, ol Pātraic, “tasfēnad cách a dán hi fíadnaisi Fer nĒrend”.

§5

IS and sin trá tarchomlad cach óes dána in hĒrend cor tasfēn cách a cherd fíad Pātraic ⁊ fíad Firu hĒrend. Ro curit dano a forbonna and sin úadib ⁊ ro córaigit ina téchtu. Do Dubthach macu Lugair dano ro herbad coceirt a mbreth íarna bennachad do Pātraic ⁊ íar sēnad a gena co tānic rath in Spirta Naīm fair. Conid hé ro taisfēn filidecht ⁊ brethemnas ⁊ recht fer nĒrend olchena hi fíadnaisi Pātraic. Nōnbur airegda ro boí ocond ordugud sin. Pātraic ⁊ Benēn ⁊ Cairnech ō eclais .i. trī epscoip. Lōegaire mac Nēill rí hĒrend. ⁊ Dáiri rí Ulad ⁊ Corc mac Lugdech rī Muman na trī ríg. Dubthach macu Lugair ⁊ Fergus fili ⁊ Rus mac Trīcim suī bērla Féni.

§6

IS ed trā ar-rícht occo and-sin im dála dīlgotha .i. in bibdu ⁊ in cintach 'na chinaid ⁊ logad dā anmain .i. aithrigi do lēcun dó ⁊ cen logad día churp .i. bās d'immirt fair. Ro ordaigset dano fir hĒrend a nemthiu and-sin .i. cloc ⁊ salm do eclais. Gēill do rígaib. Trefoclæ tēchtæ do filedaib. Aithgabáil do fēnnethaib. Nī tabairthe trā co tānic Pātraic erlabra acht do tríar .i. fer comcni cumnech díambad eól fresnēis ⁊ aisnéis ⁊ scélugud. Fer cerda fri molad ⁊ aír. Brithem fri brithemnas ar roscadaib ⁊ fāsaigib. Ō thánic Pātraic immurgu is fo mámmus a-tát na hí seo .i. do fir in bērlai būain[24] .i. inna canōni naími.

[24] Féach na nótaí teanga don phlé ar an bhfocal ‘búa[i]n’.

§7

Boí Lōegai*r*e t*r*īchait mblīa*dna* īa*r* si*n* i rrīgi hĒr*end* hi co*m*li*n*g fr*i* Pāt*raic* ⁊ bá do réir Pāt*raic* chena boí-seo*m*. Luid īar*om* Lōeg*aire* slōgad co Laigniu do chui*n*cid na bōromi fo*r*aib. Ro thinōlset Lagi*n* ⁊ do-ratsat cath dó ⁊ maiti fo*r* Lōeg*aire* i*n* cath .i. cath Ātha Da*r*a. Ro gabad Lōeg*aire* 'si*n* chath ⁊ do-bretha rātha f*ri* Laigniu .i. gr*í*a*n* ⁊ ēsca, usci ⁊ aer, lá ⁊ adaig, muir ⁊ tír, *con*na íarfad i*n* mbōromi céi*n* bad béo. Ro lēced ass īaro*m*. IS *ed* t*r*ā ro tai*r*[n]gired do Lōeg*aire* co*m*bad et*er* Ēri*n*d ⁊ Albai*n* fo-gēbad a aidid *con*id dē si*n* nā deochaid-siu*m* muirchoblach rīa*m*. Luid t*rā* Lōeg*aire* do-ridisi slōgad m*ár* co Laigniu do saigid na bōromi fa*r*aib. Ní thuc im*murgu* a rātha di oīd. Ō rānic īaro*m* G*re*llaig nDā Phil fo*r* táeb Chassi i *m*Maig Liphi eter na dá cnoc .i. Ēriu ⁊ Albu a n-a*n*ma*n*d. At-bath a*n*d-si*n* ó g*réi*n ⁊ ō gaīth ⁊ ōna ráthaib archena. Ar ní lae*m*the tudecht tairsiu isi*n*d a*m*sir si*n*. *Con*id dē sin as-be*r*t i*n* fili:

§8

At-bath Lōegai*r*e m*a*c Nēill
fo*r* táeb Chassi glas a tír
dūli Dé ad-rōegaid rāith
tucsat dāl báis fo*rsin* rīg.

IN cath i *n*Āth Dara déi*n*
i rragbad Lōegai*r*e m*a*c Nēill
násad fír na *n*dúla Dē
iss *ed* ro mar*b* Lōeg*aire*.

§9

Tucad da*no* corp Lōeg*airi* anes īa*r* tai*n* ⁊ ro hadnacht co *n*-armgasciud isi*n* chlud i*m*echtr*a*ch ai*r*th*er*desc*er*tach rīgrātha Lōeg*airi* hi Te*m*raig hé ⁊ a aiged fodes f*or* Laigniu oc cathugud f*r*iu a*r* ropo náma-s*om* ’na bíu do Laignib. Ba sí da*no* ráith Lōeg*airi* Tech Midchúa*r*ta i*n* ta*n* si*n* ⁊ is ai*r*i *con*-aitech-som a adnacul and.

## Aistriúchán ar *Comthóth Lóegairi co Cretim ₇ a Aided*

§1

(Lóegaire's conversion to the faith, and his violent death, this tale relates)

There was an assembly of the men of Ireland in Tara in the time of Lóegaire mac Néill. It is on account this, then, that they held the assembly, in the matter of the faith. After the integrity of the faith was decided by the men of Ireland, and after Patrick had preached the gospel to them, and Lóegaire with his druids had been bested by the wonderful works and very great miracles which Patrick did in the presence of the men of Ireland; it was then Lóegaire believed, and submitted to Patrick's full desire. Then the ground swallowed the druid, Lóegaire, through Patrick's word, so that it is on his head that all the dogs that come to Tara excrete. It was proclaimed, then, by Lóegaire that the choice of the princes of Ireland were come to one place to converse mutually regarding the propriety of their customs and their laws.

§2

A message was sent from them to Patrick that he should come to the assembly. The day, then, before Patrick came to them, the men of Ireland conversed together amongst themselves.

"Tell me", said Lóegaire to them, "what is most difficult for you of what the cleric has preached to you?"

"Not difficult: the law of forgiveness", they said. "Because when everyone expects forgiveness for himself for that evil he will do, there will not be control over

plunderers consequently, and every man will kill each other, for he will fear no reproach".

"Tell me, then, what will you do about it?" said Lóegaire.

"What is your counsel about it?" they said.

"This is what my deliberating preposes", says he; "if you consent to it, i.e. let his own nature be tested by us regarding that which he has preached, i.e. let one of his retinue be killed in front of him".

"If he forgives, we will submit to his judgement. If he doesn't forgive, however, we will not submit to that law".

§3

It was arranged, then, on the decision of Lóegaire and the men of Ireland, i.e. for a certain man to kill the charioteer who was in front of Patrick as he would go into the assembly. It was done thus then.

After that, then, the man of Patrick's community was slain in front of him as he leapt out of his chariot. Patrick looked towards heaven, for it was there that his help was. With that, trembling and a great earthquake seized the island of Ireland and her men, and overthrew the host in the assembly, and trembling and intolerable fear seized them, and they were made as though they were dead.

Thereupon Lóegaire, with the choice of the men of Ireland, prostrated willingly before Patrick.

§4

“Patience, patience, o Patrick!” said the men of Ireland, “you have preached forgiveness, grant forgiveness to us”.

Then Patrick gave them full forgiveness. Lóegaire, then, accepted Patrick’s spiritual direction there, and Patrick blessed him and his progeny.

“Give, then”, said the men of Ireland to Patrick, “counsel to us regarding this affair, i.e. regarding the issue of forgiveness, what will we do about it? For the pact by which we will abide today”, they said, “it is by this pact that laity and clergy will abide; and furthermore”, said the men of Ireland, “we need settling and ordering of all our laws, even in the absence of that pact”.

“It will be done thus”, said Patrick, “let every one show his art in the presence of the men of Ireland”.

§5

It was then that every artistic class in Ireland was assembled, so that each showed his craft in the presence of Patrick and in the presence of the men of Ireland. Then their superstitions were put aside from them, and the correct laws arranged. To Dubthach maccu Lugair, moreover, was granted the correction of their judgments, having been blessed by Patrick, and after his mouth was blessed so that the grace of the Holy Spirit came upon him. So it was he who set forth poetry and judgment and the law of the men of Ireland, besides, in the presence of Patrick. Nine notables were

at that arrangement: Patrick and Benén and Cairnech from the church, .i.e. three bishops. Lóegaire mac Néill king of Ireland, and Dáire king of Ulster, and Corc mac Lugdech king of Munster, the three kings. Dubthach maccu Lugair, and Fergus the poet, and Rus mac Trícim, a sage in the language of the laws.

§6

This is what was decided by them, then, regarding forgiveness, i.e. the criminal and the one who is guilty in his crime, and forgiveness to his soul, i.e. to allow repentance to him but not to forgive his body, i.e. to inflict death upon him. The men of Ireland, then, ordained their privileges there, i.e. bell and psalm to the church; hostages to kings; legal *trefoclæ* to poets; plunder to champions. For the right to speak used not be given, prior to the coming of Patrick, except to three people, i.e. the man mindful of historical knowledge who was versed in answering, narrating and story-telling; the man of craft in praise and satire; the judge regarding judgments based on maxims and precedents. Since Patrick came, however, these things are under authority, i.e. of the man of the permanent language, i.e. of the holy canon.

§7

Lóegaire was thirty years after that in the kingship of Ireland, in conflict with Patrick, and he was, besides, at the service of Patrick. Lóegaire went, then, on a hosting to Leinster to seek the cattle tribute from them. The Leinster men assembled and gave battle to him, and Lóegaire was defeated in battle, .i.e. the battle of Áth Dara. Lóegaire was captured in the battle, and pledges were given to the Leinster men, i.e.

sun and moon, water and air, day and night, sea and land, that he would never again seek the cattle tribute as long as he lived. He was released then. What was then foretold for Lóegaire was that he would die between Ériu and Albu, so that it was because of this he never went on a naval expedition. Lóegaire then went, once more, on a great hosting to Leinster, to seek the cattle tribute from them. He did not, however, pay any heed to his pledges. When he came, then, to Grellach Dá Phill, along the Casse in Mag Liphi, between the two hills, i.e. Ériu and Albu were their names, he died there from sun and wind and the other pledges. For it wasn't permitted to violate them at that time. So it was on account of this that the poet said:

§8

Lóegaire mac Néill died
along the Casse, green the land,
God's elements he invoked as pledges
they brought the sentence of death upon the king.

The battle in fleeting Áth Dara
in which Lóegaire mac Néill was captured,
the true sanction of God's elements
it is that which killed Lóegaire.

§9

Lóegaire's body was taken from the south after that, and he was buried with his armour in the outer south-easterly trench of Lóegaire's royal fortress in Temair, his face turned south towards the Leinstermen, warring with them, for he had been an

enemy while he lived to the Leinstermen. Moreover, Lóegaire's fortress was Tech Midchúarta at that time, and it was because of this that he asked to be buried there.

## Nótaí Teanga

### §1

**§1(a) in scél so**: I dteideal an téacs atá an frása seo, i láimh *H* ach oiread leis an téacs uilig ina dhiaidh. Caitear le 'scél' (neod., o-ghas go stairiúil) mar ainmfhocal fir. anseo, faoi mar a dhéantar in *Aided Echach meic Maireda* (i láimh *H* leis, LU 3023-4), 'Do-ra*ir*ngert C*ur*nān Cétgal i*n* scél-sa do-deoc*h*ad dú*n*' (de Vries 2012: 208). Mar ainmfhocal neod. a chaitheann *H* leis in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9730), sa líne dheireannach: 'Conid Cath Diarm*ata* ₇ Guairi Adni a scél sin anúas'; faightear an nath céanna uaidh sa líne dheireannach de *Táin Bó Flidais* (LU 1641), agus sa chéad líne uaidh ansin tá 'adfíadat a sscél n-uli' (LU 1585).

**§1(b) m*ei*c**: Mar 'mc' le stríoc ghiorrúcháin thairis atá an focal seo scríofa sa lámhscríbhinn, mar is nós le mórán lámhscríbhinní Gaelacha. Leanaim Best agus Bergin (LU 9733, mar shampla, agus i rith a n-eagráin ar fad) maidir le litriú an fhocail anseo, is é sin 'meic' seachas 'maic', óir gur rímhinic an litriú seo ag ginideach uatha an ainmfhocail 'mac(c)' sa tSean-Ghaeilge dhéanach, agus sa Mheán-Ghaeilge féin (cf. *DIL* 'M', col. 5, 67-8). Faightear sampla amháin *plene* ag gach aon lámh in *LU*, a thaispeánann an tseanfhoirm agus an fhorbairt nua: 'meicc' atá i láimh *A* in *Amra Choluim Chille* (LU 517) sa ghairmeach uatha: 'a meicc Maire cid diúbert'; tá an litriú stairiúil 'maic' don ainmneach iolra i láimh *M* i *Táin Bó Cúailnge* (LU 4900): 'atarachtatár in maic hí'; agus an fhorbairt nua le feiscint i láimh *H* (ainmneach iolra):

‘Meic beca atchiat i loth*ur* bic annalút f*or* se’, in *Immram Curaig Maíle Dúin* (LU 1869-70). Is botún ag Best agus Bergin (1929: 318) ‘meic’ seachas ‘m*eic*’ (.i. le cló Iodálach) a scríobh in *Tochmarc Emere* (LU 10536), óir is le stríoc ghiorrúcháin in ionad litriú *plene* atá sé scríofa sa lámhscríbhinn.

I dtaobh na forbartha seo (ó ‘maic’ go ‘meic’), deir Breatnach (1994: 232, §3.5): ‘Maidir leis an athrú *maic* > *meic* sa ghairm., gin. u. agus ain. (agus áins. sa MG) iol. de ‘mac’, ós rud é go scríobhtar *m-c* de ghnáth, táimid ag brath ar fhoirmeacha a dheineann comhardadh chun an guta a dheimhniú. Sampla luath is ea an t-ain. iol. *m*eic :*nneirt* [cf. Mac Eoin (1966: 120, §2b)] ... [s]ampla eile (gairm. uathu) as dán a cumadh ag tús an 12ú haois is ea *meic :leicc* [cf. O’Brien (1952: 165, §48d)]’. Tugann Jackson (1990: 45, §7) le fios go gcinntítear an litriú úr seo in *Aislinge Meic Con Glinne*: ‘Doubts whether to expand this as *maic*, *meic*, or *mic* are solved by sg. gen. *mec* 392, 1229 and pl. nom. *meicc* and *mecc* 195, all written in full’. Is minice an t-athrú seo (*ai* go *ei*) le feiscint i bhfocail le guta ina dtús, mar atá léirithe ag Breatnach (1994: 232, §3.4) leis an sampla ‘*eire*’ ag *SR* (SR 1250), tar éis ‘*aire*’ (SR 1249).

**§1(c) dē**: Ní hí brí an fhocail atá faoi scrúdú, mar gurb í gnáthchiall an fhorainm réamhfhoclaigh atá leis, ‘from it, of it’ (*de*/*di* + forainm 3 uatha fir.). Baineann an nóta seo le háiteamh atá déanta ag Breatnach (2003: 135) faoi fhad an ghuta seo: ‘In *GOI* §435 Thurneysen gives *de* as the form of *di* ‘from’ with the 3sg. masc. or neut. pronoun, noting the spelling *dé* in Ml. 69d3 ... while *DIL* gives both *de* and *dé* ... [i]n fact, various rhyming examples in Old and Middle Irish leave no doubt as to the

presence of a long vowel in this word', áitiú a ndéanann Stifter (2010: 63) aithris air. Dá bharr sin is mar 'dē' a litrím an focal seo san eagrán.

**§1(d) im*murgu***: Ba nós le scríobhaithe an focal seo a chiorrú mar 'im' le stríoc ghiorrúcháin thairis: 'Rarely written in full in MSS., generally in contracted forms im-, imr' (*DIL* 'I', col. 159, 11). In *LU* (LU 1622, 2530, 9591) i láimh *H*, tá an ciorrú seo le fáil freisin agus tá sé fágtha mar sin ag Best agus Bergin san eagrán. In *Aislinge Meic Con Glinne* 143 is í 'im*orro*' an fhoirm a roghnaíonn Jackson, agus in *LL* (LL 32397, 33983), tá 'ummoro'. Cloím le foirm na Sean-Ghaeilge anseo, bíodh go bhféadfaí argóintí a dhéanamh ar son na bhfoirmeacha eile a luaitear thuas.

**§1(e) occo**: Is féidir an fhoirm seo a léamh mar 3 uatha fir./neod. nó 3 iolra den bhforainm réamhfhoclach den réamhfhocal *oc*. 'occo' atá mar 3 uatha fir. i dtús *Scéla mucce Meic Dathó* (Thurneysen 1935: 1, líne 2; ach 'oca' atá in *LL* féin; 111b, líne 47). Mar 3 iolra (< *occaib* na Sean-Ghaeilge) atá sé le fáil in *LU* in *Togail Bruidne Dá Derga* (*H*: LU 7671), agus in *Fled Bricrend* (*H*: LU 8874, 9018, 9094; cf. *DIL* 'O', col. 82, 52-3.) Faightear an fhoirm chéanna don 3 iolra in *Cogad Gaedel re Gallaib* (LL 39340). Glacaim leis mar 3 iolra anseo i ngeall ar an gcomhthéacs, is é sin le rá, go bhfuil 'comhthinōl fer nĒre*n*d' ar bun, agus gur tagairt don ghrúpa iomlán atá ann. Ní ar aon intinn a bhí luatheagarthóirí an téacs; cf. 'them, them' ag Plummer (1884: 166, 167), agus 'he, him' ag Stokes (1887: 563, 565). Ar an malartú i gcáilíocht an ghuta (.i. oc/ac) a thráchtann Breatnach (1994: 329, §13.21) sa rannóg chuí.

**§1(f) i*m* dála**: Réamhfhocal ‘im’ agus ainmfhocal ‘dál’ (ā, bain.) ar a lorg, áinsíoch iolra anseo (mar is ceart go stairiúil); sa ghinideach atá an t-alt agus an t-ainmfhocal a leanann sa téacs. Tá sampla eile againn sa téacs seo (LU 9783) ach gan aon cheann eile in *LU* trí chéile. Is cosúil gur frása é nach raibh le fáil sa tSean-Ghaeilge, ach faightear samplaí de go réasúnta flúirseach sna tréimhsí a leanann; tugtar 15 sampla sa *DIL* (‘D’, col. 47, 36-50). Ina measc siúd a luaitear sa *DIL* tá ceann amháin gur féidir a mhaíomh le hiontaoibh ina leith go dtagann sé ó thréimhse na Meán-Ghaeilge, is é sin ‘*Aben* nimdana iarfir/ immadala mo degríg’ (SR 2069-70). In *Tochmarc Étaíne* is éard atá ann ‘Dala im*orro* Eoch*ad*a luid sidiu for a chúairt fo hErinn’ (Windisch 1880: 122, §8). B’fhéidir gur fiú ceann a thógaint den réamhfhocal a bheith roimh an ainmfhocal anseo, de bharr nach mbactar leis ar ball; cf. Ó Dónaill (1977: 362) s.v. dáil 1, 8. Maidir leis an tréimhse ina n-imíonn an réamhfhocal ar fad ón bhfrása seo, chun go scríobhtar mar ‘dála’ amháin é, is amhlaidh a bhaineann sé seo le ré na Gaeilge Clasaicí.

**§1(g) na c*r*eitmi**: ā, bain., ainmbhriathar ‘creitid’. Bhí ginideach uatha in –e go stairiúil ag an ngas seo, ach faoi mar a mhíneofar i bpointí eile thíos, bhí foircinn shainiúla na dtuiseal éagsúil ag dul in éag i rith ré na Meán-Ghaeilge.

**§1(h) la firu hĒr*end***: Sna cásanna a ndéantar dúblú ar chonsan sa tSean-Ghaeilge is minic a fhaightear ‘h’ roimh ghuta (cf. *GOI* §§241-4). Tá an ‘h’ sin scríofa amach sa téacs seo.

**§1(i) ro p*r*idcastar**: Foirceann diúscartach, agus é nasctha leis an s-chaite, atá le fáil anseo ar bhriathar nár sheanbhriathar diúscartach é; forbairt an-choitianta sa 1 agus 3 iolra i ré na Meán-Ghaeilge.

**§1(j) mírbailib dermáraib**: Aidiacht a bhí san fhocal *mírbail* ó cheart, iasacht Laidine (< *mirabil-is*); deineadh ainmfhocal de ar ball (cf. *DIL* 'M', col. 147, 44-66) agus ar ndóigh is ainmfhocal anseo é. Níl fáil air sna gluaiseanna, áfach. I láimh *H* in *Aided Echach meic Maireda* (LU 3132) tá an fhoirm *mirmaili* san áinsíoch iolra, ach ní léir uaidh sin cad is gas an fhocail. In *Scéla na Esérgi* (i láimh *H*) faightear na foirmeacha *in mírbail* (LU 2722) áinsíoch uatha, (LU 2727) tabharthach uatha, (LU 2732) áinsíoch uatha, agus *mirbaile* (LU 2723) ainmneach iolra. Is í an fhoirm dheireannach seo a fhaightear (i láimh *M*) in *Fís Adomnán* (LU 2206): 'gabait forro ferta ⁊ mírbaile' mar áinsíoch iolra. Caitheadh mar dhéad-ghas leis sa *Leabhar Breac*, in *Pais Iacoip Apstail* (PH 2251) agus in *Pasio Domini Nostri Iesu Christi* (PH 2693), mar a bhfuil áinsíoch iolra *mirbuileda* agus tuis. gin. iolra *mirbuiled* le fáil. Ní hann d'fhianaise den fhoiceann consonta seo in *LU*, áfach.

Comhfhocal (*der-* + *már*; cf. *dirfawr* [dir- + mawr] na Breatnaise) atá sa dara focal anseo: "very great, huge (of size, degree, and intensity)" is ciall leis (*DIL* 'D', col. 39, 76-86). Tá fáil air i láimh *H* in áiteanna eile in LU chomh maith; mar shampla in *Táin Bó Flidais* (LU 1607) 'co feirg ⁊ londnus dermar', in *Scéla Laí Brátha* (LU 2365) 'Biaid da*no* tene mór ar lassad na fíadnaisi ⁊ ainbthiní dermár imme di cach leith', agus in *Scéla na Esérgi* (LU 2757) 'Is and sin fogébat na fíreóin focraic ndermáir ara sualchib'. Tá samplaí de ó láimh *M* in *Fís Adomnán*, 'Stúag dermár' (LU 2014), 'drem dermár aile' (LU 2210), 'Cethri sroth (*sic*) dermára' (LU 2235-6), agus 'nuallguba dermar' (LU 2281). Is éard is suimiúil faoin bhfrása seo anseo in *CLcC* ná gur caomhnú é ar an tabharthach iolra san ainmfhocal agus san aidiacht a leanann é; téann an aontacht seo i léig sa Mheán-Ghaeilge: "De réir a chéile caillteart foirm ar leith an

tabharthaigh iolra den aidiacht aitreabúideach, agus úsáidtear foirm an ain./áins. ina háit" (Breatnach 1994: 252, §6.3). Feictear an caomhnú seo i láimh *H* freisin in *Immram Curaig Maíle Dúin* (LU 1834): "lán d'énaib dubaib ⁊ odraib ⁊ alathaib", ach faightear foirm ghiorraithe den réamhfhocal móide alt sa tabharthach iolra leis, in *Scéla na Esérgi*, mar shampla, (LU 2553) "arna nóedenaib becaib", "dona naemaib" (LU 2506), agus "dona marbaib" (LU 2514).

**§1(k) do neoch**: sa tSean-Ghaeilge bheifí ag súil leis an bhfoirm 'neuch' anseo (tabh. uatha 'nech'). Aon uair amháin a fhaightear an litriú sin (i láimh *M* in *Compert Con Culainn* LU 10599' i nneuch') in *LU*; thairis sin is 'co/di/do/for/i/ó [n]neoch' an fhoirm is coitianta.

**§1(l) do-ró*n*i Pāt*raic***: gas an chéasta in úsáid d'fhoirm ghníomhach 'do-rigéni'/'do-rigni' den bhriathar 'do-gní' anseo; cuireann Breatnach (1994: 306, §12.66) samplaí ar fáil as *LL* agus *SR* den fhorbairt seo, a eascraíonn, dar leis, as aithris a dhéanann tréanbhriathra áirithe ar leithéidí 'agid' agus 'orgid' nach raibh acu ach aon tamhan amháin (idir ghníomhach agus chéasta) san aimsir chaite 3 uatha cónasctha. In *LU* faightear an úsáid seo (céasta in ionad gníomhaigh) go minic: tá an sampla céanna seo i láimh *H* in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9725); faightear 3 iolra i láimh *A* in *Lebor Bretnach* (LU 193 'dorónsat'), agus i láimh *M* in Fled Bricrend (LU 8277) leis.

**§1(m) ro chreti**: Lagbhriathar atá in *creitid*, sampla den "few non-derived or primary verbs" (*EIV* 23, §2.2) ar lagbhriathra iad. An fhoirm spleách seo le guta seachas consan mar litir dheiridh sa ghas an fhoirm is mó a bhíonn le fáil (*GOI* §678: "only sporadically

·creit Wb. 5c2, ·cret Ml. 33b5”). I láimh *H* sa scéal *Siaburcharpat Con Culaind* (LU 9540) tá an fhoirm chéanna seo (*ro chreti*) ar fáil. In *Fís Adomnán* (i láimh *M*) faightear ‘díaro chreit’ (LU 2269) agus ‘ro chreit’ (LU 2270), agus in *Senchas na Relec* (*M* freisin) faightear na foirmeacha ‘ro creti’ (LU 4049) agus ‘ro chreit’ (LU 4089). I láimh *H* in *Tochmarc Emere* (LU 10450) faightear an fhoirm ‘niro creit’, agus an fhoirm ‘chreit’ in *Serglige Con Culainn* (LU 3804), i rann mar a bhfuil focail in easnamh ar an líne. Míníonn McCone (*EIV* 57, §4.2) gurbh í an fhoirm le guta deiridh sa 3 uatha spleách an ceann ba shine sna lagbhriathra, ach gur tháinig foirm gan fhoirceann ina áit luath go maith, ionas gurbh iad na foirmeacha *·creti* san aimsir láithreach agus *·creit* san aimsir chaite a mhair.

**§1(n) ro [ṡ]luic:** An briathar *sluicid*/*slocaid* atá anseo, agus séimhiú curtha ar an gconsan tosaigh gur imigh sé as ar fad. Is amhlaidh gurb é an próiseas céanna is cúis leis an bhfoirm *noruíned* < *no* [*ṡ*]*ruíned* in *Siaburcharpat Con Culaind* (LU 9312) i láimh *M*. Titeann dhá *s* le chéile in ‘basoc*r*aidiu’ (mínithe mar ‘bas sochraidiu’ i bhfonótaí Best agus Bergin) in *Scéla na Esérgi* (LU 2499), mar a bhfuil breischéim na haidiachta (sochraid) faoi shéimhiú, agus an chéad litir imithe as faoi thionchar an tséimhithe. Ní i gcónaí a bhíonn an scéal amhlaidh ag *H*, áfach, cf. *Scéla na Esérgi* ‘do neoch ro sluic talamh’ (LU 2517). Is sampla é an séimhiú seo d’fhorbairt a thagann chun cinn i ré na Meán-Ghaeilge, tráth a méadaítear ar na hathruithe tosaigh ar bhriathar ar lorg na míreanna *no* agus *ro*: “ritheann *–a* agus *–o* ina chéile, agus déantar na foirmeacha *no*/*na*, *ro*/*ra* le séimhiú i bpríomhchlásail agus clásail choibhneasta a ghinearálú” (Breatnach 1994: 278, §11.1). Feictear samplaí eile den séimhiú neamhstairiúil seo i

láimh *H* in *Aided Echach meic Maireda*, ‘ro chosain’ (LU 2955) agus ‘ro chinset’ (LU 2959).

Tá trácht ag McCone (*EIV* 173-4, 2.2b) ar leathnú an tséimhithe seo, de bharr reo an fhorainm iontáite 3 uatha neod.: “this main-clause lenition is very occasionally attested as early as the Old Irish Glosses, where it is presumably due to stray inroads from a lower register of speech in which pretonic vowels had already become /ə/”. Chuaigh scaipeadh ar an bpróiseas seo gur ghabh sé chuige an mhír dhiúltach *ní* chomh maith céanna: “The standard Old Irish distinction between, say, *ní:ceil* ‘does not conceal’ and *ní:cheil* ‘does not conceal it’ was likewise tending to disappear through spread of *ní:cheil* with petrified pronoun in the sense ‘does not conceal’, a process possibly assisted by the lenition normal after the longer negative *nícon* in Old Irish, e.g. *nícon:chechrat* ‘they will not love’ (Wb. 30c4)”.

**§1(o) Lóegaire druí**: tá plé déanta ag scoláirí éagsúla (Buttimer, Carey, Nagy, Toner) a fhéachann le ciall a bhaint as an abairt seo. Níor pléadh gné na lámhscríbhinne féin sa díospóireacht seo, áfach. Mar seo atá na línte (LU 9738-9) in *LU*:

> $_{7}$ foru
> sestar Lōegaire ógréir Pāt*raic*. Ro [ś]luic da*no*
> i*n* tala*m* Lōegair*e* druí t*r*ia brēthir...

De bharr go ndéantar na stríocanna giorrúcháin a scaoileadh anseo, cuirtear cruth na lámhscríbhinne as a riocht, ní nach ionadh; in *LU* féin, áfach, tagann Lóegaire

(ainmní an bhriathair ‘fo-sisedar’, LU 9738) díreach os cionn an chéad sampla eile de Lóegaire (cuspóir an tslogtha, LU 9739). Arbh fhéidir gur sciorradh súl (agus pinn, dá réir) is cúis leis an bhfrása achrannach ‘Lóegaire druí’, is é sin, gur scríobhadh an dara ‘Lóegaire’ de thaisme? Dá ndéanfaí ‘Lóegaire’ a bhaint den téacs sa líne sin, bheadh deacracht againn fós le tuiseal an fhocail ‘druí’ (mar a phléann Carey 1994a: 20), ach má chuaigh an scríobhaí amú uair amháin, cá bhfios nach ndearna sé amhlaidh an dara huair, leis?[25]

**§1(p) tria:** An réamhfhocal simplí *tre*/*tri* atá anseo, seachas an réamhfhocal maille le haidiacht shealbhach, 3 uatha/iolra. “The form tria is fairly common in all periods outside the O. Ir. Glosses” (*DIL* ‘T’, col. 276, 80-1). Maidir leis an Meán-Ghaeilge: “Foirm an-choitianta den réamhfhocal simplí is ea *tría* < *tré* le défhoghrú” (Breatnach 1994: 330, §13.26). Tá sampla amháin den réamhfhocal simplí *tre*/*tri* i láimh *H* faighte agam go dtí seo, in *Tochmarc Emere* (LU 10296-7) ‘tri altram Fergusa form’, ach b’fhéidir gur fiú ceann a thógaint den ghuta tosaigh in ‘altram’ díreach i ndiaidh an réamhfhocail. Tá aon sampla amháin (go bhfios dom) den réamhfhocal agus é séimhithe, ‘thré mhesci’, i láimh *M*, in *Compert Con Culaind* (LU 10606-7). Faightear samplaí go leor de ‘tria’ i láimh *H* in *Immram Curaig Maíle Dúin* (LU 1847), in *Scéla na Esérgi* (LU 2693), agus in *Tucait Indarba na nDésse* (LU 4434). Is é *tria* “the usual form” in *SR* (*DIL* ‘T’, col. 276, 83), mar shampla ‘tria báes’ (SR 1908), ‘tria thalmain’ (SR 2522), ‘tria díthrub’ (SR 5179). Áinsíoch a leanann *tre*/*tri* go stairiúil, ach an tabharthach a thagann ina ionad ar ball; cf. *DIL* ‘T’, col. 276, 67, mar a dtugtar sampla

[25] Táim buíoch de Philip Healy faoin moladh seo a chur faoi mo bhráid agus é a phlé liom.

as na gluaiseanna: ‘tri suidib’ Ml. 56b15. Tá ‘tria sualchib ₇ degnimaib’ ag *H* in *Scéla na Esérgi* (LU 2693), agus ‘tria sualchib ₇ caíngnímaib’ in *Scéla Laí Brátha* (LU 2383).

**§1(q) tecait:** Go stairiúil ba bhriathar comhshuite é ‘do-icc’. Mar bhriathar simplí a chaitear leis anseo. Is í an fhoirm atá anseo 3 iolra neamhspleách, aimsir láithreach táscach, san áit a mbeifí ag súil le foirm choibhneasta go stairiúil. Tá sampla amháin eile faighte agam den fhoirm seo mar choibhneasta i láimh *H*, in *Táin Bó Cúailnge* (LU 5910); in *Táin Bó Flidais* (LU 1589), agus in *Aided Echach meic Maireda* (LU 2952) faightear é mar fhoirm neamhspleách (lámh *H*). I láimh *M* tá trí shampla, *Táin Bó Cúailnge* (LU 4728) agus *Fís Adomnán* (LU 2274: neamhspleách; 2282: spleách). Ina theannta sin, tá sampla eile tugtha ag Breatnach (1994: 286, 11.28) as an *Liber Hymnorum* ‘tecait na daim’ (*Thes*. iml. ii, 340.28), agus ceann eile (SR 3488) ‘feib tecait slūaig fer domuin’ (Breatnach 1994: 331, §14.2). Tá an fhoirm chéanna le fáil i láimh *H* in *Tochmarc Emere* (LU 10442): “Can asa tecait na fir ol se”. Ní féidir argóint Draake (1952: 74-8) faoi úsáid foirmeacha prótatonacha den bhriathar a chur i leith na foirme anseo, ar an ábhar nach mbaineann ‘mothúcháin’ nó ‘comhrá’ leis an sliocht áirithe seo.

Féachaint ar bhriathra comhshuite mar bhriathra simplí i ré na Meán-Ghaeilge faoi deara foirm an bhriathair anseo, mar a mhíníonn McCone: “A new simple verb was extrapolated from the prototonic stem of an old compound. The crucial factor here was that, whereas the... inflections of independent simple and compound verbs usually diverged, dependent simple and compound forms were both characterized by conjunct inflection. This significant point of agreement could

trigger further accommodation of compound inflection to its more straightforward simple counterpart according to the following formula, here illustrated by the simple/compound pairs *sluindid* 'declares'/*do-sluindi*, *-díltai* 'denies' and *léicid* 'leaves'/*do-léici*, *-teilci* 'throws' in the 3sg. dep.: indep. Thus *-sluindi*: *sluindid* = *-díltai*: x (x = *díltaid* in place of *do-sluindi*) *–léici*: *léicid* = *-teilci*: x (x = *teilcid* in place of *do-léici*). In this way new simple verbs *díltaid*, *-díltai*... and *teilcid*, *-teilci* came into being and the awkward alternation of stem in the old compounds was obviated" (*EIV* 192, §5.2a).

Dearbhú ar an tuairim go gcaitear leis mar bhriathar simplí anseo ná foirceann caol an bhriathair: "Compounds with *to*, *fo* or *ro* followed by a vowel can be either prototonic or deuterotonic in independent position in Old Irish, but in that case tell-tale abs. or rel. endings may indicate their re-analysis as simple verbs in Middle Irish , e.g. *fácbait* 'they leave' (SR 7655, OIr. *fácbat* or *fo:ácbat*), tecait 'they come' (SR 3488, OIr. *tecat* or *do:ecat*)" (*EIV* 193, §5.2).

**§1(r) *f*ri hóentaid n-*i*macallma**: an focal deireannach anseo, 'imaccallma' agus an comhshamhlú a dhéantar ar an gcarn consan 'ld' > 'll' á léiriú aige (< immacalda(i)m): "*ld*, whether original or secondary, appears as *ll* in Middle Irish... [T]hat this transition, too, occurred about the time of Ml. is shown by the converse spelling in Ml. 63d15: lase nad-reildisem-ni 'when we have not polluted' for -réillisem" (*GOI* 95, §153).

**§1(s) rechtgai:** iā, bain., ginideach uathu/iolra anseo. Ní féidir a rá le cinnteacht an é an uimhir uatha nó iolra den ainmfhocal é i ngeall ar a chiall: “the framing of laws; the administration of law and justice, exercise of the function of government” (*DIL* ‘R’, col. 28, 68). Go stairiúil, bheadh foirceann in *–e* anseo (pé acu uatha nó iolra dó), ach faoi ré na Meán-Ghaeilge bhí gutaí neamhaiceanta ag rith ina chéile “mar schwa a litrítear de ghnáth le *e*, *i*, nó uaireanta le *iu*, i ndiaidh chonsain chaoil, agus le *a*, nó uaireanta le *o*, *u*, i ndiaidh chonsain leathain” (Breatnach 1994: 230, §3.1), bíodh is gurb ann do roinnt mhaith fianaise den fhorbairt seo i ré na Sean-Ghaeilge féin (cf. McCone 1985). Caomhnaítear foirmeacha stairiúla den áinsíoch uatha/iolra ‘cen rechtgi’ i láimh *H* in *Serglige Con Culainn* (LU 3440), agus an ginideach uatha/iolra ‘breth rechtgae’ i láimh *M* in *Senchas na Relec* (LU 4043).

## §2

**§2(a) do-chós:** Faí chéasta caite den bhriathar ‘téit’. Tugann Breatnach (1994: 307, §12.72) ‘do-chúas’ (SR 6301) mar shampla den chéasta caite sa Mheán-Ghaeilge. Tugtar faoi deara séimhiú neamhstairiúil i ngas an bhriathair sa téacs anseo. Maidir leis an nguta fada anseo, is minic ‘úa’ mar a mbíodh ‘ó’, ó aimsir na Sean-Ghaeilge i leith (McCone 1994: 89, §10.4). Faoin am ar scríobhadh na Gluaiseanna ba é an défhoghar a bhí chun cinn: “Whereas this *ó* is preserved in archaic texts, by the time of Wb. it has generally been diphthongized to *úa* under the accent, except before a guttural (*g*, *ch*) ... The diphthongization spreads to weakly stressed words like *húare* ‘because’ Ml. Sg. beside (*h*)*óre* Wb.” (*GOI* §60). Dar le McCone (2000: 13), agus é ag trácht ar *Echtrae Chonnlai* go sonrach, ní mór bheith san airdeall faoin uainíocht idir

ó/úa maidir le dátú téacs: "*ó/úa* alternations are sufficiently frequent in Old and Middle Irish material to be doubtful validity as a dating criterion". Faightear na samplaí seo a leanas den dá litriú (-ó- agus –úa-) leis an mbriathar seo (agus séimhiú neamstairiúil an ghais) in *LU*: 'do-chótar' (LU 4610), 'do-chóid' (LU 4696, 5251), ar le *M* na trí cinn sin; 'do-chóid' ag *H* (LU 8879); 'do-chuaid' (LU 244, 245, 265, 760), ar le *A* iad; 'do-chuatar' (LU 3655) i láimh *M*. Tá idir 'ó' agus 'úa' le fáil go minic i láimh *H* in *LU* sna focail *ómun*/*úaman*, *slóg*/*slúag*, *tróg*/*trúag*.

**§2(b) a llathe:** o, neod., alt agus ainmfhocal san ainmneach anseo. Sampla eile i láimh *H* ar léir an neodrach á chaomhnú ann is ea *a llá* in *Immram Curaig Míle Dúin* (LU 1832). Faightear an fhoirm dhéanach (agus an t-alt firinscneach roimhe) i láimh *H* chomh maith; mar shampla, in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9713) 'in la sin', ainmneach uatha. Dhealródh sé seo gur focal coimeádach a bhí in *lá*, óir is suntasach go gcaomhnaítear rianta den tseaninscne den ainmfhocal seo anuas go dtí ré na Nua-Ghaeilge féin, mar shampla leithéid *lá n-aon* (cf. *FGB* s.v. *lá*).

**§2(c) do Pāt*raic***: ní shéimhítear tús an ainm 'Pátraic' sa téacs seo; tagraíonn Carey d'easpa an tséimhithe seo sna trí lámhscríbhinn eile a chaomhnaíonn an *PHP*, agus ní dhéanann sé an séimhiú a léiriú ina eagrán féin (ag tagairt don uainíocht a luaitear in *GOI* §251). Leanaim an sampla sin anseo, freisin.

**§2(d) 'monetir:** Is iad eilimintí an fhocail seo an réamhfhocal 'imm', an aidiacht shealbhach 3 iolra '$a^{N}$' agus an réamhfhocal 'etar', rud a fhágann an dobhriathar 'immanetar', 'immenetar' againn (*GOI* §841), a chiallaíonn "mutually, in turn";

‘imanetar’ atá ag Carey (1994a: 11, §2.2). Tá samplaí againn ó ré na Sean-Ghaeilge ina bhfuil ciorrú déanta ar an réamhfhocal ag ceann an dobhriathair, chun gurb í an litir deiridh de (m) a bhíonn ina thosach, mar atá in Wb. 31d1 “.i. arnóis rechto manetar”, chomh maith le samplaí a chaomhnaíonn an túslitir stairiúil, “óentad etruib immanetar” Wb. 27b21. Tá an réamhfhocal ‘imm’ (+ aidiacht shealbhach 3 uatha fir. ‘a’) ciorraithe in *Tochmarc Emere* (LU 10445-6) i láimh *H*, mar is coitianta sa Mheán-Ghaeilge: ‘Dorat ind ingen breit dia hetuch dó ma c*r*echt’. An struchtúr céanna atá san fhocal ‘immasech’ (réamhfhocal ‘sech’ sa tríú cuid) a fhaightear ina litriú iomlán i láimh *H* in *Serglige Con Culainn* (LU 3289) agus in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9687: filíocht). Díol suime, leis, críoch chaol an fhocail (murab ionann agus críoch leathan an réamhfhocail féin, tríú eilimint an chomhfhocail); ní foláir nó chuaigh an 3 uatha fir./neod. (‘etir’/’itir’) den fhorainm réamhfhoclach i bhfeidhm air, forás a bhaineann le roinnt réamhfhocal éagsúla, mar a phléann O’Brien (1953: 175-7).

**§2(e) “C*eist*” or Lōega*ire* fr*iu***: Pléann Baumgarten (1992) na féidearthachtaí éagsúla a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis an stríoc ghiorrúcháin a chuirtear thar ‘cs’. Cloím le húsáid Best agus Bergin (1929) anseo agus an focal seo a litriú mar ‘c*eist*’.

**§2(f) as a*n*dsa*m*:** Sa ghluais a chuirtear leis an bhfocal seo (.i. ‘dolgi’) léirítear laghdú na gcéimeanna den aidiacht sa Mheán-Ghaeilge; breischéim na haidiachtaí ‘doilig’ atá in ‘dolgi’, agus “go bunúsach ní raibh ach aon chatagóir bhisiúil sa MG, .i. an bhreischéim” (Breatnach 1994: 255, §6.9). Léiríonn gluais i láimh *M* in *Táin Bó Cúailnge* (LU 4792) an fhorbairt seo: “Is sí seo in tres árim is glicu $_7$ is dolgiu dorigned i nHerind”, mar a bhfuil péire d’aidiachtaí (‘doilig’ ar cheann acu) agus an bhreischéim

in ionad na sárchéime acu. Mar sin féin, caomhnaítear foirmeacha cearta stairiúla freisin, mar shampla an bhreischéim ar son na céime sin ag *H* in *Aided Nath Í* (LU 2915-6): “ar ba hairegdu leo a hadnacul i C*ru*achain”. Pé forás is cúis leis, is focal é ‘andsa’ a thuilleann gluaiseanna go minic in *LU*. Cuireann *H* an ghluais ‘dolig’ ar an bhfocal ‘andsa’ in *Serglige Con Culainn* (LU 4004); déanann *M* amhlaidh faoi dhó in *Fled Bricrend* (LU 8777, 8778).

**§2(g) ní *handsa*:** Déanann Baumgarten (féach nóta §2(e) thuas) plé ar na slite éagsúla a scaoileann eagarthóirí téacsanna an stríoc ghiorrúcháin thar ‘nī’. Mar ‘*handsa*’ a litríonn Best agus Bergin (1929) na samplaí go léir in *LU* (ach amháin aon sampla amháin ag *H* in *Fled Bricrenn* (LU 9002; ‘ni hāsa’ atá sa lámhscríbhinn)), agus leanaim a sampla siúd anseo arís.

**§2(h) ár:** San iontráil don fhocal seo (*ar* 2) sa *DIL* (‘A’, col. 369, 67-68), is as *LU* an dá shampla a thugtar, iad araon i láimh *H* in *Serglige Con Culainn* (LU 3255, 3257). Faightear é freisin in *Táin Bó Flidais* (LU 1558, 1562), *Fís Adomnán* (LU 2264 ), agus in *Senchas na Relec* (LU 4056), ach gur i láimh *M* atá na samplaí sin go léir. Thairis sin is i láimh *H* atá na samplaí in *Immram Curaig Maíle Dúin* (LU 1917), *Scéla Laí Brátha* (LU 2377, 2488), *Serglige Con Culainn* (LU 3441), *Táin Bó Cúailnge* (LU 6156), *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9573, 9609), agus *Tochmarc Emere* (LU 10267), chomh maith leis an téacs seo. Ní thugtar na samplaí seo sa *DIL*. Ní hí an fhoirm seo le síneadh fada ar an ‘a’ a bhíonn ag *H* i gcónaí, ámh, mar is léir ón meascán samplaí de ‘úair’ agus ‘ar’ a bhíonn aige: ‘úair’ in *Scéla Laí Brátha* (LU 2325, 2396), ‘ar’ in *Scéla na Esérgi* (LU 2635, 2758, 2761), agus in *Táin Bó Cúailnge* (LU 5914, 5916, 6168). An réamhfhocal ‘ar’ in

úsáid mar chónasc atá ann, a dhein *ó*(*i*)*r* sa Mheán-Ghaeilge. Tugtar le fios sa *DIL* go mb'fhéidir gur faoi thionchar *ór* = *úaire* a rinneadh amhlaidh.

Is rí-mhinic sínte fada ar ghutaí eile seachas an guta ceart in *LU*, agus d'fhéadfaí a mhaíomh gur chun an guta féin a thaispeáint a dhéanfaí síneadh fada a chur thairis (.i. le léiriú gur guta atá ann, seachas consan). Sa dá shampla as *Serglige Con Culainn* (LU 3255, 3257) is guta é an litir a thagann díreach roimh *ár*, ach oiread le sampla amháin as *Scéla Laí Brátha* (LU 2488) agus ceann eile in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9609); sin ceithre cinn ar fad. I gcás na naoi sampla eile (idir lámha *M* agus *H*), is consan a thagann roimhe.

**§2(i) aneich:** Tá an fhoirm neamhghnách chéanna le fáil i láimh *H* in *Scéla na Esérgi* (LU 2611) 'deimnigthe aneich na dlegar do demnig*ud*'. Faightear é i dtéacs amhain in *LL*, sa dán *Lecht Cormaic meic Cuilennáin*, 'úadib aneich na dernsat' (LL 6257); faightear sna dlíthe é leis, mar shampla sa tráchtaireacht in *Bretha Forloisctheo* (*CIH* 2013.37); agus tá samplaí eile in *Cóic Conara Fugill* (19, §11). Ní féidir a rá le cinnteacht cé acu 'nech' (forainm neamhshonrach fir.) nó 'ní' (forainm neamhshonrach neod.) is cirte a léamh sa sampla seo. An fhoirm seo le *ch* caol (.i. *neich*) is í seo foirm an ghinidigh uatha den dá fhocal (*ní* agus *nech*) araon. Ó thaobh an fhriotail de, is deacair a rá cén fáth a bhfuil an fhoirm chéanna (.i. ginideach) le fáil anseo, ach maidir le ciall na habairte de d'fhéadfaí meabhair a bhaint aisti.

Is féidir 'nech' a úsáid mar thacú do chlásal coibhneasta (*GOI* §489); tugann Thurneysen sampla ó na Gluaiseanna mar fhianaise: "*comalnad neich for·chanat*

‘fulfilling of that (of all that) which they teach’ ” (Wb. 29a11). Tugtar an sampla céanna, a bheag nó a mhór, sa *DIL*: “*comalnad neich forchain in stoir sin* ‘what this story teaches’ ” (*ZCP* viii 176.23, luaite sa *DIL* ‘F’, col. 318, 59-60, an tagairt do *ZCP* ciotach, is dealraitheach). Féidearthacht eile is ea an méid a thugtar le fios sa *DIL* faoin iontráil *nech* (‘N’, col. 18, 70-84), go n-úsáidtear an forainm seo ar shlí ar leith tar éis tréimhse na Sean-Ghaeilge: “In later Mid. and early Mod.Ir. used as an indecl. rel. pron. (for all genders) *who*, *which*; generally in the form neoch, or with art. in neoch ... with art., freq. folld. by partitive ( = Lat. *quicquid*)”.

Is beag idir ciall seo *nech* mar fhorainm coibhneasta, agus na samplaí thuasluaite le *neich*. An phríomhcheist atá le freagairt anseo ná conas a dhéantar an guta tosaigh a léamh? An léamh a dhéanaim féin air anseo ná gur leagan den alt atá ann. Is amhlaidh a cailleadh an fhoirm stairiúil den alt (faoi mar a thit amach i ré na Meán-Ghaeilge, Breatnach 1994: 259, §7.7) ionas gur –n in áit –nd/–nn a mhair. Ní foláir nó cailleadh –n an ailt anseo, gur fágadh ‘a’ ina áit, de bharr an dá chonsan shrónacha a bheith ag teacht i ndiaidh a chéile (‘in neich’), agus an chéad fhocal acu (an t-alt) ina fhocal neamhaiceannta. Sa dá lámhscríbhinn ina bhfuil *Cath Airtig* ar fáil (Best 1916: 175), feictear an próiseas seo ar siúl: ‘ar doradad di *Concobar* í hi cinaidh indeich ro milled uime di sluaigh*ed* Thanu’ (TCD LS. H 3.18); ‘ar do Choncob*ar* dorad hi hi cinaid ineich ro millead uime ar sluaigead Thana bo Cuailgne’ (*Leabhar Leacáin*).

**§2(j) ait[h]b*er***: sampla é seo den easpa séimhithe a fhaightear le focail áirithe sa téacs seo; bheifí ag súil le *aithber*, coigeartú a chuirim i bhfeidhm san eagrán.

**§2(k) cade:** Is iad ‘co’ (mír chónasctha) + ‘de’ (3 uatha neod. den réamhfhocal *di*) eilimintí an fhocail seo (*GOI* §462). An bhunchiall leis an bhfocal ba ea ‘what is the nature of? In what consists?’ (*DIL* ‘C’, col. 500, 22), ach úsáideadh go coitianta é mar ‘simple interrog[ative] what (is)?’. “The form *cote* is for all intents and purposes confined to Wb., where, however, *cate* is also frequent, and this latter is the general Old Irish form. No form with a glide-vowel *-i-* occurs in the Old Irish glosses, but some form of the examples of *caite* and *caide* … are early, and it would seem that the *-t-* was palatal in the Old Irish period” (Quin 1966: 140). Foirmeacha a d’eascair as mar *cad*, *cád*, *gad* agus *gád*, bhíodar “lochdach” de réir na dTráchtas Gramadaí (Bergin, 1916: 7, §16). Tá samplaí go leor den fhocal seo i láimh *H*, *Tochmarc Emere* (LU 10253, 10272), *Serglige Con Culainn* (LU 3360).

**§2(l) a*ir*li**: Tugtar faoi deara an guta i gcríoch an fhocail; ainmneach uatha ‘airle’ a bhí ann go stairiúil, ach sampla eile é seo de ghutaí deiridh sa téacs rite ina chéile mar ghuta neodrach.

**§2(m) a*rr*-ic**: In eagrán Carey (1994a: 11, §2.7) is í an fhoirm a roghnaíonn sé ‘ara-ic’, foirm choibhneasta den láithreach táscach ‘ar-icc’, agus é bunaithe ar aon lámhscríbhinn amháin (A: ‘arraic’), murab ionann agus foirm *LU* (arr-) anseo. Dhealródh an r- dúbailte sa réamhbhriathar gur ciorrú ar ‘ar + ro’ atá ann; ní thagann sé seo le stair na mbriathra comhshuite arb é *–ic*(*c*) an eilimint bhriathartha iontu, mar adeir McCone (1997: 144, §3.1), a áirítear i measc na mbriathra “[that] fail either completely or, less usually, partially to take an augment, and instead use a single set of forms, regardless whether the syntax would otherwise call for an augment or not”.

**§2(n) mo ai*r*se:** Don fhoirm seo sa lámhscríbhinn, tá ‘mo airle’ molta ag Plummer ina eagrán den scéal, ach pléann sé féidearthacht eile sa ghluais: “At first I had very little doubt that this was simply a scribal error for *airle*. Prof. Rhys has however suggested to me that it may be for *sairse*, which occurs in the *Milan Codex*, f. 42c. as a gloss on *ars*” (Plummer 1884: 169). Tugann an *DIL* (‘S’, col. 36, 63-64) an sampla céanna seo ón *Milan Codex* san iontráil *saírse* (i) “cen sairse foglaimme ⁊ frithgnama gl. *sine arte*”. Is í an tuairim seo, shílfeá, faoi deara do Stokes (*sh*)*airse* a chur i gcló ina eagrán siúd trí bliana ina dhiaidh sin (Stokes 1887: 562). Más s seimhithe atá in easnamh anseo, tá feicthe againn cheana go bhfágann an scríobhaí *H* consan séimhithe ar lár in áiteanna éagsúla sa lámhscríbhinn seo.

Mar ‘airse’ a litrítear an focal in eagrán Bergin agus Best (1929: 293). Cé gur féidir ciall a bhaint as moladh Rhŷs, an beart is ciallmhaire, is dóigh liom, ná cloí le cleachtas Plummer, idir leagan agus aistriúchán. Dá bharr sin chuirfí ‘airle’ in áit ‘airse’, agus ‘counsel’ (Plummer 1884: 166) i leaba ‘art’ (Stokes 1887: 563). An chiall a bhaineann Carey as ná gur leagan neamhghnách, nó “eccentric variant”, den *figura etymologica* atá ann; sa strúchtur sin is iondúil gurb é an réamhtheachtaí ainm briathartha an bhriathair sa chlásal coibhneasta (bíodh nach gá dóibh bheith bunaithe ar an bhfréamh chéanna; cf. Stifter 2006: 246). ‘Is ed ara-ic mo airec-sa de’ a roghnaíonn Carey dá eagrán (1994a: 20-1).

**§2(o) ol sē:** Deir Quin (1983a: 98) gurb éard atá anseo ná 'ol se', "literally 'beyond that', 'furthermore', *praeterea*, etc.; in other words exactly parallel to *co se*, *la se*, etc., with the stressed neuter accusative pronoun *se* governed by the preposition *ol* 'beyond'".

**§2(p) fromthar:** *formthar* a thugtar sna leaganacha a dhein Plummer (1883: 164) agus Stokes (1887: 562); *fromthar* atá in eagrán Best agus Bergin (1929: 293). Le ciall a luíonn foirm sin eagrán Best agus Bergin, mar gur ón mbriathar *fromaid* a thagann an fhoirm seo. An lámhscríbhinn faoi deara do Plummer agus Stokes an fhoirm *formthar* a roghnú, mar a bhfuil an litir 'f' faoi stríoc ghiorrúcháin, a sheasann do 'for' go han-mhinic. *Promthar* atá in eagrán Carey (1994a: 11, §2.8), bunaithe ar an dá lámhscríbhinn eile a chaomhnaíonn an chuid seo den téacs. Is leagan malartach é *fromaid* den bhriathar bunaidh *promaid*. Faightear an leagan malartach den ainm briathartha (*promad* > *fromad*) i láimh *H* in *Fled Bricrend* (LU 8330): "fromtha aili do thabairt forro béus" (ainmneach iolra), maraon le sampla amháin i lámha *A* in *Amra Choluim Chille* (LU 1041) agus *M* in *Tochmarc Étaíne* (LU 10804), faoi seach. Sampla amháin in *LU* ar fad, is cosúil, sa téacs *Scél asa mberar combad hé Find mac Cumaill Mongán* (LU 10983), 'Proimfithir' (3 uatha céasta aimsir fháistineach), i láimh *M*.

**§2(q) ro forcan:** Seanbhriathar comhshuite ba ea *for-cain*; caitear leis mar bhriathar simplí anseo. Go stairiúil ba ghas é seo ar a ndéanfaí athchóipeáil san aimsir chaite (.i. *cech-* < *can-*). Tá fianaise bhreise i láimh *H* ar dhul i léig na hathchóipeála in *LU*: 'ro chan Sinech in molad sa' atá in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9665). Is mar a chéile a chaitear le gas an bhriathair shimplí 'gonaid' (ar a ndéanfaí athchóipeáil in aimsirí éagsúla) in *Fotha Catha Cnucha* (LU 3177) 'Gonais Lucht Goll ina rosc'. Bhí céim eile i

gceist maidir leis an gcaite foirfe: “The rule whereby *ro* plus reduplicator gives *roí* as a surrogate of reduplication in the stressed portion of the verb applies where appropriate to compound as well as simple verbs, eg. augm. pret. 1sg. *for-roíchan* ‘I have instructed’” (*EIV* 143, §2.6). De bharr go bhféachtar air mar bhriathar simplí anseo, cuirtear an mhír ‘ro’ roimh an mbriathar, seachas é a shuíomh ina ionad stairiúil idir an réamhbhriathar agus an gas. San iontráil in *DIL* (‘F’, col. 318, 63, 73), tugtar samplaí eile, mar atá ‘ro forcanus reacht’ in *Césad Sepain* (PH 1508), agus ‘is iat roforcan Albín’ (Bergin 1910: 64). Sa dara leath den deichiú haois, adeir Ó Máille (1910: 169), a thosaigh ‘ro’ sa suíomh seo ag scaipeadh go forleathan sa chóras briathartha.

**§2(r) mád día:** Forás é seo a thiteann amach i ré na Meán-Ghaeilge: “Go minic in áit *má* ‘má’ faightear *mád día*/*dá* (< *má* ‘má’ + 3 u fosh. láith. den chopail + *día* ‘dá’)” (Breatnach, 1994, 281, §11.11). Tugann Breatnach cúig shampla de, ceithre cinn acu as *LL*, ceann amháin as an *Liber Hymnorum*: ‘mad dia marbthar’ (LL 33773), ‘mad dia ndig’ (LL 12949), ‘mad da mbeind-se’ (LL 22764), ‘mad da ríus’ (LL 8600); ‘mad dia ninnisiur’ (*Thes*. iml. ii 337.22); luann Breatnach sampla amháin eile (i bplé ar fhorainmneacha) as *LL* .i. LL 10200 ‘mad dia comairsem’, agus tamall beag roimhe sin sa téacs céanna (*TBC LL*) faightear an sampla ‘mad da toetsad’ LL 10160. I láimh *H* in *Táin Bó Cúailnge* (LU 5955), faightear ‘mad dia ngona’, agus tá sampla amháin de i láimh *M* in *Togail Bruidne Dá Derga* (LU 7476) ‘mád día nderscaigth*er*’; ‘mádá’ a fhaightear i ndán fada in *Lebor na Cert* ag líne 1952 (Dillon 1962: 130), agus ‘má dá toimli tú’ atá i rann in *Fled Dúin na nGéd* (Lehmann 1964: 9, líne 288).

Is léir ón bhfoirm den bhriathar (‘loga’) a leanann na míreanna ‘mád día’ anseo, agus ‘mani’ sa líne ina diaidh, gurb é an briathar simplí ‘logaid’ atá in úsáid anseo, seachas an briathar comhshuite ‘do-luigi’ atá ag Carey ina eagrán de réamhrá an *Senchas Már* (1994a: 11). Ní miste an t-eolas a chuireann an *DIL* ar fáil a lua anseo freisin, is é sin nach bhfuil cuspóir díreach ag an mbriathar ‘logaid’ anseo.

**§2(s) bemit-ni**: ‘bemmi’ an fhoirm stairiúil (1 iolra aimsir fháistineach den bhriathar substainteach). An forainm iartháite fir./neod. ‘-i’, a rinne ‘-it’ nuair a cuireadh é leis an bhfoirm bhriathartha chuí (féach, mar shampla, Stifter 2006: 296), ba é sin ba chúis le scaipeadh na críche ‘-it’ mar chríoch bhriathartha de réir *GOI* (§431). Dar le McCone (*EIV*: 174-5), áfach, is faoi thionchar an 3 iolra láithreach neamhspleách ‘-(a)it’ a athraíodh críoch stairiúil 1 iolra ó ‘-m(a)i’ go ‘-m(a)it’, agus gur trí analach dá réir sin a athraíodh críoch 1 uatha (fáisitineach) ‘-a’ go ‘-(a)it’.

**§2(t) be*m*-ni**: ‘biam’ an fhoirm stairiúil (1 iolra aimsir fháistineach spleách); péire de shamplaí atá sa *DIL* (s.v. *attá*, A’, col. 468, 52), ó Wb. dóibh araon. Is forbairt stairiúil i gcóras na ngutaí sa Ghaeilge an t-athrú ‘é’ > ‘ía’ (*GOI* §53) ach ní léir go mbíodh an ‘e’ (ná an ‘i’ in ‘ia’) fada sa bhriathar seo, agus is é a mhalairt atá i gceist anseo ar aon dath (.i. ‘ia’ > ‘e’).

**§2(u) f*orsi*nd recht:** Caomhnaítear an fhoirm stairiúil den alt fir. tabharthach roimh ‘r’ i ndiaidh réamhfhocail anseo; déantar amhlaidh leis an nginideach den alt roimh ‘r’ (lámh *H*) ‘oc dún ind ríg’ in *Tochmarc Emere* (LU 10437). Faoi *for* (‘F’, col. 300, 6-7) a phléann an *DIL* ciall an réamhfhocail anseo. Aistrítear ann é mar ‘*abide by*’ sa rannóg

a bhfuil '*relying on*, *depending on* ... *content with*' mar chéadmhíniú inti. Leis an aistriú deiridh seo, '*content with*' a chloífinn, b'fhéidir, sa chomhthéacs seo. Mar '*submit to*' a aistríonn Carey é (1994a: 17). Ní thugtar aon chiall ar leith i dtaobh "at-tá for" in DIL (s.v. *attá*, 'A', col. 471, 76-84).

## §3

**§3(a) a co*m*arli:** Tá an plé seo a leanas ar an bhfocal *comairle* sa *DIL* ('C', col. 341, 80): 'Uses with prepp. a comarli *with intent*, *designedly*, LU 5804 (*TBC*) a c. Chonchobair *on the suggestion of*, *IT* i 75.14 (*Loinges mac nUsnig*)'. D'fhéadfaí ciall a bhaint as an dara haistriú (.i. *on the suggestion of*) sa chomhthéacs seo mar mhíniú ar an 'a' roimh *comarli* sa téacs seo, faoi mar atá againn sa sampla 'Is de sin luid Flidais co Fergus mac Róich a comarli Ailella ⁊ Medba fo dáig combad furtacht dóib ocon Tána na mbó a Cualgni' (i láimh *H*), in *Táin Bó Flidais* (LU 1629-30). Aistríonn Ó hUiginn (2014: 15) an nath atá faoi thrácht anseo mar: "on the counsel of Ailill and Medb". An réamhfhocal 'a' atá anseo; is éard is spéisiúil faoi nath ná a laghad samplaí de tá ar fáil.

**§3(b) Nuada Derg dalta Lōegai*r*i iss ē ros-go*n***: i ngluais ar imeall an leathanaigh (118a) atá sé seo breactha ag *H*. Díol spéise an forainm iontáite agus an briathar féin in "ros-gon" anseo: bheadh coinne againn le forainm iontáite ó aicme 'C' anseo ('-dn'), ós abairt choibhneasta atá ann. Baintear úsáid réasúnta forleathan as 's' in ionad 'a' don fhorainm iontáite 3 uatha firinscneach sa Mheán-Ghaeilge (cf. Breatnach 1994: 266, §10.6). Maidir leis an mbriathar, athchóipeáil a dhéantaí ar fhréamh *gonaid* > *geguin*

sa tSean-Ghaeilge. Mar a thugann an *DIL* le fios ('G', col. 135, 34), áfach, caitear le *gonaid* mar lagbhriathar faoin Meán-Ghaeilge, agus s-chaite a ghlacann sé chuige dá réir, foirceann atá ar lár anseo.

**§3(c) do gui*n* i*n*d arad:** Caomhnaítear an t-alt fir. uatha ginideach stairiúil (roimh ghuta) anseo.

**§3(d) Do-rigned ī*arom* sa*m*laid**: Leagan Gaeilge den fhrása Laidine sa *PHP* (féach Carey 1994a: §3.2-3: "Quod completur tri rád Loegairi", agus an plé anseo i gcaibidil a cúig). Ní mór an briathar féin a phlé leis; murab ionann agus an sampla de 'do-róni' thuas, seo a mhalairt, an tamhan gníomhach in úsáid mar chéasta. Cuireann McCone (*EIV* 234: §6.8) roinnt mhaith samplaí de na "skewed forms" seo ar fáil ó *SR*, *LL* agus *LU* féin.

**§3(e) doch*um* ni*m*i:** Bíonn an ginideach uatha den fhocal 'nem' litrithe mar 'nimi' go rímhinic sa Mheán-Ghaeilge (*DIL* 'N', col. 27, 52); 'nime' an fhoirm stairiúil. Faightear an leagan céanna, 'nimi', i láimh *H* in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9639), agus in *Fled Bricrend* (LU 8373). Tá idir 'nimi' (LU 2340, 2391) agus 'nime' (LU 2387) le fáil in *Scéla Laí Brátha*. Gutaí neamhaiceanta i ndeireadh focal ag rith ina chéile mar 'schwa' i dtréimhse na Meán-Ghaeilge atá le feiceáil anseo arís.

**§3(f) ba ha*n*d:** 'h' ag leanúint don chopail 3 uatha caite/gnáthchaite, mar a thugtar le fios in *GOI* §810. Scríofa amach sa téacs seo.

**§3(g) soc[h]*raiti*:** Is minic nach ndéanann *H* an ‘c’ i lár an fhocail seo a shéimhiú, mar shampla: ‘socraiti’ in *Táin Bó Flidais* (LU 1619), ‘socraidi’ in *Serglige Con Culainn* (LU 3875), ‘socraid’ (LU 10295), ach tá ‘c’ séimhithe le fáil óna láimh san fhocal ‘sochraid’ in *Tochmarc Emere* (LU 10313, 10314). Feictear dom, go dtí seo, go gcloíonn sé le séimhiú ‘c’ sna háiteanna ‘cearta’ den chuid is mó; sampla eile a mbeifí ag súil le séimhiú ar ‘c’ ann ach nach scríobhtar é ná ‘in rothclessa’ in *Fled Bricrend* (LU 8844), i gcomparáid le ‘rothchles’ i láimh *M* in *Siaburcharpat Con Culaind* (LU 9291). Tá idir ‘ubullchles’ agus ‘siaburcles’ in aon líne amháin ag *H* in *Fled Bricrend* (LU 8442). Baineann an tsealaíocht seo le lámha eile freisin, mar shampla *M* in *Fled Bricrend* (LU 8120 ‘fírcroith’ vs. LU 8121 ‘fírchruithnecht’).

**§3(h) ro gab c*r*ith ₇ tala*m*ch*um*scugud mór i*n*si hĒr*end*:** *insi nĒrend* an ceart stairiúil, ós áinsíoch uatha den fhocal ‘inis’ (ī, bain) atá anseo. Mar sin, cad is cúis leis an ‘h’ in áit an ‘n’? Má ghlactar leis gur fágadh an t-alt idir an dá fhocal ar lár (‘inna’, ‘na’), d‘fhéadfaí é léamh mar ‘h’ i ndiaidh an tuis. ghin. uatha. den alt. B’fhéidir gur míléamh ar ‘n’ ata sa ‘h’ anseo, áfach.

**§3(i) do-rōnait**: Sampla eile den mheascán idir céasta agus gníomhach sa bhriathar seo sa Mheán-Ghaeilge. An uimhir iolra den fhaí céasta caite neamhspleách den bhriathar comhshuite ‘do-gní atá anseo’; tá samplaí den fhoirm seo le fáil in *Pais Partholoin* (PH 2083). Go stairiúil, *do-rónta* an fhoirm a mbeifí ag súil léi. Déanann McCone plé ar leathnú an fhoircinn seo *-a*(*i*)*t* (nár bhain leis an bhfaí chéasta ó cheart, ach leis na foirmeacha gníomhacha) sa 3 iolra céasta caite in áit na bhfoirmeacha

stairiúla. Cloíodh leis an bhfoirm chaol seo den chéasta caite (‘-a(i)t’) chun go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh idir foirmeacha táscacha den mhodh foshuiteach 3 iolra, agus foirmeacha den chéasta caite 3 iolra (*EIV* 230, §6.6.5). Tá an foirceann nua seo don 3 iolra den chéasta caite le fáil go flúirseach in *LL*, agus tá samplaí in *LU* leis; sampla eile i láimh *H* is ea ‘coro-marbait’ in *Serglige Con Culainn* (LU 4028).

**§3(j) marbtís:** An cónasc ‘mar’ + 3 iolra modh foshuiteach caite den chopail. Caomhnaítear an phearsa chéanna den chopail (i láimh *H*) in *Siaburcharpat Con Culaind* (LU 9519) ‘connaptís bí’.

**§3(k) máirb:** Ní guta fada é an ‘a’ seo ó cheart, ach faightear é le síneadh fada freisin in ‘ro márb’ in *Táin Bó Cúailnge* (LU 6186) i láimh *H*, leis.

## §4

**§4(a) oldat:** Tá an fhoirm seo le fáil faoi thrí i mbunábhar an *PHP* (Carey 1994: 11-3), agus faoi dhó sa téacs seo. “This curious form [oldat] … is relatively rare. The only instance outside this text noted in *DIL* occurs in the H-Hand of LU, in a section of Fled Bricrenn occurring only in that manuscript (*oldat ind fir aili*, LU 9001); it also appears, in the corrupt form *olt*, in the version of *Tenga Bithnua* preserved in the Book of Lismore” (Carey 1994a: 21-22). Tá idir ‘ol’ agus ‘or’ gan foirceann briathartha le fáil sa téacs seo; ‘for (Cu *Chulaind*)’ atá ag *H* in áiteanna eile (LU 10438), ‘ar (siat)’ atá aige in áit amháin (LU 5951). Is ann do shampaí eile den fhoirm neamhghnách seo sa DIL (s.v. ‘ol’m ‘O’, col. 131, 34-5) as foinsí dlíthiúla.

**§4(b) Tuc:** Mar bhriathar simplí a chuirtear an briathar i láthair anseo, 3 uatha caite/foirfe den seanbhriathar comhshuite 'do-beir'. Chomh maith leis an bhfianaise ar éabhlóid na mbriathra comhshuite, is suimiúil, maidir le ciall an bhriathair de, go n-úsáidtear an fhoirm 'do-u(i)c', '-tucc' seachas 'do-rat' sa chás seo. Bhaintí feidhm as 'do-rat' san aimsir chaite fhoirfe chun an chiall *gives*, *places* a chur in iúl; rinne amhlaidh le 'do-u(i)c' chun an chiall *brings*, *gets* a chur in iúl. "[I]n later lang[uage] the perf. do-ucc (tuc) gradually takes the place of do-bert and do-rat and is sometimes used to gloss the two latter" (*DIL* 'D', col. 202, 71-3). Is ann don dá chineál in *CLcC*, áfach, óir 'do-ratsat' atá in áit eile (§7) 'do-ratsat cath dó' (LU 9796).

**§4(c) Gabth*us*:** 3 uatha aimsir láithreach den bhriathar 'gaibid' + forainm iartháite 3 uathu bain. Ní bhaineann Carey leas as na línte LU 9764 (ó 'Tuc iarom ... ') go LU 9769 ina eagrán (1994a: 11), óir is le *CLcC* amháin a bhaineann na línte seo. Úsáidtear an forainm iartháite go réamhthagrach anseo (óir tá cuspóir, 'ai*n*mchai*r*di*n*e', ag an mbriathar), faoi mar a dhéantar in *Félire Óengusso* freisin (Feb. 17) 'Dlomthus cách … féil Chormaic' (Breatnach 1977: 82).

**§4(d) ai*n*mchai*r*di*n*e:** ainmfhocal fir. agus bain. é 'anmchairdine' (*DIL* 'A', col. 349, 41). Bain. atá an focal anseo, mar is léir ón bhforainm iartháite roimhe (.i."Gabth*us* īa*r*o*m* Lóegai*r*e ai*n*mchai*r*di*n*e Pāt*raic*"). Is comhfhocal de 'ainim(m)' (n, bain.) agus 'cairdine' (iā, bain) é. Maidir le hinscne na gcomhfhocal sa tSean-Ghaeilge, is ar an dara focal a bhraitheann sé seo de ghnáth: 'A syntactic rule is that a compound noun retains the gender and an adjective the declension of the type of the second element'

(Tigges 2006: 83; cf. Ó Fiannachta 1981: 43, “An dara heilimint a shocraíonn díochlaonadh agus inscne de ghnáth”). Ní chloítear leis an riail seo i gcónaí, áfach: ‘A few nouns become neuter *io*-stems in composition; e.g. fin-guine ‘kin-murder’ (guin), leth-gille ‘half-pledge’ (gell). Feminine personal nouns may be formed from the corresponding masculine nouns by prefixing ban-, composition form of ben ‘woman’ … (T)he compound may either retain the gender of the second element or become feminine; e.g. in ban-maicc (masc.) ‘the female children’, … inna ban-choimded (fem.) ‘of the mistress’ (*GOI* §254).

**§4(e) be*n*nachais Pát*raic* hé:** Forainm faoi bhéim ‘hé’ anseo, is é sin forainm neamhspleách ina chuspóir díreach ag an mbriathar, in ionad réimír + forainm iontáite. Tá samplaí eile de i láimh *H* le fáil in *LU*: ‘geogain Cu C*hulaind* a sesiur iat’ (LU 5952); ‘conmel et*er* mo lamaib hé’ (LU 6712) in *Táin Bó Cúailnge* araon; ‘im slanaigecht hi darat hé’ agus ‘Ar ro sáraig Guairi hé’ in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9609-10), agus ‘Ro baist Comgall hí’ in *Aided Echadh Meic Maireda* (LU 3129-30). Faightear é leis an gcéasta foirfe freisin: ‘ro báided hé’ (LU 3114); ‘ro gabad hí’ (LU 3120), iad seo in *Aided Echach meic Maireda* araon. “Nuáil sa MG is ea an forainm neamhspleách a úsáid in áit an fhorainm iontáite chun cuspóir briathair chéasta … a chur in iúl … nó cuspóir briathair ghníomhaigh” (Breatnach 1994: 271, §10.15). Deir Breatnach leis: “Níl aon samplaí le fáil in *SR*, agus dealraíonn sé gur forás é seo a thosaíonn sa teanga liteartha sa 11ú haois”.

**§4(f) fir hĒr*end***: Is deacair an ‘h’ i dtosach ‘Érend’ a mhíniú, má tá luach ar bith seachas luach grafach aige anseo (cf. argóint Schrijver (1997), a áitíonn gur fóinéim seachas

gnás ortagrafach atá in úsáid ‘h’ i nGluaiseanna Würzburg). Séimhiú is ceart a bheith ar lorg ainmfhocail o-ghas san ainmneach iolra, ach ar ndóigh níl consan i dtosach an ainmfhocail seo. An rian é den alt bain. tuiseal ginideach a fhágtar ar lár anseo? Tarraingíonn Thurneysen (*GOI* §241.1) aird ar shamplaí de logainmneacha agus an ‘h’ seo le fáil iontu (sa dara eilimint, “the first of which is in the genitive sg. with vocalic auslaut” .i. ‘Cille h-Achaidh’, ‘Rátha h-Airthir’ srl.) ach ní hamháin nach guta atá i gcríoch an chéad ainmfhocail anseo, chaithfí a rá gurb ait é roghnú Thurneysen, óir is as *AFM* dá shamplaí uile.

**§4(g) im cangin:** ā, bain. (o, fir. níos déanaí) is ea an t-ainmfhocal *caingen*. Leagann *DIL* an tsainchiall ‘dispute, controversy, question (for discussion)’ air sa chás áirithe seo, seachas brí níos ginearálta a thabhairt dó, mar is féidir, is é sin ‘business, matter, affair’ (*DIL* ‘C’, col. 39, 33). Déanann Plummer (1884: 167) agus Stokes (1887: 565) é a aistriú mar ‘rule’, ciall nach minic leis a bheith aige, dhealródh sé. Tagraítear don ‘cái*n* dīlguda’ (LU 9747) roimhe seo sa téacs; seans gur ag cuimhneamh air sin a bhí Plummer agus Stokes sa chomhthéacs seo, .i. ‘im cangin dīlgotha’. Is mar ainmfhocal bain. a chaitheann an scríobhaí leis anseo, faoi mar a dhéanann sa sampla ‘i n-ecmais na caingni sin’ a leanann sa téacs (LU 9770-1). Bheifí ag súil le séimhiú ar an gconsan anseo, i ndiaidh an réamhfhocail *im*(*m*), rud nach ndéantar; ní bhactar le hurú a chur ar an nguta tosaigh in ‘dīlgotha’ (urú ar lorg ainmfhocail san áinsíoch) ach chomh beag.

**§4(h) immi**: B’fhéidir gur tagairt don fhorainm neamhshonrach ‘nī’ (LU 9767) atá san fhorainm réamhfhoclach seo (cf. Thurneysen 1935: §3; immi = immbi Wb. 13d22).

Más ag tagairt don ainmfhocal ‘ca*n*gi*n*’ atá sé, áfach, is léiriú é ar neamhchinnteacht na hinscne i gcás an ainmfhocail sin sa téacs seo. Arís eile, áfach, b’fhéidir gurb éard atá anseo ná gutaí gearra neamhaiceanta ag rith ina chéile mar ghuta neodrach.

**§4(i) f*or*sa tai*r*isfe**: Ón mbriathar ‘do-airissedar’; ‘Stands, stays, remains’ a bhunchiall. ‘Fut. 3 s. (?)’ míniú *DIL* ar an bhfoirm seo (‘D’, col. 190, 8). Mar ‘thou shalt stand’ a aistríonn Plummer agus Stokes araon é. Cloíonn *DIL* le 3 uatha agus ‘it shall stand’ mar thiontú (‘D’, col. 190, 35), agus déantar amhlaidh san eagrán anseo.

**§4(j) ocai*n*-ni**: ‘ocunn’ foirm na Sean-Ghaeilge, cé nach bhfuil samplaí den fhoirm sin aimsithe agam i dtéacs ón ré sin. ‘In Mid. Ir. often with palatal final ocainn, acainn; ocaind’ (*DIL* ‘O’, col. 82, 50-1). Aon mhír threise amháin atá ag an (forainm spleách/iartháite/faisnéis na copaile srl.) 1 iolra sa tSean-Ghaeilge, is é sin ‘ni’, agus is amhlaidh a chuaigh sé sin i bhfeidhm ar cháilíocht an chonsain deiridh.

**§4(k) fair**: Réamhfhocal ‘for’ + forainm iarmhíre 3 uatha fir./neod (áinsíoch). Arís, sampla den easpa cinnteachta i dtaobh inscne an fhocail ‘caingen’.

**§4(l) recmait a les**: Tá plé cuimsitheach déanta ag Carey (1994a: 22-4) ar fhoirm an bhriathair *recmait*, ón mbriathar comhshuite *ro-icc* (1 iolra aimsir láithreach táscach neamhspleách < ro-eccam/reccam). Is gann iad samplaí den fhoirceann *–m*(*a*)*it* roimh ré na Meán-Ghaeilge, ach is ann dó faoi dhó sa téacs seo (cf. LU 9754 ‘bemit-ni’). Is é an tátal a bhaineann Carey as ná gur féidir gurbh ann don fhoirm seo sa téacs eiseamlárach ina bhfuil creatlach an téacs seo maidir le tiontú creidimh Lóegairi (cé

nach bhfaightear í sna trí théacs eile atá faoi scrúdú aige); cuireann Carey i gcuimhne dúinn nár nós le *H* seanfhoirmeacha a chur in ionad foirmeacha déanacha sna sleachta dá chuid nach bhfaightear sna leaganacha eile den téacs eiseamlárach (Carey 1994a: 23). Sa lámhscríbhinn féin in *LU*, is guta fada atá sa ghuta deiridh 'í', ach is é is dóichí gur 'hair stroke' atá ann. Ciallaíonn an nath *ro-icc les* 'attains to the benefit (of), needs' (*DIL* 'R', col. 91, 70). Cuireann an *DIL* mórán samplaí de ar fáil ('R', col. 91, 70 – col. 92, 5) agus tá fáil air in *LU* i láimh *M* in *Fís Adomnán* 'Ar ní recat a les ind naim ní aile acht éstecht in ceóil risa coistet' (LU 1979-80). In *Scéla Laí Brátha* (*H*) faightear an nath seo i bhfoirm timchainte: 'Ro bá i rríchtain a les tigi aíged' (LU 2326).

## §5

**§5(a) cor tasfēn**: Ta an cónasc stairiúil *coro* ('co' cónasc + 'ro' na foirfeachta, cf. *GOI* §896) ciorraithe go *cor* anseo. Faightear an ciorrú céanna i láimh *H* in *Fotha Catha Cnucha* (LU 3177) 'Gonais Luchet Goll ina rosc cor mill a sūil'. I láimh *H* tá an fhoirm stairiúil le fáil in *Serglige Con Culainn*: 'coro lam cor imón sluag' (LU 3781), in *Fled Bricrend* 'coro chotlur', 'coro thairmchellsat', 'coro glethe' (LU 8457, 8461, 8472), agus in *Aided Echach Meic Maireda* 'coro troisctis' (LU 3118). In *Táin Bó Cúailnge* (*H*) tá an dá fhoirm, sean is nua, taobh lena chéile 'cor trascair Mand fón corthi coro scor i mminagib' (LU 6721); tugann Breatnach (2015: 67-8) lear mór samplaí i lámha *M* agus *H* den chiorrú seo ar fhoirmeacha de 'níro' agus 'coro' in *LU*.

Tugann Breatnach (1994: 279, §11.3) samplaí den fhocal seo leis an nguta deiridh caomhnaithe i dtéacsanna ó ré na Meán-Ghaeilge (.i. SR 2245, 5063), ach dar

leis gur ‘litriú coimeádach’ is cúis, cuid mhaith, le caomhnú an ghuta sin. Téann an próiseas seo i bhfeidhm, mar an gcéanna, ar cónaisc mar ‘díaro > díar’, ‘óro > ór’, agus ar ‘níro > nír’ (LU 3185, 3186) chomh maith (Breatnach: 1994, 279-80, §11.3).

**§5(b) fíad firu hĒr*end***: Go stairiúil ba é an tabharthach den ainmfhocal a leanadh an réamhfhocal ‘fíad$^{L}$’, seachas áinsíoch mar atá anseo. Sampla amháin a thugann Breatnach d’ainmfhocal san áinsíoch ar lorg an réamhfhocail seo sa MG, ‘fīad na tūathu tōebaidble’ (LL 20728), le hais go leor samplaí den tuiseal stairiúil (1994: 327, §13.11). Faightear samplaí den tuiseal stairiúil i láimh *M*: in *Fled Bricrend* tá ‘fíad mathib Ul*ad*’ (LU 8790), in *Scél as a mberar* (LU 10978) ‘feád ind oclaig’, agus in *Serglige Con Culainn* (LU 3902-3) ‘fíad andrib ilib in chuic*h*id $_{7}$ fíad andrib ilib Hérend’. In *SR* tá an sampla seo: ‘batar fírdruine a acliar glan/fiadrigsuide inDuilemain’ (SR 2163-4); go stairiúil, ainmfhocal neodrach a bhí in ‘rígsuide’ (rí + suide [io-ghas, n.]) agus bheifí ag súil le ‘fíad rígṡuidiu’.

**§5(c) Ro c*uri*t**: An uimhir iolra céasta caite spleách den bhriathar *cuirid* a thagann in ionad na seanbhriathra comhshuite ‘do-cuirethar’ agus ‘fo-ceird’. Mhínigh Murphy (1940: 78-81) gur tháinig an fhorbairt seo san aimsir chaite trí analach le forbairt na foirme coibhneasta nua san aimsir láithreach (gur ghlac *–ait* na foirme neamspleáiche ionad *–a* na foirme coibhneasta, agus gur aithris air seo is cúis leis an bhforbairt úr san aimsir chaite). Tagann Greene (1976: 123-6) leis seo, agus léiríonn gur mhair na seanfhoirmeacha agus an fhorbairt nua seo taobh le taobh i rith na Meán-Ghaeilge. Tá samplaí go leor ag Breatnach (1994: 308, §12.74) as *LL* a léiríonn an fhorbairt seo.

Tugann McCone (*EIV* 1997: 230, §6.7 (e)) samplaí den fhorbairt seo i ngach aon láimh in *LU*.

**§5(d) ro córaigit**: Féach an nóta roimhe seo (§5(c)).

**§5(e) ina téchtu**: Aidiacht ó cheart an focal *téchtae* (io, iā), a bhfuil an chiall 'legal, due, as prescribed by law, tradition' aige (*DIL* 'T', col. 101, 76-7), agus sin é atá sa téacs seo againne sna línte a leanann 'T*r*efoclæ tēchtæ' (LU 9787-8). Inscne neodrach (io-ghas) a bhí ag an bhfocal mar ainmfhocal, agus úsáid ar leith aige sa nath 'ina théchtu', a bhfuil an chiall 'in its proper form, arrangement' leis (*DIL* 'T', col. 100, 71). Is mar ainmfhocal seachas aidiacht a úsáidtear anseo é, leis.

**§5(f) ro taisfē*n***: Mar a thugann Carey le fios (1994a: 3, nóta 12) 'univerbating *ro*' atá anseo, mar a chonacthas cheana le 'ro forcan' roimhe (LU 9752). Seachas mír na foirfeachta (feidhm 'ro' anseo) a shuíomh idir réamhfhocal agus briathar, cuirtear é roimh an aonad briathartha ar fad (déantar briathar simplí 'taisfenaid' den seanbhriathar comhshuite 'do-aisféna', dá réir). Tá sampla eile leis an mbriathar céanna ar fáil i láimh *M* in *Fled Bricrend* 'O ro taisfeóin iar*om* Bric*riu* in fled' (LU 8183).

## §6

**§6(a) occo**: féach an plé faoi 'occo' (§1(e) thuas).

**§6(b) .i. i*n* bibdu**: caomhnú na foirme stairiúla de 'bibdu', ainmfhocal a dtéann meititéis i bhfeidhm ar an gcarn consain ann (> bidba) le caitheamh na haimsire (*DIL* 'B', col. 97, 60). Is mó samplaí den fhocal (7 sampla vs. 4 shampla) le meititéis ná gan í in *LU*, ach faightear sampla den charn stairiúil i ngach láimh in *LU* (*A*: 'ro finnad a mbibdanas', *Amra Choluim Chille* (LU 1070-1); *M*: 'lúatar claid*biu* balcbéimnechu fri bibdadu', *Togail Bruidne Dá Derga* (LU 7735)).

**§6(c) dā anmai*n***: 'dá' = réamhfhocal 'do$^{L}$' aid+iacht shealbhach 3 uatha fir. 'a$^{L}$'. Ba é 'doa' an fhoirm stairiúil, ach meascadh é le 'día' ('di' + 'a') luath go leor. 'Athraíonn *–ía* go *–á* i bhfocail neamhaiceanta, ar nós *día* go *dá* in *dá anmum* 'dá ainm', LL 30867' (Breatnach 1994: 236, §3.24). Caomhnaítear an fhoirm stairiúil, chomh maith leis an bhfoirm nua, sa téacs seo (cf. 'día churp' §6) agus in *Serglige Con Culainn* (*H*: LU 3438). Maidir le consan deiridh an ainmfhocail 'ainm(m)' (bain.), deir *DIL* "In O[ld] I[rish] decl[ension] fluctuates in s[in]g[ular] but is always that of an n-stem in pl[ural]" ('A', col. 151, 31). Sin é is cúis le foircinn in 'm' agus in 'n' sna samplaí den tabharthach uatha a thugtar ann (.i. 'animm' Wb. 4a27 agus 'anmin' Wb. 2c7). 'Anam', le tabharthach uatha 'anmain', a thagann chun cinn i ndiaidh ré na SG (ibid). Tá 'ar m'anmain' agus 'ar t'anmain' i láimh *H* in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9631, 9633). Níos faide anonn sa téacs seo, feictear 'a n-a*n*ma*n*d' (LU 9805) a léiríonn an 'n' san ainmneach iolra, agus easpa chaolaithe sa chonsan deiridh ('anmain' sa tSean-Ghaeilge).

**§6(d) lēcun**: ainm briathartha (u, fir.) an bhriathair *léicid*. Is í 'léiciud' an fhoirm stairiúil. Deir *DIL* "In Mid[dle] and Mod[ern] Ir[ish] also with –e–, with non-palatal quality of

the –c–, and with –n– endings except in gen[itive]" ('L', col. 81, 42). Sampla eile de i láimh *H* is ea 'am*al* ro boí do lecun dó ar dilsi' in *Fotha Catha Cnucha* (LU 3197-8). Tá idir 'lecud' (LU 3920) agus 'lecun' (LU 3905) i láimh *M* in *Serglige Con Culainn*.

**§6(e) Ro ordaigset**: Briathar diúscartach a bhí in *ordaigidir* go stairiúil (*DIL* 'O', col. 156, 16), ach faoi ré na Meán-Ghaeilge bhí an diúscartach ag dul i léig mar aicme ar leith (Breatnach 1994: 290, §12.4). Níl aon rian den diúscartach san aimsir chaite sna samplaí den bhriathar seo in *LU*: i láimh *H* in *Scél Túain meic Cairill* "Ingnad ro ordaig Dia dil" (LU 1339) agus in *Aided Echach meic Maireda* (LU 3028) "am*al* rom ordaig mo rí", agus i láimh *M* in *Genemain Áeda Sláne* (LU 4217) "Ro hordaigit trá fir Her*end*".

**§6(f) Aithgabáil**: (ā, bain., tuis. ainm.) ainm briathartha 'ad-gaib'; 'athgabál' an fhoirm stairiúil. 'In the flexion of these verbal nouns [*iad siúd a dhíorthaíonn ó bhriathra*] the nominative is sometimes replaced by the dative, owing to the very common use if the latter with 'do'' (*GOI* §256). An seantabharthach ag feidhmiú mar ainmneach atá anseo againn.

**§6(g) fāsagaib**: Tá an chéad ghuta san fhocal seo gearr sa lámhscríbhinn, agus is minic an litriú amhlaidh i samplaí an *DIL* ('fásach', o, s, n, 'F', col. 43, 55). In *FGB* (519) tugtar 'fásach' mar 'variant' faoin gceannfhocal 'fasach'.

**§6(h) Ō thánic Pāt*raic***: Foirm neamhspleách a leanann an cónasc *ó* go stairiúil: '(h)ó, leniting, means "since", but when followed by the perfect it has the meaning "after" (*GOI* §893). Is briathar simplí atá anseo, in ionad an bhriathair chomhshuite stairiúil

.i. ‘do-icc’. Tá an fhoirm chéanna (*H*) le fáil in *Táin Bó Cúailnge* (LU 6193-4): ‘Ó thánic iarom do sagaid ind atha’. Tá samplaí eile sa téacs seo d’fhoirm eile neamhspleách ar lorg ‘*ó*’ in *CLcC* .i. ‘Ō desid’ §1 ‘ō ro p*r*idcast*a*r’§1, agus ‘Ō rānic’ §7.

**§6(i) in b*ēr*lai būai*n***: Deir Plummer (1884: 171) ina leith seo ‘Very possibly a mistake for ‘berlai bain’, .i. ‘the bright language’, which is found as the description of Christianity in S[enchus] M[ár] I, 16, 18; III, 30’. Le ‘báin’ (ginideach uatha ‘bán’) a chloíonn Carey ina eagrán (1994: 12) toisc an aidiacht sin a bheith sna téacsanna eile, agus bíodh is go dtagaim leis an léamh sin aige, is leasc liom neamhshuim a dhéanamh d’fhianaise *CLcC* agus an aidiacht a choigeartú anseo. Caomhnaítear an ginideach uatha stairiúil de ‘bélrae’ (io-ghas, n) anseo, cé go raibh meath ag teacht ar cháilíocht na ngutaí deiridh go ndearnadh schwa díobh uilig faoi ré na Meán-Ghaeilge. Téann meititéis i bhfeidhm ar an bhfocal seo (bélrae > bérlae). Luaitear sampla amháin den athrú seo in Wb. in *GOI* §181 (an t-aon cheann as ré na Sean-Ghaeilge, is dealraitheach), ionas gurb éard atá againn anseo an fhoirm a mhaireann fós sa Nua-Ghaeilge (.i. Béarla). Tá ‘suī b*ēr*la Féni’ sa téacs roimhe seo (§5).

**§6(j) i*nn*a canōni naí*m*i**: (‘canóin, bain., ī-ghas?) sampla eile de ghutaí neamhaiceanta ag rith ina chéile mar schwa i ré na Meán-Ghaeilge (féach nótaí §2(l) agus §3(e) thíos); ‘canóine’ an ginideach uatha a thugtar sa *DIL* (‘C’, col. 69, 12). Tá an sampla ‘mar innisit trachtaireda na canoni noími’ le fáil i láimh *H* in *Scéla Laí Brátha* (LU 2404-5). ‘noíb’ an litriú stairiúil den aidiacht (o, ā) seo (faightear na leaganacha noem, naeb, agus naem in *LU*, *DIL* ‘N’, col. 56, 74). Infhilltear é anseo ar an gcaoi chéanna leis an ainmfhocal roimhe, is é sin le ‘i’ sa ghuta deiridh.

## §7

**§7(a) Boí Lōegair*e* t*r*īchait mblīa*dna***: Urú ar 'blia*dna*' (ī, bain, tuis. gin.) anseo mar chuid den 'áinsíoch ama' agus é ar lorg 'tríchait'. Is é an príomhshainmhíniú a thugann *GOI* (§249) air: "To denote time, generally duration or period".

**§7(b) Boí Lōegair*e*... i rrīgi hĒr*end***: Ba io-ghas, neod. 'ríge' go stairiúil, agus tabharthach 'ríg(i)u' a bhíodh aige dá réir (cf. Ml. 71c17 "in tan romboi hírigu"; *Cath Maige Mucrama* "Blí*ad*ain dó íar sain i rrígu i Temraig", O Daly 1975: 58, §66). "The old neuter becomes feminine in Mid. Ir.", dar le Bergin (1938: 218), agus sampla amháin tugtha aige as *LL*. Is mar sin dó anseo in *CLcC*, agus i láimh *H* in *Táin Bó Flidais* chomh maith, "co nbag rígi blogi do Ultaib" (LU 1633-4), ach ní hamhlaidh i ngach sampla in *LU*: "in tan ro gab ríge Asár" atá ag *A* in *Sex Aetates Mundi* (LU 48); "Bai Mongan hi Ráith Móir Maigi Lini ina rigu" (*Mongán ⁊ Aided Fothaid Airgdig*, LU 10940), "Gabais Eochaid Haeremon ríge nÉrend" in *Tochmarc Étáine* (LU 10709) agus "blíadain... gabala rigi du Díarmait"(*Tucait Baile Mongán*, LU 11036) atá ag *M*, a thaispeánann caomhnú na seaninscne (más féidir muinín a chur sna gutaí deireannacha nach raibh faoi bhéim). Sna gluaiseanna i láimh *H* in *Annála Tigernaig* in Rawlinson B 502, faightear "Rogab Legaid Reoderg rígi" (Best 1914: 114), a thagann le fianaise *H* in *CLcC*.

**§7(c) chena**: 'Forás suntasach is ea réamhfhocail, forainmneacha réamhfhoclacha agus dobhriathra a shéimhiú' sa Mheán-Ghaeilge (Breatnach: 1994, 238, §4.7). Faightear

samplaí eile de ‘chena’ i láimh *H* in *Fotha Catha Cnucha* (LU 3168), in *Serglige Con Culainn* (LU 3277, 3378) agus in *Senchas na Relec* (‘acht chena’, *LU* 4101). Tá ‘chena’ i rann filíochta i láimh *M* in *Serglige Con Culainn* (LU 3552). Is meascán d’fhoirmeacha séimhithe agus foirmeacha stairiúla a bhíonn ag *H* maidir le forainmneacha réamhfhoclacha (.i. forainmneacha réamhfhoclacha de ‘co$^{G}$’: cuci *LU* 9711, cucund 6714, chucaib 9710, cucu 6716, 9744, chucu 2937, 2943, 9655). Luann McCone gurb ann don ”tendency to lenite the initial of so-called ‘conjugated’ forms of preposition plus suffixed pronoun” corruair sna Gluaiseanna, in St Gall agus Milan araon (McCone: 1985, 88).

**§7(d) boí-seom**: An mhír threise 3 uatha fir. ‘-seom’. Go stairiúil bhí rogha idir ‘-som, -sem, -sium’, le cáilíocht an ‘-s’ tosaigh ag brath ar an gconsan a tháinig roimhe (Breatnach: 1994, 264, §10.2). Tugann Breatnach (ibid.) sampla amháin (*SR* 1808) den mhír seo, leis. Ar ndóigh is guta, seachas consan, atá roimh an ‘s’ anseo; ach tá samplaí eile i láimh *H* den mhír seo d’aithle consain ‘luid-seom’ (LU 9708, 9712). I láimh *M* in *Senchas na Relec*, tá 8 sampla den mhír seo, tar éis idir fhoirmeacha briathartha agus fhorainmneacha réamhfhoclacha araon; faightear ann, freisin, samplaí de ‘-som’ agus é i ndiaidh consan caol. Faightear an mhír ar lorg an fhorainm réamhfhoclaigh ‘les’ in *Cath Maige Mucrama* (O Daly 1975: 38, líne 11) téacs a bhaineann leis an gcéad leath den naoú haois dar lena eagarthóir (ibid., 18).

**§7(e) Luid ī*arom* Lōe*gaire* slōgad co Laigniu**: Is spéisiúil comhréir na habairte seo, gan réamhfhocal roimh ‘slógad’ (ós briathar neamhaistreach é ‘téit’); tá an chomhréir chéanna i gceist le habairtí eile a leanann sa téacs (‘na deochaid-siu*m* muirchoblach’,

agus ‘Luid t*rā* Lōeg*aire* doridisi slōgad’ §7). Is tabharthach tionlacain é seo (cf. *GOI* §251, 3); tugtar sampla eile den chineál tabharthaigh leis an bhfocal ‘ceithern’ sa *DIL* (‘C’, col. 107, 16-7) as *SR* (3537-8) ‘Do chuatar iarsétaib slain/ cenbétaib cetirn comlain’.

**§7(f) do chui*n*cid na bōromi**: iā, bain, *bóraime*; tuis. gin. uatha in ‘-e’ go stairiúil.

**§7(g) Ro thinōlset**: 3 iolra caite foirfe den bhriathar simplí ‘tinóilid’ in ionad briathair chomhshuite (go stairiúil, ‘do-inóla’) cf. ‘dorinolsatar’ *SR* 2757 (*DIL* ‘D’ (Degra-dúus), col. 318, 52). I láimh *H* in *Cath Cairnd Chonaill* (LU 9591, 9601) tá 3 uatha caite foirfe ‘Ro thinoil’.

**§7(h) do-ratsat cath**: 3 iolra caite foirfe ‘do-beir’; is amhlaidh is beag an difear idir an aimsir chaite agus an caite foirfe sa téacs seo, ó tháinig lagú ar an idirdhealú sin i ré na Mean-Ghaeilge.

**§7(i) maiti f*or* Lōeg*aire* i*n* cath**: 3 uatha aimsir láithreach den bhriathar *maidid* + forainm iartháite 3 uatha fir./neod. *-i*. Tá an fhoirm chéanna in *Táin Bó Cúailnge* (LU 4925, 5201-2) i láimh *M*. Tá an trácht seo a leanann ag Strachan (1944: 86) ar an bhfoirm: “maitti... maidith-i, with affixed neut[er] pron[oun]. Such an affixed pron[oun] is found with other verbs of motion, e.g. cingthi, *he goes*, lingthi, *he springs*. It may be compared with the infixed neut[er] pron[oun] found in similar compound verbs, e.g. [dosnicfa cobir cid mall] bid maith immurgu intain do-d-íssed, *who should come there*”. D’fhéadfaí ‘-i’ a léamh mar fhorainm réamhthagrach (cf. nóta §4c), óir tagann

cuspóir an bhriathair .i. ‘cath’ ina dhiaidh. B’fhéidir, leis, go bhfuil feidhm dhobhriathartha ag an bhforainm iontáite anseo.

**§7(j) *Con*na íarfad i*n* mbōromi**: Foirm den bhriathar *íarmi-foich* atá anseo, ar dearnadh briathar simplí ‘íarfaigid’ de sa MG, ach ní thugtar aon samplaí den chríoch seo in ‘-ad’ s.v. ‘íarmi-foich’ sa *DIL*.

**§7(k) fo-gēbad a aidid**: Ní thugtar gas an ainmfhocail *aided* sa *DIL*, ach is minic in *LU* an t-áinsíoch seo aige (.i. caolú den chonsan deiridh; cf. *DIL* s.v. *aided*)

**§7(l) Is *ed* trā ro tai*r*[n]gired**: Tá ‘n’ an bhriathair ar lár sa lámhscríbhinn (‘tair[*n*]gired’ atá in eagrán Best agus Bergin: 1929, 294). Arís is mar bhriathar simplí a réimnítear an seanbhriathar comhshuite ‘do-airngir’ anseo, agus ‘ro’ na foirfeachta curtha roimh an aonad briathartha seachas sa suíomh stairiúil idir an réamhfhocal agus an briathar.

**§7(m) do-ridisi**: Sa tSean-Ghaeilge chuirtí an aidiacht shealbhach chuí (‘poss[essive] pron[oun] corresponding to the subject of a v[er]b of motion’, *DIL* ‘F’, col. 442, 25) roimh *frithissi* (áinsíoch uatha de ‘fritheis’, comhfhocal de ‘frith’ agus ‘éis) leis an dobhriathar seo a dhéanamh (dhein sé seo *arís* sa Nua-Ghaeilge). Maidir leis an Meán-Ghaeilge ‘Both *do ḟrithissi* ... & *aḟrithissi* ... early become petrified forms used indiscriminately without regard to number, person or gender’ (ibid.). Pléann Carey (2002: 85) uainíocht na n-aidiachtaí sealbhacha seo i gcás *Immacaldam in Druad Brain ⁊ inna Banḟátho Febuil ós Loch Ḟebuil*, agus deir: “use of *a* (or *do*) irrespective of subject seems to be a development of the Middle Irish period, or of late Old Irish

at the earliest". Tá an fhoirm seo le fáil i ngach láimh in *LU*: *A* in *Lebor Bretnach* (LU 245) "$_7$ dochuid doridisi Gorthigerng", *M* in *Fís Adomnán* (LU 2231) "ar cúlu doridisi cosin corp cetne".

**§7(n) Ní thuc**: Séimhiú ag leanúint de mhíreanna briathartha nár lean séimhiú iad go stairiúil.

**§7(o) di oīd**: Ón iontráil sa *DIL* (s.v. 'oíd', 'O', col. 117, 25-27): 'Heed, attention, observation; in early Mid[dle] Ir[ish] chiefly in phrase: dobeir do (d'a) oíd". Tugann an *DIL* sampla eile as *LU* i láimh *M* (LU 4362), mar a bhfuil forainm neamhspleách (cuspóir an bhriathair sa mhodh ordaitheach) ann leis: 'Is é Óengus or Cormac $_7$ tabar d'oid hé'. B'fhéidir go mbeifí ag súil le 'a' i ndeireadh 'di' sna samplaí ('di' + aidiacht shealbhach fhir 3 uatha), ach ní mar sin do shamplaí *LU* trí chéile; cf. 'Dob*eir* di oíd aní sin' in *Fástini Airt meic Cuind* (i láimh *M*, LU 9826). Ar ndóigh, ós iad na samplaí as *LU* na cinn is sine dá bhfuil sa *DIL*, is deacair a dheimhnniú ar ghá don aidiacht shealbhach bheith sa fhrása seo go stairiúil. Is cinnte, áfach, go bhfaightear é go rialta i dtéacsanna níos óige ná *LU* (cf. s.v. 'oíd').

**§7(p) G*re*llaig nDā Phil**: An tuiseal áinsíoch uimhir uatha, agus urú ar a lorg, caomhnaithe anseo (grellach: ā-ghas, bain.).

**§7(q) eter na dá cnoc**: Tugann Carey (1994: 3) an sampla seo i measc na fianaise don "language of this secondary material [.i. cuid an *Bórama* de *CLcC*]" atá "noticeably later than that of the *PHP* proper"; 'eter in dá chnoc' an ceart stairiúil. Is suimiúil go

bhfaightear an fhoirm chéanna i láimh *A* freisin, áfach, in *Lebor Bretnach* (LU 183): ' frith in seol timmarcte etir na da chlárchiste'. Díol spéise é *Lebor Bretnach* in *LU* óir faightear ann freisin 'ro batar na di chruim"(LU 187), agus in aon líne amháin (LU 201) 'Is iat na dá chruim na da nert', samplaí a léiríonn forbairt chomhaimseartha na bhfoirmeacha sin a bhaineann leis an uimhir dhé (i láimh *A* atá na samplaí sin ar fad). I láimh *M* tá na trí shampla seo: in *Fís Adomnán* (LU 2136) faightear 'slucit na dá draic déc thentide cach anmain', in *Serglige Con Culainn* (LU 3678) faightear 'Atát na da rí is tig' sa chéad líne de rann filíochta, agus in *Fled Bricrend* (LU 8590) tá 'Atchíusa ém ol Findabair na dá ech filet fón charp*ut*'.

Ag trácht dó ar fhoirm an ailt roimh an uimhir dhé deir Breatnach (1994: 260, §8.3): "De ghnáth is é *na* an fhoirm den alt a ghabhann le *dá*, m. sh. *na dá īasc SR* 7626", agus tugann sé cúig shampla eile, as *LL* agus *SR* faoi seach. Cé go bhfuil *LU* breac le samplaí den alt agus 'dá' á leanúint, ní heol dom aon samplaí eile i láimh *H* seachas an ceann seo.

**§7(r) tairsiu**: Tá samplaí eile de na foirmeacha stairiúla (murab ionann agus foirmeacha le túschonsan séimhithe) i láimh *H* in áiteanna eile freisin, 'tairsib' in *Aided Echach Meic Maireda* (LU 2961), 'tairis' in *Serglige Con Culainn* (LU 3377) agus in *Táin Bó Cúailnge* (LU 5937), agus 'tairse' in *Serglige Con Culainn* (LU 3794). Tá foirm shéimhithe ina láimh .i. 'thairis' in *Immram Curaig Maíle Dúin* (LU 1898).

## §8

**§8(a) dāl báis**: Bheifí ag súil le consan caol i ndeireadh ‘dál’ (ā-ghas, bain., áinsíoch uatha) anseo, mar atá sa rann céanna sa *Bórama* (LL 38294, féach thíos; an nath céanna le fáil sa phróstéacs tamall roimhe, freisin, LL 38288-9); chomh maith leis sin, shílfí go mbeadh urú ar ‘báis’ ar a lorg. Ní chastar leis an nath seo, ‘dál [m]báis’ roimh thréimhse na Meán-Ghaeilge, dhealródh sé (cf. *DIL* ‘D’, co. 43, 26; col. 46, 12).

**§8(b) násad fír na *n*dúla Dē**: Dhá bhrí atá le *násad*, más féidir muinín a chur sa chéad iontráil sa *DIL*: (1) ‘a word of doubtful meaning, apparently a gathering or assembly of a festive nature or commemorative nature’ (*DIL* ‘N’, col. 15, 3-4), (2) ‘death; putting to death (cf. nás)?’ (ibid, 44). Mar ‘sanction’ a aistríonn Plummer (1883: 168) agus Stokes (1887: 567) é. D’fhéadfaí glacadh leis an dara ciall sa chomhthéacs seo; tugtar faoi deara, freisin, nach léirítear urú ar an bhfocal *Dē* sa lámhscríbhinn. Luann Mac Eoin (1968: 26) gurb éard atá anseo ó cheart ná ‘nassae’,[26] aimsir chaite fhoirfe chéasta uimhir uatha den bhriathar ‘naiscid’; molann sé an líne a aistriú mar: “hence the *fír* of the elements was taken as surety” (ibid., lch. 25). Cloím fós le haistriúchán Plummer, cé gur moladh an-tarraingteach é moladh Mhic Eoin.

## §9

**§9(a) Tucad**: Faí chéasta aimsir chaite fhoirfe uatha, foirm phrótatonach, den seanbhriathar comhshuite ‘do-beir’. Go stairiúil, bheadh foirm dheotratonach anseo .i. ‘do-uccad’, ach is mar bhriathar simplí a chuirtear é i láthair anseo.

[26] Tagraíonn Mac Eoin don fhoirm ‘nassa’ a fhaightear sa líne seo den dán ‘Eol dam i ndairib dréchta’ (cf. Meyer 1912: 118) mar thacaíocht.

**§9(b) anes**: An carn stairiúil ag imeacht as, '-nd' ('andess') vs. 'anes' atá le feiscint anseo. 'The assimilation of *nd* to *nn* in proclitic words begins in the archaic period… otherwise *nd* before vowels and in final position is retained in W[ürz]b[urg]… [T]he spelling –*n*(*n*) first becomes common in Ml., not only in *tinnacul*, earlier *tindnacul*, but also in *chláinn*… *chlain*… for *chlaind*… *conid* for *condid*... in Mid. Ir. MSS. *nd* and *nn* have the same value' (*GOI* 93, §151; cf. plé Strachan 1904: 158 ar fhorainmneacha iontáite).

**§9(c) ro hadnacht**: Mír na foirfeachta curtha roimh an aonad briathartha; le 'ad-ranacht' a bheifí ag súil anseo. 'ad-anaig' an fhoirm stairiúil (.i. bunfhoirm an bhriathair), ach is briathar simplí anseo é.

**§9(d) and**: Ag leanúint eagráin Bergin agus Best (1929: 295) atáim maidir le focal deiridh seo an téacs, óir is deacair ar fad a dhéanamh amach ar ISOS cad é atá ann.

# Gluais

I gcás roinnt de na focail thíos braitheann an bhrí a thugtar sa ghluais seo ar chomhthéacs na bhfocal úd in *CLcC*.

**’** = focal a shéimhíonn

**$^{n-}$** = focal a uraíonn

**1 a** don alt neodrach féach **in**. §§2, 8.

**2 a** ‘her’, aid. shealbh 3 uatha bain. §3.

**3 a’** ‘his’, aid. shealbh. 3 uatha. fir. §§1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 9.

**4 a$^{n-}$** ‘their’, aid. shealbh. 3 iolra. §§1, 5, 6, 7.

**5 a** ‘out of’, réamh. agus tabh. á leanúint. [cf. nóta 31 an eagráin]. §3. le haid. shealbh. 3 uatha fir *asa* §3; mar réamh. comhshuite 3 uatha fir *ass* §7.

**6 a’** mír ghairm. §4.

**acht** ‘except’, cónasc §6.

**adaig** ‘night’, bain. iā-ghas, ainm. uatha *adaig* §7.

**ad-anaig** ‘buries’, aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *ro hadnacht* §9.

**ad-fét** ‘tells, relates’, aims. láith. 3 uatha *ad-fét* §1.

**ad-guid** ‘(used with... ráth (1)) in sense of invoking sureties or guarantees for the fulfilment of legal obligations’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ad-roegaid* §8.

**adnacul** ‘burial’, neod. o-ghas, a.br. *ad-anaig*. áins. uatha *adnacul* §9.

**aer** ‘air’, fir. o-ghas ainm. uatha *aer* §7.

**áer** ‘satire, lampoon’, bain. ā-ghas, áins. uatha *aír* §6.

**áes** ‘people, folk, those who’, fir. u-ghas, ainm. uatha *óes* §5.

**agad** ‘face’, bain. ainm. uatha *aiged* §9.

**aicned** ‘inherent quality, essence, nature’, neod. o-ghas, áins. uatha *aicned* §2.

**aided** ‘violent death’, bain. ainm. uatha *aided*; áins. uatha *aidid* §§1, 7.

**aimser** ‘rule, reign’, bain. ā-ghas, tabh. uatha *amsir* §§1, 7.

**ainim**(**m**) ‘soul’, bain. n-ghas, tabh. uatha *anmain* §6.

**ainm** ‘name’, neod. n-ghas, ainm. iolra *anmand* §7.

**ainmne** ‘patience, forbearance’, t-ghas, gan inscne dheimhnithe. ainm. uatha *ainmne* §4.

**airegda** ‘excellent, pre-eminent, notable’, aid. io/iā-ghas, ainm. uatha *airegda* §5.

**airlabrae** ‘right to speak’, bain. iā-ghas, a.br. *ar-labrathar*. áins. uatha *erlabra* §6.

**airle** ‘council, advice’, bain. iā-ghas, a.br. *airlithir*. ainm. uatha *airle* [cf. nótaí an eagráin], *airli* §2.

**airtherdescertach** ‘south-eastern’, aid. o/ā-ghas, tabh. uatha *airtherdescertach* §9.

**aisnéis** ‘narration, explanation’, bain. n-ghas, a.br. *as-indet*. ainm. uatha *aisnéis* §6.

**aithber** ‘retribution, punishment’, fir. o-ghas, ainm. uatha *aitber* §2.

**aithrige** ‘penance’, bain. iā-ghas, a.br. *ad-eirrig*. ainm. uatha *aithrigi* §6.

**ama(i)l’** ‘like, as’, cónasc, agus réamh. agus áins. á leanúint. *amal* §3; 3 uatha fir./neod. *samlaid* §§3, 5.

**andess** ‘from the south’, dobhr. *anes* §9.

**anmchairdine** ‘spiritual direction’, fir., gan gas deimhnithe, áins. uatha *ainmchairdine* §4.

**ansae** ‘hard, difficult (to do)’, aid. io/iā-ghas *andsa* §2; sárchéim *andsam* §2.

**1 ar** ‘for, since’, cónasc. *ár* §2 [cf. nóta an eagráin]. litrithe mar *ar* freisin (.i. gan síneadh fada, LU 9806) §§3, 4, 7, 9.

**2 ar** ‘for, before’, réamh. agus áins. nó tabh. á leanúint. 3 uatha áins. fir./neod. *airi* §9. Le haid. shealbh. 3 uatha fir *ara* §§2, 3, 6.

**arae** ‘charioteer; messenger, attendant’, fir. d-ghas, gin. uatha *arad* §3.

**araile** ‘certain, some, other’, forainm a úsáidtear mar aid. agus ainmfhocal; mar ainmfhocal anseo. áins. uatha *araile* §2.

**archena** ‘besides’, dobhri. §7.

**ar-icc** ‘decides on, purposes’, aims. láith. 3 uatha *arr-ic* §2; aims. cháite fhoirfe chéasta uatha *ar-rícht* §6.

**armgaisced** ‘accoutrements’, fir. o-ghas, tabh. uatha *armgasciud* §9.

**as-beir** ‘says’, aims. chaite 3 uatha *as-bert* §7.

**as-congair** ‘proclaims, gives notice’, aims. chaite chéasta fhoirfe uatha *as-rochongrad* §1.

**at-bail(l)** ‘perishes’, aims. chaite 3 uatha *at-bath* (cf. *DIL* col. A, 443 “narrative tense supplied by *ad-bath*”) §8.

**athgabáil** ‘plunder’, bain. ā-ghas, ainm. uatha *aithgabáil* §6.

**at-tá** ‘is’, bri. sub. aims. láith. 3 iolra *a-tát* §6; aims. chaite 3 uatha *baí* §1, *boí* §§1, 3, 5, 7; aims. fháist. spleách 3 uatha *bia* §2, choibh. *bías* §4; 1 iolra n.spleách *bemit* §2, spleách *bem* §2; aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ro boí* §5.

**bás** ‘death’, neod. o-ghas, ainm. uatha *bás* §6; gin. uatha *báis* §8.

**bél** ‘lip(s), mouth’, fir. o-ghas, tabh. iolra *bélaib* §§2, 3.

**bélrae** ‘speech, language’, neod. io-ghas, gin. uatha *bérla* §5, *bérlai* §6.

**benaid** ‘slays, wounds’, aims. chaite chaite fhoirfe chéasta *ro bíth* §3

**bennachad** ‘blessing, act of blessing’, fir. u-ghas, a.br. *bennachaid*. tabh. uatha *bennachad* §5.

**bennachaid** ‘blesses’, aims. chaite 3 uatha *bennachais* §4.

**béo** ‘alive’, aid. o/ā. ainm. uatha *beó* §2; tabh. uatha *bíu* §9.

**bésgnae** ‘custom, law, regulation’, gin. iolra *bēscna* §1.

**bibdu** ‘a criminal, culprit’, fir. d-ghas, ainm. uatha *bibdu* §6.

**blíadain** ‘year’, bain. ī-ghas, gin. iolra *blīadna* §7.

**bóraime** ‘cattle-tribute’, bain. iā-ghas, áins. uatha *bóromi* §7; gin. uatha *bóromi* §7.

**breth** ‘judgment’, bain. ā-ghas, a.br. *beirid*. tabh. uatha *breith* §2; gin. iolra *breth* §5.

**breithem** ‘judge’, fir. n-ghas, ainm. uatha *brithem* §6.

**breithemnas** ‘judgment’, fir. u- agus o-ghas, áins. uatha *brithemnas* §6.

**bríathar** ‘word’, bain. ā-ghas, áins. uatha *bréthir* §1.

**búan** ‘lasting, enduring, constant, aid. o/ā-ghas, gin. uatha *búain* §6.

**caccaid** ‘excretes’, aims. láith. coibh. 3 iolra *chacait* §1.

**cach** ‘each, every, all’, aid. forainmneach; fir. ainm. uatha *cach duni* §2; fir. ainm. uatha *cach rechta* §4.

**cách** ‘everyone’, §§4, 5.

**cáin** ‘law’, bain. i-ghas, ainm. uatha *cáin* §2.

**caingen** ‘dispute, controversy, question’, bain. ā-ghas, áins. uatha *cangin* §4; gin. uatha *caingni* §4.

**carpat** ‘chariot’, fir. o-ghas, tabh. uatha *carput* §3.

**cath** ‘battle’, fir. u-ghas, áins. uatha *cath* §8; tabh. uatha *cath* §7.

**cathugud** ‘fighting, battling’, fir. u-ghas, a.br. *cathaigid*. tabh. uatha *cathugud* §9.

**céin** ‘as long as’, cónasc. §7.

**cen’** ‘without’, réamh. agus áins. á leanúint. §6.

**cena** ‘besides, in addition, moreover, anyway’, dobhri. *chena* §7.

**cenn** ‘head’, neod. o-ghas, áins. uatha *cend* §3; tabh. uatha *cend* §1.

**ceist** ‘question’, ainm. uatha *ceist* §2.

**cerd** ‘handicraft, art, skill’, bain. ā-ghas, áins. uatha *cerd* §5. gin. uatha *cerda* §6.

**cía** ‘although; even though’, cónasc; leis an gcopail modh foshuit. 3 uatha *cid* §4.

**cíall** ‘sense, intelligence, mind’, bain. ā-ghas, áins uatha *céill* §2.

**cid** ‘what’, forainm ceist. neod. §2.

**cin** ‘crime’, fir. t-ghas, tabh. uatha *cinaid* §6.

**cintach** ‘guilty’, aid. o/ā-ghas, in úsáid mar ainmfhocal fir. o-ghas, ainm. uatha *cintach* §6.

**clad** ‘ditch, trench; dyke, earthen rampart’, fir. o-ghas, tabh. uatha *clud* §9.

**cléirech** ‘cleric’, fir. o-ghas, ainm. uatha *clérech* §2.

**cloc** ‘bell’, fir. o-ghas, ainm. uatha *cloc* §6.

**1 co** ‘to’, réamh. agus áins. á leanúint §§1, 2, 3. 3 iolra den forainm réamhfhoclach *cucu* §2.

**2 co$^{n-}$** ‘until, so that’, cónasc. §§5, 6. Leis an gcopail aims. láith. 3 uatha *conid* ‘so that it is’ §§1, 5, 7; 3 uatha aims. fháist. thánaist. *combad* §7; le mír na foirfeachta *cor* §5; leis an mír dhiúltach *conna* §7.

**3 co$^{n-}$** ‘with’, réamh. agus tabh. á leanúint. Le haidiacht shealbhach fhir. *cona* §1. Le dobhr. a dhéanamh (cf. *dút*[*h*]*rachtach*).

**coicert** ‘act of judging, adjusting, correcting’, bain. ā-ghas, a.br. *con-certa*. áins. uatha *coceirt* §5.

**coimgne** ‘synchronism; historical knowledge’, neod. io-ghas, gin. uatha *comcni* §6.

**comairle** ‘advice, counsel’, bain. iā-ghas, a.br. *con-airlethar*; áins. uatha *comarli* §4; tabh. uatha *comarli* §3.

**commus** ‘power, ability, capacity’, u-ghas, gan inscne sa *DIL*. a.br. *con-midethar* ‘is competent, able; rules, governs, controls’. ainm. uatha *commus* §2.

**comthinól** ‘collection, assembly’, fir. o-ghas, §1.

**comthód** ‘conversion’, a.br. *con-toí* ‘turns, converts; changes’. ainm. uatha *comthóth* §1.

**con-dïeig** ‘seeks’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *con-aitech* §9.

**córaigid** ‘arranges, sets in order, sets up’, aimsir chaite chéasta fhoirfe iolra *ro córaigit* §5.

**corp** ‘body’, fir. o-ghas, ainm. uatha *corp* §9; tabh. uatha *curp* §6.

**córus** ‘justness, rightness, proper arrangement’, fir. u-ghas, áins. uatha *corus* §1.

**cote** ‘what (is)’, mír cheist. *Cade* §2.

**creitem** ‘belief, faith, (Christian) religion’, bain. ā-ghas,, a.br. *creitid* ‘believe’. áins. *cretim* §1; gin. *creitmi* §1, *cretmi* §1.

**creitid** ‘believes’, foirfe 3 uatha *ro chreti* §1.

**crith** ‘shaking, trembling’, ainm. uatha *crith* §3.

**cú** ‘hound’, fir. n-ghas, ainm. iolra *coin*.

**cuimleng** ‘contention’, bain. ā-ghas, a.br. *con-ling*. tabh. uatha *comling* §7.

**cuimnech** ‘mindful, remembering’, aid. o/ā-ghas, §6.

**cuingid** ‘seeking’, i-ghas gan inscne sa *DIL*, a.br. *con-dïeig*. tabh. uatha *cuincid* §7.

**dál** (a) ‘a judgment, decree, sentence’, bain. ā-ghas, go sonrach (anseo) sa nath *dál báis*. áins. uatha *dál* §8. (b) ‘a case, matter, affair, state, condition, circumstance’, [sa nath *im*[*m*] *dála* ‘as regards, concerning’]. áins. uatha *dáil* §3; tabh. uatha *dáil* §2; áins. iolra *dála* §§1, 6.

**daltae** ‘foster-son, fosterling’, fir. io-ghas, ainm. uatha *dalta* §3.

**dán** ‘art’, fir. u-ghas, áins. uatha *dán* §4; gin. uatha *dána* §5.

**dano** ‘moreover, then’, dobhri. §§1, 4, 5, 6, 9.

**dar** ‘over, across’, réamh. agus áins. á leanúint. le haid. shealbh. 3 iolra *tara* §3; 3 iolra den forainm. réamh. *tairsiu* §7.

**dénum** ‘act of doing’, fir. u-ghas, ainm. uatha *dénam* §4.

**dermár** ‘very great, huge’, aid. o/ā-ghas, tabh. iolra *dermáraib* §1.

**desid** féach **saidid**.

**dess** ‘south’ aid. o/ā-ghas, sa nath *fo dess* ‘southwards’, *fodes* §9.

**dá** ‘two’, uimhir §7.

**di’** ‘of, from’, réamh. agus tabh. á leanúint §§2, 7; 3 uathu fir. *dé* §§1, 2, 7; le haid. shealbh. 3 uatha fir. *día* §6.

**día** ‘if’ cónasc [cf. nótaí an eagráin] §2.

**Día** ‘God’, fir. o-ghas, gin. uatha *Dé* §8.

**dían** ‘swift’, aid. o/ā-ghas, tabh. uatha *déin* §8.

**didiu** ‘then, thereupon’, mír aistrithe [‘particle of transition’] §§2, 3.

**dílgud** ‘forgiveness’, fir. u-ghas, a.br. *do-luigi* ‘forgives’. áins. uatha *dílgud* §4; tabh. uatha *dīlgud* §2; gin. uatha *dīlguda* §2, *dīlgotha* §§4, 6.

**1 do’** ‘your’, aid. shealbh. 2 uatha §2.

**2 do’** ‘to, for’, réamh. agus tabh. á leanúint §§1, 2, 3, 5, 6, 7, 9; forainm réamhfhoclach 3 uatha *dó* §§2, 3, 6, 7; 1 iolra *dún* §4; 2 iolra *dúib* §2; 3 iolra *dóib* §1, 4. Leis an alt bain. uatha *don* §2; le haid. shealbh. fhir. *dá* §6, *día* §6; Leis mír choibhneasta agus an chopail 3 uatha modh foshuiteach caite *díambad* §6.

**do-airissedar** ‘stands, stays, remains’, aims. fháist. 3 uatha coibh. *tairisfe* §4.

**do-airngir** ‘foretells, prophesies’, aims. chaite fhoirfe chéasta *ro tair*[*n*]*gired* §7.

**do-aisféna** ‘shows’, modh ordaitheach 3 uatha *tasfēnad*; 3 uatha caite foirfe *cor tasfēn* §5; *ro taisfēn* §5.

**do-beir** ‘give’, modh ordaitheach 2 uatha *tabair* §4; aims. chaite fhoirfe 3 uatha *tuc* §4, *thuc* §7; 3 iolra caite foirfe *do-ratsat* §7, *tucsat* §8; céasta *tucad* §9; aims. ghnáthchaite chéasta uatha *ní tabairthe* §6; aims. chaite chéasta iolra *do-bretha* §7.

**dochum**$^{n-}$ ‘to’, réamh. agus gin. á leanúint §3.

**do-éccai** ‘looks at, beholds, sees’, aims. chaite fhoirfe chéasta 3 uatha *do-recacha* §3.

**do-ecmalla** ‘gathers, collects, brings together’, aims. chaite 3 uatha *tarchomlad* §5.

**doḟulachta** ‘unendurable, intolerable, excessive’, io/iā-ghas, ainm. uatha *doḟulachta* §3.

**do-gní** ‘does, makes’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *do-róni* §1; aims. chaite chéasta fhoirfe uatha *do-rigned* §3; aims. chaite chéasta fhoirfe iolra *do-rónait* §3; aims. fháist. 3 uatha *do-géna* §2; aims. fháist. 1 iolra *do-génam* §4; aims. fháist. 2 iolra *do-génaid* §2.

**do-icc** ‘comes’, áims. láith. coibh. 3 iolra *tecait* §1; 3 uatha aims. chaite *tánic* §§5, 6, *thánic* §6; 3 uatha modh foshuit. caite *tísad* §3.

**doilig** ‘hard’, aid. sárchéim *dolgi* §2.

**do-inóla** ‘assembles’, 3 iolra aims. chaite fhoirfe *ro thinólset* §7.

**do-tét** ‘comes’, modh foshuit. láith. prót. 3 iolra *tudchised* §2.

**druí** ‘druid’, fir. d-ghas, áins. uatha (?) *druí* §1; tabh. iolra *drúdib* §1.

**dúil** ‘element’, bain. i-ghas, ainm. iolra *dúli* §8; gin. iolra *dúla* §8.

**duine** ‘human being’, fir. io-ghas, ainm. uatha *duni* §2.

**dúthrachtach** ‘whole-hearted, fervent, earnest, zealous’, aid. o/ā. *dútrachtach* §3.

(**h**)**é** ‘he’ forainm 3 uatha fir. *hé* §§4, 9.

**ecal** ‘fearful, timorous’, aid. ainm. uatha *hecal* §2.

**eclas** ‘the Christian church’, bain. ā-ghas, ainm. uatha. *eclas* §4; tabh. uatha *eclais* §§5, 6.

**écmais** ‘absence’, i-ghas, tabh. uatha *écmais* §4.

**ed** ‘it’, forainm 3 uatha neod. *ed* §§2, 6, 7, 8.

**eól** ‘knowledge’, fir. o-ghas, ainm. uatha *eól* §6.

**epscop** ‘bishop’, fir. o-ghas, ainm. iolra *epscoip* §5.

**erbaid** ‘entrusts’, aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *ro herbad* §5.

**Ériu** ‘Ireland’, bain. n-ghas, áins. uatha *Érind* §7; gin. uatha *Érend* §§1-7.

**ésca**(**e**) ‘moon’, neod. io-ghas, ainm. uatha *ésca* §7.

**eter** ‘between’, réamh. agus áins. á leanúint §7; forainm réamhfhoclach 3 iolra *etorro* §2.

**fadéin** ‘self, own’, aid. agus forainm. 3 uatha fir./neod. *fessin* §2.

**fásach** ‘a legal precedent, maxim’, neod. o/s-ghas, tabh. iolra *fásaigib* §6.

**fénnid** ‘warrior’, fir. i-ghas, tabh. iolra *fénnethaib* §6.

**fer** ‘man’, fir. o-ghas, ainm uatha *fer* §2, 3, 6; áins. uatha *fer* §3; tabh. uatha *fir* §6; ainm. iolra *fir* §§1, 4, 6; áins. iolra *firu* §§1, 3, 5; gin. iolra *fer* §§1, 3, 4, 5.

**fíad’** ‘before, in the presence of’, réamh. agus tabh. á leanúint.

**fíadnaise** ‘witness, testimony’, bain. iā-ghas, tabh. uatha *fíadnaisi* §§1, 4, 5.

**fili** ‘poet’, fir. t-ghas, ainm. uatha *fili* §§5, 7; tabh. iolra *filedaib* §6.

**filidecht** ‘poetry’, bain. ā-ghas, áins. uatha *filidecht* §5.

**fír** ‘true’, aid. o/ā-ghas, ainm. uatha *fír* §8.

**fiurt** ‘a wonderful work, a miracle’, fir. u-ghas, tabh iolra *fertaib* §1.

**flaith** ‘ruler, prince’ bain. i-ghas, gin. iolra *flathi* §1.

**fo’** ‘under’, réamh. agus áins./tabh. á leanúint §6.

**fo-ceird** ‘casts down, overthrows’, 3 uatha aims. chaite fhoirfe chéasta *ro lá* §3; 3 iolra aims. chaite fhoirfe chéasta *ro curit* §5.

**fo-gaib** ‘finds, gets’, 3 uatha aims. fháist. thánaist. *fo-gébad* §7.

**foglaid** ‘one who commits depradations; plunderer, reaver’, fir. i-ghas, tabh. uatha *foglaid* §2.

**for** ‘to, onto’, réamh. agus áins./tabh. á leanúint §§2, 7, 8, 9; forainm réamhfhoclach 3 uatha áins./tabh. fir./neod. *fair* §2, 4, 5, 6; le haid. shealbh. 3 uatha fir. *fora* §2; 3

iolra *foraib* §7, *faraib* §7; leis an alt fir. uatha *forsin* §8, *forsind* §2; leis an mír choibhneasta *forsa* §4.

**for** ‘says’, briathar uireasach [cf. *ol*, *or*] §4.

**forbann** ‘(of heathen law or rites) superstition; an excessive injunction or demand; excess, exaggeration’, neod. o-ghas, áins. iolra *forbonna* §5.

**for-cain** ‘teaches, instructs’, [cf. nóta 28 an eagráin] aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ro forcan* §2.

**formna** ‘the choice, the best part’, fir. io-ghas, (neod. ó cheart, féach Carey 1994a: 21, §4.1), áins. uatha *formna* §1; tabh. uatha *formnu* §3.

**fo-sisedar** ‘confesses, acknowledges, admits’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *fo-rusestar* §1.

**fresndís** ‘contradicting, confuting’, ainm. uatha *fresnéis* §6.

**fri** ‘against’, réamh. agus áins. á leanúint §§1, 4, 6, 7; forainm réamhfhoclach 3 uatha fir./neod. *fris* §2; 3 iolra *friu* §2, 9.

**frithissi** ‘again’, dobhri. *do-ridisi* §7.

**fromaid** ‘tests, proves’, aims. láith. chéasta 3 uatha *fromthar* §2.

**gáeth** ‘wind’, bain. ā-ghas, tabh. uatha *gaīth* §7.

**gaibid** ‘lays hold of, grasps’, aims. láith. 3 uatha (móide forainm iartháite 3 uatha bain.) *gabthus*; aims. fháist. choibh. 3 uatha *gébas* §4; 3 uatha aims. chaite fhoirfe (móide 3 iolra forainm iontáite, aicme A) *ros-gab* §3; aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *ro gabad* §7, *rragbad* §8.

**gíall** ‘a human pledge, hostage’, fir. o-ghas, ainm. iolra *gēill* §6.

**gin** ‘mouth, fir. u-ghas, gin. uatha *gena* §5.

**glas** ‘green’, aid. o/ā-ghas §8.

**gonaid** ‘wounds, slays, kills’, aims. fháist. 3 uatha *génaid* §2 (le gluais *gonfid*); 3 uatha aims. láith. chéasta *gontar* §2; aims. chaite fhoirfe (agus forainm iontáite 3 uatha fir) *ros-gon* §3.

**grían** ‘sun’, bain. ā-ghas, ainm. uatha *grían* §7; tabh. uatha *gréin* §7.

**i$^{n-}$** ‘in’, réamh. tabh. nó áins. á leanúint. *hi*, *i* §§1, 4, 5, 7, 8, 9. 3 uatha tabh. forainm réamhfhoclach fir./neod. *and* §§3, 4, 5, 7, 9; le forainm sealbhach fir. *’na* §§1, 9; leis an alt bain. uatha áins. *isin* §§3, 9; leis an alt fir. uatha tabh. *isin* §3; bain. uatha tabh. *isind* §7.

**í** mír dheicteach, le réamh. agus alt (bain.) *íarsind-í* §3; ainm. iolra *na hí* §6.

**íar$^{n-}$** ‘after’, réamh. agus tabh. á leanúint §5. Le haidiacht shealbhach uatha fir. *íarna* §5.

**íarmi-foich** ‘seeks after’, aims. fháist. tháinist. 3 uatha *íarfad* §7.

**íarom** ‘then’, dobhri. §1.

**íat** ‘they’, forainm neamhspleách 3 iolra §2.

**im’** ‘about, around, concerning’, réamh. agus áins. á leanúint §§1, 4, 6. Leis an alt neod. *immon* §§2, 4; 3 uatha fir./neod. *immi* §§2, 4.

**imbert** ‘inflicting’, bain. ā-ghas, a.br. *imm-beir*. tabh. uatha *immirt* §6.

**immacaldam** ‘colloquy; conference, council’, bain. ā-ghas, a.br. *imm-accallatar* ‘converses together’. gin. uatha *imacallma* §2 [féach nótaí an eagráin].

**imm-accallatar** ‘converses together’, aims. chaite fhoirfe 3 iolra (móide forainm iontáite) *immus-n-arlasatar* §2.

**immanetar** ‘mutually, in turn’, dobhri. *monetir* §2 [féach nótaí an eagráin].

**immechtrach** ‘outer’, aid. o/ā-ghas, tabh. uatha *imechtrach* §9.

**immurgu** ‘moreover, then’, dobhri. §§1, 6, 7.

**in** ‘the’, alt (cf. na réamhfhocail éagsúla le haghaidh samplaí de réamhfhocal móide alt) fir. ainm. uatha *in* §§6, 7, 8; áins. uatha *in* §3; gin. uatha *in* §5, *ind* §3; ainm. iolra

*na*; áins. uimh. dhé *na*. bain. ainm. uatha *in* §9; áins. uatha *in* §7; tabh uatha *in* §7; gin. uatha *na* §§1, 4, 7, *inna* §6; gin. iolra *na* §8; neod. ainm. uatha *a* §2; gin. uatha *in* §6.

**indossa** ‘now’, dobhri. *innossa* §4.

**inis** ‘island’, bain. ī-ghas, áins. uatha *insi* §3.

**is** ‘is’, copail. aims. láith. 3 uatha *is* §§1-9; aims. láith. choibh. 3 uatha *as* §2; 3 uatha aims. chaite *ba* §§3, 9; aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ropo* §9; 3 iolra modh fosh. caite le ‘mar’ *marbtís* §3; 3 uatha aims. fháist. tháinist. *bad* §7; aims. fháist. 3 uatha leis an mír dhiúltach *níba* §2.

**la** ‘with’, réamh. agus áins. á leanúint §§1, 3. 3 uatha forainm réamhfhoclach fir./neod. *leis* §2; 1 iolra *lind* §4; 2 iolra *lib* §2.

**lá** ‘day’, neod. io-ghas, ainm. uatha *lathe* §2, *lá* §7.

**Laigin** iolra ‘(people of) Leinster’, ainm. iolra *Lagin* §7; áins. *Laigniu* §§7, 9; tabh. iolra *Laignib* §9.

**lamaid** (< ro-laimethar) ‘dares, permits, aims. ghnáthchaite chéasta *ní laemthe* §7.

**lécun** (< **léiciud**) ‘(act of) allowing’, fir. u-ghas, a.br. *léicid*. ainm. uatha *lēcun* §6.

**léicid** ‘releases from’ (leis an réamh. *a*) aims. chaite fhoirfe chéasta *ro lēced* §7.

**les** ‘good, benefit’, fir. u-ghas, áins. uatha *les*. sa nath *ro-icc* (*a*) *les*: ‘attains to the benefit (of), needs’ §4.

**logad** ‘forgiveness, pardon’, fir. u-ghas, a.br. *logaid*. ainm. uatha *logad* §6; áins. uatha *logad* §6.

**logaid** ‘forgives’, 3 uatha aims. láith. spleách. *loga* §2; 3 uatha fosh. láith. spleách *loga* §2.

**má** ‘if’, cónasc. Leis an gcopail 3 uatha aims. láith. *masa* §2; 3 uatha fosh. láith. *mád* §2. Leis an mír dhiúltach *mani* §2.

**maidid** ‘breaks (before A on B = A defeats B)’, *maiti* = 3 uatha aims. láith. + forainm iartháite [féach nótaí an eagráin] §7.

**mámus** ‘subjection’, sa nath *fo mámmus* ‘subjected to’ §6.

**mar** (< **amal**) ‘like’, réamhfhocal. Leis an gcopail 3 iolra fosh. caite *marbtís* §3.

**már, mór** ‘great’, aid. o/ā-ghas, ainm. uatha *mór* §3; tabh. uatha *már* §7.

**marb** ‘dead’, aid. o/ā-ghas, ainm. iolra *máirb* §3.

**marbaid** ‘kills’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ro marb* §8.

**mírbail** ‘a miracle, a wonder’, bain. tabh. iolra *mírbailib* §1.

**mo’** ‘my’, aid. shealbh. 1 uatha §2.

**molad** ‘praise’, fir. u-ghas, a.br. *molaid*. áins. uatha *molad* §6.

**muinter** ‘family, household’, bain. ā-ghas, tabh. uatha *muintir* §§2, 3.

**muir** ‘sea’, bain. i-ghas, ainm. uatha *muir* §7.

**muirchoblach** ‘naval expedition’, o-ghas, tabh. uatha *muirchoblach* §7.

**Mumu** ‘the province of Munster’, bain. n-ghas, gin. uatha *Muman* §5.

**náma**(**e**) ‘enemy, fir. t-ghas, ainm. uatha *náma* §9.

**násad** ‘death, putting to death’, §8 [féach nótaí an eagráin].

**neimed** ‘privilege’, fir. o-ghas, áins. iolra *nemthiu* §6.

**nem** ‘sky, heaven’, bain. s-ghas, gin. uatha *nimi* §3.

**nech** (a) ‘one, a person’, forainm neamhshonrach fir. áins uatha *nech* §2. (b) úsáid ar leith de (a) thuas, mar fhorainm coibhneasta (móide alt/réamhfhocal) nach ndéantar a dhíochlaonadh. tabh. uatha *do neoch* §1; foirm eile *aneich* §2 [feach nótaí an eagráin].

**1 ní** ‘not’, mír dhiúltach §§2, 7. Leis an gcopail 3 uatha *ní* §2.

**2 ní** ‘thing’, forainm neamhshonrach neod. §2.

**noíb** ‘holy’, aid. o/ā-ghas, gin. uatha fir. *naīm* §5; gin. uatha bain. *naími* §6.

**nónbor** ‘a group of nine persons’, fir. o-ghas, ainm. uatha *nónbur* §5.

**1 ó** ‘since’, cónasc §§1, 6, 7.

**2 ó’** ‘from, of’, réamh. agus tabh. á leanúint §§1, 5, 7; forainm réamhfhoclach 3 iolra *úadib* §5; leis an alt uatha bain. *ónd* §2; bain./fir. uatha *óna* §7.

**oc** ‘at’, réamh. agus tabh. á leanúint §3, 9; forainm réamhfhoclach 1 iolra *ocaind* §2; móide mír threise *ocain-ni* §4; 3 iolra *occo* §§1, 6; móide alt uatha tabh. fir. *ocond* §5.

**óenmaigen** ‘one place’, bain. ā-ghas, áins. *ōenmagin* §1.

**óentu** ‘unity; alliance; co-operation’, bain. agus fir. d-ghas, áins uatha *óentaid* §1.

**óg** ‘whole, entire, integral’, aid. o/ā-ghas, in úsáid mar ainmfhocal (neod.) anseo §4.

**óg(a)e** ‘wholeness, entirety, integrity’, bain. iā-ghas, áins. uatha *ógi* §1.

**ógríar** ‘complete desire, satisfaction, requirement’, bain. ā-ghas, áins. uatha *ógréir* §1.

**oíd** ‘attention, heed [sa nath ‘do-beir do oíd]’, bain. tabh. uatha *oíd* §7.

**ol** ‘says’, briathar uireasach [cf. *for*, *or*] §§2, 4; 3 iolra *oldat* §4.

**olc** ‘evil, wrong’, neod. o-ghas, tabh. uatha *ulc* §2.

**olchena** ‘besides’, dobhri. §5.

**ómun** ‘fear’, fir. u./o.-ghas, ainm. uatha *ómun* §3.

**or** ‘says’, briathar uireasach [cf. *for*, *ol*] §2.

**ordaigid**(**ir**) ‘orders, ordains, institutes’, aims. chaite fhoirfe 3 iolra *ro ordaigset* §6.

**ordugud** ‘arranging, settling, disposing’, fir. u-ghas, a. br. *ordaigid*(*ir*). ainm. uatha *ordugud* §§4, 5.

**pridchaid** ‘preaches; teaches’, aims. chaite fhoirfe 2 uatha *ro pridchais* §4; aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *ro pridcastar* §1, *ro pridchastar* §2.

**rath** ‘grace’, neod. o-ghas, ainm. uatha §5.

**1 ráth** ‘surety’, bain./fir. áins. uatha *ráith* §8; áins. iolra *rátha* §7; tabh. iolra *ráthaib* §7.

**2 ráth** ‘fort’, bain./fir. ainm. uatha *ráith* §9.

**ré**$^{n-}$ ‘before’, réamh. agus tabh. á leanúint §2.

**recht** ‘law’, fir. u-ghas, áins. uatha *recht* §5; gin. uatha *rechta* §4; tabh. uahta *recht* §2.

**rechtge** ‘the framing of laws’, bain. iā-ghas, gin. iolra *rechtgai* §1.

**rí** ‘king’, fir. g-ghas, ainm. uatha §5; áins. uatha *ríg* §8; tabh. iolra *rígaib* §6; ainm. iolra *ríg* §5.

**ríam** ‘ever’, dobhri. §7.

**ríar** ‘will, wish, demand’, bain. ā-ghas, tabh. uatha *réir* §7.

**ríge** ‘kingship’, bain. io-ghas, [féach nótaí an eagráin] tabh. uatha *rrígi* §7.

**rígráth** ‘royal fort’, bain. gin. uatha *rígrátha* §9.

**ro-icc** ‘reaches’, aims. fháist. 1 iolra *recmait*; aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ránic* §7.

**roscad** ‘a legal maxim or aphorism’, fir. tabh iolra *roscadaib* §6.

**saidid** ‘establishes’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *desid* §1.

**saigid** ‘seeking’, bain. i-ghas, a.br. *saigid*. tabh. uatha *saigid* §7.

**sainredach** ‘specific, definite’, aid. o/ā-ghas, ainm. uatha *sainrodach* §3.

**salm** ‘psalm’, fir. o-ghas, ainm. uatha *salm* §6.

**sáraigid** ‘excels; gets the better of’, aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *ro sáraiged* §1.

**scél** ‘story, narration, tale’, fir. o-ghas, áins. uatha *scél* §1.

**scélugad** ‘storytelling’, fir. u-ghas, ainm. uatha *scélugud* §6.

**sénad** ‘blessing, act of blessing’, a.br. *sénaid* (2). tabh. uatha *sénad* §5.

**sí** ‘she’, forainm neamhspleách 3 uatha bain §9.

**síat** ‘they’ forainm neamhspleách 3 iolra §2.

**síl** ‘seed’, neod. o-ghas, áins. uatha *síl* §4.

**sin** ‘that’, aid. thaisp. §§1-9 (seachas §8).

**sléchtaid** ‘kneels, bows down, prostrates (oneself)’, aims. chaite 3 uatha *sléchtais* §3.

**slóg, slúag** ‘a host, army’, fir. o-ghas, áins. uatha *slúag* §3.

**sluicid/slocaid** ‘swallows, engulfs’, aims. chaite fhoirfe 3 uatha *ro* [*s*]*luic* §3.

**slógad** ‘body of troops, a host’, neod. o-ghas, tabh. uatha *slógad* §7.

**so** ‘this’, aid. thaisp. *sea* §4.

**sochraite** ‘allies, help’, bain. iā-ghas, ainm. uatha [cnuasainm] *socraiti* §3.

**soiscélae** ‘the good news, gospel’, neod. io-ghas, áins. *soscéla* §1.

**Spirut** ‘the Holy Spirit’, fir. u-ghas, gin. uatha *Spirta* §5.

**suí** ‘man of learning, scholar, wise man, sage’, fir. t-ghas, ainm. uatha *suí* §5.

**suidigidir** ‘appoints, sets up’, aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *ro sudiged* §3.

**suidiugad** ‘act of establishing, fixing’, fir. u-ghas, a.br. *suidigidir*. ainm. uatha *sudigud* §4.

**táeb** ‘side’, fir. o-ghas, tabh. uatha *táeb* §§7, 8.

**tairléim** ‘descending, alighting’, neod. n-ghas, a.br. *do-airling*. tabh. uatha *tairléim*.

**talam** ‘earth, ground, land’, fir. n-ghas, ainm. *talam* §1.

**talamchumscugud** ‘earthquake’, ainm. uatha §3.

**tan** ‘time, while, point of time’, bain. sa nath *íar tain*, dobhri. ‘afterwards, then’ §9.

**tar** féach **dar**

**téchtae**: aidiacht agus ainmfhocal anseo; aid. io/iā-ghas, ainm. iolra *téchtae* §6; ainmfhocal neod. io-ghas, tabh. uatha *téchtu* §5.

**téit** ‘goes’, aims. chaite 3 uatha *luid* §7; aims. chaite fhoirfe 3 uatha *deochaid* §7; aims. chaite fhoirfe chéasta uatha *do-chós* §2.

**Temair** ‘Tara’, bain. g-ghas, áins. *Temraig* §1; tabh. *Temraig* §§1, 9.

**tíchtu** ‘act of coming, coming to’, bain. n-ghas, a.br. *do-icc* ‘comes’. tabh. uatha *tīchtain* §2.

**tír** ‘earth, ground’, neod. s-ghas, ainm. uatha §§7, 8.

**trá** ‘then, therefore, so, indeed’, dobhri. agus cónasc §§4-7.

**tre’** ‘through, by means of’, réamh. agus áins. á leanúint *tria* §1 [féach na nótaí teanga].

**trefhocal** ‘type of poetry or poem containing both praise and blame which precedes and warns of a possible satire’, fir. o-ghas, ainm. iolra *trefoclae* §6.

**trí** ‘three’, uimhir §5.

**tríar** ‘three persons’, fir. o-ghas, tabh. uatha *tríar* §6.

**trícha** ‘thirty’, fir. nt-ghas, áins. uatha *tríchait* §7

**túath** ‘the laity’, bain. ā-ghas, ainm. uatha §4.

**tuidecht** ‘coming’, bain. ā-ghas, a.br. *do-téit*. áins. uatha *tudecht* §7; tabh. uatha *tudecht* §1.

**úar** ‘a time or occasion; point of time’, bain. ā-ghas, tabh. uatha *úair* §2.

**uisce** ‘water’, fir. io-ghas, ainm. uatha *usci* §7.

**Ulaid** ‘Ulstermen’, fir. o-ghas, gin. iolra *Ulad* §5.

## Liosta saothar a ceadaíodh


Alter, Robert (1981), *The Art of Biblical Narrative*. New York, Basic Books.

Atkinson, Robert (1887), *The Passions and the Homilies from the Leabhar Breac: Text, Translation, and Glossary*. Dublin, Royal Irish Academy.

Baumgarten, Rolf (1992), "Discourse Markers in Medieval Irish Texts: *cs̄*, *cair*, *nī*, and Similar Features", *Ériu* 43, 1-37.

Bergin, Osborn (1910), "A Middle-Irish Fragment of Bede's Ecclesiastical History", in Bergin, Osborn, Best, R.I., Meyer, Kuno, agus O'Keeffe, J.G. (eag.), *Anecdota from Irish Manuscripts*, imleabhar 3. Halle, M. Niemeyer. 63-76.

— (1916), "Irish Grammatical Tracts" (i), *Ériu* 8, 1-60.

— (1938), "Varia", *Ériu* 12, 215-235.

Bernhardt-House, Philip A. (2010), *Werewolves, Magical ounds, and Dog-headed Men in Celtic Literature: A Typological Study of Shape-shifting*. Lewiston, Edward Mellon Press.

Best, R.I. (1912), "Notes on the Script of Lebor na hUidre", *Ériu* 6, 161-174.

— (1914), "Palaeographical Notes I. The Rawlinson B 502 Tigernach", *Ériu* 7, 114-120.

— (1916), "The Battle of Airtech", *Ériu* 8, 170-190.

— agus Bergin, Osborn (eag.) (1929), *Lebor na hUidre*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— agus Bergin, Osborn, O'Brien, M.A., agus O'Sullivan, Anne (eag.) (1954-83), *The Book of Leinster, formerly Lebar na Núachongbála*. 6 imleabhar. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Bhreathnach, Edel (1996), "*Temoria*: *caput Scotorum*?", *Ériu* 47, 67-88.

— (eag.) (2005), *The Kingship and Landscape of Tara*. Dublin, Four Courts Press.

— agus Murray, Kevin (eag.) (2005), "*Baile Chuinn Chétchathaig*: Edition", in Bhreathnach (eag.), *The Kingship and Landscape of Tara*. Dublin, Four Courts Press. 73-94.

Bieler, Ludwig (1974), "Versuch einer Grundlegung der irischen Patriciusviten zu den Lateinischen", *Anzeiger de Phil-Hist. Klasse der Österreichischen Akademie der Wissenschaften* 111, 253-273.

— (1979), *The Patrician Texts in the Book of Armagh*, Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Binchy, D.A. (1943), "The Linguistic and Historical Value of the Irish Law Tracts", *Proceedings of the British Academy* 29, 195-226.

— (1958), "The Fair of Tailtiu and the Feast of Tara", *Ériu* 18, 113-138.

— (1962), "Patrick and His Biographers: Ancient and Modern", *Studia Hibernica* 2, 7-173.

— (1970), "Celtic Suretyship, a Fossilized Indo-European Institution?", in Cardona, George, Hoenigswald, Henry M., agus Senn, Alfred (eag.), *Indo-European and Indo-Europeans*. Philadelphia, University of Pennsylvania. 355-367

— (1975-6), "The Pseudo-historical Prologue to the *Senchas Már*", *Studia Celtica* 10-11, 15-28.

— (1975), "Irish History and Irish Law", *Studia Hibernica* 15, 7-36.

— (1976), "Semantic Influence of Latin in the Old Irish Glosses", in O'Meara, John J., agus Naumann, Bernd (eag.), *Latin script and letters A.D. 400-900*. Leiden, Brill. 167-173

— (1978), *Corpus Iuris Hibernici*, 6 imleabhar. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Bisagni, Jacopo, agus Warnjtes, Immo (2007), "Latin and Old Irish in the Munich Computus: A Reassessment and Further Evidence", *Ériu* 57, 1-33.

— (2008), "The Early Old Irish Material in the Newly Discovered *Computus Einsidlensis* (*c*. AD 700)", *Ériu* 58, 77-105.

Borsje, Jacqueline (2008), "Druids, deer and "words of power": coming to terms with evil in medieval Ireland", in Bergholm, Alexandra, agus Ritari, Katja (eag.), *Approaches to Religion and Mythology in Celtic studies*. Newcastle, Cambridge Scholars Publishing. 122-149.

Boyle, Elizabeth (2009), "Neoplatonic Thought in Medieval Ireland: The Evidence of *Scéla na Esérgi*", *Medium Aevam* 78 (2), 216-230.

— (2015), "Eschatological Themes in Lebor na hUidre", in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 115-130.

Boyle, Elizabeth, agus Hayden, Deborah (eag.) (2014), *Authorities and Adaptations: The Reworking and Transmission of Textual Sources in Medieval Ireland*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Bray, Dorothy Ann (1992), *A list of motifs in the lives of the early Irish saints*. Helsinki, Suomalainen Tiedeakatemia.

— (2002), "Malediction and benediction in the lives of the early Irish saints", *Studia Celtica* 36, 47-58.

Breatnach, Liam (1977), "The Suffixed Pronouns in Early Irish", *Celtica* 12, 75-107.

— (1987) *Uraicecht na Ríar: The Poetic Grades in Early Irish Law,* Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— (1990) “Lawyers in Early Ireland”, in Hogan, Daire, agus Osborough, W.N. (eag.), *Brehons, Serjeants and Attorneys: Studies in the History of the Irish Legal Profession*. Dublin, Irish Academic Press. 1-13.

— (1994), “An Mheán-Ghaeilge”, in Liam Breatnach, Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, agus Nicholas Williams (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Má Nuad. 221-334.

— (2003), “On Words Ending in a Stressed Vowel in Early Irish”, *Ériu* 53, 133-142.

— (2010), “Law and Literature in Early Mediaeval Ireland”, in *L’Irlanda e gli irlandesi nell’alto medioevo*. *Spoleto*, 16-21 *aprile* 2009. Atti delle Settimane LVII, Spoleto. 215-38.

— (2011), *The Early Irish Law Text Senchas Már and the Question of its Date*. E.C. Quiggin Memorial Lectures 13, Cambridge.

— (2014), “Forms of Payment in the Early Irish Law Tracts”, *Cambrian Medieval Celtic Studies* 68 (Geimhreadh), 1–20.

— (2015a), “Lebor na hUidre: Some Linguistic Aspects”, in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 53–77.

— (2015b), “Legal and Societal Aspects of the Poems of Blathmac”, in Ó Riain, Pádraig (eag.), *The Poems of Blathmac son of Cú Brettan: Reassessments.* Irish Texts Society Subsidiary Series 27, London. 104–18.

Bronner, Dagmar (2005), “Codeswitching in Medieval Ireland: The Case of the *Vita Tripartita Sancti Patricii*”, *Journal of Celtic Linguistics* 9, 1-12.

Buttimer, Cornelius G. (1981), “Loegaire mac Néill in the Bórama”, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 1, 63-78

Byrne, Francis J. (1969), *The Rise of the Uí Néill and the High-kingship of Ireland*. Dublin, National University of Ireland.

— (1973), *Irish Kings and High-Kings*. Dublin, Batsford.

— (1974), “*Senchas*: The Nature of Gaelic Historical Tradition”, in Barry, J.G. (eag), *Historical Studies IX*. Belfast, Black Staff. 137-159.

Calder, George (1917), *Auraicept na nÉces: The Scholar’s Primer*. Edinburgh, J. Grant.

Carey, John (1994a), “An Edition of the Pseudo-Historical Prologue to the *Senchas Már*”, *Ériu* 45, 1-32.

— (1994b), “The Uses of Tradition in *Serglige Con Culainn*”, in Mallory, J.P. agus Stockman, Gerard (eag.), *Ulidia* 1. Belfast, December Publications. 77-84.

— (1996), “Saint Patrick, the Druids, and the End of the World”, *History of Religions* 36 (1), 42-53.

— (1998), *King of Mysteries: Early Irish Religious Writing*. Dublin, Four Courts Press.

— (2002), “The Lough Foyle Colloquy Texts: *Immacaldam Choluim Chille ⁊ ind Óclaig oc Carraic Eolairg* and *Immacaldam in Druad Brain ⁊ inna Baṅfátho Febuil ós Loch Ḟebuil*”, *Ériu* 52, 53-87.

— (2009), *Lebor Gabála Érenn: Textual History and Pseudohistory*. London, Irish Texts Society.

— (2013), “Muirchú and the Ulster Cycle”, in Toner, Gregory agus Mac Mathúna, Séamus (eag.), *Ulidia* 3. Berlin, Curach Bhán. 121-126.

— (2015), “H and his World”, in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 101-114

Carney, James (1955), *Studies in Irish Literature and History*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— (1983), “The Dating of Early Irish Verse Texts, 500-1100”, *Éigse* 19, 177-216.

Chadwick, Nora (eag.) (1954), *Studies in Early British History*. Cambridge, Cambridge University Press

Charles-Edwards, Thomas (1986), “*Críth Gablach* and the Law of Status”, *Peritia* 5, 53-73.

— (2000), *Early Christian Ireland*. Cambridge, Cambridge University Press.

— (2012), *Saint Patrick and the Landscape of Early Christian Ireland*. Kathleen Hughes Memorial Lecture, Cambridge.

Comyn, David (eag.) (1902), *Foras Feasa ar Éirinn*, imleabhar 1. London, Irish Texts Society.

Dawson, Elizabeth, “Pillars of Conversion in Muirchú and Tírechán: Two Case Studies”, alt ar líne: http://www.confessio.ie/more/article_dawson# (feicthe 29 Márta 2016).

de Paor, Liam (1993), *Saint Patrick’s World*. Dublin, Four Courts Press.

de Vries, Ranke (2011), “Similarities in the Three Female-*Aided* Tales”, *Studia Celtica Fennica* 8, 18-28.

— (eag.) (2012), *Two Texts on Loch nEchach: De Causis Torchi Corc’ Óche and Aided Echach maic Maireda*. London, Irish Texts Society.

Dillon, Myles (1932), “Stories from the Law Tracts”, *Ériu* 11, 42-65.

— (eag.) (1953; 1975) *Serlige Con Culainn*, Mediaeval and Modern Irish Series 14. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— (eag.) (1962), *Lebor na Cert*. Dublin, Irish Texts Society.

— (eag.) (1968), *Irish Sagas*. Cork, Mercier Press.

Dinneen, P.S. (eag.) (1908), *Foras Feasa ar Éirinn*, imleabhar 3. London, Irish Texts Society.

Doherty, Charles (1991), "The Cult of St Patrick and the Politics of Armagh in the Seventh Century", in Jean-Michel Picard (eag.), *Ireland and Northern France*. Dublin, Four Courts Press. 53-94.

Dooley, Ann (2006), *Playing the Hero: Reading the Irish Saga Táin Bó Cúailnge*. Toronto, University of Toronto Press.

Downey, Clodagh (2010), "*Dindṡenchas* and the *tech midchúarta*", *Ériu* 60, 1-35.

Draak, Maarte (1952), "Emotional Reflexes", *Ériu* 16, 74-78.

— (1959), "Some Aspects of Kingship in Pagan Ireland", in Edsman, Carl-Martin (eag.), *The Sacral Kingship*: *Contributions to the central theme of the VIIIth International Congress for the History of Religions*, *Rome*, *April 1955*. Leiden, Brill. 651-663.

Duncan, Elizabeth (2015), "The Palaeography of H in Lebor na hUidre", in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 29-52.

Edel, Doris, "Bodily Matters in Early Irish Narrative Literature", *Zeitschrift für celtische Philologie* 55, 69-107.

Flechner, Roy, “Conversion to Christianity in Medieval Ireland”, alt ar líne: http://www.asnc.cam.ac.uk/conversion/logos/Flechner_Conversion_Ireland.pdf (feicthe 29 Márta 2016).

Flower, Robin (1916), “Quidam scotigena .i. discipulus Boëthii”, *Ériu* 8, 150-4.

Fogarty, Hugh, “Aided Guill meic Carbada ⁊ Aided Gairb Glinne Rige: Intertextuality and the Inward Look in a Late Middle Irish Prose Saga”, in Boyle, Elizabeth agus Hayden, Deborah (eag.), *Authorities and Adaptations: The Reworking and Transmission of Textual Sources in Medieval Ireland*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies. 185-210.

Georgi, David (2003), “A Stunning Blow in the Head: Literacy and the Anxiety of Memory in the Legend of Cenn Faelad’s Brain of Forgetting”, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 16-17, 195-205.

Greene, David (1966), *The Irish Language*. Cork, The Mercier Press.

— (1967), “Leabhar na hUidhre”, in de Paor, Liam (eag.), *Great Books of Ireland*, Thomas Davis Lecture Series. Dublin, Clonmore and Reynolds. 64-76.

— (1969), “Irish as a Vernacular before the Norman Invasion”, in Ó Cuív , Brian (eag.), *A View of the Irish Language*. Dublin, Stationery Office. 11-21.

— (1976), “Varia II”, *Ériu* 27, 123-129.

Gwynn, Lucius (eag.) (1912), “De Śíl Chonairi Móir”, *Ériu* 6, 130-143.

Gwynn, John (eag.) (1913a), *Liber Ardmachanus*: *the Book of Armagh*. Dublin, Hodges Figgis.

— (eag.) (1913b), *The Metrical Dindshenchas* (imleabhar 3). Todd Lecture Series 5. Dublin, Hodges Figgis.

Hennessy, William Maunsell (eag.) (1866), *Chronicon Scotorum*. London, Longmans, Green, Reader and Dyer.

— (eag.) (1871), *The Annals of Loch Cé*: *a Chronicle of Irish Affairs from A.D. 1014 to A.D. 1590*. London, Longman.

Herbert, Máire (1997), "The death of Muirchertach Mac Erca: A Twelfth-century Tale", in Josephson, Folke (eag.), *Celts and Vikings: Proceedings of the Fourth Symposium of Societas Celtologica Nordica*. Göteborg, Meijerbergs institut för svensk etymologisk forskning, Göteborgs Universitet. 27-39.

— (2000a), "*Rí Éirenn, Rí Alban*: Kingship and Identity in the Ninth and Tenth Centuries", in Taylor, Simon (eag.), *Kings, Clerics and Chronicles in Scotland*, 500-1297. Dublin, Four Courts Press. 62-72.

— (2000b), "Gnéithe den Naomhsheanchas in Éirinn sa Tréimhse Réamh-Lochlannach", in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Breis faoinár nDúchas Spioradálta* (*Léachtaí Cholm Cille* 30). Maigh Nuad, an Sagart. 65-74.

— (2007), "Crossing Historical and Literary Boundaries: Irish Written Culture around the Year 1000", *Cambrian Medieval Celtic Studies* 53-4, 87-101.

— (2015), "Three Texts from Lebor na hUidre, and their Testimony", in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 79-100.

Hogan, Edmund (eag.) (1894), *The Latin Lives of the Saints*. Dublin, at the Academy House.

Hollo, Kaarina (2007-8), "The Ulster Cycle, the Law-tracts, and the Medieval Court: The Depiction of Senchae mac Ailella, *Aurlabraid Ulad*", *Aiste* 1, 170-180.

Imhoff, Helen (2008), “The Themes and Structure of Aided Echach maic Maireda”, *Ériu* 58, 107-131.

Ingridsdotter, Kicki (2009), *Aided Derbforgaill “The Violent Death of Derbforgaill”: a Critical Edition with Introduction, Translation and Textual Notes*. Tráchtas Ph.D., Uppsala University.

Jackson, Kenneth (eag.) (1938), *Cath Maighe Léna*, Mediaeval and Modern Irish Series 9. Dublin, Stationery Office.

— (1940), “The Motive of the Threefold Death in the Story of Suibne Geilt”, in Ryan, John (eag.), *Féil-Sgríbhinn Eoin Mhic Néill*. Áth Cliath, faoi Chomhartha na dTrí gCoinneal. 551-566.

— (eag.) (1990), *Aislinge Meic Con Glinne*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Josephson, Folke (eag.), *Celts and Vikings: Proceedings of the Fourth Symposium of Societas Celtologica Nordica*, Göteborg: Göteborgs Universitet, 1997.

Kelleher, Margaret, agus O’Leary, Philip (eag.) (2006), *The Cambridge History of Irish Literature. Volume I: to 1890*. Cambridge, Cambridge University Press.

Kelly, Fergus (1988), *A Guide to Early Irish Law*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— “Níall Noígiallach”, alt san *Oxford Dictionary of National Biography* ar líne: http://0-www.oxforddnb.com.library.ucc.ie/view/article/20074?docPos=8 (feicthe 29 Márta 2016).

Koch, John T. (1990), “Brân, Brennos: An Instance of Early Gallo-Brittonic History and Mythology”, *Cambridge Medieval Celtic Studies* 20 (Geimhreadh), 1-18.

— (2006), “Lóegaire mac Néill”, in idem. (eag.), *Celtic culture: a historicial encyclopedia*. Santa Barbara, ABC-CLIO. 1188.

Kudenko, Ksenia (2015), ‘Fabula, (Hi)story and Text in Medieval Irish Hagiography: The Case of Betha Beraigh’. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Roinn na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Lehmann, Ruth (eag.) (1964), *Fled Dúin na nGéd*, Mediaeval and Modern Irish Series 21. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Mac Airt, Seán (eag.) (1951), *The Annals of Inisfallen*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— agus Mac Niocaill, Gearóid (eag.) (1951), *The Annals of Ulster to A.D. 1131*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Mac Cana, Proinsias (1970), “The Three Languages and the Three Laws”, *Studia Celtica* 5, 62-78.

— (1980), *The Learned Tales of Medieval Ireland*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— (2011), *The Cult of the Sacred Centre: Essays on Celtic Ideology.* Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Mac Cionnaith, Láimhbheartach (eag.) (1938), *Díoghluim Dána*. Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair.

Mac Donncha, Frederic (1976), “Medieval Irish Homilies”, in McNamara, Martin (eag.), *Biblical Studies*: *the Medieval Irish Contribution*. Dublin, Dominican Publications. 59-71.

— (1984), “Imdibe Crist – An 11th-Century Homily on the Circumcision of Christ”, *Collectanea Hibernica* 26, 7-12.

Mac Eoin, Gearóid S. (1962), “Invocation of the Forces of Nature in the Loricae”, *Studia Hibernica* 2, 212-7.

— (eag.) (1966), “A Poem by Airbertach Mac Cosse”, *Ériu* 20, 112-139.

— (1968), ‘The Mysterious Death of Loegaire macc Néill’, *Studia Hibernica* 8, 21-48.

— (1982), “The Dating of Middle Irish Texts”, *Proceedings of the British Academy* 68, 109-37.

— (1994), “The interpolator H in Lebor na hUidre”, in Mallory, J.P. agus Stockman, Gerard (eag.), *Ulidia* 1. Belfast, December Publications. 39-46.

— (1996a), “Review of *Aislinge meic Con Glinne*”, *Zeitschrift für celtische Philologie* 48, 324-330.

— (1996b), “Observations on Some Middle-Irish Homilies”, in Ní Chatháin, Próinséas agus Richter, Michael (eag.), *Ireland and Europe in the Early Middle Ages: Learning and Literature*. Stuttgart, Klett-Cotta. 195-211.

Mac Gearailt, Uáitéar (2009), “The Middle Irish homily *Scéla Laí Brátha*”, *Apocrypha* 20, 83-114.

— (2012), “Deilbhíocht *Scéla Laí Brátha* agus Scríobhaithe *LU*”, in Mac Cárthaigh, Eoin agus Uhlich, Jürgen (eag.), *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*. Conamara, Cló Iar-Chonnacht. 281-315.

Mac Neill, Eoin (1922), “ A Pioneer of Nations”, *Studies*: *An Irish Quarterly Review* 11 (41), 13-28.

Mac Shamhráin, Ailbhe, “Lóegaire mac Néill”, alt san *Dictionary of Irish Biography* ar líne: http://0-dib.cambridge.org.library.ucc.ie/quicksearch.do;jsessionid=BE3EAA52B638B1EB6A480C8D520CD85E (feicthe 29 Márta 2016).

Mallory, J.P. (2013), *The Origins of the Irish*. London, Thames and Hudson.

McCone, Kim, (1984), "An Introduction to Early Irish Saints' Lives", *The Maynooth Review* 11, 26-59.

— (1985), "The Würzburg and Milan Glosses: Our Earliest Sources of 'Middle Irish'", *Ériu* 36, 85-106.

— (1986), "Dubthach maccu Lugair and a Matter of Life and Death in the Pseudo-historical Prologue to the *Senchas Már*", *Peritia 5, 1-35.*

— (1990), *Pagan Past and Christian Present in Early Irish Literature*. Má Nuad, an Sagart.

— (1994), "An tSean-Ghaeilge agus a Réamhstair", in Breatnach, Liam, McCone, KIm, McManus, Damian, Ó Háinle, Cathal, agus Williams, Nicholas (eag.), *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Má Nuad, an Sagart. 61-219.

— (1997), *The Early Irish Verb*. Má Nuad, an Sagart.

— (2000), *Echtrae Chonnlai and the Beginnings of Vernacular Narrative Writing in Ireland: A Critical Edition with Introduction, Notes, Bibliography and Vocabulary*. Maynooth, Department of Old and Middle Irish, National University of Ireland Maynooth.

— (2005), *A First Old Irish Grammar and Reader, including an Introduction to Middle Irish*. Maynooth, Department of Old and Middle Irish, National University of Ireland Maynooth.

McKenna, Catherine (2011), "Angels and Demons in the Pages of *Lebor na hUidre",* in Eska, Joseph (eag.), *Narrative in Celtic Tradition: Essays in Honor of Edgar M. Slotkin*. New York, Colgate University Press. 157-180.

McLaughlin, Róisín (2008), *Early Irish Satire*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— (2010), "A Latin-Irish text on Fasting in the *Leabhar Breac*", *Ériu* 60, 37-80.

McManus, Damian (1991), *A Guide to Ogam*. Maynooth, an Sagart.

McNamara, Martin, "Irish Homilies A.D. 600-1100", in Hall, Thomas N. (eag.), *Via Crucis*: *Essays in Early Medieval Sources and Ideas in Memory of J.E. Cross*. Morgantown, West Virginia University Press. 235-284.

Melia, Daniel F. (1974), "Parallel Versions of *The Boyhood Deeds of Cúchulainn*", *Forum for Modern Language Studies* 10, 211-226.

— (1977-78), "Remarks on the Structure and Composition of the Ulster Death Tales", *Studia Hibernica* 17-18, 36-57.

Meyer, Kuno (1903), "Eine altirische Homilie", *Zeitschrift für celtische Philologie* 4, 241-3.

— (eag.) (1905), *Cáin Adamnáin*: *An Old-Irish Treatise on the Law of Adamnan*. Oxford, Clarendon Press.

— (1906), *The Triads of Ireland*. Dublin, Royal Irish Academy.

— (eag.) (1911), *Betha Colmáin maic Lúacháin*: *Life of Colmán son of Lúachan edited from a manuscript in the Library of Rennes, with translation, introduction, notes and indices* (*Todd Lecture Series* 17). Dublin, Hodges Figgis.

— (1912), 'Mitteilungen aus irischen Handschriften", *Zeitschrift für celtische Philologie* 8, 102-120.

Mikhailova, Tatiana, agus Nikolaeva, Natalia (2003), "The Denotations of Death in Goidelic: To the Question of Celtic Eschatological Conceptions", *Zeitschrift für celtische Philologie* 53, 93-115.

Miles, Brent (2014), “The *Sermo ad reges* from the Leabhar Breac and Hiberno-Latin Tradition”, in Boyle, Elizabeth agus Hayden, Deborah (eag.), *Authorities and Adaptations: The Reworking and Transmission of Textual Sources in Medieval Ireland*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies. 141-158.

Moisl, Hermann (1987), “The Church and the Native Tradition of Learning in Early Medieval Ireland”, in Ní Chatháin, Próinséas, agus Richter, Michael (eag.), *Ireland and Christendom: the Bible and the Missions*. Stuttgart, Klett-Cotta. 258-271.

Mulchrone, Kathleen (eag.) (1939), *Bethu Phátraic*. Dublin, Royal Irish Academy.

— (eag.) (1971), *Caithréim Celaig*, Mediaeval and Modern Irish Series 24. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Müller, Nicole (1999), “Kodewechsel in der irischen Übersetzungsliteratur: *exempla et desiderata*”, in Poppe, Erich agus Tristram, H.L.C. (eag.), *Übersetzung, Adaptation und Akkulturation im insularen Mittelalter*. Münster, Nodus. 73-86.

Murdoch, Brian (2001), “Preaching in Medieval Ireland: the Irish Tradition”, in Fletcher, Alan J. Agus Gillespie, Raymond (eag.), *Irish Preaching 700-1700*. Dublin, Four Courts Press. 40-55.

Murphy, Denis (eag.) (1896), *The Annals of Clonmacnoise, being Annals of Ireland from the Earliest Period to A.D. 1408*. Dublin, the University Press.

Murphy, Gerard (1940), “Notes on Analogy in Middle-Irish Conjugation”, in Ryan, John (eag.), *Féil-sgríbhinn Eoin Mhic Néill*. Áth Cliath, faoi Chomhartha na dtrí gCoinneal. 72-81.

Murray, Kevin (2004), *Baile in Scáil*. London, Irish Texts Society.

— (2014), “The Reworking of Old Irish Narrative Texts in the Middle Irish Period: Contexts and Motivations”, in Boyle, Elizabeth agus Hayden, Deborah (eag.), *Authorities and Adaptations: The Reworking and Transmission of Textual Sources in Medieval Ireland*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies. 291-306.

Nagy, Joseph Falaky (1986), “Orality in Medieval Irish Narrative: an Overview", *Oral Tradition* 1 (2), 272-301.

— (2013), “Excavating Loegaire mac Néill”’, in Ó Baoill, Dónall, Ó hAodha, Donncha agus Ó Muraíle, Nollaig (eag.), *Saltair Saíocht, Sanasaíochta, agus Seanchais: A Festschrift for Gearóid Mac Eoin*. Dublin, Four Courts Press. 181-189.

Ní Bhrolcháin, Muireann (2011), “Death Tales of the Early Kings of Tara”, in Schot, Roseanne, Newman, Conor, agus Bhreathnach, Edel (eag.), *Landscapes of Cult and Kingship*. Dublin, Four Courts Press. 44-65.

Ní Dhonnchadha, Máirín (1991), ‘An Edition of Cáin Adomnán’. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ní Mhaonaigh, Máire (2006), “The Literature of Medieval Ireland, 800–1200: From the Vikings to the Normans”, in Kelleher, Margaret, agus O’Leary, Philip (eag.), *The Cambridge History of Irish Literature. Volume I: to 1890*. Cambridge, Cambridge University Press. 32-73.

Nic Cárthaigh, Emma (2007), “Surviving the Flood : Revenants and Antediluvian Lore in Medieval Irish Texts”, in Cawsey, Kathy agus Harris, Jason (eag.), *Transmission and Transformation in the Middle Ages: Texts and Contexts*. Dublin, Four Courts Press. 40-64.

Nic Dhonnchadha, Lil (eag.) (1964), *Aided Muirchertaig Meic Erca*, Mediaeval and Modern Irish Series 19. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Ó Baoill, Dónall, Ó hAodha, Donncha, agus Ó Muraíle, Nollaig (eag.) (2013), *Saltair Saíochta, Sanasaíochta, agus Seanchais: A Festschrift for Gearóid Mac Eoin*. Dublin, Four Courts Press.

O'Beirne-Crowe, John (1871), "Siabur-charpat Con Culaind", *Journal of the Royal Historical and Archaeological Association of Ireland*, 4th series, 1:2, 371-448.

Ó Béarra, Feargal (2009), "The Otherworld Realm of *Tír Scáth*", in Hemprich, Gisbert (eag.), *Festgabe für Hildegard L.C. Tristram: überreicht von Studenten, Kollegen und Freunden des ehemaligen Faches Keltologie der Albert-Ludwigs-Universität in Freiburg*. Berlin, Curach Bhán. 81-100.

— (2010), "On the Date of the Interpolator in *Lebor na hUidre*", páipéar neamhfhoilsithe tugtha ag CSANA 2010, 9 Aibreán 2010.

O'Brien, M.A. (eag.) (1952), "A Middle-Irish Poem on the Birth of Áedán mac Gabráin and Brandub mac Echach", *Ériu* 16, 157-170.

— (1953), 'Etymologies and Notes', *Celtica* 3, 168-184.

— (1976), *Corpus Genealogiarum Hiberniae*, imleabhar 1. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Ó Cathasaigh, Tomás (2014), in eagar ag Boyd, Matthieu, *Coire Sois*, *The Cauldron of Knowledge*: *A Companion to Early Irish Saga*. Notre Dame, Indiana, University of Notre Dame Press.

Ó Coileáin, Seán, Ó Murchú, Liam P., agus Riggs, Pádraigín (eag.) (2013), *Séimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*. An Daingean, an Sagart.

Ó Concheanainn, Tomás (1974), "The Reviser of Leabhar na hUidhre", *Éigse* 15, 277-288.

— (1996), "Textual and Historical Associations of Leabhar na hUidhre", *Éigse* 29, 65-120.

O'Connor, Ralph (2013), *The destruction of Da Derga's hostel*: *kingship and narrative artistry in a mediaeval Irish saga*. Oxford, Oxford University Press.

Ó Corráin, Donnchadh (1978), "Nationality and Kingship in pre-Norman Ireland", in Moody, T.W. (eag.), *Nationality and the Pursuit of National Independence: Historical Studies* xi, Belfast, 1-35.

— (2007), "Historical Need and Literary Narrative", in Raimund, Karl, agus Stifter, David (eag.), *The Celtic World: Critical Concepts in Historical Studies*, imleabhar 3, *Celtic History*. London, Routledge. 485-505.

— (2015), "Máel Muire, the Scribe: Family and Background", in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 1-27.

Ó Cróinín, Dáibhí (1995), *Early Medieval Ireland 400-1200*. London, Longman.

Ó Cuív, Brian (1965), "Léirmheas ar Aided Muirchertaig meic Erca", *Éigse* 11 (Earrach), 146-150.

O Daly, Máirín (1962-3), "A Chóicid Choín Chairpri Crúaid", *Éigse* 10, 177-197.

— (eag.) (1975), *Cath Maige Mucrama*. Baile Átha Cliath, Cumann na Sgríbheann nGaedhilge.

Ó Dónaill, Niall (eag.) (1977), *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair.

O'Donovan, John, (1848-51*), Annála Ríoghachta Éireann*. Dublin, Hodges and Smith.

Ó Duinn, Seán (1990), *Orthaí Cosanta sa Chráifeacht Cheilteach*. Maigh Nuad, an Sagart.

Ó Fiannachta, Pádraig (1981), *SeanGhaeilge gan Dua*. Má Nuad, an Sagart.

O'Grady, Standish Hayes (eag.) (1892), *Silva Gadelica*, 2 imleabhar. London, Williams and Norgate.

Ó hAodha, Donncha (eag.) (1978), *Bethu Brigte*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

— (2009), "Nóta ar Úsáid na Laidine i mBeatha Shean-Ghaeilge Naomh Bríd", in Mac Craith, Micheál agus Ó Héalaí, Pádraig (eag.), *Diasa Díograise: Aistí i gCuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Conamara, Cló Iar-Chonnachta. 355-361.

Ó hUiginn, Ruairí (2014), "Adapting Myth and Making History", in Boyle, Elizabeth agus Hayden, Deborah (eag.), *Authorities and Adaptations: The Reworking and Transmission of Textual Sources in Medieval Ireland*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies. 1-21.

— (eag.) (2015), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy.

— (2015), "Lebor na hUidre: from Clonmacnoise to Kilbarron", in idem. (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 155-182.

— (2015b), "Éireannaigh, Fir Éireann, Gaeil agus Gaill", in Breatnach, Caoimhín agus Ní Úrdail, Meidhbhín (eag.), *Aon don Éigse*: *Essays Marking Osborn Bergin's Centenary Lecture on Bardic Poetry* (*1912*). Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies. 17-50.

Ó Macháin, Pádraig (2014), “Aonghus Ó Callanáin, Leabhar Leasa Móir agus an *Agallamh Bheag*”, in Doyle, Aidan agus Murray, Kevin (eag.), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin*. Dublin, Four Courts Press. 144-163.

Ó Máille, Tomás (1906), *The Language of the Annals of Ulster*. Manchester.

Ó Muirigh, Caoimhín (2013), “Rangú Litríocht Mheánaoiseach na Gaeilge”, in Ó Coileáin, Seán, Ó Murchú, Liam P. agus Riggs, Pádraigín (eag.), *Séimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchúir*. An Daingean: an Sagart. 705-711.

Ó Muraíle, Nollaig (2015), “Notes on Lebor na hUidre’s Later History, including its Connacht Sojourn, 1359-1470”, in Ó hUiginn, Ruairí (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 183-206.

Ó Murchadha, Diarmuid (2015), “Léitheoir sa Teach Screaptra?”, in Purcell, Emer, MacCotter, Paul, Nyhan, Julianne, agus Sheehan, John (eag.), *Clerics, Kings and Vikings*: *Essays on Medieval Ireland in Honour of Donnchadh Ó Corráin*. Dublin, Four Courts Press. 147-154.

O’Rahilly, Cecile (1976), *Táin Bó Cúailnge*: *Recension I*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Ó Riain, Pádraig (1986), “Celtic Mythology and Religion”, in Schmidt, Karl Horst (eag.), *Geschichte und Kultur der Kelten*. Heidelberg. 241-251.

— (2011), *A Dictionary of Irish Saints*. Dublin, Four Courts Press.

Oskamp, Hans (1967), “Notes on the History of Lebor na hUidre”, *Proceedings of the Royal Irish Academy* (c) 65, 117-137.

Poppe, Erich (2005), “Narrative Structure of Medieval Irish Adaptations: The Case of *Guy* and *Beues*”, in Fulton, Helen (eag.), *Medieval Celtic Literature and Society*. Dublin, Four Courts Press. 205-229.

— (2008), *Of Cycles and other critical Matters*: *some Issues in medieval Irish literary History*. Quiggin Memorial Lectures, Cambridge.

Power, Patrick (eag.) (1914), *Life of St. Declan of Ardmore and Life of St. Mochuda of Lismore*. London, Irish Texts Society.

Plummer, Charles (1884),“Irish Miscellanies: The Conversion of Loegaire, and his Death”, *Revue Celtique* 6, 162-172.

— (1910), *Vitae Sanctorum Hiberniae*, 2 imleabhar. Oxford.

— (1922), *Bethada Náem nÉrenn*, 2 imleabhar. Oxford, Clarendon.

Qiu, Fangzhe (2013a), “Wandering cows and obscure words: a rimeless poem from legal manuscripts and beyond”, in *Studia Celtica Fennica* 10, 91-111.

— (2013b), “Narratives in early Irish law: a typological study”, in in Ahlqvist, Anders, and O’Neill, Pamela (eag.), *Medieval Irish Law: Text and Context*. Celtic Studies Foundation, University of Sydney. 111-141.

— (2014), ‘Narratives in Early Irish Law Tracts’. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe, Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

— (le teacht), “The Ulster Cycle in the Law Tracts”, in *Ulidia* 4.

Quin, E.G. (1966), “Irish *cote*”, *Ériu* 20, 140-150.

— (1981), “The Early Irish Poem *Ísucán*”, *Cambridge Medieval Celtic Studies* 1, 39-52.

— (1983a), “Old Irish *ol* ‘inquit’ ”, *Celtica* 5, 95-102.

— (1983b), (eag. gin.) *Dictionary of the Irish Language Based Mainly on Old and Middle Irish Materials*, Baile Átha Cliath.

Russell, Paul (2005), "'What was Best of Every Language': The Early History of the Irish Language", in Ó Cróinín, Dáibhí (eag.), *New History of Ireland I: Prehistoric and Early Ireland*. Oxford, Oxford University Press. 405-450.

*Scéla*: *Catalogue of medieval Irish narratives & literary enumerations*. Acmhainn leictreonach http://mujweb.cz/enelen/sc.htm (feicthe 29 Márta 2016)

Schlüter, Dagmar (2010), *History or Fable? The Book of Leinster as a Document of Cultural Memory in Twelfth-Century Ireland*. Münster, Nodus.

Schrijver, Peter (1997), "On the Nature and Origin of Word-Initial *H*- in the Würzburg Glosses", *Ériu* 48, 205-227.

Sharpe, Richard (1991), *Medieval Irish Saints' Lives*. Oxford, Clarendon Press.

Sims-Williams, Patrick (1996), "Léirmheas ar *Pagan Past and Christian Present in Early Irish Literature*", *Éigse* 29, 179-196.

Slavin, Bridgette (2010), "Coming to Terms with Druids in Early Christian Ireland", *Australian Celtic Journal* 9, 1-27.

Slotkin, Edgar M. (1978), "Medieval Irish Scribes and Fixed Texts", *Éigse* 17 (4), 437-450.

Smith, Peter (1994), "*Aimirgein Glúngel Tuir Tend*: A Middle-Irish Poem on the Authors and Laws of Ireland", *Peritia* 8, 120-150.

Stacey, Robin Chapman (2005), "Law and Literature in Medieval Ireland and Wales", in Fulton, Helen (eag.), *Medieval Celtic Literature and Society*. Dublin, Four Courts Press. 65-82.

Stevenson, Jane (1989), “The beginnings of literacy in Ireland”, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 89, 127-165.

Stifter, David (2006), *Sengoídelc*: *Old Irish for Beginners*. New York, Syracuse University Press.

— (2009), “Early Irish”, in Ball, Martin J. agus Müller, Nicole (eag.), *The Celtic Languages*. 55-116 (dara cló).

— (2013), “Towards the Linguistic Dating of Early Irish Law Texts”, in Ahlqvist, Anders, and O’Neill, Pamela (eag.), *Medieval Irish Law: Text and Context*. Celtic Studies Foundation, University of Sydney. 163-208.

Stokes, Whitley (1877), *Three Middle-Irish Homilies on the Lives of Saints Patrick, Brigit, and Columba*. Calcutta.

— (1883), *The Saltair na Rann: A Collection of Early Middle-Irish Poems, edited from MS Rawl. B. 502, in the Bodleian Library*. Oxford, Clarendon.

— (1885), “The Prose Tales in the Rennes Dindṡenchas”, *Revue Celtique* 16, 31-83.

— (1887), “Loegaire’s Conversion and Death”, in idem (eag.), *The Tripartite Life of Patrick*, imleabhar 2. London, Stationery Office. 562-567.

— (1890), *Lives of Saints from the Book of Lismore*. Oxford, Clarendon.

— (1891), “Life of S. Féchín of Fore”, *Revue Celtique* 12, 318-353.

— (1892), “Bórama”, *Revue Celtique* 13, 32-124, 299.

— agus Strachan, John (eag.) (1901-3), *Thesaurus Palaeohibernicus: A Collection of Old-Irish Glosses, Scholia, Prose, and Verse*, 2 imleabhar. Cambridge, University Press

Strachan, John, (1904), “The Infixed Pronoun in Middle Irish”, *Ériu* 1, 153-179.

— (1907), “An Old-Irish Homily”, *Ériu* 3, 1-10.

— (1944; 1999), *Stories from the Táin*. Dublin, Royal Irish Academy.

Swift, Catherine (2006), “Patrick's Conversion of Ireland to Christianity and the Establishment of Armagh”, in Bartlett, John R. agus Kinsella, Stuart D. (eag), *Two Thousand Years of Christianity*: *lectures delivered in Christ Church Cathedral*, *2001-2002*. Dublin, Columba Press. 25-35.

Thurneysen, Rudolf (eag.) (1935), *Scéla Mucce Meic Dathó*, Mediaeval and Modern Irish Series 6. Dublin, Stationery Office.

— (1944), *A Grammar of Old Irish*. Dublin, Dublin Institute for Advanced Studies.

Tigges, Wim (2006), le Feargal Ó Béarra, *An Old Irish Primer*. Nijmegen, Keltische Draak.

Toner, Gregory (2000a), “The Ulster Cycle: Historiography or Fiction?”, *Cambrian Medieval Celtic Studies* 40 (Geimhreadh), 1-20.

— (2000b), “Reconstructing the Earliest Irish Tale Lists”, *Éigse* 32, 98-120.

— (2005), “Authority, Verse and the Transmission of *Senchas”, Ériu* 55, 59-84.

— (eag.) (2007), *Bruiden Da Choca*. London, Irish Texts Society.

— (2009), “Scribe and Text in Lebor na hUidre: H’s Intentions and Methodology”, in Ó hUiginn, Ruairí agus Ó Catháin, Brian (eag.), *Ulidia* 2. Maigh Nuad, An Sagart. 106-120.

— (2015), “History and Salvation in Lebor na hUidre”, in Ó hUiginn, Ruairi (eag.), *Lebor na hUidre*: *Codices Hibernenses Eximii* I. Dublin, Royal Irish Academy. 131-154.

Tristram, Hildegard L.C. (1995), “The ‘Cattle-Raid of Cuailnge’ in Tension and Transition”, in Edel, Doris (eag.), *Cultural Identity and Cultural Integration:*

*Ireland and Europe in the Early Middle Ages*. Dublin, Four Courts Press. 61-81.

Tymoczko, Maria (1996), "The Poetry of Masks: The Poet's Persona in Early Celtic Poetry", in Klar, Kathryn A., Sweetser, Eve E. agus Thomas, Claire (eag.), *A Celtic Florilegium*: *Studies in Memory of Brendan O Hehir*. Lawrence, Celtic Studies Publications. 187-209.

Walsh, Paul (1929), "The Book of the Dun Cow", *Irish Ecclesiastical Record* 34 (5), 449-464; athchló (agus leasuithe air) in Ó Lochlainn, Colm (eag.) (1947), *Irish Men of Learning*. Dublin, At the Sign of the Three Candles. 133-150.

Warnjtes, Immo (2005), "A newly discovered Irish computus: *Computus Einsidlensis*", *Peritia* 19, 61-64.

Watson, William. J. (1915), "The Celtic Church in Its Relations with Paganism", *The Celtic Review* 10 (39), 263-279.

White, Nora (2006), *Compert Mongáin and Three Other Early Mongán Tales*. Maynooth: Department of Old and Middle Irish, National University of Ireland, Maynooth.

Windisch, Ernst (1880), *Irische Texte mit Wörterbuch*, imleabhar 1. Leipzig, Hirzel.